


OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA

Múinteoirí Fiosracha,
Seomraí Ranga Criticiúla



Arna chur in eagar ag Brigid Golden

 Tionscnamh náisiúnta oideachais é an [tionscadal DICE](#), ina gcuirtear comhtháthú an oideachais forbartha agus an oideachais idirchultúrtha in Oideachas Tosaigh Múinteoirí chun cinn ag an leibhéal bunscoile in Éirinn. Tugann DICE tacaíocht do mhúinteoirí, d'oidoírí, agus do mhúinteoirí faoi oiliúint sna ceithre institiúid comhpháirtíochta (Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) chun dearthaí agus téamaí domhanda agus idirchultúrtha a chomhtháthú ina gcleachtas múinteoireachta. Trí dhíriú ar scileanna, eolas agus luachanna na ndaoine a bhfuil baint acu le hoideachas, féachann DICE le dlúthpháirtíocht, cearta daonna agus forbairt inbhuanaithe domhanda a chur chun cinn, agus tacú le daoine idirdhealú agus neamhionannas a aithint agus dul i ngleic leis, ar bhonn áitiúil agus domhanda araon.

Tá an leabhar seo maoinithe ag Cúnamh Éireann de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha (RGE, nó DFA sa Bhéarla). Is é Cúnamh Éireann clár forbartha thar lear an Rialtais a thacaíonn le comhpháirtithe atá ag obair i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan. Anuas air sin, tacaíonn Cúnamh Éireann leis an tsaoránacht dhomhanda agus leis an oideachas forbartha in Éirinn chun foghlaim agus rannpháirtíocht phoiblí a spreagadh i ndáil le fadhbanna domhanda. Tá na húdair freagrach go hiomlán as na smaointe, na tuairimí agus na barúlacha sa cháipéis seo agus ní gá go léiríonn siad beartas RGE.

Acknowledgements

Tá buíochas millteach mór ag dul go Liz Morris a d'oibrigh mar eagarthóir cúnata agus léitheoir profaí agus gan í ní bheadh an leabhar seo curtha i gcrích. Míle buíochas le Richeal Ní Thiarnaigh a rinne profléitheoireacht ar an leagan Gaeilge den leabhar. Buíochas ó chroí le Dave Redden ó Avid Design as cuma iontach a chur ar an leabhar.

Bliain Fhoilseacháin: 2023

ISBN: 978-1-7394706-3-0




Nasc gréasáin



Nasc físeáin



Nasc chuig clár na n-ábhar

 Ina theannta sin, dearadh an leabhar seo mar bhreiseán ar ábhair eile a chruthaigh an Tionscadal DICE amhail an tsraith YouTube agus tionscadail atá beartaithe don todhchaí lena n-áirítear sraith podchraoltaí agus ábhar teagaisc a chuirfead leis an gcuraclam bunscoile nua, ábhair a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail DICE ag www.thediceproject.ie de réir mar a bhíonn siad ar fáil.

Má fheiceann tú friotal nach eol duit, seiceáil ár ngluais, seans go bhfuil sainmhíniú ann.



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs



A Mhúinteoir, a chara...

Tá an leabhar seo á cheapadh agam i m'áine le breis agus deich mbliana. Táim páiseanta faoi Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD), agus bhí i gcónaí, agus shamhlaigh mé ar an leabhar seo toisc go raibh mé ag iarraidh pointe tosaigh inrochtana a sholáthar do mhic léinn agus do mhúinteoirí chun foghlaim faoin réimse tábhachtach seo. Is oideoir múinteora mé ó 2014 i leith, agus mar iarmhúinteoir faoi oiliúint agus mar mhúinteoir ranga, is eol dom go maith sceidil ghnóthacha na mac léinn B Ed agus na múinteoirí bunscoile araon, agus éagsúlacht na mbrúnna ama agus na n-ualaí oibre atá le tabhairt faoi acu. Is éard atá i gceist leis an leabhar seo ná iarracht chun na brúnna sin a laghdú trí eolas agus saineolas na saineolaithe a bhfuil ardmheas orthu a thabhairt le chéile agus na gnéithe is tábhachtaí, dar linn, agus tú ag forbairt tuiscint agus feacht ar OSD, a chur i láthair in aon áit amháin, ar bhealach inrochtana.

Creidim gur cineál gníomhaíochais í an mhúinteoireacht, agus má ionchorpraítear OSD inár gcóras oideachais chomh luath agus is féidir, gur ceann de na gníomhaíochtaí is mó tionchair é gur féidir linn a dhéanamh chun cur le saol níos córa agus níos inbhuanaithe do chách. Mar mhúinteoirí, tá an phribhléid iontach againn oibriú in éineacht le daoine óga, ach tá an fhreagracht orainn freisin tacú leo le bheith ina saoránaigh a athróidh ár saol chun feabhais. Ba mhaith liom go mbeadh an leabhar seo mar phreabchlár agat chun tacú leat OSD a ionchorprú i do chuid oibre féin. Tá súil agam go spreagfaidh an leabhar tuilleadh thú chun glacadh leis an bhfreagracht bhunúsach de bheith i do mhúinteoir agus go mbainfidh tú úsáid as do phost pribhléideach san oideachas le bheith i do ghníomhaí agus le do chion a dhéanamh chun an domhan a athrú.

Is ón gcroí amach an leabhar seo. Chaith mé na blianta fada ag smaoineamh ar a struchtúr, agus á phleanáil, agus dhear mé an leabhar go cúramach le bheith mar thús eolais ar réimse leathan OSD trí bhonn a chur leis ó thaobh eolas cúlra ar éagsúlacht ábhar ceartais dhomhanda i gCodanna I agus II, agus ó thaobh modheolaíochtaí is féidir a úsáid chun an obair seo a chur i bhfeidhm sa seomra ranga i gCuid III. Is faoi oideoirí an leabhar seo, is é sin le rá fútsa-faoi d'fhorbairt phearsanta, (ag doimhniú do thuiscint agus ag ceangal le do luachanna agus dearcthaí féin), agus d'fhorbairt ghairmiúil (ag cur buneolas ar fáil i gcleachtais choitianta OSD agus samplaí praiticiúla ar conas OSD a chur i bhfeidhm sa seomra ranga). Mar sin féin, níl sa leabhar seo ach pointe tosaigh. Tá súil agam go n-éireoidh tú fiosrach faoi OSD, agus go mbreathnóidh tú ar na físeáin, go gcliceálfaidh tú ar na naisc, agus go dtabharfaidh tú faoi do shainpéiseanna féin agus tú ag forbairt agus ag leathnú do thuiscint ar OSD taobh amuigh den ábhar sna leathanaigh seo.

Bíonn tionchar forleathan ag an oideachas i bhfad amach sa todhchaí agus táim ag tnúth le maireachtáil i ndomhan atá múnlaith ag na daoine sin a bhfuil baint acu leis an OSD i mbunscoileanna. Creidim go bhfuil ár dtodhchaí níos gile mar gheall ar mhúinteoirí – múinteoirí cosúil leatsa – a bheidh ag tabhairt faoin dúshlán ar son OSD, mar mhúinteoirí fiosracha ag cruthú seomraí ranga criticiúla, ag cur páisean don cheartas ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.

Brigid Gold

Clár Ábhair

Litir ón Eagarthóir	i	Caibidil 29: Oideachas Idirchultúrtha	123
Liosta Giorrúchán	iv	Caibidil 30: Imeachtaí i Scoileanna	127
Cuid I	1	Caibidil 31: Teagasc Cultúrfhreagrach agus Teangafhreagrach i Seomraí Ranga Ilteangacha	132
Caibidil 1: Oideachas Saoránachta Domhanda	2	Caibidil 32: Stair agus Cultúr an Lucht Siúil a Iniúchadh	136
Caibidil 2: Scileanna Smaointeoireachta Criticiúla	7	Caibidil 33: Gníomhaíochas i Scoileanna	139
Caibidil 3: Frithchiníochas agus Idirchultúrachas	12	Caibidil 34: Ag Obair laistigh de Churaclam Náisiúnta	142
Caibidil 4: Gníomh	19	Caibidil 35: Na hEalaíona	146
Cuid II	23	Caibidil 36: Teagasc Téamach agus Comhtháthú	149
Caibidil 5: Léargas ar Neamhionannas	24	Caibidil 37: Ceachtanna aois-oiriúnacha a dhearadh	151
Caibidil 6: Éagothroime Struchtúrtha	30	Caibidil 38: OSD sna Luathbhlianta	154
Caibidil 7: Cearta Daonna	39	Caibidil 39: Ag Obair Laistigh de Struchtúir Scoile	157
Caibidil 8: Caibidil 8: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna, nó SDGs sa Bhéarla)	42	Caibidil 40: An Curaclam Ceilte	159
Caibidil 9: Taobh amuigh de Charthanas: Lionsa Ceartais agus Dlúthpháirtíochta	49	Caibidil 41: Cur Chuige Coiteann maidir le hOSD a Mhúineadh	161
Caibidil 10: Saoránacht	54	Aguisíní	170
Caibidil 11: Imirce	57	Aguisín 1: Íomhánna agus Físeáin a Úsáid sa Seomra Ranga	171
Caibidil 12: Lucht Siúil na hÉireann	62	Aguisín 2: Samplaí de phlé	174
Caibidil 13: Inscne	67	Aguisín 3: Gníomhaíochtaí Machnamhacha	184
Caibidil 14: Inbhuanaitheacht	73	Aguisín 4: An Cultúr sa Seomra Ranga a Iniúchadh	185
Caibidil 15: Ceartas Aeráide	80	Aguisín 5: Scéalta ó mhná den Lucht Siúil	187
Caibidil 16: Ceartas Trádála	83	Aguisín 6: Smaointe agus Cuir Chuige le hAghaidh Gníomhaíochta sa Seomra Ranga	191
Caibidil 17: Coimhlint	90	Aguisín 7: Creat le haghaidh Gníomhaíochta	194
Cuid III	93	Gluais	196
Caibidil 18: Modheolaíochtaí idirghníomhacha	94	Liosta de na naisc físeán leabaithe	204
Caibidil 19: Íomhánna, físeáin, agus teachtaireachtaí	96	Liosta Nasc Físeán	210
Caibidil 20: Plé a Úsáid	99	Eolaire na n-acmhainní	211
Caibidil 21: Acmhainní a chruthú	101	Liosta tagartha	213
Caibidil 22: Úrscéalta Ranga a Úsáid	105	Maidir leis na hÚdair	222
Caibidil 23: Leabhair phictiúr	108		
Caibidil 24: Cluichí a Úsáid	111		
Caibidil 25: Machnamh	114		
Caibidil 26: Ceisteanna conspóideacha a mhúineadh	115		
Caibidil 27: Seomraí ranga daonlathacha	117		
Caibidil 28: Seomraí Ranga Ionchuimsitheacha a Chruthú	120		

Liosta Fíoracha

Fíor 1:	Amlínte beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta	5
Fíor 2:	Scileanna Foghlama Domhanda Criticiúla	8
Fíor 3:	Inniúlachtaí don chultúr daonlathach	17
Fíor 4:	Comhionannas vs cothromas vs réaltacht vs ceartas	25
Fíor 5:	Léargas ar an éagothroime	29
Fíor 6:	Éagothroime struchtúrach	31
Fíor 7:	Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe	42
Fíor 8:	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA	43
Fíor 9:	Ambasadóir David Donoghue agus Ambasadóir Macharia Kamau na NA	45
Fíor 10:	Sraitheanna Císte Bainise SFI	46
Fíor 11:	Staitisticí maidir le héagothroime inscne Foinse	70
Fíor 12:	Crainn Taca na hinbhuanaitheachta	73
Fíor 13:	Ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach	76
Fíor 14:	Réigiúin fheirmeoireachta cócó ar fud an domhain	83
Fíor 15:	Slabhra Luacha	84
Fíor 16:	Cineálacha acmhainní	103
Fíor 17:	Múnla Idirghabhála EDNIP	130
Fíor 18:	Samplaí de théamaí OSD	143
Fíor 19:	Hataí Smaointeoireachta DeBono	174
Fíor 20:	Compás Forbartha Róis (TIDE (gan dáta).	175
Fíor 21:	Rangú Diamaint 9	182

Liosta Táblaí

Tábla 1:	Cuir Chuige Boga i gcomparáid le Cuir Chuige Criticiúla i leith OSD,	4
Tábla 2:	Gnéithe OSD	6
Tábla 3:	Céimeanna 1 go 4 den phróiseas déantúsaíochta seacláide	84
Tábla 4:	Céimeanna 5 go 8 den phróiseas déantúsaíochta seacláide	85
Tábla 5:	Briseadh síos ar bhrabús an tslabhra luacha seacláide.	86
Tábla 6:	Briseadh Síos ar bhrabús an tslabhra luacha seacláide le cur chuige breisluacha	88
Tábla 7:	Cur chuige bog i gcoinne criticiúil maidir le himeachtaí OSD	131
Tábla 8:	Múnla Heads Up	139
Tábla 9:	Samplaí de Ghníomhaíocht	140
Tábla 10:	Comhphárteanna den fhoghlaim fhiúntach i gcuraclam na naíonán	154

Liosta Giorrúchán

ADN	Athbhreithniú Náisiúnta Deonach
AE	an tAontas Eorpach
BCI	Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta
CA	Cleachtas Aisiríoch
CAI	an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
CCIB	an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú
CE	Comhairle na hEorpa
CÉINAL	Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí
CFNA	Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe
CGCB	Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath
CNACL	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
CNCM	an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNÓ	Comhairle Náisiúnta na nÓg
COF	Cúnamh Oifigiúil Forbartha
COFÉ	Cumann na hÉireann um Oideachas Forbartha
DEIS	Delivering Equality of Opportunity in Schools (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh)
DUCD	Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine
EDT	an Eagraíocht Dhomhanda Trádála
ENRanna	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
EOECNA	Eagraíocht Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FL	Fealsúnacht do Leanaí
GLITÉ	Gluaiseacht Lucht Iarrtha Tearmainn in Éirinn
IAD	Ionracas Airgeadais Domhanda
IFD	an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna
ITCA	Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil
LEGC	Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais
LPÉ	Leabhair Pháistí Éireann
NA	Na Náisiúin Aontaithe
OCD	Oideachas faoi Chearta an Duine
OhI	Oideachas le haghaidh Inbhuanaitheachta
OI	Oideachas Idirchultúrtha
OSD	Oideachas Saoránachta Domhanda
OTI	Olltáirgeacht Intíre
OTN	Olltáirgeacht Náisiúnta
POS	an Phríomh-Oifig Staidrimh
RFI	an Roinn Forbartha Idirnáisiúnta
RO	an Roinn Oideachais
RSL	an Roinn Sláinte agus Leanaí
SD	Soláthar Díreach
SEIÉ	Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann
SFlanna	Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe
SFManna	Spríocanna Forbartha na Mílaoise
SOCF	Spás Oscailte le haghaidh Comhphlé agus Faisnéis
TnS	Teanga na Scolaíochta



Cuid I

Sna caibidlí sa chuid seo den leabhar déantar forbheathnú ar choincheapa tábhachtacha san Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD, nó GCE sa Bhéarla). D'fhéadfaí a mheas go bhfuil na coincheapa atá á n-iniúchadh i gCuid I conspóideach, mar gheall ar dhearcthaí agus tuairimí éagsúla a bheith ann ina dtaobh. Tá an cur chuige i leith OSD atá sa leabhar seo le brath sna peirspictíochtaí a léirítear i ngach caibidil. Tá luachanna an chothromais, chearta an duine, an cheartais agus na dlúthpháirtíochta mar bhonn agus mar thaca ag na peirspictíochtaí a léirítear sna caibidlí seo. Moltar duit do dhearcadh, do luachanna agus do thuairimí féin ar na topaicí a roinntear a bhreithniú agus tú ag léamh agus ag idirghníomhú leis na caibidlí i gCuid I agus a aithint an bhfuil na caibidlí seo ag teacht le do luachanna agus smaointe féin nó nach bhfuil.

Ba cheart na caibidlí i gCuid I a mheas mar bhunús do gach caibidil eile sa leabhar seo. Leagtar amach iontu na bunchoincheapa agus na bunsmointe ar a bhfuil an chuid eile den leabhar bunaithe. Moltar duit féachaint siar ar na caibidlí i gCuid I le linn duit a bheith ag úsáid an leabhair seo agus ag déileáil le réimse an OSD mar ba chóir go gcabhródh na smaointe sna caibidlí seo leat machnamh a dhéanamh ar na croí-choincheapa, na croí-luachanna agus na cuir chuige lárnacha atá mar bhonn agus mar thaca ag obair uile an OSD de réir mar a fhorbraíonn do thuiscint ar OSD.



Caibidil 1: Oideachas Saoránachta Domhanda

Brigid Golden



Tá OSD ar cheann amháin de go leor cineálacha cur chuige oideachais aidiachtúil a bhfuil tiomantas acu don cheartas sóisialta domhanda. Fágtar dá réir nach croí-réimse d'ábhair churaclaim é OSD san oideachas foirmiúil, ach gur cur chuige é don teagasc agus don fhoghlaim a théann trasna réimsí curaclaim éagsúla. Trí OSD a chur i bhfeidhm sa seomra ranga cuirtear le rannpháirtíocht sa churaclam toisc go nascann sé an fhoghlaim le heolas ar fhírinne an tsaoil. Díríonn sé ar luachanna agus dearchtaí a fhorbairt atá ar aon dul le prionsabail chearta an duine, agus ar na scileanna a theastaíonn chun beart a dhéanamh chun an domhan a dhéanamh níos córa agus níos cothroime do chách.

Is minic a úsáidtear OSD mar scáth-théarma a chuimsíonn réimsí iomadúla amhail an tOideachas Idirchultúrtha (OI, nó ICE sa Bhéarla), Oideachas le haghaidh Inbhuanaitheachta (Ohi) (Efs sa Bhéarla), agus Oideachas faoi Chearta an Duine (OCD, nó HRE sa Bhéarla). Úsáidtear na téarmaí Oideachas Domhanda, Oideachas Ceartais Dhomhanda, Oideachas Domhanda Criticiúil nó Oideachas Forbartha freisin mar théarmaí uileghabhálacha a chuimsíonn OI, Ohi agus OCD. Cé go bhfuil bunús agus airíonna ar leith ag gabháil le gach cur chuige, braitheann an rogha maidir le cén ceann le húsáid go mór ar an gcomhthéacs náisiúnta nó eagraíochtúil, nó ar rogha phearsanta. In Éirinn, ba é an téarma ab fhearr le go leor daoine atá ag obair sa réimse seo a úsáid ná Oideachas Forbartha, ach, le déanaí, tá aistriú i dtreo OSD á úsáid mar scáth-théarma a chuimsíonn OI, Ohi agus OCD.

Chun críocha an leabhair seo, mínítear OSD mar:

próiseas oideachais machnamhach atá bunaithe ar luachanna an cheartais dhomhanda, an chothromais agus na gceart daonna. Tá sé dírithe ar thuiscint a fháil agus ceistiú a dhéanamh ar na córais agus na struchtúir cheannasacha a chruthaíonn agus a bhunaíonn cineálacha éagsúla éagothroime ar fud an domhain. Spreagann sé muid chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn ár saol leis na ceisteanna a bhíonn á gcíoradh agus cothaíonn sé spéis i ngníomhú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas. Is próiseas foghlama é lena dtugtar aitheantas do bhealaí éagsúla chun tuiscint a fháil ar an saol, agus a tharraingíonn ar pheirspictíochtaí éagsúla mar bhonn eolais don phróiseas foghlama.



Gnéithe atá coitianta sna cineálacha cur chuige éagsúla

Cé nach bhfuil aon churaclam críochnaitheach ann don OSD, fós féin tá na cineálacha cur chuige forluiteacha is coiteann dírithe ar thopaicí a bhaineann le ceartas, cothromas agus cearta daonna. Sa Ríocht Aontaithe, scríobh an Roinn Oideachais (RO, nó DfE sa Bhéarla) agus an Roinn Forbartha Idirnáisiúnta (RFI, nó DfID sa Bhéarla) tuarascáil ag iarraidh ar scoileanna diminsean domhanda a ionchorprú. Maidir leis na hocht bpríomhchoincheap den ghné dhomhanda a mhol siad, léiríonn siad forluí suntasach i ndáil leis na hábhair atá díreach luaite. Is iad sin an tsaoránacht dhomhanda, idirspleáchas, ceartas sóisialta, éagsúlacht, cearta daonna, forbairt inbhuanaithe, luachanna agus dearcthaí, agus réiteach coinbhleachta (DfE agus DfID 2005). Is réimse eile coinbhéirseachta i leith na gcineálacha cur chuige éagsúil laistigh den OSD é an fócas a chuirtear ar fhorbairt príomheolais, scileanna agus meonta. Cé go bhfuil aidhmeanna ar leith ag gabháil le gach réimse, tá béim choiteann iontu ar thuiscint a fháil ar shaincheisteanna maidir le ceartas domhanda agus feacht ar chórais dhomhanda mar aon leis na scileanna chun an t-eolas sin a chur i bhfeidhm trí theacht suas le smaointe agus freagairtí nua i leith na héagóra. Ina theannta sin, cuimsíonn na meonta atá le feiceáil ar fud na gcineálacha cur chuige éagsúil luachanna agus dearcadh a chothaíonn cothromas, meas agus comhbhá. Is í aidhm OSD, ina chuid traidisiún go léir, ná comhbhá do dhaoine eile a chothú i measc foghlaimeoirí mar aon le díograis don fhoghlaim faoin domhan agus dul i mbun gníomhaíochta ar a shon, agus ba cheart go spreagfadh sé foghlaimeoirí chun todhchaí eile a shamhlú.

Ina theannta sin, aithníonn Hunt (2020) mar phríomhthréith de scoil fhoghlama domhanda gur cheart di glacadh le cur chuige sóisialta criticiúil maidir le ceartas. Moltar mar bhunphrionsabal de chuid mhór de na traidisiúin laistigh den OSD (Bourn, 2015, Andreotti, 2006, Simpson, 2016, Hunt, 2020) aistriú ó mheon carthanachta agus cuir chuige a dhíríonn ar thiomsú airgid mar réiteach ar cheisteanna ceartais agus neamhionannais a cheistiú. Murab ionann agus cur chuige carthanachta, i gcás cur chuige ceartais shóisialta san oideachas teastaíonn rannpháirtíocht chriticiúil agus tiomantas chun leanúint de bheith ag ceistiú struchtúir chumhachta (Hunt, 2020).

OSD Criticiúil

Ar cheann de na slite inar féidir idirdhealú a dhéanamh idir cuir chuige éagsúla maidir le cur i bhfeidhm OSD, tá an áit ina luíonn siad ar chontanam ó 'chur chuige bog' go 'cur chuige criticiúil'. Tá an tábla ar lch 4 oiriúnaithe ó alt le Vanessa Andreotti (2006) a rinne idirdhealú idir OSD bog agus OSD criticiúil trí bhéim a leagan ar na coincheapa agus na cineálacha cur chuige éagsúil a shainmhíneann gach cur chuige.



	OSD Bog	OSD Criticiúil
Fadhb	An bhochtaineacht, dímrí	Neamhionannas, éagóir
Cineál faidhbe	Easpa forbartha, oideachais, acmhainní, scileanna, cultúir, teicneolaíochta srl.	Struchtúir, córais, toimhdí, gaolta stádais agus meonta casta a chruthaíonn agus a chothaíonn dúshaothrú agus díchumhachtú forghníomhaithe.
Spríoc an OSD	Daoine aonair a chumhachtú chun dul i mbun gníomhaíochta (nó chun a bheith ina saoránaigh ghníomhacha) de réir na tuisceana atá acu ar dhea-bheatha nó ar shaol idéalach	Daoine aonair a chumhachtú chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar oidhreachtaí agus próisis a gcultúir, saol éagsúil amach anseo a shamhlú agus freagracht a ghlacadh as cinntí agus gníomhartha
Straitéisí don OSD	Feasacht ar shaincheisteanna domhanda a mhúscailt agus feachtais a chur chun cinn	Plé ar cheisteanna agus meonta domhanda, agus gaol eiticúil leis an éagsúlacht a chur chun cinn, ag dul i ngleic le castacht agus gaolta stádais
Na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag OSD	Feasacht níos fearr ar chuid de na fadhbanna, tacaíocht d'fheachtais, spreagadh breise maidir le cuidiú/gníomhú, ardú meanman	Smaointeoireacht neamhspleách/chriticiúil agus gníomhú ar bhealach níos eolaí, níos freagraí agus níos eiticúla
Fadhbanna féideartha	Braistint féintábhachta agus cheartaiseachta agus/nó ardcheannais cultúrtha, treisiú toimhdí agus caidrimh choilíneacha, treisiú pribhléide, coimhthiú páirteach, gníomhú neamhchriticiúil	Ciontacht, coimhlint inmheánach, pairilis, dícheangal criticiúil, braistint dímrí.

Tábla 1: Cuir Chuige Boga i gcomparáid le Cuir Chuige Criticiúla i leith OSD, oiriúnaithe ó Andreotti (2006)

Féachann an leabhar seo teacht le cineálacha cur chuige criticiúla i leith OSD mar go meastar go mbaineann níos mó tionchair agus níos lú díobhála leo ná cur chuige bog ó thaobh domhan cothrom cóir a bhaint amach. Is í an fhadhb a bhaineann le cur chuige bog i leith OSD ná go ndéantar ró-shimpliú go minic ar cheisteanna casta agus go gcuirtear réitigh chun cinn ar cheisteanna ceartais dhomhanda a dhéanann neamhaird de bhunchúiseanna stairiúla agus polaitiúla níos leithne na gceisteanna. Áitíonn Andreotti (2006, lth. 41) má theipeann orainn an gréasán casta comhthéacsanna a bhaineann le saincheisteanna ceartais a dhíphacáil agus aghaidh a thabhairt orthu go bhféadfadh an t-oideachas críochnú suas ag cur caidreamh éagothrom chun cinn agus ag buanú na gcóras céanna cumhachta a ligean do ghrúpaí ceannasacha fanacht i gceannas agus iad ag glacadh leis an 'ualach' maidir le sábháil/oiliúint/sibhialtú an domhain". Is iomaí sampla ann d'fheachtais a chuireann íomhá i láthair de mhuintir an Domhain Theas mar dhaoine atá gan chabhair agus muintir an Iarthair mar shlánaitheoirí. Ní hamháin go bhfuil an cur chuige seo bunaithe ar bhréaga, ach déanann sé dochar d'aidhmeanna an chothromais agus an cheartais toisc go dteipeann air dul i ngleic le bunchúis na bhfadhbanna nó aitheantas a thabhairt don pháirt atá againn go léir i mbuanú córas éagothrom. Chun iarracht a dhéanamh domhan níos



cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach (spriocanna OSD), ní mór do gach duine scrúdú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí féin agus freagracht a ghlacadh astu agus eolas a chur ar struchtúir agus ar chórais dhomhanda (amhail rialacha trádála, éagóir chánach agus eile) a ligeann do roinnt tíortha (agus do dhaoine aonair) a bheith rathúil agus a bheith ag déanamh go maith agus tíortha eile a bheith fágtha thíos leis (tá níos mó sonraí faoi na hábhair seo i gCaibidil 6).

An comhthéacs beartais

Léiríonn na hamlínte seo a leanas roinnt de na doiciméid bheartais is tábhachtaí a mhúnlaigh cuir chuige reatha i leith OSD in Éirinn agus san Eoraip. Clliceáil ar na hÍomhánna chun na beartais a léamh agus tuilleadh faisnéise a fháil fúthu.

Náisiúnta



Idirnáisiúnta



Fíor 1: Amlínte beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta



OSD a chur i bhfeidhm

I gCuid III den leabhar seo déantar iniúchadh cuimsitheach ar chuir chuige agus breithnithe éagsúla a bhaineann le feidhmiú OSD. Bheadh an chaibidil seo neamhiomlán áfach gan aird a tharraingt ar roinnt príomhghnéithe den chleachtas OSD sna seomraí ranga.

Tá acmhainní éagsúla cruthaithe ag Oxfam chun tacú le múinteoirí an OSD a thabhairt isteach ina gcleachtas ranga bunaithe ar ghnéithe lárnacha na foghlama ar cheart d'fhoghlaiméoirí a fháil trí rannpháirtíocht in OSD sna seomraí ranga. Is féidir na gnéithe seo a léamh sa tábla thíos:

Eolas agus Tuiscint	Scileanna	Luachanna agus Dearcthaí
• Ceartas sóisialta agus comhionannas	• Smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheach	• Braistint féiniúlachta agus féinmheasa
• Féiniúlacht agus éagsúlacht	• Comhbhá	• Tiomantas don cheartas sóisialta agus don chothromas
• Domhandú agus idirspleáchas	• Féinfheasacht agus machnamh	• Meas ar dhaoine agus ar chearta daonna
• Forbairt inbhuanaithe	• Cumarsáid	• Luach na héagsúlachta a aithint
• Síocháin agus coimhlint	• Comhoibriú agus réiteach coimhlinte	• Imní faoin gcomhshaol agus tiomantas don fhorbairt inbhuanaithe
• Cearta daonna	• An cumas castacht agus éiginnteacht a bhainistiú	• Tiomantas don rannpháirtíocht agus don chuimsiú
• Cumhacht agus rialachas	• Gníomhaíocht fheasach agus machnamhach	• Creidiúint gur féidir le daoine athrú a dhéanamh



Tábla 2: Gnéithe OSD ó Oxfam (2015)



Príomhacmhainn eile a fhorbraíonn ár dtuiscint ar chleachtas OSD is ea An [Cód Dea-Chleachtais um Oideachas Forbartha](#) de chuid Chumann na hÉireann um Oideachas Forbartha (IDEA). Leis an gcód, soláthraítear creat cáilíochta d'oideoirí chun foghlaim conas a gcleachtas a neartú. Go bunúsach, tá na cuir chuige seo a leanas i gceist chun OSD a thabhairt isteach sa mhúinteoireacht:

- Droim láimhe a thabhairt do mhíthuiscentí agus steiréitíopaí coitianta faoin domhan,
- Tiomantas a ghlacadh foghlaim ó mheonta iolracha agus díriú ar ghuthanna na ndaoine a bhfuil taithí saoil acu ar an éagóir,
- Cur chuige gníomhach agus rannpháirteach i leith na foghlama,
- Cur chuige dialógach dírithe ar dheiseanna a sholáthar d'fhoghlaiméoirí chun páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí agus i gcainteanna,
- Iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe domhanda agus áitiúla de thopaicí agus ar na hidirnaisc eatarthu,
- An smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn,
- Glacadh le creat cearta daonna tríar féidir saincheistanna a cheistiú,
- Deiseanna machnaimh d'fhoghlaiméoirí agus do mhúinteoirí chun cuidiú leo a gcuid toimhdí agus tuairimí pearsanta a cheistiú.


Caibidil 2: Scileanna Smaointeoireachta Criticiúla

Brigid Golden



Is cuid thábhachtach den OSD í an smaointeoireacht chriticiúil mar go ndíríonn sí ar a chinntiú go ndéanann foghlaimeoirí machnamh agus ceistiú ar an eolas a fhaigheann siad faoin domhan. Áiríonn OSD scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda a bhíonn casta agus conspóideach go minic ó thaobh meonta éagsúla agus a chinntiú go ndéanann foghlaimeoirí iniúchadh ar ghnéithe stairiúla, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha na n-ábhar seo. Tacaíonn an smaointeoireacht chriticiúil leis an gcuspóir seo de bharr a fhócas comhchosúil ábhair a scrúdú trí iliomad dearcthaí, agus faisnéis a anailsiú agus a mheas. Is minic a úsáideann múinteoirí an smaointeoireacht chriticiúil chun tacú leis an eispéireas teagaisc agus foghlama sa seomra ranga trí ghníomhaíochtaí a áireamh a chumasaíonn rannpháirtíocht chriticiúil le hábhar an cheachta. Ina theannta sin, is minic a chuirtear i láthair í mar thoradh foghlama ar OSD rathúil a fhéachann tacú le mic léinn le bheith ina saoránaigh domhanda gníomhacha, rannpháirteacha agus criticiúla.





Fíor 2: Scileanna Foghlama Domhanda Criticiúla (Golden, 2022)

Sa ghrafaic thuas léirítear ceithre phríomhscil smaointeoireachta criticiúla a bhaineann leis an OSD. Áiríonn gach ceann de na scileanna roinnt fo-scileanna chomh maith. Ina theannta sin, léiríonn an íomhá go bhfuil tiomantas do chriticiúlacht mar lár acu. Cuidíonn forbairt an ghealltanais seo lena chinntiú go dtéann rannpháirtíocht i smaointeoireacht chriticiúil lasmuigh den tseomra ranga agus de rannpháirtíocht fhoirmiúil le hOSD, agus go n-aimsítear í mar scil le húsáid sa ghnáthshaol.

Scil 1: Bonn eolais foghlama domhanda a fhorbairt agus a úsáid

Tá sé thar a bheith tábhachtach go méadaíonn múinteoirí a gcuid eolais ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda chun tacú leo a bheith ina smaointeoirí criticiúla, mar gan leibhéal maith eolais ar ábhar, ní féidir tabhairt faoi smaointeoireacht chriticiúil faoi. Cuidíonn eolas chun ár smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú toisc go méadaíonn sé ár bhfeasacht ar mheonta agus ar eispéiris atá difriúil ónár gcinn féin. Is féidir linn ansin leas a bhaint astu chun naisc a dhéanamh



leis an méid a bhíonn á fhoghlaim againn agus chun an t-eolas a bhíonn againn a cheistiú. Is féidir an scil a bhaineann le bonn eolais a fhorbairt a roinnt ina thrí fho-scil, is iad sin *foghlaim go bhfuil an t-eolas luaineach agus conspóideach, tuiscint a fháil ar ghaolta stádais laistigh de chomhthéacs forbartha domhanda, agus naisc a dhéanamh laistigh den fhoghlaim.*

Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach teacht ar an tuiscint go bhfuil eolas luaineach agus conspóideach. Fágann sé sin go bhfuil an t-eolas atá againn ar an domhan ag síor-éabhlóidiú agus go bhfuil iliomad meonta le cur san áireamh nuair a bhíonn topaicí ceartais dhomhanda á n-íniúchadh. Ní díreach sraith amháin ceart d'fhíricí a bhíonn le foghlaim riamh. Ar an dara dul síos, tá tuiscint a fháil ar ghaolta stádais laistigh de chomhthéacs forbartha domhanda ina chuid den bhuneolas atá riachtanach nuair a bhítear ag gabháil don OSD. Tacóidh an tuiscint ar struchtúir agus ar chaidrimh chumhachta linn tuiscint níos fearr a fháil ar ghnéithe stairiúla, polaitiúla agus cultúrtha na dtopaicí. Ar deireadh, tá sé fíorthábhachtach agus ár mbonn eolais foghlama domhanda á fhorbairt againn go smaoinimid ar na bealaí ina bhfuil baint ag ábhair éagsúla lena chéile. Mairimid i ndomhan idirnasctha agus idirspiléach, agus mar sin tá gach topaic ceartais dhomhanda idirnasctha.

Scil 2: Ortadocsachtaí a cheistiú

Is scéalta iad ortadocsachtaí a nglactar go coitianta leo mar fhíorais ar fud na sochaí. Bíonn claonadh ag daoine a chreideann in ortadocsachtaí glacadh leis go bhfuil an status quo dosheachanta agus gurb é an chaoi a bhfuil rudaí anois an chaoi a raibh siad riamh. De bhrí go gcreideann siad é seo bíonn sé deacair acu saol eile a shamhlú nó smaoiniamh ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar shoचाी níos córa agus níos cothroime agus conas a d'fhéadfaí í a bhaint amach. Is féidir Scil 2 a roinnt ina thrí fho-scil, *ortadocsachtaí a aithint, ortadocsachtaí a dhíthógáil, agus scéalta nua a shamhlú.* Sula ndéantar ortadocsachtaí a cheistiú, tá sé riachtanach foghlaim conas iad a aithint. Is féidir leis a bheith deacair creidimh atá chomh fite fuaite sin i sícé chomhchoiteann na sochaí a aithint go nglactar leo agus go bhfeictear iad mar fhíorais. Foghlaimíonn smaointeoirí criticiúla conas barúlacha faoin domhan a lorg agus a cheistiú. Chomh luath agus a aithnítear ortadocsachtaí bíonn sé níos fusa iad a dhíthógáil agus a cheistiú, rud a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí ansin cásanna eile a shamhlú.

Scil 3: Féinmhachnamh a dhéanamh

Is scil é an féinmhachnamh a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a saol féin i gcomhthéacs an bhoinn eolais a bhíonn á fhorbairt, agus spreagann sé tiomantas maidir leis na braistintí pearsanta sin a cheistiú ar bhonn leanúnach. Aithníodh an machnamh mar chéim ríthábhachtach chun smaointe nua a ghiniúint agus fadhbanna a réiteach: croí-mhianta de chur chuige oideachais a bhíonn bunaithe ar thiomantas maidir le domhan níos córa, níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú. Tá Scil 3 fo-roinnte ina trí fho-scil, is iad sin *braistintí pearsanta maidir leis an domhan agus le daoine eile a mheas, a bheith tiomanta braistintí pearsanta a cheistiú, agus páirt a ghlacadh i machnamh leanúnach fadtéarmach.* Is féidir le féinmhachnamh a bheith suaiteach i gcomhthéacs OSD mar go bhfiafraítear ar an bhfoghlaimeoir a gclaonta féin a



fhiosrú agus a cheistiú, agus a luachanna, a ndearcadh agus a gcaidreamh pearsanta leis an domhan a cheistiú agus a mheas. Is féidir leis an bpróiseas seo a bheith míchompordach nuair a fhaigheann foghlaimeoirí amach go mb'fhéidir nach dtagann a ngníomhartha lena luachanna braite, nó nuair a smaoiníonn siad ar a ndearcadh i leith ábhair cheartais domhanda i bhfianaise braistintí nó eispéiris atá difriúil óna gcuid féin. Moltar an machnamh a threorú le tacaíocht, scafláil, agus aiseolas ó shaineolaí amhail múinteoir chun tacú le foghlaimeoirí a gcuid machnaimh a mheas i gcomhthéacs meonta nó smaointe éagsúla.

Scil 4: Lionsa bunaithe ar luachanna a úsáid

Nuair a bhítear ag dul trí fhaisnéis faoin domhan, tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar bhunús na faisnéise sin agus ar an gcúis a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar den tslí ina gcuirtear i láthair í. Áiríonn forbairt ar scileanna smaointeoireachta criticiúla i gcomhthéacs OSD a shainaithe cá háit a raibh tionchar ag luachanna ar an fhaisnéis atá á breithniú agus cá háit a bhféadfadh na luachanna sin a bheith ag teacht salach ar luachanna an fhoghlaimora féin. **Toisc go mbíonn ábhair cheartais dhomhanda conspóideach agus toisc go gcuirtear ina gcoinne go minic, tá sé tábhachtach go bhfoghlaímimid conas déileáil le luachanna dhaoine eile ar bhealach measúil.** D'fhéadfadh sé a bheith ina scil dhúshlánach foghlaim conas luachanna a shainaithe, a admháil agus a mheas, ach is féidir é a chleachtadh trí mhachnamh, díospóireachtaí, agus na meonta iomadúla a dtagtar trasna orthu sa seomra ranga. Mar thoradh air sin, is féidir Scil 4 a roinnt ina dhá fho-scil, *meonta iomadúla a mheas, agus neamhréiteach idir luachanna agus dearchtaí a shainaithe*.

Go simplí, agus muid ag glacadh páirt i smaointeoireacht chriticiúil san OSD, ba chóir go mbeadh sé mar aidhm againn:

- Suim a bheith againn an domhan timpeall orainn a cheistiú,
- Naisc a dhéanamh laistigh den mhéid atá á fhoghlaim againn,
- Machnamh a dhéanamh ar theanga chonspóideach nó dúshlánach,
- Freagraí nó réitigh ar shaincheisteanna éagóra a aithint,
- Páirt a ghlacadh i bhféinmhachnamh,
- Lionsa bunaithe ar luachanna a úsáid nuair a bhíonn saincheisteanna á bhfiosrú,
- Braistintí coitianta faoin mbealach a n-oibríonn an domhan a cheistiú.

Cén chuma a bhíonn ar an smaointeoireacht chriticiúil go réalaíoch sa seomra ranga OSD?

(A) *Foghlaim faoi fhírinne an domhain agus bunchúiseanna an neamhionannais trí thopaicí agus saincheisteanna a iniúchadh trí lionsaí éagsúla amhail:*

- Comhthéacsanna sóisialta, polaitiúla agus stairiúla,
- Meonta na ndaoine a bhfuil tionchar díreach ag an tsaincheist orthu,
- Tuairimí agus taithí an ghrúpa nó an ranga,
- Gaolta stádais (lena n-áirítear ceisteanna a chur maidir le cé aige atá cumhacht agus cé aige nach bhfuil, agus cé atá ag fáil tairbhe nó eile i gcásanna éagsúla).



(B) Deiseanna a bheith ann chun barúlacha agus claontachtaí a fhiosrú agus a cheistiú, lena n-áirítear ár gcuid féin agus na cinn a bhíonn go coitianta sa tsochaí trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Dul i ngleic le faisnéis a chuidíonn linn steiréitíopaí agus míthuiscintí nó ortadocsachtaí coitianta a cheistiú,
- Féachaint go criticiúil ar na híomhánna de thíortha eile a chuirtear i láthair sna meáin agus a chuireann eagraíochtaí eile i láthair, ar nós ENRanna (nó NGOs sa Bhéarla),
- Foghlaim ó mhúinteoirí agus ó mheantóirí a thaispeánann conas claontachtaí agus barúlacha pearsanta a iniúchadh,
- Am tiomnaithe a bheith ann chun féinmhachnamh a dhéanamh ar bharúlacha agus claontachtaí faoi dhaoine agus áiteanna eile trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha nó neamhstruchtúrtha.

(C) Foghlaim idirghníomhach, rannpháirtíoch agus dialógach chun cuidiú le próiseáil faisnéise agus an fhoghlaim a chur i gcomhthéacs, lena n-áirítear go leor de na cuir chuige seo a leanas:

- Díospóireachtaí, cainteanna,
- Gníomhaíochtaí rangaithe,
- Gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin,
- Gníomhaíochtaí grúpa amhail línte ama a chruthú,
- Gníomhaíochtaí machnamhacha,
- Gníomhaíochtaí fadhb-bhunaithe.

Ba cheart do sheomraí ranga atá dírithe ar leabú an OSD, smaointeoireacht chriticiúil a chothú trí na modheolaíochtaí agus na cuir chuige a mholtar thuas, agus freisin tríd an timpeallacht fhoghlama ginearálta. Is féidir an timpeallacht fhisiciúil agus shíceasóisialta araon a úsáid chun tacú le foghlaimeoirí a dtoimhdí féin a cheistiú, chun naisc a dhéanamh laistigh dá bhfoghlaimeoirí, chun dul i mbun machnaimh, chun faisnéis a cheistiú agus réitigh féideartha ar fhadhbanna a scrúdaíodh a shamhlú. Is féidir le taispeántais a threisiú príomhtheachtaireachtaí, gnáthaimh agus struchtúir intuatha, leagan amach suíochán, cur in iúl ionchas, soláthar ilmhodhanna chun tuairimí a nochtadh agus ilmhodhanna rannpháirtíochta tacú le foghlaimeoirí chun a gcuid scileanna smaointeoireachta chriticiúla a fhorbairt.



Caibidil 3: Frithchiníochas agus Idirchultúrachas

Niamh McGuirk



Is bunchlocha den OSD iad an frithchiníochas agus an t-idirchultúrachas. D'fhonn páirt a ghlacadh in OSD éifeachtach, is gá ar dtús tuiscint dhaingean a bheith agat ar na príomhchoincheapa agus ar na himeachtaí suntasacha stairiúla agus comhaimseartha a mhúnlaigh ár dtuiscint ar na coincheapa sin.

Céard is 'cine' ann?

Eascaíonn tuiscintí comhaimseartha ar 'chine' agus ar chiníochas as scoláireacht an 20ú haois. Go stairiúil agus faoi láthair, tá claonadh contráilte ann 'cine' agus difríocht a cheangal le hidird-healuithe géiniteacha agus/nó bitheolaíochas idir daoine. Tá sé sin míchruinn agus an bonn bainte go hiomlán as arís agus arís eile (Back agus Solomos, 2009, Garner, 2010, Law, 2010, Quraishi agus Philburn, 2015). Chuir imeachtaí stairiúla éagsúla leis an smaoineamh go bhfuil 'ciníochas' difriúla ann, agus leis an tuairim bhréagach go bhfuil 'ciníochas' áirithe a bhfuil stádas níos airde nó níos ísle ná dream eile acu. Tá roinnt imeachtaí stairiúla ach go háirithe a luaitear le cur chun cinn an mhiotais maidir le sármhaitheas an 'chine' ghil. Tharla na himeachtaí sin den chuid is mó idir an 16ú agus an 19ú haois agus áirítear orthu obair mhisinéireachta Críostaí, coilíniú agus dúshaothrú na Breataine agus na hEorpa ar náisiúin eile, trádáil sclábhaithe an Atlantaigh, sclábhaíocht, agus scoláireacht roinnt smaointeoirí de Ré na hEagnaíochta.

Le teacht chun cinn na géanómaíochta, na heolaíochta cine agus na heiginice sna luath 1900idí thréisigh an nóisean bréagach seo maidir leis an 'gcine' gheal a bheith níos fearr ná dreamanna eile. Bhí baint ag an dinimic chumhachta a bhain le bunú stairiúil na mbealaí trádála, an choilínithe, an impiúlachais, na sclábhaíochta, mar aon le sibhialtacht inmheánaí thíortha Eorpacha le ciníochú daoine agus bhí cliarlathais ciníochaithe mar thoradh air. Is féidir an ciníochú a thuiscint mar "na próisis shóisialta trína ndéantar daoine a shainiú mar ghrúpa ag tagairt dá dtréithe bitheolaíochas nó cultúrtha, nó an dá rud, agus ansin bíonn siad athchruthaithe agus treisithe ag daoine aonair agus institiúidí (Quraishi agus Philburn, 2015, lth.13). Úsáideadh roinnt próiseas a bhain le ciníochú ar mhaithe le spriocanna dearfacha réamhghníomhacha (agus úsáidtear iad fós), mar shampla spreagadh grúpaí chun cur i gcoinne neamhionannas agus diúltú



dó, nó dhlúthpháirtíocht grúpa a chothú nó athrú dearfach a bhaint amach m.sh. na gluaiseachtaí *Black Lives Matter* agus na feachtais chun aitheantas oifigiúil a bhaint amach d'eitneachas an Lucht Siúil ag leibhéal an stáit in 2017.

Tuigtear an coincheap 'cine' faoi láthair mar thógán sóisialta agus polaitiúil. Tuigeadh an coincheap roimhe seo, go mícheart, i dtéarmaí bitheolaíochta. Is é sin le rá, cé go bhfuil a fhios againn nach mbaineann daoine le 'ciníocha' éagsúla, tá an téarma 'cine' fós in úsáid go coitianta, go minic ag aithint na saintréithe sóisialta agus polaitiúla a bhaineann leis. Tá ról ag 'cine' i gcruthú an chaoi a bhfeiceann muid muid féin agus daoine eile, agus bíonn tionchar ag próiseas an chiníochais ar an stádas agus ar an gcumhacht a thugtar do dhaoine sa tsochaí. Cé nach bhfuil an coincheap go bhfuil 'ciníocha' éagsúla ann fíor, is cinnte go bhfuil ciníochas ann. **Tá ciníochas mar chuid d'fhírinní laethúla go leor daoine; fulaingíonn daoine idirdhealú, imeallú agus neamhionannas mar thoradh ar an gcaoi a gcruthaíonn an tsochaí an coincheap 'cine' agus féiniúlachtaí ciníochaithe daoine.** Mar sin féin, níl sé chomh coitianta an téarma 'cine' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar dhifríochtaí idir daoine ach tá níos mó fadhbanna ag baint leis an téarma; ina ionad sin, tá an téarma 'eitneacht' níos coitianta anois.



Cad is eitneacht ann?

Is féidir le heitneacht tagairt don chaoi ar féidir grúpaí sóisialta a thuiscint bunaithe ar chúig shainchritéar ar leith, is iad sin *áit bhunaidh choitinn, teanga/canúint choiteann, cleamhnacht reiligiúnach, cultúr coiteann (noirm/traidisiúin), agus stair chomhroinnte*. Níl féiniúlacht eitneach daingean agus is féidir léi a bheith pearsanta agus gaolmhar. Bíonn féiniúlachtaí daoine luaineach agus síor-athraitheach agus bíonn ár dtaithí ar fhéiniúlacht chiníoch agus eitneach dhaoine eile suibiachtúil. Mar sin, tá sé tábhachtach a bheith aireach ar an bhfriotal a úsáidimid mar má shanntar saintréithe grúpa le daoine aonair go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héifeacht 'eilearánaithe' agus is féidir le húsáid an fhocail 'eitneacht' a bheith chomh casta céanna leis an téarma 'cine' a úsáid. Agus muid ag díriú ar neamhionannas a cheistiú, ní mór dúinn an dá chineál ciníochais a chur san áireamh, an cineál a eascraíonn as difríochtaí bitheolaíocha ceaptha agus an cineál a eascraíonn as difríochtaí cultúrtha braite.

Cad is cultúr ann?

Is coincheap eile é an cultúr atá deacair a shainmhíniú. Is féidir le gnéithe ábhartha, sóisialta agus suibiachtúla a bheith san áireamh leis, gnéithe a d'fhéadfadh a bheith sofheicthe nó dofheicthe duit féin agus do dhaoine eile. Is féidir go n-áireodh 'féiniúlacht chultúrtha' ábhar nó déantáin oscailte a d'fhéadfadh baill ghrúpa a úsáid go coitianta (m.sh. bia, modh gléasta, earraí srl). D'fhéadfadh sé institiúidí sóisialta grúpa a chuimsiú (m.sh. teanga, reiligiún, dlíthe srl) agus d'fhéadfadh sé gnéithe suibiachtúla amhail luachanna, noirm, creidimh, dearcthaí, iompraíocht agus cleachtais a chuimsiú. Toisc go bhfuil daoine ina mbaill de ghrúpaí sóisialta éagsúla (m.sh. inscne, aois, institiúid oideachais, reiligiún, náisiún, spóirt srl), áitíonn siad spásanna éagsúla agus bogann siad laistigh de ghrúpaí agus idir grúpaí. Mar sin, is féidir le daoine a bheith ina mball agus iad féin a aithint le raon cultúr ag an am céanna. Tá léirmhínte agus comhcheangail suibiachtúil agus nasctha le saol agus taithí daoine. Tá cultú(i)r éagsúil, dinimiciúil agus inathraithe go himmheánach agus tá sé/siad nasctha le comhthéacsanna sóisialta, polaitiúla, eacnamaíocha agus stairiúla. Cosúil le 'cine' agus eitneacht, mar gheall ar phatrúin shistéamacha buntáiste/míbhuntáiste agus difreálaigh chumhachta, d'fhéadfadh éagothroime agus míbhuntáiste dúchasach a bheith i gceist do roinnt daoine de bharr a gcleamhnacht chultúrtha. I gcás daoine eile, áfach, d'fhéadfaidís buntáistí agus pribhléidí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha a bheith acu de bharr a gcleamhnacht chultúrtha.

Cad is ciníochas ann?

Tá an bonn bainte ón smaoineamh go mbaineann daoine le 'ciníocha' éagsúla, agus tá sé ag éirí níos do-ghlactha go sóisialta cineálacha éagsúla ciníochais a léiriú go poiblí. Mar sin féin, tá a fhios againn go bhfuil tarluithe ciníochais fós coitianta. Tá an ciníochas ann i ngach gné den tsochaí agus mar sin is gá fírinne thaithí saoil daoine a aithint agus a thuiscint. Tagann ciníochas chun solais ar go leor bealaí lena n-áirítear ciníochas idirphearsanta, ciníochas institiúideach, agus ciníochas gan 'chine'.



Ciníochas agus miocrachasáin idirphearsanta

Is féidir le ciníochas a bheith díreach, i bhfoirm chainte, drochíde fhisiciúil nó damáiste do réadmhaoin, nó is féidir é a léiriú go hindíreach trí aineolas, ‘magadh’ ciníoch nó scaradh ciníoch mar shampla. Is féidir le ciníochas idirphearsanta a theacht chun cinn mar chlaontacht phearsanta a chuirtear in iúl trí chaint nó gníomhartha ciníochais shoiléire. Ní gá go mbeadh a fhios ag duine go bhféadfadh a gclaontacht phearsanta a bheith le feiceáil i miocrachasáin chiníocha.

Sainmhínítear miocrachasáin mar “tarcaisní laethúla gearra agus coitianta i bhfoirm briathartha, iompraíochta nó timpeallachta, cibé acu d’aon ghnó nó neamhbheartaithe, a chuireann maslaí ciníochais naimhdeacha, dímheasúla nó diúltacha in iúl i leith daoine de ghrúpaí mionlaithe (Sue et al., 2007, lth.271). I measc na miocrachasán sin áirítear focail agus gníomhartha a threisiónn steiréitíopaí agus a bhféadfadh éifeacht ‘eilearánaithe’ a bheith acu. De ghnáth, is daoine nach mbíonn díobháil ná dochar ar intinn acu a dhéanann miocrachasáin. Caitheann baill de ghrúpaí mionlaithe cur suas le miocrachasáin go minic agus is féidir leis seo dochar síceolaíoch, mothúchánach agus fisiceach a dhéanamh dóibh.

Ciníochas Institiúideach

Tá baint ag ciníochas institiúideach le dearcthaí, cultúr, beartais agus nósanna imeachta institiúidí poiblí agus príobháideacha as a n-eascaíonn idirdhealú nó míchothromaíocht torthaí go minic do dhaoine ó ghrúpaí mionlaithe eitneacha cé nach mbíonn sé sin beartaithe. Tá sé tábhachtach taithí daoine ar chiníochas institiúideach a mheas mar aon le gach cineál ciníochais eile. De bharr trasnachas, déantar idirdhealú inscneach agus socheacnamaíoch freisin ar dhaoine ó ghrúpaí mionlaithe. Leis an trasnachas, aithnítear go bhfuil na cineálacha idirdhealuithe a fhulaingíonn daoine bunaithe ar ‘cine’, eitneacht, aicme, inscne, gnéasacht, reiligiúin agus cumais/míchumais nasctha lena chéile agus idirnasctha.

Ciníochas gan ‘cine’

Tá coincheapa maidir le ‘cine’ agus ciníochas ag athrú i gcónaí; ní feiniméin sheasta nó gan athrú iad tuiscintí ar ‘chine’ agus taithí ar chiníochas. Tá sé tábhachtach comhthéacsanna polaitiúla agus sochaíocha stairiúla agus comhaimseartha a thógáil san áireamh. Tá na cineálacha éagsúla agus iolracha ciníochais atá ann agus a bhfuil taithí ag daoine orthu bunaithe ar chomhthéacs, ag teacht faoi thionchar tosca polaitiúla, stairiúla agus sochaíocha, agus cruthaítear iad trí ghaolta stádais neamhionann, agus feidhmíonn siad freisin chun na gaolta stádais sin a neartú.

Go minic feictear raon cineálacha ciníochais a bhíonn níos caolchúisí:

Ciníochas nua Tarlaíonn an ciníochas ‘nua’ ar bhealaí éagsúla. Tugtar ciníochas cultúrtha air chomh maith, agus is féidir leis tarlú gan tagairt ar bith do ‘chine’; is amhlaidh a bhíonn an fócas ar dhifríochtaí cultúrtha agus ar imní cheaptha go mbeadh tionchar diúltach ag na difríochtaí seo ar na luachanna nó ar an ‘fhéiniúlacht náisiúnta braite’ a bheadh ag tromlach na sochaí. Tugann ciníochas nua le tuiscint gur féidir ‘cultúr’ a laghdú go dtí sraith gnéithe comhroinnte ar féidir cur



síos a dhéanamh orthu (m.sh. bia, ceol, modh gléasta, luachanna, agus nósanna). I gcás an chiníochais nua, is minic a mheastar ‘cultúr’ braite an ghrúpa móraimh a bheith níos fearr, nó mar mhalairt air sin, go meastar nach bhfuil ‘cultúr’ grúpaí mionlaithe ag teacht le cultúr an ghrúpa móraimh eitnigh.

Ciníochas dathdhal Ag féachaint caitheamh go cothrom le gach duine, bíonn claonadh ag duine nó eagraíocht a ghlacann cur chuige ‘dathdhal’ neamhaird a dhéanamh de dhifríochtaí ‘ciníochá’ nó eitneacha idir daoine. Áitíonn daoine aonair agus eagraíochtaí a mhaíonn nach bhfeiceann siad dath an duine nach bhfuil ‘cine’ tábhachtach a thuilleadh. Creideann siad gur sochaí ‘iarchiníoch’ muid, nó i bhfocail eile, go bhfuilimid bogtha chun cinn ó ‘chine’ nó ó bhunadh eitneach duine a bheith ina saincheist, agus creideann siad nach bhfuil ciníochas agus idirdhealú ag brú an neamhionannais a thuilleadh. Is féidir le cur chuige dathdhal spásanna a chruthú nach n-ainmníonn nó nach n-admhaíonn féiniúlachtaí ciníochá agus eitneacha agus dá réir sin ní bhíonn siad dearbhaithe agus bíonn siad gan luach. Nuair nach meastar go bhfuil tábhacht ag baint le comhráite faoi fhéiniúlachtaí éagsúla, d’fhéadfadh sé nach seiceálfaí steiréitíopaí agus nach bhfeicfí nó nach gceisteofaí idirdhealú agus ciníochas.


Ciníochas reiligiúnach Is cineálacha den chiníochas reiligiúnach iad an frith-Sheimíteachas agus an Ioslamaíocht (ar a dtugtar ciníochas frith-Mhoslamach chomh maith). Is féidir ciníochas reiligiúnach a shainmhíniú mar “díbirt institiúideach agus siombalach daoine aonair agus grúpaí reiligiúnacha as saoránacht iomlán rannpháirteach sa tsochaí bunaithe ar réasúnaíocht na héagsúlachta cultúrtha” (Meister, 2011, lth.37). Tá Ioslamaíocht ar cheann de na cineálacha ciníochais is coitianta a thaifeadtar in Éirinn.

I measc roinnt de na cineálacha eile ciníochais is coitianta in Éirinn tá ciníochas in aghaidh Lucht Siúil, ciníochas i gcoinne Daoine Dubha, ciníochas frith-Romach, agus ciníochas frith-Imirceach. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar na cineálacha ciníochais seo agus chun sonraí a fháil ar conas freagairt do chiníochas in Éirinn agus é a thuairisciú, féach an Treoir [Responding to Racism](#) ón Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais (LEGC, nó ENAR sa Bhéarla) (2019). Chun an ciníochas a laghdú, dul i ngleic le neamhionannas agus dearcthaí dearfacha agus daonlathacha a chur chun cinn, teastaíonn raon scileanna ó mhúinteoirí.



Scileanna frithchiníochais agus idirchultúrtha

Tá múinteoirí in ann tacú le páistí meonta agus scileanna frithchiníochais a fhorbairt mar aon le hinníúlacht idirchultúrtha. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dóibh na scileanna seo a fhorbairt iad féin ar dtús. Ansin, sa seomra ranga, is féidir na príomhscileanna a chothú trí eiseamláiriú ón múinteoir, trí cheachtanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus trí chainteanna.



Fíor 3: Inniúlachtaí don chultúr daonlathach, (Comhairle na hEorpa, 2016)

Machnamh

I gcás múinteoirí, áiríonn frithchiníochas agus idirchultúrachas turas machnaimh chriticiúil maidir lena mbraistint féin ar a bhféiniúlacht(aí) p(h)earsanta, sóisialta, ciníoch, eitneach, cultúrtha, reiligiúnach agus náisiúnta agus faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag na nóisín sin ar ár ndearcadh ar dhaoine eile agus ar an gcaoi a múnimid. Is féidir éirí tuisceanach agus meas níos fearr a fhorbairt ar fhéiniúlachtaí agus ar chultú(i)r a fheictear dúinn a bheith éagsúil ónár gcuid féin. Is féidir le machnamh orainn féin agus ar neamhionannas sochaíoch tacú le feasacht agus tuiscint ar leatrom, claontachtaí, steiréitíopaí, idirdhealú agus ciníochas, agus le ceistiú an status quo.

Ilpheirspectíocht

Ciallaíonn ilpheirspectíocht “an cumas dílárú ó do pheirspectíochtaí féin agus peirspectíochtaí dhaoine eile a thógáil san áireamh chomh maith le do chuid féin” (Barrett, 2013, lth.20). Nuair a bhítear ag tacú le leanáil lena bpeirspectíochtaí a fhorbairt is cinnte go dtiocfaidh siad trasna ar pheirspectíochtaí dhaoine eile. Dá réir sin, trínár scileanna ilpheirspectíochta féin a fhorbairt cabhróidh sé linn cumas na bpáistí a chothú chun ilpheirspectíocht a aithint, a thuiscint agus a mheas mar phríomhscil atá riachtanach i sochaí dhaonlathach.



Cumarsáid

Áiríonn comhrá agus cumarsáid idirchultúrtha scileanna briathartha agus neamhbhriathartha. In éineacht le go dteastaíonn scileanna teanga/ilteangacha chun labhairt le duine, ní mór dúinn a aithint go bhfuil go leor gnásanna cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha i ngach teanga. Tá difríocht idir na gnásanna seo laistigh de theangacha agus trasna teangacha. Is cleachtas cultúrtha í teanga agus tá sí ceangailte le heolas, bríonna, luachanna agus féiniúlachtaí. Uaireanta, d'fhéadfadh cliseadh nó coimhlintí cumarsáide tarlú, agus le haghaidh réiteach coimhlinte teastaíonn scileanna éisteachta, agus scileanna cur in iúl/achoiriú dearchtaí le go bhféadfar bogadh ar aghaidh.

Comhbhá

Cé go bhfuil sé tábhachtach iarracht a dhéanamh tú féin a chur i mbróga duine eile agus comhbhá a léiriú, mar gheall ar ár gcomhthéacsanna agus ár bhféiniúlacht phearsanta féin, ní féidir a thuiscint i ndáiríre cad a cheapann, a chreideann, a mhothaíonn nó a bhraitheann daoine eile. Tá sé tábhachtach go gcuimhneodh múinteoirí Éireannacha geala air sin agus iad ag moladh cur chuige comhbhách nuair a bhíonn siad i mbun OSD. Is minic a chuirtear comhbhá chun cinn mar bhealach chun dul i ngleic leis an gciníochas agus le míthuiscintí/coimhlint idirchultúrtha. Is gá idirdhealú a dhéanamh idir comhbhá 'éighníomhach' agus 'gníomhach', áfach (Boler, 1999). Ligeann comhbhá éighníomhach dúinn comhbhá a bheith againn le 'duine i bhfad uainn' agus ag an am céanna ní fheiceann muid go bhfuil aon bhaint againn ná freagracht orainn as an neamhionannas nó ciníochas a fhulaingíonn an duine eile. Leis an gcomhbhá ghníomhach aithnítear neamhionannas córasach agus struchtúrach agus bíonn gníomhaíocht de shaghas éigin i gceist nó mar thoradh uirthi a thabharfaidh aghaidh ar neamhionannas agus ar chiníochas. Mar iarracht aghaidh a thabhairt ar chiníochas nó ar mhíthuiscintí/coimhlint idirchultúrtha, bíonn cleachtais a aithníonn neamhionannas sochaíoch agus a chothaíonn comhbhá gníomhach níos éifeachtaí.

Gníomh

Cé go bhfuil sé tábhachtach eolas agus tuiscint a bheith agat ar chiníochas agus ar neamhionannas, tá sé chomh tábhachtach céanna – nó fiú níos tábhachtaí – mothú go bhfuil tú in ann rud éigin a dhéanamh chun athrú chun feabhais a dhéanamh. I measc ghníomhaíochtaí an mhúinteora d'fhéadfaí dearchtaí dearfacha fút féin agus faoi dhaoine eile a chothú trí léiriú agus aitheantas a thabhairt do gach féiniúlacht chiníoch, eitneach agus cultúrtha sa churaclam ceilte agus foirmiúil. Sna gníomhaíochtaí áirítear chomh maith claontachtaí, steiréitíopaí, idirdhealú agus gach cineál ciníochais agus neamhionannas struchtúrach a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Caibidil 4: Gníomh

Aoife Titley



I gcás daonlathas nach gcaitheadh sé go mbeadh sé d'oibleagáid faoi réimse an oideachais daoine óga a chumasú le bheith ina mbaill den phobal, le páirt a ghlacadh agus ról shoiléire a bheith acu sa réimse poiblí?

(Greene, 1985, lth.4)

Achoimre

Is éard atá i gceist leis an OSD ná cuidiú linn ciall a bhaint as cuid de na saincheistanna casta ceartais atá inár saol domhanda nua. Nuair a chloisimid faoi ansmacht ar fud an domhain, uaireanta den chéad uair, is féidir linn raon leathan mothúchán cumhachtacha a mhothú. Mar shampla, tá sé coitianta a bheith feargach go ligtear d'ansmacht tarlú do dhaoine eile, agus is rud gnách é mothú ciontach go bhfuilimid i riocht níos compordaí nó go bhfuil an t-ádh linn anseo in Éirinn. Ina theannta sin, braitear easpa cumhachta nuair nach mbíonn a fhios againn conas cabhrú. B'fhéidir go mbíonn fonn láidir orainn tacú leo siúd a fhulaingíonn neamhionannas ach b'fhéidir nach bhfuil an t-eolas nó na huirlisí againn chun a fháil amach cá háit le tosú. Tá comhpháirt ghníomhaíochta an OSD ríthábhachtach chun cur ar chumas gach duine againn machnamh a dhéanamh ar conas freagairt don neamhionannas ar bhealaí cothroma agus inbhuanaithe.

OSD agus gníomh

Gné bhunúsach de gach sainmhíniú ar OSD is ea gníomh. Chomh fada siar le 1975, shainmhínigh na Náisiúin Aontaithe oideachas forbartha mar ghné a bhain le "saincheistanna cearta daonna, dínite, féinmhuíne, agus ceartais shóisialta ... agus nascadh smaointe le gníomh ar mhaithe le hathruithe



a spreagadh” (Náisiúin Aontaithe, 1975). Ag croílár OSD tá an nóisean go dtéann na luachanna a bhíonn ag daoine i bhfeidhm ar a ngníomhartha agus go bhfeidhmíonn siad mar ‘praitic’, an téarma a bhí ag Freire (1970) – an nóisean maidir le comhcheangal idir teoiric agus cleachtas. In OSD tá foghlaim nasctha le gníomhaíocht fhreagrach toisc i ndiaidh a bheith nochtta do pheirspic-tíochtaí éagsúla, agus am a bheith ann do mhachnamh criticiúil, go mbíonn sé nádúrtha mothú cumhachtaithe, agus fonn láidir a bheith ort gníomhú ar son domhan níos córa agus níos cothroime.

Ní raibh an t-am níos fearr riamh leis an domhan mór a thabhairt isteach sa seomra ranga agus fiosracht a spreagadh i measc na ndaltaí faoina bhfuil ag tarlú i dtíortha eile. Is féidir breathnú ar na blianta atá imithe thart le déanaí mar ré órga gníomhaíochais i dtéarmaí an mhéid atá feicthe againn maidir le frithsheasmhacht gnáthphobail i ndáil le raon leathan agus éagsúil saincheisteanna. Chuaigh gnáthdhaoine ar na sráideanna sa tSile, sa Bholáiv agus i Veiniséala ag agóidíocht ar son athchóiriú polaitiúil, sa Liobáin agus sa tSeirbia chun cur in aghaidh cailiméireacht, sna Stáit Aontaithe chun aird a tharraingt ar éagóir chiníoch, sa Pholainn, i Meicsiceo agus sa RA faoi chearta na mban, sa Téalainn i gcoinne na monarcachta agus níos déanaí sa Fhrainc faoi chostas maireachtála agus aois scoir. Bhí pobal Hong Cong an-tugtha don agóidíocht, go mór mór maidir le saincheist an eiseachadta agus níos leithne ná sin an cineál rialachais a bhí uathu. Ba dheacair scála mór na n-agóidí i Hong Cong a shamhlú. Ag pointe amháin, bhí os cionn 25% de dhaonra Hong Cong (7 milliún duine) amuigh ar an tsráid! Fágann sin iad ar chuid de na hagóidí is mó sa stair, agus ina shampla iontach le cur san áireamh i gceachtanna OSD.





Cén fáth ar cheart breathnú ar ghníomh agus gníomhaíochas sa bhunscoil?

Tá claonadh ann féachaint ar leanaí mar dhaoine fásta nach bhfuil baileach ina saoránaigh iomlána fós agus díriú ar an tábhacht a bhaineann le tacú leo le bheith ina saoránaigh ghníomhacha domhanda sa todhchaí. Ach cuireann Osler agus Starkey (2006) i gcuimhne dúinn go bhfuil leanaí ina saoránaigh agus nach 'ag fanacht le bheith ina saoránaigh' atá siad. Dá réir sin, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh gur saoránaigh fós iad leanaí leis na cearta agus na freagrachtaí céanna le daoine eile atá ina gcónaí inár sochaí. Ar go leor bealaí, níl tuiscint iomlán san oideachas ar an tionchar a bhí ag an domhandú ar an óige agus ar eispéiris leanaí. Tá sé de dhualgas orainn mar oideoirí cabhrú le páistí tuiscint a fháil ar shaincheisteanna casta. Go deimhin téann roinnt teoiricithe, mar Kincheloe (2008) agus Giroux (2004), níos faide ná sin agus molann siad go mbeadh freagracht ar mhúinteoirí an bhearna idir teoiric agus cleachtas a dhúnadh agus a bheith ina ngníomhairí d'athrú sóisialta. Tá sé ionann is cinnte go gcloisfidh páistí faoin méid neamhionannais agus éagóra atá ag tarlú ar fud an domhain. Trí na meáin shóisialta, agus inrochtaineacht agus príomhcheannas na meán príomhshrutha, tagann formhór na ndaltaí bun scoile trasna go rialta ar go leor leor íomhánna, tráchtairachta agus nuachta faoi go leor cineálacha éagsúla coimhlinte ag leibhéal áitiúil agus domhanda. Tá sé tábhachtach go mothaíonn siad muiníneach a réasúnaíocht eiticiúil agus morálta a fhorbairt agus go gcuirtear na scileanna a thacóidh leo le breithiúnais eolacha agus réasúnaithe a dhéanamh ar fáil dóibh.



Is féidir le páirteachas i ngníomhartha nó leis an bhfoghlaim faoin tábhacht a bhaineann le gníomh a dhéanamh a bheith ina uirlis chumhachtach chun scileanna smaointeoireachta criticiúla agus luachanna daonlathacha a chur chun cinn. Ó thaobh an churaclaim de, is féidir speictream leathan scileanna a chothú nuair a bhíonn páistí ag glacadh páirt sa chineál seo oibre. Mar shampla, is féidir, trí phleanáil nó páirt a ghlacadh i ngníomh, anailís chriticiúil a fhorbairt, tacú le páistí steiréitíopaí diúltacha a aithint, athrú meonta a bheith mar thoradh air, scileanna éisteachta gníomhacha agus scileanna cumarsáide idirchultúrtha a fheabhsú, obair foirne agus comhoibriú a chur chun cinn, tacú le cruthaitheacht agus le smaointeoireacht chruthaitheach, agus cabhrú le leanaí déileáil le castacht agus le cinnteoireacht chasta. Ach níos tábhachtaí fós, is féidir le teagasc agus foghlaim faoi athrú sochaíoch sa bhunscoil toradh tábhachtach eile a bheith aige do na páistí. Áitíonn Mintz (2013) gur ról casta í an fhulaingt in OSD mar go bhféadfadh na daltaí féin fulaingt go minic agus iad ag foghlaim faoi fhulaingt dhaoine eile. Mar atá léirithe cheana féin, is féidir le páistí freagairt láidir a bheith acu agus iad ag foghlaim faoi ansmacht ar dhaoine eile. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí comhpháirt ghníomhaíochta a áireamh i gceachtanna OSD, rud a d'fhéadfadh a bheith ina mhaolú tábhachtach ar chuid den dímrí a d'fhéadfadh daltaí a mhothú mar thoradh ar 'pharadacs na fulaingthe' (Mintz, 2013). Tá sé tábhachtach go rachadh daltaí i ngleic le saincheist an cheartais dhomhanda lena gcloigne (ar bhonn cognaíoch), lena gcroíthe (go mothúchánach), agus lena lámha (ar bhonn iompraíochta), agus go mothóidís cumhachtaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamhionannais i ndomhan domhandaithe.

A áirithiú go mbíonn brí le gníomh

Tá a fhios againn ó thaighde (Bryan agus Bracken, 2011), nuair a tharlaíonn gníomhaíochas ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda i scoileanna, go mbíonn cur chuige 'forbairt-mar-charthanacht' nó 'the Three Fs' sa Bhéarla' mar bhonn leis – is iad sin *tionsú airgid*, *troscadh*, agus *spraoi* ar mhaithe le sainchúis ar leith. Ciallaíonn sé sin uaireanta gur féidir le hiarrachtaí a dhéantar chun cabhrú le hathrú dearfach sa domhan, cé go mbíonn dea-intinn i gceist leo, a bheith neamhthairbheach nó neamhéifeachtach. Tugann siad foláireamh faoin gcaoi gur féidir le cuir chuige droch-ullmhaithe nó carthanacht-bhunaithe i leith gnímh iarmhairt íorónta a bheith acu ó thaobh dochar a dhéanamh do chuspóirí fadtéarmacha tionscnamh oideachais forbartha, rud a dhearbhaíonn an gá le gníomhaíocht a chomhcheangal le machnamh criticiúil.

Mar thoradh air sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na gníomhartha a léirítear dár ndaltaí suntasach agus tábhachtach. I mbun gnímh dúinn, tá sé ríthábhachtach ár spreagthaí, ár n-intinní agus ár bpróisis a mheas go criticiúil, lena chinntiú go léiríonn ár ngníomhartha cur chuige dlúthpháirtíochta seachas cur chuige carthanachta. Tá sé ríthábhachtach go bhféachfaimid ar bhealach níos mine agus go ndírímíd ár n-idirghabhálacha ar na bunchúiseanna a leigheas, seachas airíonna infheicthe an neamhionannais dhomhanda. Tugtar comhthéacs níos leithne do na coincheapa atá á scrúdú sa chaibidil seo i gCaibidil 9.

Cuid II

Is iomaí cineál neamhionannais ann agus tá sé i ngach sochaí ar fud na cruinne. Sa chuid seo den leabhar déantar scrúdú ar roinnt gnéithe sonracha den neamhionannas, mar aon le roinnt de na bunchúiseanna agus na struchtúir idirnáisiúnta ar féidir leo bearna an neamhionannais a bhuanú.

Tá na caibidlí sa chuid seo á dtairiscint chun tacú le do thuiscint ar an neamhionannas agus leis sin forbraítear an réasúnaíocht maidir le cén fáth a bhfuil sé tábhachtach OSD a áireamh i seomraí ranga bunscoile. Cé go gcuirtear caibidlí sa chuid seo i láthair chun do thuiscint féin mar mhúinteoir bunscoile ar ábhair OSD a neartú, tá siad curtha i láthair ag leibhéal atá oiriúnach d'fhoghlaimoirí fásta agus níl sé i gceist leo faisnéis aois-oiriúnach do dhaltáí bunscoile a sholáthar. Tá an fhaisnéis sa chuid seo á chur i láthair ar mhaithe le deis a thabhairt duit do chuid eolais chúlra féin a fhorbairt agus chun a chinntiú nuair a ghlacann tú páirt in OSD i do sheomra ranga, go nglacann tú páirt ann mar shaoránach eolach.

Mar atá léirithe i réamhrá an leabhair seo, níl i ngach caibidil ach léargas ar an ábhar atá á phlé agus é i gceist leis do chuid fiosracha a mhúscailt, moltar duit clliceáil ar naisc agus d'ábhair spéise féin a leanúint chun cur le do chuid eolais agus idirghníomhú leis na saincheisteanna tábhachtacha agus síorathraitheacha seo.



Caibidil 5: Léargas ar Neamhionannas

Brigid Golden




Úsáidtear an cóimheas 80:20 go coitianta chun aird a tharraingt ar an difríocht sa dáileadh saibhris agus rochtain ar acmhainní ar fud na cruinne. Leis an gcóimheas sin déantar staitisticí uilíocha casta a shimpliú d'fhonn aird a tharraingt ar an neamhionannas ollmhór atá ann ar fud an domhain.

Níl rochtain ag 80% de dhaonra an domhain ach ar 20% de shaibhreas agus d'acmhainní an domhain, agus é sin ráite rialaíonn 20% de dhaonra an domhain 80% de shaibhreas agus d'acmhainní an domhain.

Tá an fhírinn i bhfad níos casta ná mar a thugann an cóimheas simplithe seo le tuiscint. Mar sin féin, tá an cóimheas luachmhar chun aird a tharraingt ar mhéid an neamhionannais dhomhanda i bhfoirm shuntasach agus sothuigthe. Tá sé tábhachtach a choimeád i gcuimhne chomh maith go bhfuil castacht fhirinní ár ndomhan taobh thiar den staitistic leathan seo. Laistigh de 'Dhomhan an Tromlaigh', tá speictream leathan de dháileadh saibhris, ó dhaoine atá an-saibhir go daoine atá ag maireachtáil i bhfíorbhochtaineacht. Mar an gcéanna, i 'nDomhan an Mhionlaigh', tá difríochtaí móra ann idir an dream a bhfuil rochtain acu ar shaibhreas eacnamaíoch agus an dream nach bhfuil. Ina theannta sin, taobh thiar de gach staitistic tá scéalta maidir le – daoine aonair, teaghlaigh, pobail. Chun pictiúr níos cruinne a fháil de na sonraí maidir le neamhionannas an tsaoil réadúil, féach ar an [Tuairisc maidir le hÉagathroime Domhanda](#) is déanaí ón World Inequality Lab.

D'úsáid an tAthair Jean-Bertrand Aristide, iar-uachtarán Háítí, meafar le tábla chun an cóimheas 80:20 a mhíniú tuilleadh agus chun béim a chur ar an bhfreagracht chomhchoiteann atá orainn gníomh bunaithe ar cheartas a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas seo sa sliocht coitianta seo a leanas:

“Tá an domhan cosúil le bord. Tá fiche faoin gcéad de na daoine ina gcónaí ar an mbord agus tá ochtó faoin gcéad ina gcónaí faoin mbord. Ní hé ár gcuid oibre líon beag de na daoine atá faoin mbord a bhogadh suas ar an mbord, ná a mhalairt. Is é an tasc atá againn ná an bord a bhogadh, a shuíomh a athrú más gá, agus go suífimis go léir le chéile timpeall an bhoird” (luaite i Hopkin, 2006, lth.13).



Fíor 4: Comhionannas vs cothromas vs réaltacht vs ceartas

Spreagann na híomhánna thuas smaoineamh machnamhach ar choincheap an chomhionannais féin. Tugann na sainmhínithe seo a leanas míniú breise ar na híomhánna.

- **Comhionannas:** Tá rochtain chomhionann ag gach duine ar na hacmhainní céanna,
- **Cothromas:** Tá rochtain ag gach duine ar acmhainní a thagann lena riachtanais, a thugann rochtain do gach duine ar na deiseanna céanna,
- **Réaltacht:** Mar a léiríodh níos luaithe sa chaibidil seo, is minic a bhíonn an fhírinne i bhfad níos casta ná mínithe nó idéalacha simplithe. I ndáiríre, tá i bhfad níos mó pribhléide ag daoine aonair nó grúpaí áirithe ná atá ag daoine eile agus tá rochtain acu ar i bhfad níos mó acmhainní, agus níl rochtain ag daoine eile ach ar fhíorbheagán acmhainní agus bíonn bacainní breise ann chun rochtain a fháil orthu.
- **Ceartas:** Breathnaítear ar an athrú córasach atá ag teastáil laistigh de shochaithe chun saoirse a chinntiú do chách – is minic a bhaineann sé seo le fáil réidh le bacainní nó struchtúir atá ina gcúis le rochtain a bheith ag grúpaí áirithe ar phribhléid nó ar bhuntáiste suntasach agus daoine eile a bheith fágtha thíos leis mar gheall air sin.

Téarmaíocht a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar neamhionannas idir tíortha

An Chéad Domhan / An Tríú Domhan

Sna 1950idí tharla díchoilíniú ag an am céanna is a tharla an Cogadh Fuar. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, rinne tíortha a ndícheall bealach nua a aimsiú chun an domhan a rialú, go heacnamaíoch agus ar bhealaí eile.

- Ba iad SAM, Iarthar na hEorpa agus a gcomhghuaillithe an Chéad Domhan mar a thugtar orthu agus ghlac siad le caipitleachas,
- Ainmníodh an tAontas Sóivéadach agus a gcomhghuaillithe mar an Dara Domhan agus lean siad an cumannachas,
- Tugadh an Tríú Domhan ar thíortha nach raibh ailínithe sa chogadh, agus a bhí ina náisiúin neamhspleácha nua tar éis an díchoilínithe, agus a bhí ag lorg cur chuige eile i leith an chaipitleachais nó an chumannachais.



Tar éis an Chogaidh Fhuair, d’imigh an téarma ‘Dara Domhan’ as úsáid agus baineadh úsáid as na téarmaí An Chéad Domhan agus An Tríú Domhan chun neamhionannas eacnamaíoch a léiriú, agus baineadh úsáid as An Chéad Domhan chun cur síos a dhéanamh ar na náisiúin ba shaibhre. Chuirfeadh an teanga saghas mearbhall ort: laistigh d’úsáid bhunaidh an téarma, measadh go raibh Éire mar chuid den Tríú Domhan ó thaobh na polaitíochta de, ach breathnaítear uirthi anois mar chuid den Chéad Domhan i dtéarmaí eacnamaíocha.

Toradh an choilínithe: “Nuair a d’fhág an Bheilg an Chongó, bhí poist fhreagrachta sa rialtas ag triúr Congólacha. Nuair a d’fhág an Bhreatain Mhór an Tansáin, ní raibh sa tír ach beirt innealtóirí agus dháréag dochtúirí. Nuair a d’fhág an Spáinn an Sahára Thiar, bhí dochtúir amháin, dlíodóir amháin agus speisialtóir amháin ag an tír sa tráchtáil. Nuair a d’fhág an Phortaingéil Mósaimbíc, bhí ráta neamhlitearthachta de 99% ag an tír, ní raibh céimí amháin ardscoile ann ná ollscoil ar bith.”

Eduardo Galeano (2009, p.329)

Réigiúin Fhorbartha / i mBéal Forbartha



Mar gheall ar an tagairt a bhí i gcéad [óráid Uachtarán Truman Stáit Aontaithe Mheiriceá \(1949\)](#) don domhan ‘tearcfhorbartha’ cuireadh tús le feidhmiú múnla forbartha líneach agus uilíoch. Tá baint láidir ag an téarmaíocht seo le marcóirí saibhris: tomhaiste go traidisiúnta in Olltáirgeacht Intíre – earraí agus seirbhísí a tháirgtear i dtír (OTI, nó GDP sa Bhéarla) agus Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN, nó GNP sa Bhéarla), (luach na n-earraí agus na seirbhísí críochnaithe ar fad laistigh de thír), per capita. Tugann an teanga seo samhail uilíoch forbartha le fios; tugann sí le tuiscint go bhfuilimid go léir ar an mbóthar amháin, agus gur chóir dúinn é a leanúint. Tugann sí le tuiscint chomh maith go bhfuil roinnt réigiún ‘sroichte’ (forbartha) agus cinn eile nach bhfuil ach ag teacht suas leo (atá i mbéal forbartha). Má táimid le glacadh leis na himpleachtaí laistigh den teanga seo, go bhfuil náisiúin fhorbartha ‘ceart’ – ansin tá sé ríthábhachtach a admháil freisin dá mbeadh gach duine le maireachtáil mar a dhéanann formhór na ndaoine i dtíortha ‘forbartha’, go mbeadh ceithre Dhomhan de dhíth orainn mar gheall ar leibhéil na dtomhaltas acmhainní i dtíortha forbartha.

Saibhir / Bocht

Is minic a lipéadaítear tíortha mar ‘saibhir’ nó ‘bocht’, ag tagairt dá saibhreas eacnamaíoch iomlán amháin. Ní thugann an t-aicmiú simplithe seo cuntas ar chineálacha eile rachmais amhail ioncam ó acmhainní nádúrtha tíre. Ina theannta sin, tugann an deighilt seo le tuiscint go bhfuil an stádas eacnamaíoch céanna ag gach saoránach de chuid na tíre, gan aird a thabhairt ar na héagsúlachtaí saibhris agus pribhléide atá i ngach tír. Léiríonn Wolfgang Sachs (1999, lth.9) fadhbanna breise a bhaineann leis an teanga sa sliocht seo a leanas:

“Úsáidtear bochtaineacht chun grúpaí iomlán daoine a shainiú, ní de réir mar atá siad agus mar ba mhaith leo a bheith ach de réir an méid atá in easnamh orthu agus atáthar ag súil leis uathu (de réir Lucht an tSaibhris) sa todhchaí. Dá bhrí sin bhí dímheas eacnamaíoch tagtha in áit dímheas coilíneach. Ina theannta sin sholáthar an smaointeoireacht choincheapúil sin údar d’idirghabháil, cibé áit gurb é ioncam íseal an fhadhb gurb é an t’aon fhreagra ná forbairt eacnamaíoch. Ní [dhéantar] tagairt ar bith don smaoinemh go bhféadfadh an bhochtaineacht a bheith mar thoradh ar leatrom agus mar sin gur theastaigh sairse. Nó go bhféadfadh cultúr leordhóthanach a bheith riachtanach chun maireachtáil go fadtéarmach. Nó fiú go bhféadfadh cultúr a chuid fuinnimh a dhíriú ar réimsí eile seachas an eacnamaíocht.”



An Domhan Theas / an Domhan Thuaidh

Tháinig an friotal seo chun cinn sna 1980idí in iarracht teacht ar théarmaí níos lú luacha ná an Chéad Domhan / Tríú Domhan nó an Domhan Forbartha / i mBéal Forbartha. Cé go bhféadfadh an Domhan Theas nó an Domhan Thuaidh teacht faoin bhfeidhm sin, tá sé sceabhach go geografach (cuimsítear áiteanna mar an Astráil agus an Nua-Shéalainn atá sa leathsféar theas sa téarma 'an Domhan Thuaidh'). Ina theannta sin, tá an teanga seo neamhpholaitiúil; ag tabhairt le tuiscint go bhféadfadh gur timpiste thíreolaíochta í an bhochtaineacht, seachas toradh ar dhúshaothrú.

Domhan Tromlaigh / Domhan Mionlaigh


Baineann an téarmaíocht seo le dáileadh daonra agus tá sí ceangailte leis an gcóimheas 80:20 a luadh níos luaithe sa mhéid is go n-úsáidtear í chun aird a tharraingt ar an éagsúlacht mhór atá ann idir dáileadh daonra agus dáileadh saibhris. Tagraíonn Domhan Tromlaigh do thíortha san Afraic, san Áise, i Meiriceá Laidineach agus i Meiriceá Theas ina bhfuil cónaí ar thart ar 80% de dhaonra an domhain, agus tagraíonn Domhan Mionlaigh do thíortha san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus san Aigéine (go háirithe san Astráil agus sa Nua-Shéalainn) ina maireann thart ar 20% de dhaonra an domhain.

Cuireann téarmaíocht mar atá thuas an éagothroime i láthair mar:

- Dénártha: Ag cur síos ar thír/réigiún/sochaí mar rud amháin nó rud eile, ag déanamh neamhaird den mhiondífriocht laistigh de shochaithe agus de thíortha,
- Fíorasach: Ag cur an smaoineamh i láthair gur féidir tíortha/sochaithe/réigiúin a chatagóiriú go cinntitheach ar bhealach amháin nó ar bhealach eile,
- Orlathach: Tugann cuid mhór den téarmaíocht le tuiscint go bhfuil gaol ordlathach idir tíortha, rud a thugann le tuiscint go bhfuil roinnt tíortha níos fearr nó níos mó chun cinn ná tíortha eile,
- Neamhpholaitiúil agus Neamhstairiúil: Ag déanamh neamhaird de chomhthéacs polaitiúil agus stairiúil an choilínithe agus an dúshaothraithe a mhúnlaigh sochaithe agus struchtúir dhomhanda,
- Seasta: Ag tabhairt le tuiscint go bhfuil éagothroime nádúrtha agus neamhathraitheach seachas gur toradh é ar chórais éagóracha a cruthaíodh agus atá in ann teacht chun cinn agus athrú,
- Eacnamaíoch: Is minic a úsáidtear teanga chun idirdhealú a dhéanamh idir tíortha agus réigiúin ar bhonn difríochtaí eacnamaíocha a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar fhachtóirí eile a chuimsíonn tír, réigiún nó cultúr.




Éagothroime a Thomhas

 Cruthaíodh an [Innéacs um Fhorbairt Dhaonna](#) (IFD, nó HDI sa Bhéarla) chun tabhairt le tuiscint gur cheart go mbeadh daoine agus a n-ábaltacht ar na critéir dheiridh chun forbairt tíre a mheas, ní fás eacnamaíoch amháin. Is tomhas achomair é an IFD ar mheángh-nóthachtáil tíre ó thaobh príomhghnéithe na forbartha daonna: *saol fada sláintiúil, a bheith eolach, agus caighdeán maith maireachtála a bheith agat.*

Faoi Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (NA, nó UN sa Bhéarla) tiomsaítear freisin IFD atá coigeartaithe de réir éagothroime agus IFD atá coigeartaithe de réir inscne a thaispeánann neamhionannas laistigh de na trí ghné a thomhaiseann siad. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige seo ar rangú tíre. Mar shampla, in 2021, bhí Éire san 8ú háit san IFD ach sa 6ú háit san IFD a bhí coigeartaithe de réir éagothroime agus laistigh den ghrúpáil is airde den innéacs forbartha a bhí coigeartaithe de réir inscne (CFNA, 2022). Cé go bhféadfaimis a bheith eolach ar bhealaí éagsúla ina bhfuil Éire ina sochaí mhíchothrom, léiríonn an rátáil an chaoi a bhfuilimid i gcomparáid le tíortha eile agus ní dhéanann siad neamhaird d'fhíor-shaol maireachtála go leor daoine a fhulaingíonn éagothroime i sochaí na hÉireann.

Tagann athrú ar staitisticí beachta an neamhionannais dhomhanda mar fhreagra ar a bhfuil ag tarlú ar fud an domhain: feicimid feabhsuithe de bharr comhiarrachtaí maidir le hathruithe a achtú amhail na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ach a mhalairt mar fhreagra ar imeachtaí ar nós paindéim COVID -19 nó an tionchar domhanda is léir ó ionradh na Rúise ar an Úcráin. Chuir an dá imeacht dhomhanda sin leis an neamhionannas laistigh de thíortha ar fud an domhain agus leanann na daoine ar an mbarr orthu ag baint tairbhe as díolachán soláthairtí leighis nó trádáil arm agus tromlach na ndaoine ag fulaingt de bharr déine agus costas maireachtála níos airde.

Ba cheart dúinn go léir leanúint orainn ag ceistiú agus ag meas eolais, agus féachaint le theacht ar an eolas fíorasach agus ar scéalta daoine a bhíonn taobh thiar de na ceisteanna. I

 measc na n-acmhainní a d'fhéadfadh tacú leis seo tá [láithreán gréasáin Oxfam](#), agus [láithreán gréasáin Gapminder](#). Foilsíonn an dá eagraíocht ábhar go rialta maidir le héagothroime dhomhanda agus roinneann siad staitisticí a thugann dúshlán don phríomhinsint a fhaightear sna meáin go minic.



Léargas ar an neamhionannas:

132

De réir an ráta dul chun cinn atá ann faoi láthair, deir an World Economic Forum (2022) go dtógfaidh sé 132 bliain chun an bhearna inscne i ndeiseanna fostaíochta agus pá a dhúnadh,

2/3

Ó 2020 agus thar bhlianta na paidéime, d'éirigh leis an 1% ar barr beagnach dhá thrian den \$42 trilliún i saibhreas nuachruthaithe a thógáil. Tá sé sin beagnach dhá oiread an méid airgid a ghnóthaigh an 99% eile den chine daonna sa tréimhse chéanna (Oxfam, 2023).

26

Le linn paidéim COVID-19, 2020-2023, cruthaíodh billiúnaí nua gach 26 uair an chloig (Oxfam, 2022).

10000000000

Astaíonn billiúnóir milliún uair níos mó gáis ceaptha teasa ná an gnáthdhuine (Dabi et al., 2022).

1-4

Léiríonn staidéir nach gcosnódh sé ar bhrandaí éadaí amhail H&M nó Zara ach idir 1 agus 4% níos mó in aghaidh an bhaill éadaigh chun pá maireachtála a chinntiú do gach duine ina slabhraí soláthair (Emran et al., 2020). Faoi láthair, meastar go dtuilleann níos lú ná 2% de na daoine a dhéanann ár gcuid éadaí pá maireachtála (Segundo, 2019).

42

Ar bhonn domhanda, tá 42% de mhná atá in aois oibre lasmuigh den fhórsa saothair íoctha, i gcomparáid le 6% d'fhir, mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim gan phá (Oxfam, níl dáta).

4

Ní thógann sé ach 4 lá ar POF (CEO sa Bhéarla) as ceann den 100 cuideachta is fearr sa domhan an méid céanna a thuillfidh agus a thuilleann oibrí éadaigh Banglaidéiseach ar feadh a saoil, nó an méid a thuilleann oibrí ón RA ar an meán i mbliain amháin (Pimentel et al., 2018).



Caibidil 6: Éagothroime Struchtúrtha

Adedotun Adekeye agus Vicky Donnelly



I dtéarmaí simplí, tagraítear uaireanta d'éagothroime struchtúrtha mar 'cúnamh droim ar ais'. Sa chaibidil seo, breathnófar ar chuid de na bealaí a dtógann an Domhan Thuaidh níos mó ná mar a thugann sé, agus an fáth ar cheart é sin a athrú.

Tá cúiseanna na bochtaineachta domhanda casta agus ilghnéitheach. Go praiticiúil is minic a chuirtear i láthair dúinn iad i dtéarmaí ró-simplí i bhfeachtais chúnamh, nó i ngearrscríobh iriseoireachta i gceannlínte, agus i ngiotáin fhuaimne feasacháin nuachta. Maidir le cás na bochtaineachta sa Domhan Theas, is scéal níos casta é sin, éilítear ina leith sin go bhféachfaimid i bhfad níos doimhne, ag tógáil san áireamh meascán fachtóirí stairiúla, beartais eacnamaíochta domhanda, agus gaolta stádais mhíchothroma. Agus é sin á dhéanamh, feicimid, ainneoin an insint cheannasach a léiríonn an Domhan Thuaidh mar fhoinsé chúnamh agus tacaíochta don Domhan Theas, go bhfuil cuma an-difriúil ar an fhírinne maidir le 'deontóirí' agus 'faighteoirí' domhanda.

Tugann go leor grúpaí forbartha le fios go 'dtugann' tíortha den Domhan Theas i bhfad níos mó don Domhan Thuaidh ná mar a fhaigheann siad i gcúnamh gach bliain. Ina n-anailís ar shreafaí airgeadais dhomhanda, tugann grúpa oideachais forbartha na hÉireann 80:20 léargas suntasach ar an dinimic tiontaithe seo, agus iad á éileamh go sreabhann cúig dollar ar a laghad ar ais go dtí an Domhan Thuaidh in aghaidh gach dollar a thugtar i gcúnamh don Domhan Theas. Chun é seo a chur i gcomhthéacs, i 2019, fuair an Domhan Theas \$152.8 billiún i gcúnamh thar lear: ní méid beag é, ach tá sé an-íseal i gcomparáid leis an méid a chailleann an réigiún. Cé go mbíonn difríocht sna meastacháin (agus go gcuireann leibhéal arda rúndachta bac orthu) tá ríomhanna ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI, nó IMF sa Bhéarla) á n-úsáid againn sa chaibidil seo a thugann cailteanas sa bhreis ar \$215 billiún in aghaidh na bliana le tuiscint mar gheall ar sheachaint cánach corparáidí (Liu, 2022). Ina theannta sin, meastar go sreabhann \$430 billiún amach gach bliain in aisíocaíochtaí úis fiachais (Grynspean, 2023). Cé gur deacair cailteanais trádála a ríomh, tugann figiúr amháin le fios go gcuireann rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT, nó WTO sa Bhéarla) an Domhan Theas faoi mhíbhuntáiste sa mhéid is go gcuilleann an réigiún amach ar \$700 billiún in aghaidh na bliana i dtuilleamh easpórtála féideartha (Hickel, 2018, lth.28).

Léiríonn sé seo: Go gcuilleann an Domhan Theas i bhfad níos mó ná \$5 in aghaidh gach \$1a fhaightear i gcúnamh.



Ba chóir a thabhairt faoi deara gur figiúirí coimeádacha iad seo. Nuair a fhéachtar ar raon níos leithne meicníochtaí, tá na figiúirí níos suntasaí fós. In 2016, léiríodh i dtaighde de chuid an Ionracais Airgeadais Dhomhanda (IAD, nó GFI sa Bhéarla) agus an Lárionaid um Thaighde Feidhmeach ag Scoil Eacnamaíochta na hIorua, agus iad ag obair le heacnamaithe san India, sa Bhrasaíl agus sa Nigéir, go gcailleann na tíortha i mbéal forbartha \$24 i nglan-eis-sreafaí in aghaidh gach \$1 de chúnamh a fhaigheann siad (IAD, 2016). Tugtar léargas níos doimhne sa chaibidil seo ar an neamhionannas idir an Domhan Theas agus an Domhan Thuaidh, agus na meicníochtaí a úsáidtear do chothú agus leathnú an neamhionannais sin. Ní hé cuspóir na caibidle seo dúlagar a chur ar dhaoine; a mhalairt atá i gceist, dóchas a spreagadh, mar gurb é an príomhargóint anseo ná nach bhfuil bochtaineacht dhomhanda nádúrtha ná dosheachanta. Is toradh í an bhochtaineacht, thar aon ní eile, ar chinntí beartas agus polaitiúla, agus mar sin is féidir í a athrú.



Fíor 6: Éagothroime struchtúrach. Foinse: Gnó agus an tSochaí - An Domhan Idirnasctha.



Bochtaineacht dhomhanda

Aithnítear go forleathan go bhfuil an domhan an-éagórach, agus go bhfuil an neamhionannas ag méadú. Le blianta anuas, tá an bhearna idir daoine an-saibhir agus daoine bochta ag dul i méid ag rátaí nach féidir a shamhlú, agus fuair sé níos measa mar gheall ar dhúshláin phaindéim Covid-19. De réir Oxfam (2023) tá sciar an rachmais dhomhanda a théann chuig tíortha sár-saibhir ag méadú, agus an 1% is saibhre ar domhan ag fáil beagnach dhá thrian den saibhreas nua ar fad. Sin saibhreas sé huairé níos mó ná an sciar a thuilleann an 90% is boichte den chine daonna.

Ó 2020, in aghaidh gach dollar den saibhreas domhanda nua a thuilleann duine den 90% is boichte, gnóthaíonn duine de bhilliúnaithe an domhain \$1.7m.

Le chéile, faigheann na daoine is saibhre ar domhan \$2.7 billiún breise anois gach lá. Cé go bhfaigheann an chuid is mó againn amach faoi neamhionannas domhanda ag aois óg (Oberman agus Waldron, 2017), is annamh a thugtar míniú dúinn air. Tá an domhan iontach éagothrom, agus ag éirí níos éagothroime, ach cén fáth a bhfuil sé seo amhlaidh? Conas ar tháinig leibhéal chomh domhain bochtaineachta (agus saibhris) chun cinn ar an gcéad dul síos, agus cad a choinníonn i bhfeidhm iad inniu? Is annamh a fheictear go bhféadfadh an Domhan Theas a bheith ag seoladh i bhfad níos mó chuig an Domhan Thuaidh ná mar a fhaigheann sé i gcúnamh gach bliain mar phríomhfachtóir de neamhionannas domhanda.

Ina áit sin, treisítear comharthaí na bochtaineachta go minic, agus léirítear iad mar thréithe ‘nádúrtha’ den Domhan Theas, seachas mar thoradh ar dhúshaothrú. In ionad iniúchadh fóna a dhéanamh ar chúiseanna na bochtaineachta agus míniú fóna a thabhairt ar na cúiseanna sin, go ginearálta úsáidtear mór-roinn na hAfraice agus an ‘Domhan Theas’ **“mar thagairt leisciúil chun íomhána de ghorta, de ghalar nó de bhochtaineacht a léiriú; níor áiríodh aon fhadhbanna a d’fhéadfadh a bheith acu mar chuid d’aon dinimic níos leithne ... ach mar dheimhniú ar neamhábalacht intreach daoine fiáine aire a thabhairt dóibh féin”** (Koram, 2022, lth.14).

Ní comhtharlú é seo. Chuir fórsaí coilíniúcháin an íomhá éagórach seo den Domhan Theas mar phobal cúlanta, nach raibh ábalta d’fhéinriail, agus a bhí bocht ó dhúchas, chun cinn mar leithscéal áisiúil chun a smacht forghabhála brúidiúil sna réigiúin sin a dhlisteanú. Mar a luaigh an staraí agus an t-oideachasóir James W. Loewen (2007, lth. 62), “Tá sé úsáideach i gcónaí breathnú anuas ar dhaoine a bhfuil dúshaothrú déanta agat orthu nó a bhfuil sé ar intinn agat dúshaothrú a dhéanamh orthu.” Ainneoin na n-íomhána bréagacha seo nach bhfuil rómholtach, a mhalairt atá fíor, toisc go bhfuil flúirse acmhainní nádúrtha ag an Domhan Theas. Ag machnamh don sagart Éireannach, an tAthair Henry McLoughlin, ar an tréimhse a chaith sé ina chónaí agus ag obair i Meiriceá Laidineach, tháinig sé ar an tuiscint, a roinn sé leis na húdair, nach é an rud is measa faoi na ‘tíortha i mbéal forbartha’ gur tíortha bochta iad, ach gur tíortha iad atá chomh saibhir sin, gur caitheadh leo le brúidiúlacht ar bhealach nach bhféadaimis a shamhlú chun an saibhreas sin a bhaint uathu. Cé go dtugtar aird nach beag ar fhlaithiúlacht an Domhain Thuaidh i dtaca le cúnamh agus tiomnachaí carthanacha a thabhairt don Domhan Theas, tugann Wangari Maatha, gníomhaí timpeallachta agus gníomhaí ón gCéinia (2009, lch.88) le fios nach gá sa saol mór, “...go bhfuil an caidreamh idir an domhan agus an Afraic spreagtha ag an altrúchas, ach ag féinleas na



stát atá ag iarraidh níos mó deiseanna a chruthú dóibh féin agus a gcostas a laghdú, agus go minic is iad an dream nach bhfuil in ann ceachtar den dá rud sin a dhéanamh atá thíos leis.”

Cé gur ábhar misnigh é go spreagtar daoine fásta agus leanaí araon chun airgead a bhailiú le haghaidh daoine i ngátar ar fud an domhain, den chuid is mó tarlaíonn sé seo in éagmais aon tuiscint ar cad is cúis leis na riachtanais sin. Fiú sa lá atá inniu ann, i seomraí ranga in Éirinn bíonn go leor páistí ag féachaint ar théacsleabhair agus ar chuntais faoi mhór-roinn na hAfraice, agus an Domhain Theas, “a chuireann i láthair go príomha cuntais steiréiticipiúla, ró-shimplithe ar shaincheisteanna, ar dhaoine agus ar áiteanna as a bhféadfadh braistintí ceannasacha a theacht i measc na ngrúpaí ceannasacha agus mothúcháin diongbháilte den ‘Eilearánú’ i measc grúpaí mionlaigh” (Usher, 2023, lth.1). Ní hé atá á rá anseo ar chorr ar bith gur chóir go n-aireodh leanaí – nó múinteoirí – ciontach as éagóir an choilínithe, nó as an neamhionannas domhanda atá ann faoi láthair, is éard atá i gceist ná go dtabharfaí le tuiscint nach é an freagra ar stair dhearfach a bheith ag díriú ar stair dhiúltach, ach ar stair mhacánta agus ionchuimsitheach” (Loewen, 2013, lth.111). Sa tslí sin cuirtear bealaí nua ar fáil chun smaoineamh ar réitigh ar fhadhbanna na bochtaineachta agus an dúshaothraithe, seachas ligean dóibh leanúint ar aghaidh gan cur ina gcoinne. Sin é an fáth gur féidir le tuiscint ar éagothroime struchtúrach a bheith chomh cumhachtach sin d’aon duine ar mian leo ‘difríocht a dhéanamh’ i ndáiríre.

Is 'Tíortha i mbéal forbartha' an t-ainm a úsáideann saineolaithe do shainaitheint tíortha a bhíonn thíos leis de bharr forbairt a dhéanann daoine eile

Galeano, 2001, lch.36.

Bunchúiseanna na bochtaineachta domhanda a thuiscint

Ní féidir an bhochtaineacht a thuiscint sa lá atá inniu ann gan oidhreacht an choilínithe a aithint, agus a ról maidir le bunú agus cothabháil neamhionannas domhanda idir an Domhan Thuaidh agus an Domhan Theas. Is éard a bhí i gceist leis an gcoilíneachas ná eastóscadh iomlán ar acmhainní, saothar ar chostas íseal, agus daoine ag sclábhaíocht ar mhaithe le cumhachtaí Eorpacha, próiseas a d’fhág meath agus deighilt ar go leor tíortha sa Domhan Theas, fad a mhéadaigh saibhreas agus cumhacht an Domhain Thuaidh.

Níor tháinig deireadh leis **an dúshaothrú, áfach, nuair a cuireadh na coilínitheoirí abhaile.** Tháinig Kwame Nkrumah (an chéad Phríomh-Aire agus Uachtarán ar Ghána, an chéad tír san Afraic a ghnóthaigh neamhspleáchas ó rialail an choilínithe) suas leis an téarma ‘nuachoilíneachas’ chun cur síos a dhéanamh ar shaothrú leanúnach an Domhain Theas trí rialú ar chórais agus ar struchtúir an rialachais dhomhanda (Nkrumah, 1965, lth.1). Sa chaibidil seo déanaimid iniúchadh ar thrí mheicníocht maidir le neamhionannas struchtúrtha, *rialacha trádála, fiacha a fhorchur*, agus *bearta seachanta cánach*.



Trádáil

D'fhéadfadh ról suntasach a bheith ag trádáil earraí agus seirbhísí chun bochtaineacht a laghdú agus tacú le fás geilleagrach sa Domhan Theas, ach tá an poitéinseal sin fós faoi bhac ag an rud ar a dtugann Oxfam (2002) córas 'Rialacha Ionramháilte agus Caighdeáin Dúbailte'.

Is fiú \$8.2 milliún sa nóiméad an trádáil idirnáisiúnta, ach fós ní dhéanann na tíortha is boichte ar domhan ach 0.4% den trádáil sin, agus seo leath den scair a bhí acu i 1980.

Self Help Africa, gan dáta.

Ó aimsir an choilínithe go dtí an lá atá inniu ann, tá bac i ndiaidh bac ag cur as don Domhan Theas, agus níl aon sórt cothrom na féinne á fháil acu maidir leis na rialacha lena rialaítear trádáil. Ina leabhar *Kicking Away the Ladder*, tugann an t-eacnamaí ó Cambridge Ha-Jung Chang (2003) breac-chuntas ar conas a d'úsáid coilínitheoirí bacainní agus cosaintí trádála chun a mbunáiteanna tionsclaíoch a fhágáil agus a bheith ar na dreamanna ceannasacha sa mhargadh domhanda. Ach níos déanaí ina dhiaidh sin, go bréagchráifeach, shéan siad an ceart go n-úsáidfeadh náisiúin choilínithe na straitéisí forbartha céanna sin.

Sna blianta díreach i ndiaidh neamhspleáchas a bhaint amach, dhírigh go leor tíortha go deimhin ar acmhainneacht talmhaíochta, tionsclaíochta agus déantúsaíochta a fhorbairt, mar aon le bearta eile chun forbairt ina n-áit féin a threisiú, agus an damáiste a bhí déanta ag an gceansú coilínithe a leigheas. Ach bhí na beartais sin áfach ina mbagairt don chaidreamh trádála seanbhunaithe a d'fhág an Domhan Theas ina soláthraí amhábhair agus de shaothar ar chostas íseal ar mhaithe le tionscail sa Domhan Thuaidh. Mar gheall air seo, baineadh úsáid as rialacha trádála go minic lena chinntiú go gcoinneodh an Domhan Thuaidh a gceannasacht, agus go bhfanfadh an Domhan Theas ina soláthraí d'acmhainní saora, agus mar mhargadh d'earraí ón Domhan Thuaidh.

D'fhéach gluaiseacht na Cóirthrádála aghaidh a thabhairt air seo trí idirbheartaíocht a dhéanamh le haghaidh praghas cóir ráthaithe do bharráil, in ionad saothraithe agus táirgeoirí i náisiúin i mbéal forbartha a fhágáil i mbaol luaineacht praghsanna agus luaineacht sa mhargadh. Ar an iomlán, d'éirigh go han-mhaith leis an bhfeachtas chun feachtas ar cheartas trádála a chur chun cinn agus méadú a dhéanamh ar infhaighteacht táirgí cothrom-thrádála. **Mar sin féin, ó 2020 níos díoladh ach 6-7% den chócó ar fad sa domhan faoi théarmaí Cóirthrádála** (Meinzer, 2020), rud a ardaíonn an cheist maidir leis an ainm le tabhairt ar an 93-94% eile. Leanann feachtasóirí ceartas trádála sa Domhan Theas agus sa Domhan Thuaidh orthu ag troid ar son athchóirithe agus smaointeoireacht nua chun córas níos córa agus níos cothroime a chruthú.

Fiacha

Ó na 1980idí i leith, tá go leor náisiúin i mbéal forbartha faoi ualach mór fiachais nach féidir leanúint leo, fiacha a carnadh go minic trí iasachtaí a chuir bairc sa Domhan Thuaidh, agus institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, ar fáil.

Ó na 1970idí, cuireadh tús le méadú suntasach ar iasachtaí don Domhan Theas. Glacadh le roinnt iasachtaí le haghaidh cuspóirí táirgiúla, ag féachaint le forbairt a spreagadh agus a atógáil ar mhaithe leis na saoránaigh. Baineadh úsáid as fiacha chomh maith áfach chun tacaíocht airgid a



thabhairt do dheachtóirí agus réimis éagóracha a thacaigh le leasanna tíortha iar-choilíneacha nó chun tionscadail a mhaoiniú a bheadh brabúsach do chuideachtaí sa Domhan Thuaidh, seachas a bheith úsáideach do shaoránaigh i dtíortha sa Domhan Theas.

Laistigh de dheich mbliana, d'ardaigh rátaí úis go mór agus d'éirigh staid fiachais go leor tíortha sa Domhan Theas do-ghlactha. Mar bharr ar an donas, tháinig laghdú freisin ar phraghas na dtrácht-earraí a bhí á ndíol acu ar an margadh idirnáisiúnta, rud a chiallaigh, cé go raibh a n-aisíocaíochtaí fiachais imithe suas go mór, go raibh a dtuilleamh tite go suntasach. D'fhág sé seo na náisiúin a raibh iasachtaí acu ag pointe géarchéime. Mar gheall ar na rátaí úis a bhí ag ardú as éadan bhí go leor tíortha sáinnithe sa rud ar a dtug Abraham Nwankwo 'ciogal gan teorainn d'ualach fiachais' (Webster, 2020). D'ardaigh na haisíocaíochtaí úis chomh hard sin go raibh roinnt tíortha báite i bhfiacha, cé go raibh níos mó ná an iasacht tosaigh íoctha ar ais acu. Mar shampla amháin, tugadh iasachtaí ollmhóra arbh fhiú \$13.5 billiún iad don deachtóireacht mhíleata a bhí i gceannas ar an Nigéir ó 1966 go 1999. **Ach, cé go raibh \$42 billiún íoctha ar ais ag an Nigéir le hiasachtóirí an Iarthair, de bharr na rátaí úis a bhí ag ardú as éadan bhí \$25 billiún fós le n-íoc acu.** (Webster, 2020).

Faoi thús na 1980idí bhí roinnt tíortha ag bagairt go mainneoidís na hiasachtaí neamh-íoctha seo. In ionad na bainc a bheith thíos leis an gcaillteanas seo, ba é an réiteach ar an ngéarchéim fiachais dhomhanda ná iallach a chur ar rialtais sa Domhan Theas caiteachas ar sheirbhísí ríthábhachtacha a laghdú agus coigilteas a dhéanamh ionas go bhféadfaí na fiacha seo a aisíoc chomh tapa agus ab fhéidir. Gearradh na buiséid shláinte, oideachais agus leasa ar fad. Gearradh na mílte post. Baineadh fóirdheontais d'fheirmeoirí. Ardaíodh cánacha. Cuireadh ar ceal beartais an Rialtais maidir le praghas an bhia a choinneáil seasmhach agus réasúnta, rud a d'ardaigh an costas maireachtála go mór. Rinneadh acmhainní agus seirbhísí a phríobháidiú, rud a chiallaigh táillí go minic ar sheirbhísí agus acmhainní riachtanacha, amhail uisce. Bhí an príobháidiú thar a bheith pianmhar do na tíortha sin a bhí díreach tar éis troid ar son neamhspleáchais agus anois go gcaithidís a n-acmhainní a dhíol chun creidiúnaithe eachtracha a aisíoc. Idir 1998 agus 2012 rinne an Banc Domhanda príobháidiú ar luach os cionn \$774 billiún de shócmhainní i dtíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear uisce, leictreachas, "...teileachumarsáid, iarnróid, bainc, ospidéal, scoileanna agus gach áirgiúlacht phoiblí a d'fhéadfaí a shamhlú" (Hickel, 2012).

Coigeartú Struchtúrtha a tugadh ar an gcur chuige seo, agus bhí an tionchar a bhí aige ar phobail sa Domhan Theas thar a bheith tubaisteach. Le linn na 1980í agus na 90idí, measadh go raibh tíortha an Deiscirt ag cailleadh thart ar \$480 billiún in aghaidh na bliana i bhfás eacnamaíoch féideartha de bharr beartais do choigeartú struchtúrtha (Hickel, 2018, lth.27), ach ní féidir le huimhreacha agus staitisticí an tionchar ar an duine a chur in iúl. **Faoi dheireadh na 1980idí, mheas CÉINAL go raibh na beartais sin ina gcúis le bás 500,000 leanbh in aghaidh na bliana san Afraic agus i Meiriceá Laidineach: leathmhilliún leanbh íobartha de bharr na n-aisíocaíochtaí bainc** (Buckley, luaite in Shah, 2013).

Faoi na 1990idí, de bharr brúidiúlacht na bPolasaithe Coigeartaithe Struchtúrtha (SAPanna) seo tosaíodh feachtas domhanda chun na fiacha neamh-íoctha agus éagóracha seo a chur ar ceal, agus chun na hualaí seo a bhaint de chuid de na tíortha ba bhoichte ar domhan. Rinneadh dul chun cinn maith de bharr an fheachtais, ach ní raibh baol air a bheith sách maith chun déileáil le



bunchúis na faidhbe, agus tá na fiacha ag ardú i gcónaí. Tríd is tríd, ag féachaint ar na haisíocaíochtaí úis amháin, meastar go bhfuil \$4.2 trilliún íoctha ag tíortha sa Domhan Theas leis an Domhan Thuaidh ó 1970 i leith.

In 2021, nuair ba mheasa a bhí an phaindéim, d'íoc tíortha sa Domhan Theas \$400 billiún in íocaíochtaí úis fiachais, sin níos mó ná dhá oiread an méid a fuair siad i gcabhair oifigiúil.

Grynspar, 2023

Tá sé ina thosaíocht mhór ag anailísithe agus feachtasóirí frithbhochtaineachta, go gcealófaí fiacha atá dodhéanta a íoc, le go mbeidh tíortha in ann freastal ar riachtanais a gcuid saoránach.

Cáin

B'fhéidir nach bhfeiceann muid cáin mar shaincheist ceartais dhomhanda uafásach tábhachtach ach d'fhéadfadh córais chánach agus airgeadais a bheith ina "n-uirlisí cumhachtacha chun sochaí chóir a chruthú a thugann an tábhacht chéanna do riachtanais gach duine" (Financial Justice Ireland, 2021). Le córas cánach a fheidhmíonn go maith ligtear do rialtais acmhainní a shlógadh agus a leithdháileadh, seirbhísí sóisialta a mhaoiniú, infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, agus sochaithe níos cuimsithí agus níos rathúla a fhorbairt.

Go ginearálta, tá níos mó de na cuideachtaí móra agus daoine le saibhreas mór ag imeacht as an gcóras cánach príomhshrutha, agus ag úsáid tearmainn chánacha chun a gcuid billí a laghdú. Déanann an *Tax Justice Network* (2023), ceann de na príomhghrúpaí atá ag déanamh taighde agus ag tabhairt aghaidh ar sheachaint cánach, cur síos ar thearmann cánach mar **"tír (nó dlínse) le rátaí cánacha an-íseal, a gcuireann a rialacháin chánach ar chumas corparáidí móra agus daoine saibhre a mbille cánach a aistriú ón áit ina bhfuil siad ag oibriú agus ina gcónaí chuig tearmann cánach. Ar an mbealach sin, tá ar a gcumas go dlíthiúil ráta cánach i bhfad níos ísle a íoc ná mar ba chóir dóibh."** Níl seachaint cánach mídhleathach, ach baineann fadhbanna eitice leis mar nach mbíonn ioncam riachtanach ag tíortha chun forbairt a chur chun cinn agus chun íoc as seirbhísí sláinte, oideachais, iompair agus seirbhísí poiblí eile. Leagann tuarascáil ón CAI le déanaí béim ar shampla na hAfraice Fho-Shahárach. Meastar go bhfuil 30% d'acmhainní mianraí an domhain ag an réigiún seo, a d'fhéadfaí a úsáid chun ioncam suntasach a thabhairt isteach chun seirbhísí a mhaoiniú do shaoránaigh an réigiúin. Mar sin féin, d'fhéadfadh rialtais sa réigiún a bheith ag cailliúint idir \$450 agus \$730 milliún gach bliain in ioncam cánach corparáidí, de bharr mí-úsáid chánach atá ar bun ag cuideachtaí mianadóireachta (Albertin et al., 2021).

Ní cás aonair é sin. Tá dlíthe cánach á n-athscríobh níos minice, ní ar shon leas gnáthdhaoine agus pobail ach ar son leas na ndaoine saibhre, agus tá a thionchar sin ag cur as do phobail sa Domhan Theas agus sa Domhan Thuaidh araon. Ní thógann sé mórán samhlaíochta smaoineamh ar conas a d'fhéadfaí na cistí seo a úsáid ar bhealach níos cuidiúla, do chur chun cinn forbairt inbhuanaithe agus straitéisí maolaithe aeráide. Ina áit sin, mar a thugann an Lónra Ceartais Cánach (2023) le fios, "cothaíonn seachaint cánach éagothroime, cothaítear éilliú agus baintear an bonn den daonlathas". Leagann grúpaí ar nós an Lónra um Cheartas Cánach agus Ceartas Airgeadais Éireann béim ar an mí-úsáid seo ar rialacha cánach agus iad den tuairim, má thuigeann



saoránaigh agus grúpaí an chaoi a bhfuiltear ag baint mí-úsáid as na dlíthe seo, gur féidir linn iad a cheistiú agus a athrú.

Tá an cheist seo thar a bheith ábhartha dúinne in Éirinn, toisc go bhfuil an tír seo liostaithe go minic mar cheann de na tearmainn chánacha is mó ar domhan. Cé nach bhfuil sa tír ach 0.06% de dhaonra an domhain (Méadar Domhanda, 2023), tá Éire freagrach as 3.9% den ghníomhaíocht i dtearmainn chánacha (Líonra Ceartais Cánach, 2023). In 2015, d'aithin taighdeoirí in Ollscoil California, Berkeley agus Ollscoil Chóbanhávan gur chuir Éire ar chumas cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha \$106 billiún de bhrabús corparáideach a aistriú chun leas a bhaint as rátaí cánacha an-íseal. Bhí an méid sin níos mó ná méid thearmann chánach Oileán Mhuir Chairib le chéile, a raibh níos mó droch-cháil orthu (\$ 97 billiún). Tá gá le ceartas cánach chun dul i ngleic lena thionchar ar thíortha sa Domhan Theas, chomh maith leis an éifeacht dhíobhálach anseo in Éirinn, ina bhfuarthas amach go raibh 'creach-chistí' ag íoc thart ar €1 i gcánacha ar gach €1 milliún atá ina seilbh acu i sócmhainní réadmhaoine in Éirinn, a bhuíochas le bearta seachanta cánach (O'Boyle, 2017). Aithníonn feachtasóirí ceartais chánach go bhfuil leasuithe cánach riachtanach chun dul i ngleic le bochtaineacht agus éagothroime go háitiúil agus go domhanda.


Conclúidí

Chun cúiseanna sistéamacha na bochtaineachta domhanda a thuiscint, tá gá le hiniúchadh diongbháilte ar fhachtóirí stairiúla, eacnamaíocha agus comhshaoil. Cuireann oidhreacht an choilínithe, an domhandaithe nualibrálach, trádáil idirnáisiúnta dúshaothraithe, airgeadrú, agus dúshaothrú comhshaoil le buanú na bochtaineachta agus bearnaí níos leithne idir saibhir agus bocht. **Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhochtaineacht domhanda, ní mór dúinn na córais agus na struchtúir a chothaíonn an neamhionannas a cheistiú agus a athrú agus tosaíocht a thabhairt do leasanna na ndaoine ar an mbeagán thar leasanna na ndaoine a bhfuil neart acu.** Is trí ghníomhaíocht chomhchoiteann, cosaint éiceachóras, athdháileadh acmhainní, agus athshamlú ar chórais eacnamaíocha domhanda amháin is féidir linn a bheith ag súil le cúiseanna sistéamacha na bochtaineachta domhanda a mhaolú agus domhan níos córa agus níos cothroime a chruthú. Fiú agus éagothroime struchtúrach á fhágáil ar leataobh, dá nglacfaí leis an scéal cúnamh faoi mar atá sé, tá an Domhan Thuaidh fós ag titim gann ina oibleagáidí i leith an Domhain Theas. Tá riaráistí móra ag tíortha an Tuaiscirt ó thaobh na ngealltanais a rinneadh i 1970 go dtabharfaí 0.7% den OTI mar mhaoiniú le haghaidh forbairt sa Domhan Theas. Go dtí seo, tá níos lú ná leath an ghealltanais sin tugtha i gcrích, rud a fhágann go bhfuil nach mór \$4.5 trilliún dlíthe do thíortha i mbéal forbartha (Oxfam, 2023b). Is léiriú é an teip, fiú an tsuim ainmniúil seo (níos lú ná 1% den OTI) a íoc, ar neamhthoilteanas an Domhain Thuaidh tríd is tríd, a bheith cuntasach as an rud ar thagair an scoláire ón nGuáin Walter Rodney (1972) dó mar thearcfhorbairt na hEorpa ar an Afraic. Ón dearcadh sin, is é an glaoch is oiriúnaí agus is fadsheasta ó ghníomhaithe (agus le déanaí, ón Aontas Afracach) ná go n-íocfadh an Tuaisceart cúiteamh, seachas cúnamh. "Ní cúiteamh eacnamaíoch amháin atá i gceist sa chúiteamh, teastaíonn admháil uathu freisin ar an dochar a rinneadh, agus iarrachtaí an dochar sin a cheartú agus deireadh a chur leis." (Ahmad et al., 2022). Tar éis an tsaoil, nuair a cuireadh cosc foirmiúil ar an sclábhaíocht, chonaic rialtas na Breataine go mba cheart tús a chur le scéim chúitimh ollmhór, rud a chosain £20 milliún ar an rialtas (comhionann le £300 billiún inniu). Cuireadh na cistí seo ar



fáil chun úinéirí sclábhaithe a chúiteamh as cailteanas 'maoine'. Níor bhfuair na daoine a bhí ag sclábhaíocht agus dúshaothraithe pingin riamh. Ní raibh an iasacht rialtais a tógadh amach chun na costais seo a íoc glanta go dtí 2015.

Ní uaillmhian dodhéanta é ceartas domhanda: tá na hacmhainní ann cheana chun domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a chruthú. Cé go gcaithfear a admháil nach bhféadfadh aon airgead 'aisíoc' ceart a dhéanamh ar uafás na sclábhaíochta, an choilínithe, ná ar an bhforéigean leanúnach a bhaineann le bochtaineacht fhorfheidhmithe, tairgeann an t-athchruthú seo ar chúiteamh rogha eile in áit na scéalta dístairiúla cúnamh agus forbartha, agus b'fhéidir céim i dtreo 'deireadh a chur le bochtaineacht'.



Caibidil 7: Cearta Daonna

Benjamin Mallon



Is ionann cearta daonna agus na cearta agus na saoirsí a thugtar do gach duine, ón gceart chun na beatha féin go dtí na cearta a mhúnlaíonn conas is féidir linn maireachtáil. Tá cearta daonna cumhdaithe i gcreat leathan ionstraimí cearta. Mar phríomhdhoiciméad, leagtar amach sa [Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine \(DUCD, nó UDHR sa Bhéarla\) \(1948\)](#) roinnt cearta bunúsacha thar thríocha Airteagal. I ndiaidh an dearbhaithe seo tháinig cúnaint a leathnaíonn ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ([The International Covenant on Economic, Social and Cultural Rights, 1976](#)) agus ar chearta sibhialta agus polaitiúla gach duine ([The International Covenant on Civil and Political Rights, 1976](#)).

[Leathnaíodh an creat seo le hionstraimí cearta eile, lena n-áirítear \[Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh \\(CNAACL\\) \\(1989\\)\]\(#\). Aithnítear sa Choinbhinsiún seo, cé go bhfuil cearta daonna ag leanáí cheana féin, go bhfuil cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha breise acu chomh maith i bhfianaise a seasamh agus a gcúinsí sainiúla laistigh de shochaithe \(Quennerstedt, 2010\) – mar shampla, tá cearta ag páistí a bhaineann lena riachtanais fhorbartha.](#)

Cearta Daonna agus Oideachas

Tá an t-oideachas ina chuid lárnach de phríomhionstraimí cearta an duine le fada an lá, agus aithnítear é mar cheart ann féin. Mar shampla, luaitear in Airteagal 26 den DUCD (1948) go bhfuil an ceart chun oideachais ag gach duine, agus:

Díreofar an t-oideachas ar phearsantacht an duine a lánfhorbairt agus ar urraim ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a neartú. Cuirfidh sé tuiscint, caoinfhuilaint agus cairdeas chun cinn i measc na náisiún, na ngrúpaí ciníocha nó creidimh uile, agus cuirfidh sé gníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe chun cinn ar mhaithe leis an tsíocháin a chothabháil. (Airteagal 26.2)

Leagtar amach san Airteagal seo ról an oideachais i bhforbairt an duine, agus freisin an ról atá ag oideachas maidir le cearta agus saoirsí a neartú laistigh de shochaithe agus idir sochaithe.





Luaitear freisin sa CNAACL cearta leanaí chun oideachais ([Airteagal 28](#)) agus a gcearta ar oideachas a thacaíonn lena bhforbairt iomlánaíoch ([Airteagal 29](#)).



Déanann OCD an gaol idir oideachas agus cearta a mheas. Is féidir breathnú ar OCD mar oideachas faoi chearta, oideachas trí chearta, agus oideachas ar son cearta (Struthers, 2015). Cuireann oideachas faoi chearta in iúl an tábhacht a bhaineann le hoideachas a thacaíonn le daoine tuiscint a fháil ar chearta gach duine, agus na hionstraimí um chearta a d'fhéadfadh forghníomhú cearta a leagan amach agus tacú leo. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh i gceist le hoideachas faoi chearta go bhfoghlaimeodh agus go bhfaigheadh páistí tuiscint ar an smaoineamh thaobh thiar de chearta, agus go mbeadh eolas acu ar an ábhar agus ar na próisis a bhaineann leis an CNAACL. Is éard atá i gceist le hoideachas trí chearta ná daoine ag fáil taithí ar a gcearta ar feadh an phróisis oideachais. Leis sin, ba chearta go dtacódh cur chuige teagaisc, cleachtais seomra ranga, próisis uile-scoile agus an córas oideachais níos leithne le cearta na bhfoghlaimeoirí, agus go cinnte nach sáróidís iad. Seasann oideachas ar son cearta d'fhoghlaim faoi agus i dtreo gníomhartha chun seasamh le cearta foghlaimeoirí agus daoine eile.

Meonta ar chearta daonna agus OCD

Cé go soláthraíonn gach ceann de na hionstraimí um chearta an duine dá dtagraítear dóibh thuas leagan tábhachtach de chearta agus saoirsí, tá cáineadh bailí déanta freisin ar an ábhar agus ar na próisis atá mar bhonn agus taca ag cuid de na doiciméid seo. Mar shampla, aithnítear an CNAACL mar cheann de na creataí cearta leanaí is forleithne agus is tábhachtaí (Freeman, 2000). Mar sin féin, ba dhúshlán ollmhór a bhí i bhforbairt creat uilíoch de bharr castacht cearta leanaí i gcomhthéacsanna éagsúla (Johnson, 1992) agus rinneadh cáineadh air. Ní raibh guthanna agus meonta tábhachtacha, mar shampla, guthanna leanaí, curtha san áireamh sa phróiseas d'fhorbairt an Choinbhinsiúin (Freeman, 2000) agus chomh maith leis sin, áitítear gur déanadh an Coinbhinsiún a fhorbairt timpeall ar chreataí smaointe an Iarthair, (mar shampla, teoiricí ceannasacha an Iarthair don óige (Faulkner agus Nyamutata, 2020)). I dteannta na gcáintí seo, aithnítear go gcaithfidh OCD breathnú ar chomhthéacsanna sonracha agus ar an neamhionannas domhain atá taobh thiar de na sochaithe ina dtarlaíonn sé.

Cé go soláthraíonn na creataí a cuireadh ar aghaidh bealach le tuiscint a fháil ar chearta agus gníomhú ina leith, aithnítear go bhfuil daoine agus grúpaí áirithe daoine, laistigh de chomhthéacsanna áitiúla agus domhanda, ag fulaingt go mór de bharr sárúithe ar chearta an duine. Tá aitheantas níos leithne ann gur féidir le cleachtais agus córais oideachais, i gcásanna áirithe, a gcearta a dhiúltú do dhaoine. Léirigh paindéim Covid 19 cé chomh tapa agus chomh neamh-inchúlghairthe agus is féidir cur as do chearta daoine, lena n-áirítear cearta oideachais, de bharr athrú ar chúinsí sochaíocha (Mallon agus Martinez-Sainz, 2021). Mar sin, tá argóint an-láidir ann nach mór don OCD a bheith bainteach, ní hamháin le cinntiú go bhfuil a gcearta ar eolas ag daoine agus go dtuigeann siad iad, ach le haidhmeanna bunathraithe agus feabhsú na gceisteanna suntasacha cearta ar fud na sochaí.



Nóta tráchta ar chomhfhreagracht

Aithnítear go mbíonn cearta cúpláilte go minic le ‘freagracht’. Is féidir go bhfágann sé sin uaireanta, go nglactar leis go mícheart gur gá do shaoránaigh freagrachtaí áirithe a chomhlíonadh chun a gcearta a fháil. Mar sin féin, is minic a thagraíonn creataí cearta, mar shampla, an CNAACL, go sonrach do na freagrachtaí atá ar Stáit i leith a gcuid saoránach, ar freagrachtaí iad ar a dtugtar oibleagáidí. Tagraíonn Airteagal 42 den CNAACL do cheart leanaí eolas a bheith acu ar an CNAACL é féin, ach is é an rud lena mbaineann an tAirteagal i ndáiríre ná leis an dualgas atá ar an Stát a chinntiú go bhfuil leanaí agus daoine fásta ar an eolas faoin CNAACL. Ar ndóigh, tá roinnt daoine ann a chaitheann cinntiú go gcomhlíontar na cearta seo. Tugtar sealbhóirí dualgais ar na daoine sin, agus áirítear orthu daoine ar nós múinteoirí.

Nuair a bhíonn freagracht chomhchoiteann á breithniú againn, ba cheart dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a roinntear an fhreagracht maidir le cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn ar fud na sochaí. D’fhéadfaí iniúchadh a áireamh anseo ar na bealaí ina bhféadfadh freagracht a bheith éagsúil idir saoránaigh agus a rialtais (Howe agus Covell, 2010). Le fócas ar pháistí, molann Osler agus Starkey (2010) dhá shraith de chaidrimh thábhachtacha a bhaineann le gníomhaíocht daoine óga i leith cearta daonna, *caidrimh chothrománacha* a tharlaíonn idir daoine, agus *caidrimh ingearacha* a tharlaíonn idir saoránaigh agus an rialtas nó Stát. D’fhéadfadh na sraitheanna caidrimh a bheith ina mbonn d’iniúchadh ar cé chomh mór agus a d’fhéadfadh OCD tacú le leanaí chun teagmháil a bheith acu lena bpiaraí, agus le gníomhaíocht ag déileáil le rialtais agus an dream a bhíonn i gcumhacht. Bealach féideartha amháin, i ndáil leis an dara ceann díobh siúd, ná díriú ar chomhlachtaí cosúil le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a dhéanann maoirseacht ar ghníomh (nó neamhghníomh) an Stáit i ndáil le cearta daonna, trí fhianaise agus peirspictíochtaí a bhailiú ó eagraíochtaí náisiúnta um chearta, agus ó eagraíochtaí eile, faoin gcaoi a gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar cearta i gcomhthéacs ar leith. De réir a chéile, tá níos mó deiseanna ag páistí cur leis na tuairiscí seo.

Deiseanna chun machnamh a dhéanamh

Ag obair san oideachas dúinn tá sé tábhachtach breathnú ar ár dtuiscint féin ar chearta an duine agus ar ár gcaidreamh leo. Ardaíonn creat Struthers (2015), a spreagann múineadh faoi, ar son agus trí chearta an duine, ceisteanna machnamhacha féideartha le hiniúchadh sula nglactar páirt in OCD, is iad sin:

- Cén t-eolas atá agam ar chearta an duine?
- Cé chomh heolach is atá mé ar chreataí tábhachtacha um chearta daonna an réimse ina bhfuilim ag obair?
- An dtuigim na bunphrionsabail agus na bunábhair m.sh. Airteagail as na creataí seo?
- Cé na gnéithe den ailtireacht chearta daonna seo ar mhaith liom níos mó a fháil amach fúthu?



Caibidil 8

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna, nó SDGs sa Bhéarla)

Helen Concannon



Sa bhliain 2000, ag tús na mílaoise nua, tháinig ceannairí domhanda le chéile ag Ceannteathrú na Náisiún Aontaithe chun plan a mhúnlú chun an bhochtaineacht a chomhrac. Bhí sé seo ina chreat forbartha uileghabhálach don domhan ar fad ar feadh na cúig bhliana déag ina dhiaidh sin. Glao domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil chun gnímh d'fhonn daoine a shábháil trí idirghabhálacha spriocdhírthe ab ea Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna, nó MDGs sa Bhéarla) (Náisiún Aontaithe, 2015a). Bhí ocht sprioc i gceist, agus in ainneoin go leor dúshlán ar nós acmhainní airgeadais neamhleor agus easpa toil pholaitiúil, rinneadh roinnt dul chun cinn dearfach. Thuairisc Ban Ki-moon, (as an Chóiré Theas) Ard-Rúnaí na NA ag an am, “gur chabhraigh na SFManna le níos mó ná billiún duine a bhaint as fíorbhochtaineacht, dul chun cinn a dhéanamh in aghaidh an ocras, níos mó cailíní ná riamh a chumasú chun freastal ar scoil agus lenár bpláinéad a chosaint. Ach, mar sin féin, ainneoin an méid suntasach atá déanta, tuigim go maith go bhfuil éagothroime ann i gcónaí agus go bhfuil an dul chun cinn míchothrom” (World Vision, 2015).



Fíor 7: Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe



Tháinig coincheap na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna, ná SDGs sa Bhéarla) chun cinn ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe – nó an Cruinniú Mullaigh Rio+20 – in 2012 nuair a mhol ionadaithe ón gColóim agus Guatamala clár leantach nua do na SFManna. Sna trí bliana ina dhiaidh sin, rinneadh ochtó is a trí suirbhé náisiúnta agus bhí os cionn seacht milliún duine páirteach i gcruthú Spriocanna Domhanda nua. Tugann an físeán gearr seo ón ‘London International Development Centre’ (2015) breac-chuntas ar na sonraí a bhain le próiseas forbartha na spriocanna domhanda sin:



In 2015, ghlac 193 tír le Clár Oibre 2030 na NA ag Comhthionól Ginearálta na NA (Náisiún Aontaithe, 2015c). Tá na SFlanna laistigh den Chlár Oibre nua seo. Tá siad mar chuid d’fhís straitéiseach uailmhianach don domhan don tréimhse 2015 go 2030. Éilfionn an fhís seo domhan cuimsitheach nach bhfágann aon duine amach. Tá 17 SFI ann agus tá roinnt spriocanna ag gabháil le gach ceann acu atá iomlánaíoch ó thaobh cineáil agus a mheastar a bheith uilíoch agus idirnasctha.



Fíor 8: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA



Coincheap na forbartha ‘inbhuanaithe’

Ceann de na príomhdhifríochtaí idir na SFManna agus na SFlanna is ea an t-aistriú ó ‘fhorbairt’ ar náisiúin ‘shaibhre’ a thacaíonn le náisiúin ‘níos boichte’ chuig cruinneshamhail ina mbaineann gníomhartha gach duine leis an mbaol go scriosfaí feidhmeanna ríthábhachtacha éiceachóras an domhain. Is athrú paraidíme é seo san fhorbairt dhomhanda, agus tá sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus cailteanas bithéagsúlachta chomh maith le forbairt dhaonna agus dul chun cinn eacnamaíoch.

Sainmhíodh an téarma ‘forbairt inbhuanaithe’ i dtuarascáil Choimisiún Bruntland sa bhliain 1987 (Náisiúin Aontaithe, 1987). Roimhe sin, bhí go leor díospóireachtaí ann faoin gcaoi a bhféadfaí inbhuanaitheacht chomhshaoil agus forbairt eacnamaíoch a fhorbairt gan tionchar diúltach a bheith acu ar a chéile. Nuair a thugtar tús áite d’fhorbairt eacnamaíoch thar inbhuanaitheacht chomhshaoil, féachann roinnt daoine air mar rud antrapalárnach (go bhfuil an cine daonna lárnach d’fhorbairt an domhain) agus nach gcuirtear luach ar éiceachórais nádúrtha an domhain. I gcoincheapa traidisiúnta agus dúchasacha na hinbhuanaitheachta aithnítear cearta an dúlra, agus tá siad cumhdaithe i mbunrechtanna agus i ndlíthe sa Bholáiv, sa Nua-Shéalainn, san India agus in Eacuadór mar shampla – ach níl sé sin uilíoch. In 2022, bhí cearta an dúlra cumhdaithe sa dlí ag ceithre thír is fiche, agus bhí sé aitheanta ag tíortha eile sa chásdlí (Kauffman, 2022). San fhíseán seo ó ‘Sustainability Illustrated’ tugtar míniú eolaíoch ar an téarma ‘forbairt inbhuanaithe’ agus nasctar é le heolaíocht agus le héiceachórais an domhain.



Ról na hÉireann sna SFlanna

Bhí ról lárnach ag Éirinn i bpróiseas forbartha na SFlanna. In 2014, cheap Sam Kahamba Kutea (as Uganda) a bhí ina Uachtarán ar Chomhthionól Ginearálta na NA ag an am, an tAmbasadóir Éireannach chuig na Náisiúin Aontaithe David Donoghue agus Ambasadóir na Céinia chuig na Náisiúin Aontaithe, Macharia Kamau, mar chomh-éascaitheoirí ar an gcaibidlíocht idir-rialtasach deiridh de na SFlanna. Leis an gceapachán seo cinntíodh go raibh Éire agus an Chéinia i gcroílár na caibidlíochta domhanda, ag tabhairt le chéile ballstáit na NA, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an



earnáil phríobháideach agus geallsealbhóirí eile. Reáchtáladh sraith díospóireachtaí foirmiúla taidhleoireachta agus comhairliúcháin neamhfhoirmiúla, agus thángthas ar chomhaontú ar an 2 Lúnasa 2015, agus chuir an tAmbasadóir Donoghue agus an tAmbasadóir Kamau an téacs deiridh de *Transforming our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development* i láthair. Ghlac gach ceann de na 193 ballstát de chuid na NA leis ar an 25 Meán Fómhair 2015.



Fíor 9: Ambasadóir David Donoghue agus Ambasadóir Macharia Kamau na NA (Creidiúint do: Na Náisiúin Aontaithe)

Spriocanna, cuspóirí agus táscairí

Is féidir na SFlanna a roinnt i gcúig réimse, *daoine, pláinéad, rathúnas, síocháin* agus *comhpháirtíocht*. Forbraíodh spriocanna sonracha do gach ceann de na 17 SFlanna, agus tá 167 sprioc ann san iomlán. Tagraíonn siad seo do na torthaí inmhianaithe sonracha ar gach sprioc, agus tugann siad aghaidh ar an mbealach ina gcuirtear i bhfeidhm iad. Ar cheann de na cáintí a rinneadh ar na SFManna bhí easpa táscairí domhanda aontaithe agus, mar fhreagra air sin, in 2017 d'aontaigh na NA ar réiteach eile a bhain le SFlanna a cheadaigh próiseas faireacháin ar bhaint amach na spriocanna. Laistigh den chreat sin tá 231 táscaire freisin is féidir a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ag tír maidir le cuspóirí gach sprioc. Ní mór do gach tír sonraí maidir leis na táscairí seo a sholáthar do thuarascálacha domhanda dul chun cinn na NA gach ceithre bliana. Mar chuid den mheicníocht athbhreithnithe SFI, iarrtar i gClár Oibre 2030 ar na tíortha go léir athbhreithniú rialta agus cuimsitheach a dhéanamh ar a ndul chun cinn i dtreo na SFlanna. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal réigiúnach agus go mbeadh sé deartha ag gach tír iad féin. Féadfaidh gach tír cinneadh a dhéanamh an tAthbhreithniú Náisiúnta Deonach (AND, nó VNR sa Bhéarla) seo ar na SFlanna a thíolacadh d'Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil na NA ar Fhorbairt Inbhuanaithe.




Cáineadh agus dúshláin a bhaineann leis na SFlanna

Tá trí chrann taca mar bhonn leis na SFlanna, gnéithe *comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha*.

Chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór cothromaíocht a bheith idir na trí cinn. Is féidir

léiriú a thabhairt air sin trí úsáid a bhaint as [ciste trí shraith](#) arb é an bitsféar an bunsaith.

Léiríonn na SFlanna ábhartha atá anseo gach ní beo agus an timpeallacht fhisiciúil ina maireann siad m.sh. talamh, atmaisféar, uisce. Tá ocht SFI sa meánsraith agus tá sé bunaithe ar gach idirghníomhú sóisialta idir daonraí agus folaíonn sé ceartas/éagóir agus cothromas/neamhionannas. Baineann an tsraith in uachtar le hearraí agus seirbhísí agus tá ceithre SFI ar leith ann.




Fíor 10: Sraitheanna Ciste Bainise SFI (Azote for Stockholm Resilience Centre, 2016)

Díríonn léirmheasanna ar na SFlanna ar an gcaoi a bhfuiltear ag dul i ngleic leis na gnéithe sin go míchothrom agus ar na deacrachtaí a bhaineann lena bhfeidhmiú, intomhaiseacht agus faireachán. Léiríonn Bali Swain (2018) an chaoi gur fhág neamhréireachtaí sna SFlanna éagothroime idir an fhorbairt shocheacnamaíoch agus na spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil. Trí na táscairí a scrúdú, tugann Eisenmenger et al. (2020) breac-chuntas ar an gcaoi a gcuireann na SFlanna níos mó béime ar fhás eacnamaíoch ná ar shláine éiceolaíoch. Léirigh a dtaighde nach dtugann na SFlanna aghaidh ar an ngá atá le laghdú leordhóthanach ar úsáid acmhainní, rud a léiríonn idirthuilleamaíocht an fháis eacnamaíoch agus an díghráidithe comhshaoil.



Míníonn Pedersen et al. (2023) an tionchar a bhíonn ag idirnascaidh na SFlanna ar a ngnóthachtáil chomhchoiteann. Bíonn tionchar ag roinnt gníomhaíochtaí (m.sh. muilté gaoithe móra a shuiteáil) ar an bhfiadhúlra sa gceantar ina mbíonn siad agus mar sin nuair a bhítear ag iarraidh

 [SFI 7 \[Fuinneamh Inacmhainne agus Glan\]](#), a bhaint amach d'fhéadfadh tíortha bac a chur ar an dul chun cinn i dtreo [SFI 15 \[An Saol ar Talamh\]](#). Rinneadh trácht chomh maith ar mhéid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil do thíortha agus ar na dúshláin a bhaineann le monatóireacht (Easterly, 2015). Mar chuid de Chomhaontú Pháras, gheall na náisiúin go léir maoiniú a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha chun an t-athrú aeráide a mhaolú. Is conradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí é an Comhaontú seo agus taispeánann sé go gcaithfidh roinnt tíortha níos mó airgid a thabhairt chun a chinntiú go mbainfear amach na SFlanna.

In 2022, maidir le hocht gcinn de na seacht SFI déag, ní raibh na sonraí idirnáisiúnta inchomparáide a theastaigh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ach ag níos lú ná leath de na tíortha, agus toisc nach mbailíonn na tíortha go léir na sonraí céanna ní féidir gnóthachtáil an SFI a ríomh (Náisiúin Aontaithe, 2022). I dTuarascáil Bhliantúil SFI na Náisiúin Aontaithe (2023, lth 3) luadh “gur scrios paidéim COVID-19 breis is ceithre bliana de dhul chun cinn ar dhíothú na bochtaineachta agus gur cuireadh 93 milliún duine eile i bhfíorbhochtaineacht in 2020”.


Ag an bpointe leath bealaigh, luadh i gClár Forbartha na Náisiúin Aontaithe (2023) “seacht mbliana ar shiúl ó dháta deiridh Chlár Oibre 2030, agus is furasta an ghloine SFI a fheiceáil mar leathfholamh. Mar gheall ar ghéarchéimeanna ar nós COVID-19 tá dúshláin nua i gceist sa chomhoibriú don fhorbairt agus, ag an am céanna, tá treocheartaí atá ann cheana féin, amhail éagothroime, ag éirí níos measa. Ach fós is iad na SFlanna an deis is fearr atá againn chun rathúnas, slándáil agus cearta daonna a scaipeadh chuig gach cearn den domhan. Agus in 2023 tá an fhéidearthacht ann athshocrú agus díriú arís ar an gclár oibre bunathraitheach seo don chine daonna”. (CFNA, 2023).

An comhthéacs Éireannach

Is comhaontú neamhcheangailteach é Clár Oibre 2030 a thagann faoi stiúir na dtíortha mar go bhfuiltear ag súil go gcruthóidh gach tír a bpleananna náisiúnta agus áitiúla féin chun é a chur chun feidhme. In Éirinn, seachas na SFlanna a shannadh do roinn rialtais amháin, glacadh le cur chuige uile-rialtais níos cuimsithí. Léiríonn sé seo an fhreagracht chomhroinnte atá ar gach Aire agus a roinn as na SFlanna. Tá freagracht iomlán ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as Pleananna Forfheidhmithe Náisiúnta a fhorbairt agus as tuairisciú do na Náisiúin Aontaithe. Tá Grúpa Oibre Idir-Rannach bunaithe ag rialtas na hÉireann chun a chinntiú go n-áiríonn gach roinn rialtais na SFlanna ina gcuid oibre. Tá grúpaí sonraí ann freisin a thuairiscíonn ar na sonraí staidrimh atá ag teastáil. Soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS, nó CSO sa Bhéarla) sonraí trí [Geohive](#). Is ardán poiblí é seo atá ar fáil go héasca chun sonraí a iniúchadh agus a íoslódáil, agus is féidir leis an bpobal é a úsáid chun tuarascálacha a bhaineann le SFlanna, spriocanna agus táscairí na NA a ghiniúint. D'fhorbair an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann é ag baint úsáid as teicneolaíocht gheospásúil a áiríonn na huirlisí agus na córais éagsúla a chuidíonn linn dromchla an domhain a mhapáil, sochaithe a thuiscint agus patrúin spásúlachta a léirmhíniú. In 2023, forbraíodh AND na hÉireann le hionchur trí



aighneachtaí poiblí, dhá fhóram náisiúnta do pháirtithe leasmhara SFI agus próiseas comhairliúcháin don óige.

 Tá tuilleadh faisnéise ar obair na hÉireann i dtreo na SFlanna ar fáil [ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide](#).

An comhthéacs oideachais

Díríonn SFI 4 [Oideachas Cáilíochta] ar an oideachas amháin ach luaitear oideachas ocht n-uaire is fiche thar sé cinn de na spriocanna eile (Spriocanna 1, 3, 5, 8, 12 agus 13 go sonrach). Ar an mbealach seo, ní toradh amháin é an t-oideachas, ach tá sé freisin ina thiománaí chun cumas a fhorbairt SFlanna a chur i bhfeidhm agus ina chumasóir lena chinntiú go mbaintear amach iad.

 Tá [sprioc 4.7 de na SFlanna](#) lárnach chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach mar gheall ar éifeacht iolraitheora an oideachais. Tá sé mar aidhm aige

a chinntiú go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna is gá chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, trí oideachas d'fhorbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, agus trí chur chun cinn chultúr na síochána agus an neamhforéigin, na saoránachta domhanda chomh maith le tuiscint ar éagsúlacht chultúrtha, agus ar an méid a chuireann an cultúr le forbairt inbhuanaithe

(United Nations, 2015b).

Luaitear foghlaim ar feadh an tsaoil ann freisin, agus is aitheantas tábhachtach é sin nach mór d'fhoghlaimeoirí de gach aois an t-eolas agus na scileanna a bheith acu chun gníomhú ar son domhan níos fearr nach bhfágtar aon duine ar leataobh ann. Sa sprioc sin, éilítear athrú sa bhealach a smaoinimid agus a bhfoghlaimimid faoin bpláinéad, faoi dhaoine, faoin rathúnas, faoin tsíocháin agus faoi na comhpháirtíochtaí atá ag teastáil le haghaidh domhan níos córa.

Cuireann na SFlanna creat forbartha ar fáil freisin faoinar féidir an teagasc faoi na seacht dtéama dhéag idirnasctha a scafláil. Clúdaíonn siad gach disciplín, earnáil agus sochaí. Soláthraíonn na SFlanna lionsa do theagasc an churaclaim trí pheirspictíocht dhomhanda a thabhairt do na topaicí agus cabhrú le daltaí naisc a chruthú idir gníomhartha áitiúla agus domhanda, rud a bhféadfadh abhcóideacht ar imeachtaí reatha a bheith mar thoradh air.

Caibidil 9: Taobh amuigh de Charthanas: Lionsa Ceartais agus Dlúthpháirtíochta

Vicky Donnelly le Sharon Murphy



Is saincheist ilghnéitheach í an bhochtaineacht dhomhanda, le bunús casta a chuimsíonn difríochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla éagsúla. Tá tábhacht lenár n-anailís agus lenár dtuiscint ar chúiseanna na bochtaineachta, agus lenár gcur chuige ina leith. Tá frámaí ar leith ann don teagasc, don fhoghlaim agus don ghníomhú i leith na bochtaineachta, *carthanacht*, agus *cur chuige ceartais/dlúthpháirtíochta*. Bíonn tionchar ag an lionsa a fheidhmítear ar ár dtuiscint ar bhochtaineacht (ag áireamh na gcúiseanna leis agus réitigh féideartha), agus ar an gcaoi a bhfeiceann muid féin agus daoine eile, chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid agus teagasc faoi na saincheisteanna seo sa seomra ranga.

Agus í ag caint faoina leabhar *What White People Can Do Next*, tugann Emma Dabiri an méid seo chun cuimhne “ag fás suas in Éirinn, is minic a chonacthas an Afraic trí lionsa na misean Caitliceach agus an smaoinemh carthanachta seo, daoine ‘dubha’ feicthe mar íospartaigh bochta ónar theastaigh flaithiúlacht na ndaoine ‘geala’ carthanacha” (Quoted in Haynes, 2021, níl lth. luaite). Tá an scéal domhanda seo maidir le ‘deontóirí’ agus ‘faighteoirí’ bunaithe ar mhiotas, agus déanann an bhéim a chuirtear ar chaidreamh carthanach neamhaird de thionchar an choilínithe ó thaobh neamhionannas domhanda a chruthú, agus den scéal faoi mar atá go bhfaigheann an Domhan Thuaidh €5 sa bhreis ar a laghad ón Domhan Theas in aghaidh gach €1 a thugann sé i gcúnamh gach bliain (mar a phléitear go mion i gCaibidil 6).

Ón obair atá déanta againn le hoideoirí agus le múinteoirí faoi oiliúint le roinnt blianta anuas, thugamar faoi deara go bhfaigheann go leor daoine a gcéad fheasacht ar bhochtaineacht dhomhanda trí fheachtais chúnaimh, boscaí bailiúcháin, agus achainí tiomsaithe airgid do charthanais. Tháinig go leor againn trasna ar na híomhánna seo sa bhunscoil, ach i gcás roinnt daoine feiceann siad é níos luaithe fiú, ar fhógraí do ghníomhaireachtaí cúnaimh, ar an teilifís nuair a bhítear ag cur béim ar ghorta nó ar thubaistí nádúrtha idir eipeasóid de chartúin. Fiú sula dtéann siad ar scoil, bíonn steiréitíopaí an Domhain Theas, agus mhór-roinn na hAfraice go háirithe, ionsúite cheana féin ag go leor leanaí, mar dhaoine atá fíorbhocht agus spleách (Oberman agus Waldron, 2017), in ainneoin go mbraitheann an Domhan Thuaidh ar an Domhan Theas le haghaidh acmhainní riachtanacha (Daly et al., 2016). Beag beann ar na sonraí, is cosúil, i gcás an chuid is mó againn, gur trí fhráma carthanachta a cuireadh fadhbanna na bochtaineachta, agus a réitigh, i láthair dúinn ar dtús. Le sracfhéachaint fiú ar na mórmheáin agus ar na meáin



shóisialta léirítear go bhfuil lionsa carthanachta fós chun tosaigh: le feachtais chúnamh, scéalta nuachta, scéalta faoi obair dheonach, agus tiomsaitheoirí airgid ag cur eolas ar fáil dúinn agus ag múnlú ár dtuiscint ar bhochtaineacht dhomhanda agus ar na daoine a bhíonn thíos leis. Ar an mbealach seo is minic a laghdaítear scála agus castacht na saincheistanna forbartha domhanda go scéal simplí, giotán fuaimne, nó fiú go dtí íomhá amháin. Taispeántar grianghraf garamhairc dúinn de leanbh aonair, de thírdhreach neamhthorthúil, nó de ghas bairr atá feoite, agus mar fhreagra ar na híomhánna seo iarrtar orainn rud amháin a dhéanamh: deonaigh.

Níl sé mar aidhm ag an gcaibidil seo an mian cabhrú lena chéile mar dhaoine a cháineadh nó an bonn a bhaint de, a mhalairt ar fad. Tá sé mar aidhm ag OSD na luachanna seo a chothú agus gníomhaíocht eolach a spreagadh. Ach iarrann OSD orainn freisin scrúdú a dhéanamh ar conas a tháinig na saincheistanna seo chun cinn, cad is gá a athrú, agus na téarmaí faoina ndéantar gníomhú, agus an bhféadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith i gceist le ‘cúnamh’. Aontaíonn an scríbhneoir agus gníomhaí Arundhati Roy leis an ráiteas, “is deas í an charthanacht,” ach deir sé freisin, “maolaíonn carthanacht an fhearg le trua. I gcás carthanacht déanann sí níos lú den té a fhaigheann í agus tugann sí cumhacht agus féinfhírinn don deontóir nár cheart a bheith acu” (Roy, 2019). Go deimhin tá carthanacht ‘go deas’, ach tá sé roghnach freisin. Cuirtear ar fáil é nó coinnítear siar é de réir mar a cheapann an bronntóir. Níl sé i gceist leis sin go ndéanfaí neamhaird den dea-mhéin agus de na hiarrachtaí ollmhóra atá déanta suimeanna airgid nó bunriachtanais a bhailiú chun dul i ngleic le géarchéim, ná den aistriú ar chuid an-bheag de chánacha náisiúnta chuig cúnamh agus forbairt thar lear. Ach ainneoin blianta de thionscnaimh den tsórt sin tá an bhearna idir saibhir agus bocht ag fáil níos mó agus ag ráta níos tapúla ná riamh (Oxfam, 2023), toisc go dteipeann ar chur chuige carthanachta aghaidh a thabhairt ar na struchtúir agus ar na córais a dhraenáilann acmhainní ón Domhan Theas ar mhaithe leis an Domhan Thuaidh. B’fhéidir gur gá dúinn féachaint ar chuir chuige eile.

Ina halt *maidir le bog versus criticiúil san oideachas saoránachta domhanda* tarraingíonn Andreotti (2006) ar obair de chuid Dobson (2006) agus Spivak (2004) chun scrúdú agus léirmheas a dhéanamh ar lionsa na carthanachta. Léiríonn Andreotti carthanacht mar chur chuige ‘bog’ i leith oideachas saoránachta domhanda agus molann sí go bhféadfaí dul i ngleic le bochtaineacht agus í a thuiscint trí lionsa níos ‘criticiúla’. In áit díriú ar chomharthaí na bhfadhbanna domhanda amháin díríonn cur chuige criticiúil ar thuiscint a fháil agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bhfadhbanna, agus ar thacaíocht don cheartas, as a n-eascródh rannpháirtíocht níos fiúntaí agus níos claochlaithí i leith saincheistanna domhanda, agus comhshaoránaigh domhanda. D’áireofaí leis sin an dochar ollmhór atá déanta ag na céadta bliain den choilíneachas a aithint, chomh maith le saothrú leanúnach an Domhain Theas ar mhaithe le saibhriú an Domhain Thuaidh trí mheicníochtaí amhail rialacha trádála éagóracha, gearradh fiacha, agus corparáidí ag seachaint cánach.

Cé go n-adhmaíonn Andreotti (2006) go bhféadfadh cur chuige ‘bog’ a bheith oiriúnach uaireanta ag tosú ar an OSD, tugann sí foláireamh go bhféadfadh cur chuige carthanachta, gan aon chomhthéacs stairiúil ná polaitiúil, braistint ordlathais a neartú gan chuimhneamh, steiréitíopaí díspeagúla a bhuanú, agus an status quo a choinneáil cheal na saincheistanna córasacha agus an mhíchothromaíocht cumhachta a ainmniú agus aghaidh a thabhairt orthu. D’fhéadfadh sé oibriú fiú amháin i gcoinne athrú féideartha dearfach trí chur leis an tuairim go bhfuil an bhochtaineacht nádúrtha ar bhealach éigin, agus mar sin dosheachanta.



Ó thaobh an oideachais de, tá sé tábhachtach go ndéanaimid na pointí seo a mheas.

- **An neartaíonn lionsa carthanachta caidrimh mhíchothroma, leis an tuiscint go bhfuil roinnt daoine agus réigiúin ar fud an domhain éidreorach agus spleách, agus cuid eile flaithiúil agus fial?**
- **Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag meon carthanachta maidir leis an gcaoi a bhféadfadh daoine áirithe iad féin a fheiceáil mar 'dheontóirí', agus go bhféadfaí daoine eile a mheas mar 'fhaighteoirí' bunaithe ar na rudaí sin amháin a bhíonn in easnamh orthu ?**
- **Cén cineál tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar fholláine leanaí, agus ar a gcaidrimh i seomraí ranga ina bhfuil éagsúlacht?**

Tugann Sharon Murphy, oideoir frithchiníochais agus údar a chuidigh leis an gcaibidil seo, aghaidh ar na ceisteanna seo trína taithí féin ar scoil a thabhairt chun cuimhne, agus an éifeacht dhamáisteach a bhí ag scéalta carthanachta uirthi mar an t-aon pháiste Dubh¹ ina rang, chomh maith leis an tionchar a bhí aige ar a comhscoláirí:

"Ar scoil, bhíodh mé ag suí in aice le mo dhlúthchara Martina, ar dhuine geal í. Bhíomar sa rang céanna, ag éisteacht leis na ceachtanna céanna, ach fuaireamar teachtaireachtaí iomlán éagsúil fúinn féin, agus faoina chéile. Ag suí sa seomra ranga sin, múineadh dom go raibh daoine san Afraic a bhreathnaigh cosúil liomsa ag brath ar dhaoine cosúil léise le haghaidh gach rud. D'fhoghlaim mé go raibh daoine Dubha ag brath ar dhaoine Geala dá ngléasadh, dá mbeatha, dá gcuid oideachais, agus chun aire a thabhairt dóibh. D'fhoghlaim mé go raibh a fhios ag daoine geala céard ab fhearr do Dhaoine Dubha san Afraic: cén cineál barra ba chóir dóibh a fhás, cén cineál ceannairí agus córas rialtais ba cheart dóibh a bheith acu, agus fiú cén cineál reiligiúin agus cén cineál dia ba chóir dóibh a adhradh. Agus ag an am céanna bhí Martina ag foghlaim go raibh a fhios ag daoine cosúil léise an rud ab fhearr do dhaoine a bhreathnaigh cosúil liomsa. Bhíomar taobh le taobh, ach ag foghlaim rudaí a bhí an-difriocht fúinn féin, agus faoina chéile. Bhíomar ag foghlaim idé-eolaíocht an chiníochais agus ceannas na ndaoine geala.

Níor fhoghlaim muid aon rud ar chorr ar bith faoi stair mhór-roinn na hAfraice roimh theacht na nEorpach ansin. Níor fhoghlaim muid rud ar bith faoin méid a chuir muintir na hAfraice le leigheas, eolaíocht, talmhaíocht, obair mhiotail, ailtireacht, ealaín, nó aon rud eile. Bhíomar go léir thíos leis mar gheall air sin, sinn go léir, toisc gurb ionann stair na hAfraice agus stair na daonnachta. Tá leanaí fós ag cailliúint amach ar a gcuid staire sa lá atá inniu ann."

Má tá an oiread sin fadhbanna ag baint le cur chuige carthanachta, cad iad na bealaí eile atá againn chun ceist phráinneach na bochtaineachta agus an neamhionannais a fhrámáil, foghlaim fúithi, dul i ngleic léi agus aghaidh a thabhairt uirthi? Tá dhá rogha eile ann a d'fhéadfaí a mheas, ceartas, agus dlúthpháirtíocht.

¹ Cé gur baineadh úsáid as an téarma 'duine Gorm' seachas 'duine Dubh' leis na blianta, mar gheall ar an nasc idir an focal dubh agus an Diabhal i stair na teanga, tá na focail Dubh agus Gorm in úsáid anois le cur síos a dhéanamh ar dhath craicinn. Tá an dá rogha tugtha san fhuoclóir Téarma.ie anois agus baintear úsáid as an bhfocal 'Dubh' i ndán Gaeilge de chuid an fhile Wuraola Majekodunmi '[Gruaig na mBan Dubh](#)'.



Cur chuige ceartais

I gcodarsnacht le carthanacht, féachann an lionsa ceartais leis na bunchúiseanna agus na struchtúir shistéamacha a chruthaíonn agus a bhunaíonn an neamhionannas a thuiscint agus a cheistiú. Leis an gcur chuige seo aithnítear nach bhfuil bochtaineacht nádúrtha, ach go bhfuil sé fréamhaithe go domhain i ndúshaothrú stairiúil, eacnamaíoch agus polaitiúil. Le meon ceartais éilítear níos mó ná dul i ngleic le hairíonna na bochtaineachta: aithníonn sé díothacht mar shárú ar chearta. Tacaíonn cur chuige ceartais le bunathrú struchtúrach domhain ar dháileadh acmhainní, cumhachta agus deiseanna. Ba é sin an fáth nach carthanacht a mhol Paolo Freire (1970, lth. 45), ach “fíorfhlaithiúlacht”, lenar bhain “troid chun na cúiseanna a chothaíonn carthanacht bhréagach a scrios”. Léirigh an t-antraipeolaí Jason Hickel (2019, níl lth. luaite) an seasamh seo freisin nuair a deir sé,

“Tá sé tábhachtach go gcoimeádaimid ár dtiomantas don chomhbhá agus don dlúthpháirtíocht, [ach] tá sé seachmallach ... a chreidiúint gur féidir le carthanacht a bheith ina réiteach fiúntach ar rud nach bhfuil ann i ndeireadh na dála ach paiteolaíocht chumhachta, ... ní carthanacht atá ag teastáil ó na boicht ach ceartas. Teastaíonn geilleagar domhanda uathu atá níos cothroime go bunúsach.”

Hickel (2019, gan leathanach luaite)

Ina leabhar *The Divide: A Brief Guide to Global Inequality and its Solutions* pléann Hickel (2017) na saincheistean seo go mion, go háirithe an chaoi a ndearna caidreamh coilíneach slad ar an Domhan Theas, ag leagan síos na mbunsraitheanna do neamhionannas an chórais eacnamaíoch reatha, a dhéanann neamhionannas níos measa agus a leanann ar aghaidh ag tabhairt an tsaibhris agus cumhacht don Domhan Thuaidh ag fágáil na ‘dtíortha i mbéal forbartha’ mar dhea thíos leis. Molann sé creata eacnamaíocha malartacha a fhaigheann réidh leis na córais dhúshaothraithe seo agus a thugann tosaíocht do leas sóisialta agus éiceolaíoch.

Roghanna eile a shamhlú trí lionsa dlúthpháirtíochta

Taobh le ‘ceartas’, fráma eile le cur san áireamh is ea an dlúthpháirtíocht. Ciallaíonn sé seo ní hamháin gníomh a dhéanamh ‘ar son’ daoine eile, ach smaoinemh ar conas is féidir linn oibriú le chéile ar son domhan níos fearr. Is féidir dlúthpháirtíocht a thuiscint mar rud a chuimsíonn mothú aontachta, seasamh le chéile, meas ar a chéile, foghlaim óna chéile, tiomantas agus comhbhá. Más rud é go bhfuil caidreamh carthanachta ordlathach, léiríonn ceartas agus dlúthpháirtíocht aitheantas agus tiomantas don chomhionannas. Tugann sé éisteacht agus foghlaim le tuiscint, seachas a bheith ag ceapadh go bhfuil a fhios ‘againn’ cad is fearr ‘dóibh’. Cé go nglactar leis go sreabhann carthanacht i dtreo amháin (tabharthóir go glacadóir) osclaíonn an dlúthpháirtíocht an bealach do naisc dhéthreo. Mar a dúirt an t-oideoir Ashok Ohri i gcomhrá pearsanta leis an údar, “tá sé beagnach dodhéanta foghlaim ó dhuine éigin má bhraitheann tú go bhfuil tú níos fearr ná iad.”

Ní thugann sé sin le tuiscint ar bhealach ar bith gur féidir linn glacadh leis go simplí go gcruthóidh athrú lionsa athrú ar ghaolta stádais go huathoibríoch (ní dhéanfaidh sé é sin) ná gur féidir linn na bealaí difríocht a dtéann saincheistean i bhfeidhm ar dhaoine a shéanadh. Ina dhiaidh sin féin, dá nglacfaí le meonta dlúthpháirtíochta agus ceartais i leith na bochtaineachta chuirfí bealach



foghlama, caidrimh agus gnímh thar a bheith difriúil ar fáil. Trí chur chuige ceartais agus dlúthpháirtíochta a ghlacadh ní féidir linn a bheith sásta le réitigh shimplí ar fhadhbanna casta: ní mór dúinn tuiscint nach bhfuil freagraí éasca ann, agus go mb'fhéidir go gcaithfidimid aghaidh a thabhairt ar an tuiscint mhíchompordach go bhfuilimid tarraingthe isteach agus gafa sna córais eacnamaíochta agus polaitiúla a ghineann neamhionannas. Mar sin féin, leis an dlúthpháirtíocht, aithnítear, mar a deir an scoláire feimineach Sara Ahmed (2004, lth.89), "an t-aitheantas go mairimid ar thalamh coiteann fiú mura bhfuil na mothúcháin chéanna, nó na saolta céanna, nó na coirp chéanna againn". Clúdaíonn an talamh coiteann seo leasanna frithpháirteacha an duine agus ábhair imní amhail comhionannas inscne, géarchéim na heaspa dídine, nó athrú aeráide. Cuireann an talamh coiteann seo bealach nua ar fáil freisin chun na dúshláin a bhaineann leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas a mhúineadh agus a fhoghlaim, agus an dóchúlacht ann dul i ngleic leis na saincheisteanna seo mar dhaoine comhionanna, le go leor le tabhairt agus le fáil óna chéile, agus muid ag déanamh ár ndícheall domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a shamhlú agus a chruthú.



Caibidil 10: Saoránacht

Benjamin Mallon



Is ionann saoránacht agus an gaol idir duine aonair agus Stát nó réigiún, agus is minic a thagraíonn sí do na cearta (m.sh. pasanna agus cearta vótála) agus freagrachtaí (m.sh. cánacha agus dlíthe) atá ag an duine sin. Is minic a bhaineann saoránacht le stádas dlíthiúil duine i ndáil le Stát, agus d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh di mar shaoránacht náisiúnta. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh saoránacht náisiúnta a bhaineann leis an áit sin ag gach duine a chónaíonn i Stát.



Is féidir le daoine a bheith ina saoránaigh de níos mó ná Stát amháin freisin: d'aithin [Comhaontú Bhéal Feirste/Comhaontú Aoine an Chéasta](#) go bhfuil an ceart ag daoine a rugadh i dTuaisceart Éireann saoránacht Bhriotanach agus/nó Éireannach a bheith acu. Tá go leor daoine (deich milliún duine, meastar) ar fud an domhain nach bhfuil aon saoránacht náisiúnta acu, a aithnítear mar



[dhaoine gan stát](#). Tá go leor fáthanna go bhféadfadh sé seo tarlú, ar nós athruithe ar dhlíthe, nó daoine a chailleann náisiúntacht nó a gceiltear a náisiúntacht orthu, [mar shampla](#) i 1982, ritheadh dlí saoránachta i Maenmar ina bhfuil Búdaithe den chuid is mó, rud a d'fhág go bunúsach na Rohingya gan stát, ar Mhoslamaigh iad de bhunadh na hÁise Theas (Batha, 2019). Mura bhfuil tú luaite le Stát is féidir leis a bheith thar a bheith deacair oibriú, taisteal nó rochtain a fháil ar chúram sláinte ar an mbealach céanna le saoránaigh tíre.

Tá cineálacha saoránachta níos leithne ná sin ann freisin. Aithnítear duine ar bith atá ina shaoránach de bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE, nó EU sa Bhéarla) mar shaoránach AE freisin, agus tá an ceart aige/aici cónaí agus taisteal laistigh den AE. Déantar cáineadh ar na cineálacha saoránachta náisiúnta agus fornáisiúnta seo, toisc go bhfuil siad eisiach, agus go bhféadfaidís daoine a chónaíonn in áit ar leith a fhágáil gan an seasamh agus na cearta a thugtar do shaoránaigh m.sh. cearta rannpháirtíochta maidir le vótáil i dtoghcháin áirithe. Spreag aithint na héagsúlachta laistigh de shochaithe agus ceistiú cearta daoine gan saoránacht náisiúnta breithniú ar chineálacha eile saoránachta (Banks, 2004). Mar shampla, áitíonn iltíreachas gur comhaltacht aonair é gach duine agus dá bhrí sin go mba chóir dúinn dílseacht a bheith againn do "phobal domhanda na ndaoine" (Nussbaum, 2002, lth.4). Ar an gcaoi chéanna, tagraíonn saoránacht dhomhanda don tuairim nach bhfuil féiniúlacht an duine teoranta do theorainneacha polaitiúla, agus gur cheart go mbainfeadh ár gcearta agus ár bhfreagrachtaí leis an gcine daonna (Noddings, 2005). Is minic a fheictear na cineálacha saoránachta seo mar mhalairt ar fhoirmeacha cúnga saoránachta náisiúnta agus, i bhfianaise scóip na ndúshlán domhanda suntasach atá romhainn, mar chliseadh aeráide, tá aird níos mó á dtabhairt orthu i mbeartas oideachais.



Comhfhreagracht

Tá ceangal againn le daoine agus sochaithe ar fud an domhain de bharr na rudaí a itheann muid, an t-uisce a ólann muid, na táirgí a úsáidimid inár dtithe, agus fiú an t-atmaisféar atá thart timpeall orainn. Aithnítear na naisc seo i smaointe na saoránachta domhanda agus an iltíreachais. Agus é sin á dhéanamh aithnítear gur chóir dúinn machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh ár ngníomhartha dul i bhfeidhm ar shaol daoine eile agus céard ba cheart a dhéanamh chun déileáil leis an neamhionannas agus an éagóir atá mar bhonn agus taca ag na caidrimh dhomhanda seo. Tá go leor gníomhaithe i gceist leis na caidrimh seo, agus mar sin moltar freagracht chomhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhfhreagracha. Chomh maith le castacht na bpróiseas agus na struchtúr domhanda, éilíonn an chomhfhreagracht seo gníomhaíocht chomhchoiteann freisin (Young, 2006).

Meonta criticiúla

Cé go bhfuil cáineadh na saoránachta náisiúnta pléite thuas, tá dearcthaí criticiúla ann chomh maith maidir le smaoinemh na saoránachta domhanda. Ceistíonn Heater (1997) an bhfuil na freagrachtaí a bhaineann le saoránacht dhomhanda réalaíoch, i bhfianaise fhairsinge na ndúshlán domhanda. Tá an cheist ann freisin an bhféadfadh saoránacht dhomhanda, i gcomhthéacsanna áirithe, teacht salach ar fhoirmeacha náisiúnta saoránachta (Linklater, 1998).



- Cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn freagrachtaí na saoránachta náisiúnta ag teacht leis na luachanna atá mar bhonn le saoránacht dhomhanda? B'fhéidir go gcreideann tú go láidir in idéil na síochána domhanda, ach de bharr do shaoránacht náisiúnta go mbeadh ort seirbhís náisiúnta a dhéanamh sna fórsaí armtha.
- An bhfuil smaointe mar shaoránacht dhomhanda tábhachtach dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith díchumhachtaithe de bharr easpa saoránachta náisiúnta sa chomhthéacs ina gcónaíonn siad (Banks, 2004)? Conas a d'fhéadfadh duine gan stát, atá gan na cearta a thugann Stát, a shaoránacht dhomhanda a chleachtadh taobh amuigh de theorainneacha nach raibh siad in ann taisteal trasna? Moladh amháin faoin gcaoi a bhféadfaí saoránacht chosmapolaiteach a achtú ná trí chearta daonna daonlathacha. Dá réir sin, d'fhéadfadh ionstraimí um chearta an duine, amhail an CNAEL nó an DUCD, creat a sholáthar chun ról agus freagrachtaí saoránaigh domhanda a bhreithniú (Osler agus Starkey, 2003, Oxley agus Morris, 2013).

Gné thábhachtach is ea an chaoi a n-aistrítear na cineálacha seo saoránachta go cleachtas oideachais. Tá oideachas saoránachta, i go leor comhthéacsanna, struchtúrtha timpeall ar chearta agus ar fhreagrachtaí na saoránachta náisiúnta (Engel, 2014), agus mar sin bíonn roinnt ball den tsochaí (agus roinnt ball sna seomraí ranga) fágtha as an áireamh ar nós iad siúd nach saoránaigh náisiúnta iad. Aithnítear freisin an teannas idir an cineál oideachais saoránachta a fhéachann le saoránaigh umhla a chothú, agus an t-oideachas saoránachta a fhéachann tacú le forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla agus tacú le breithnithe maidir le daoine i ról chumhachta a thabhairt chun cuntais ar mhaithe le sochaithe níos cothroime. Laistigh de réimse Tíreolaíochta Churaclam Bunscoile na hÉireann 1999, aithnítear go bhféadfadh go leor leibhéal a bheith bainteach le féiniúlachtaí: “Ba cheart tuiscint agus léamh leanaí ar a bhféiniúlacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a chothú agus ba cheart go bhforbródh siad braistint dá saoránacht Eorpach agus domhanda” (CNCM, 1999, lth.7).

Caibidil 11: Imirce

Donnah Vuma



Is gné thábhachtach den OSD í an imirce, a thógann saincheisteanna a bhaineann le ceartas domhanda, cothromas agus cearta daonna san áireamh. Forbhreathnú machnamhach ar an imirce atá sa chaibidil seo, ag díriú go háirithe ar dhaoine aonair atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta a ghníomhaíonn mar nasc idir imirce agus OSD. Trí chastacht, dúshlán agus taithí saoil roinnt imirceach a fhiosrú, is féidir linn tuiscint agus comhbhá níos doimhne a fhorbairt leo siúd a bhfuil tionchar ag an imirce orthu. Cé go roghnaíonn go leor daoine dul ar imirce mar gheall ar spéis sa taisteal, chun deiseanna nua a lorg, nó a bheith leis an teaghlach, baineann an chaibidil seo le scéalta na ndaoine arb í an imirce an t-aon rogha nó an rogha dheireanach a bhí acu agus iad ag lorg áiteanna sábháilte le cónaí iontu.

Aistear an imircigh

Tá stair fhada imirce againn in Éirinn, go stairiúil nasctha le gorta, coimhlint, agus cruatan eacnamaíoch. Chuaigh glúnta Éireannach ar imirce mar nach raibh aon obair in Éirinn dóibh. Cé go bhfuil leibhéal arda eisimirce againn in Éirinn sa lá atá inniu ann, tá sé níos coitianta anois dul ar imirce mar rogha seachas riachtanas. I gcás na milliún ar fud an domhain, is minic nach mbíonn an imirce á spreagadh ag rogha ach ag fachtóirí éagsúla amhail coimhlint, géarleanúint, cruatan eacnamaíoch, agus/nó athruithe comhshaoil. Tugann imircigh a bhíonn sa tóir ar shábháilteacht faoi thurais dhúshlánacha, ag fágáil a dtithe, a dteaghlaigh agus a gcultúir, ag féachaint le sábháilteacht agus deiseanna níos fearr a fháil in áiteanna eile.

Chun aistear an imircigh a thuiscint ní mór go n-aithneofaí na rioscaí agus an éiginnteacht a théann i bhfeidhm ar a n-eispéiris agus a mhúnlaíonn iad. D'fhéadfadh sé go mbeadh na bealaí taistil an-chontúirteach, na trasbhealaí teorann dainséarach, agus go leor dúshlán fisiceach agus mothúchánach i gceist leis na turais seo. **Tá sé tábhachtach tabhairt faoin ábhar seo lán le comhbhá, agus an misneach, diongbháilteacht agus an teacht aniar a léiríonn imircigh a aithint.**



Cosaint idirnáisiúnta a lorg

I gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta, aithnítear daoine aonair a theitheann óna dtíortha dúchais mar gheall ar ghéarleanúint, cogadh nó foréigean mar dhéanaithe faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Lorgaíonn siad sábháilteacht agus tearmann i dtíortha eile, ag súil lena saol a atógáil saor ó eagla agus cos ar bolg. In Éirinn, tá ról ríthábhachtach ag an bpróiseas cosanta idirnáisiúnta chun a chinntiú go dtugtar deis do dhaoine aonair óna dteastaíonn tearmann cosaint a lorg agus a saol a atógáil.

Gné amháin ar gá machnamh a dhéanamh uirthi agus imirce á plé i gcomhthéacs na hÉireann ná an córas soláthair dhírigh arb é córas cóiríochta na hÉireann é do lucht iarrtha cosanta idirnáisiúnta ón mbliain 2000 leith. Soláthraíonn soláthar díreach lóistín, bia, agus liúntas beag d'iarrthóirí tearmainn fad a bhíonn a n-éilimh ar chosaint á bpróiseáil. Cé go bhfuil gealltanais tugtha ag rialtais i ndiaidh a chéile in Éirinn deireadh a chur leis an gcóras soláthair dhírigh, níl sé soiléir fós cad atá i gceist leis sin. Tá sé riachtanach an córas seo a scrúdú go criticiúil, aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha atá leis, agus cineálacha eile cur chuige a fhiosrú a thabharfaidh tosaíocht do dhínit, neamhspleáchas agus comhtháthú.

Taithí saoil ar an soláthar díreach


Téann tuiscint ar an imirce níos faide ná staitisticí agus creataí beartais; baineann sé le taithí saoil daoine aonair laistigh den chóras soláthair dhírigh a aithint. Caitheann go leor iarrthóirí tearmainn tréimhsí fada ina gcónaí i gcóiríocht phobail, agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán ar nós saoirsí srianta, aonrú, agus éiginnteacht faoina dtodhchaí.

Trí éisteacht le scéalta agus meonta daoine aonair a chónaíonn laistigh den chóras soláthair dhírigh, is féidir linn tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ar fhírinní agus ar thionchar na mbeartas imirce. Is meabhrúchán cumhachtach na scéalta pearsanta seo ar a thábhachtaí agus atá sé go bpléifí ceist na himirce ar bhealach daonnachtúil agus go dtacófaí le dínit agus ceartas do chách.

In 2014 chuir Carl O'Brien agallamh ar chónaitheoirí ionaid soláthair dhírigh in Éirinn don tsraith [Lives in Limbo](#). Roinneadar léargais, na nithe a chuireann frustrachas orthu agus na nithe a thugann dóchas dóibh. I leabhair ar nós [This Hostel Life](#) iniúchtar taithí saoil daoine i soláthar díreach trí na scéalta a insíonn siad faoi. Ina theannta sin, [sa bhlagphost seo le Elizabeth Adeyemo](#) déanann sí cur síos ar an taithí a bhí aici ag maireachtáil in ionad soláthair dhírigh i Maigh Muirí, Contae na Mí ar feadh seacht mbliana. Léirigh [tionscadal grianghrafadóireachta de chuid an Irish Independent](#) taithí saoil seisear a raibh cónaí orthu i soláthar díreach. Chuir Amnesty International ardán ar fáil dar teideal [We're Still Here](#) a chuir ar chumas cónaitheoirí soláthair dhírigh litreacha oscailte a roinnt le rialtas na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá [samplaí de chásanna inar roinn daoine a gcuid scéalta pearsanta](#) ar a suíomh gréasáin ag Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, scéalta a bhailigh siad ó dhaoine a raibh cónaí orthu i soláthar díreach.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi sholáthar díreach agus faoi thaithí iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ó eagraíochtaí Éireannacha a oibríonn le agus dóibh siúd atá ag lorg cosanta in Éirinn,



 déan iniúchadh ar shuíomh [Gréasáin Doras Luimnigh](#) agus ar [Láithreán Gréasáin Ghluaiseacht Lucht Iarrtha Tearmainn in Éirinn \(GLITÉ, nó MASI sa Bhéarla\)](#).

Imirce agus cearta daonna

Tá sé ríthábhachtach go mbreathnófaí ar imirce ó thaobh chearta an duine chun na dúshlán atá le sárú ag imircigh a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu, ag áireamh laistigh de chomhthéacs na hÉireann. Tá baint bhunúsach ag an imirce le cearta agus dínit daoine aonair, agus tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí agus go seasfaí leis na cearta sin le linn an phróisis imirce. In Éirinn, leagann roinnt príomhphíosaí reachtaíochta agus beartas béim ar ghné chearta an duine ó thaobh na himirce de, ag soláthar creata chun cearta na n-imirceach a chur chun cinn agus a chosaint.

-  - **Bunreacht na hÉireann** agus **an tAcht um Chearta an Duine**: Cosnaíonn Bunreacht na hÉireann cearta agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun na beatha, na sairse, agus slándáil an duine, an ceart tearmann a lorg agus taitneamh a bhaint as, agus an ceart a bheith saor ó chóireáil mhídháonna agus maslach. Treisíonn Acht um Chearta an Duine, 2003 na cearta seo a thuilleadh tríd an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann, ag cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é laistigh den chreat dlí náisiúnta.
-  - **Acht na nDídeanaithe**, 1996: Le hAcht na nDídeanaithe bunaítear an creat dlíthiúil chun dídeanaithe in Éirinn a chosaint. Cuireann sé san áireamh na hoibleagáidí idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe agus a Phrótacal 1967. Leagtar amach san Acht na critéir chun stádas dídeanaithe a chinneadh agus forálann sé do chearta agus teidlíochtaí dídeanaithe, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, cúram sláinte agus leas sóisialach.
-  - **Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine**: Arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na NA i 1948, is doiciméad bunúsach é an DUCD a leagann amach na bunchearta daonna bunúsacha atá gach duine ina dteideal, beag beann ar a náisiúntacht nó a stádas imirce. Fógraíonn sé an ceart chun na beatha, na sairse agus na slándála pearsan, an ceart tearmann a lorg agus taitneamh a bhaint as, agus an ceart a bheith saor ó chéastóireacht agus ó chóireáil nó ó phionós atá cruálach, mídháonna nó táireach.
-  - **Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann** (SEIÉ, nó INIS sa Bhéarla): Tá SEIÉ, rannán den Roinn Dlí agus Cirt, freagrach as cúrsaí inimirce agus tearmainn in Éirinn. Tá ról ríthábhachtach aige maidir le cearta agus folláine na n-imirceach a chinntiú laistigh de chomhthéacs na hÉireann. Déanann SEIÉ maoirseacht ar phróiseáil iarratas ar thearmann, cuireann sé faisnéis agus tacaíocht ar fáil d'imircigh, agus oibríonn sé chun comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta um chearta an duine sa chóras inimirce a chinntiú.
-  - **An Córas Soláthair Dhírighe**: Bhí go leor plé agus díospóireachtaí in Éirinn maidir leis an gcóras soláthair dhírighe. Cuireann sé lóistín, bia agus liúntas beag ar fáil d'iarrthóirí tearmainn fad a bhíonn a n-éilimh chosanta á bpróiseáil. Tá impleachtaí cearta daonna an chórais soláthair dhírighe faoi réir grinnschrúdú, agus ardaíodh imní faoi cheisteanna ar nós tréimhsí fada,



príobháideacht theoranta, agus rochtain theoranta ar fhostaíocht. Trí iarrachtaí athchóirithe leanúnacha táthar ag féachaint aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus cur chuige níos dírithe ar chearta a chinntiú sa bhfáilte a chuirtear roimh lucht iarrtha tearmainn.

Trí thagairt a dhéanamh do na creataí agus beartais reachtaíochta seo de chuid na hÉireann, is féidir linn an imirce a chur i láthair mar cheist cearta daonna laistigh de chomhthéacs na hÉireann. Leagann creataí cearta daonna béim ar an tábhacht a bhaineann le meas agus cosaint a thabhairt do chearta na n-imirceach in Éirinn, beag beann ar a stádas imirce. Éilíonn an cur chuige seo go gcaithfí go cóir agus go cothrom le gach duine aonair, ag aithint a gceart chun cosaint a lorg, rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha, agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Leagann sé béim ar an gcomhfhreagracht atá ar an rialtas, ar institiúidí agus ar shochaí na hÉireann seasamh le cearta daonna agus timpeallacht fháilteach agus cuimsitheach a chur chun cinn d'imircigh.

Imirce agus na SFlanna

Cuireann na SFlanna creat luachmhar ar fáil chun tuiscint a fháil ar idirnascaidh saincheisteanna domhanda, lena n-áirítear imirce, laistigh de chomhthéacs na hÉireann. Bíonn tionchar forleathan ag an imirce ar ghnéithe éagsúla den fhorbairt inbhuanaithe, bíonn tionchar aici ar réimsí mar laghdú bochtaineachta, oideachas, comhionannas inscne, agus cuimsiú sóisialta. Trí na naisc idir imirce agus na SFlanna a aithint agus a fhiosrú, is féidir linn teacht ar chur chuige níos cuimsithí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shistéamacha, agus sochaithe cuimsitheacha agus cothroma a chothú do gach duine aonair, lena n-áirítear imircigh. Is ceist idirthrasnach í an imirce a bhfuil naisc aici leis an gcuid is mó SFlanna, mar go bhfuil cuspóirí agus táscairí i ndeich gcinn den seacht sprioc déag a bhaineann go díreach le himirce. Roghnaíodh na ceithre sprioc seo a leanas chun léiriú a thabhairt ar na príomh-idircheangailtí idir na SFlanna agus imirce.

- **SFI 1 [Deireadh le Bochtaineacht]:** Is féidir leis an imirce an bhochtaineacht a mhaolú agus a mhéadú. I gcás go leor imirceach, caitheann siad a dtír dhúchais a fhágáil mar gheall ar fhachtóirí eacnamaíochta agus iad sa tóir ar dheiseanna níos fearr dóibh féin. Trí rochtain a fháil ar fhostaíocht agus ar ghníomhaíochtaí ginte ioncaim, cuireann imircigh le fás eacnamaíoch a dtíortha aíochta agus is minic a chuireann siad airgead ar ais chuig a dteaghlach, rud a laghdaíonn bochtaineacht ar an dá thaobh. Tá sé tábhachtach, áfach, aghaidh a thabhairt ar an leochaileacht agus ar an éagothroime a d'fhéadfadh a bheith ag cur as d'imircigh, ag cinntiú go mbíonn rochtain acu ar obair chuibhiúil, pá cothrom, agus bearta cosanta sóisialta.
- **SFI 4 [Oideachas ar Ardchaighdeán]:** Bíonn tionchar suntasach ag an imirce ar oideachas, imircigh agus óstphobail araon. D'fhéadfadh dúshláin a bheith le sárú ag leanaí imirceacha maidir le rochtain a fháil ar oideachas d'ardchaighdeán mar gheall ar bhacainní teanga, difríochtaí cultúrtha agus cleachtais idirdhealaitheacha. Tá sé ríthábhachtach córais oideachais uilechuimsitheacha agus cothroma a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla leanaí imirceacha agus a chothaíonn tuiscint idirchultúrtha. Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas



maidir le cumasú na n-imirceach, ag cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus cur le forbairt inbhuanaithe.

- **SFI 5 [Comhionannas Inscne]:** Trasnaíonn an imirce dinimic inscne, agus cruthaítear dúshlán agus deiseanna uathúla dá bharr. Caitheann mná imirceacha aghaidh a thabhairt go minic ar rioscaí agus leochaileacht ar leith, lena n-áirítear foréigean inscne, dúshaothrú agus idirdhealú. Chun comhionannas inscne a chur chun cinn ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag mná agus cailíní ar oideachas, ar fhostaíocht, ar chúram sláinte agus ar phróisis cinnteoireachta. Tá sé ríthábhachtach gníomhaireacht agus rannchuidiú na n-imirceach ban a aithint chun comhionannas inscne a bhaint amach agus chun daoine aonair a chumasú laistigh de phobail imirceacha.
- **SFI 10 [Neamhionannas Laghdaithe]:** Cruthaíonn an imirce éagsúlacht chultúrtha agus saibhríonn sí sochaithe. Mar sin féin, bíonn dúshlán i gceist freisin a bhaineann le comhtháthú sóisialta agus cuimsiú. Tá sé ríthábhachtach sochaithe cuimsitheacha a chur chun cinn a bhfuil meas acu ar éagsúlacht, a thugann dúshlán do steiréitíopaí, agus a théann i ngleic le hidirdhealú agus seineafóibe. Trí chomhrá a chothú, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus comhdhiseanna a chinntiú do chách, is féidir linn pobail chuimsitheacha a chruthú ina mbraitheann imircigh go bhfuil luach orthu agus inar féidir leo páirt iomlán a ghlacadh sa saol sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil.

I gcomhthéacs na hÉireann, tá sé thar a bheith tábhachtach na naisc idir imirce agus na SFlanna a thuiscint. Tá stair fhada eisimirce ag Éirinn agus, le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar inimirce agus ar athlonnú dídeanaithe. Trí rannchuidiú agus acmhainneacht na n-imirceach a aithint, is féidir le hÉire leas a bhaint as a gcuid scileanna, a gcuid eispéireas agus éagsúlacht chultúrtha chun cuspóirí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Áirítear leis sin rochtain a sholáthar ar oideachas agus cúram sláinte, cearta saothair agus cláir chomhtháthaithe a chur chun cinn, agus an t-idirdhealú agus an ciníochas a chomhrac.

Trí phrionsabail na SFlanna a chuimsiú agus iad a chomhtháthú i mbeartais agus i gcleachtas imirce, is féidir le hÉire oibriú i dtreo sochaithe cuimsitheacha agus cothroma a aithníonn cearta agus rannchuidiú na n-imirceach. Trí chomhoibriú, comhrá, agus idirghabhálacha spriocdhírthe, is féidir linn sochaí a chruthú ina bhfeictear an imirce mar chatalaíoch d'athrú dearfach agus ina mbaineann gach ball den tsochaí leas as an imirce.

Is saincheist dhomhanda ilghnéitheach casta í an imirce a éilíonn ár n-aird agus ár bhfreagracht chomhchoiteann. Trí dhul i ngleic le hOSD criticiúil, is féidir linn tuiscint nua a fhorbairt ar an imirce, dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí, agus oibriú ar shochaithe cuimsitheacha agus córa a chruthú do gach duine, beag beann ar a gcúlra nó a stádas imirce. Is trí chomhbhá, trí thuiscint agus trí thiomantas gan staonadh do chearta an duine a bheidh muid in ann domhan níos cuimsithí agus níos trócairí a chothú.



Caibidil 12: Lucht Siúil na hÉireann

Aoife Titley



Nóta: Míle buíochas le Ann agus Donna O'Donnell ó Thionscadal Gníomhaíochta Lucht Siúil Chill Dara as a dtacaíocht leis an gcaibidil seo.

I mí Eanáir 2017, tar éis próiseas comhairliúcháin agus tuarascáil a seoladh chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Cirt agus Comhionannas, moladh gur cheart bunadh eitneach an Lucht Siúil a aithint chomh luath agus ab fhéidir. Ar an 1 Márta na bliana sin thug an Taoiseach ag an am, Enda Kenny, aitheantas oifigiúil do Lucht Siúil na hÉireann mar mhionlach eitneach in Éirinn. Cuireadh fáilte roimh an mbeart sin, tríd is tríd, ar roinnt cúiseanna. Aithníodh go gcomhlíonann an Lucht Siúil in Éirinn na catagóirí socheolaíochta go léir le haghaidh bunadh eitneach, chomh maith le buntréithe na bPobal Dúchais de réir sainmhíniú na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, ba rud é seo a raibh gníomhaithe den Lucht Siúil ar a shon le fada, agus braitheadh go raibh gá le haitheantas ar leith chun cosaintí breise a thabhairt do Lucht Siúil na hÉireann ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta.

Sé bliana i ndiaidh an fhógra stairiúil sin níl stádas eitneach cumhdaithe go fóill sa reachtaíocht agus mar thoradh air sin ní féidir a thuar cén tionchar ábhartha a bheidh aige seo ar shaol an Lucht Siúil in Éirinn. Mar sin féin, le blianta beaga anuas tá athruithe breise déanta ar pholasaithe nach mór do mhúinteoirí a bheith ar an eolas fúthu mar go bhféadfadh tionchar a bheith acu seo ar theagasc agus ar fhoghlaim faoin Lucht Siúil sa toadhcháil.



Sláinte agus meabhairshláinte

Nochtann an Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte an Lucht Siúil a rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí (DHC, 2010) torthaí díobhálacha maidir le sláinte an Lucht Siúil. Ina measc sin, tá:

- **Ionchas saoil 15 bliain níos ísle d'fhir an Lucht Siúil i gcomparáid le hionchas saoil an daonra i gcoitinne,**
- **Ionchas saoil 11 bliain níos ísle do mhná an Lucht Siúil i gcomparáid le hionchas saoil an daonra i gcoitinne,**
- **Ráta mortlaíochta naíonán 3.6 huairé níos airde ná ráta an daonra i gcoitinne,**
- **Tá 6.6 oiread níos mó seans ann go bhfaighidh fir den Lucht Siúil bás trí fhéinmharú ná fir i bpobail shocraithe.**

I bhfoilseacháin rialtais agus tuarascálacha le déanaí ó Oifig an Ombudsman do Leanaí (Ombudsman do Leanaí, 2020), leantar ag nochtadh sonraí faoi na dálaí fochaighdeáin, neamhshábháilte agus plódaithe ina gcónaíonn go leor leanaí den Lucht Siúil lena dteaghlaigh, agus cuid acu gan rochtain ar uisce reatha. Tá rochtain ar chúram sláinte agus ar árachas fós ina saincheist shuntasach don Lucht Siúil. I bhfianaise na bhfíricí sa chaibidil seo, ní haon ionadh a fháil amach go bhfuil tionchar ag féinmharú ar 82% den Lucht Siúil (Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Shonraí an Lucht Siúil, 2017).

Ciníochas, réamhchlaonadh agus leithcheal

Meastar go ginearálta go bhfuil an Lucht Siúil ar cheann de na grúpaí is imeallaithe i sochaí na hÉireann agus bíonn orthu cur suas le heisiamh, míbhuntáiste agus leithcheal forleathan (Bloomer et al., 2014, O'Connell, 2002) mar aon le leibhéil láidre ciníochais agus claontachta (MacGreil, 2011, Watson et al., 2017, NCCA, 2023a). **Léirigh an Suirbhé Náisiúnta a rinneadh i mí an Mhárta 2017 ar Phobal an Lucht Siúil leibhéil arda claontachta i gcoinne an Lucht Siúil ón bpobal socraithe, mar a léirítear thíos:**

- **Ní bheadh 78% díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé ag iarraidh duine den Lucht Siúil mar chomharsa,**
- **Ní bheadh 91% ag iarraidh duine den Lucht Siúil a bheith mar dhuine dá dteaghlach,**
- **Ní fhostódh 83% duine den Lucht Siúil.**

Tá ciníochas in aghaidh an Lucht Siúil i réim i sochaí na hÉireann agus normalaítear é agus breathnaítear air go minic mar chineál ciníochais beagnach 'inghlactha' (Tormey agus Gleeson, 2012). I gcomhthéacs oideachais, is minic a tharlaíonn sé go ndéanann daltaí den Lucht Siúil ní hamháin a bhféiniúlacht féin a inmheánú ach fiú a bhféiniúlacht a cheilt agus a shéanadh ionas go nglacfar leo i measc a bpiaraí ar scoil (Kenny, 1997, Devine, 2011). Níl an méid a chuir an Lucht Siúil le cultúr agus le stair na hÉireann le feiceáil ach oiread sa churaclam rud a chuireann lena n-aonrú agus eisiamh (Boyle et al., 2018, Quinlan, 2021). Is é an cás céanna é ag an trío leibhéal, cé go bhfuil an Lucht Siúil faoi ghannionadaíocht suntasach, san Ardoideachas ní mhothaíonn siad siúd atá



cláraithe ar a gcompord ag nochtadh a bhféiniúlacht mar chuid den Lucht Siúil (Keane agus Heinz, 2015). Fulaingíonn roinnt mac léinn den Lucht Siúil neamhréir chultúrtha sa RA, i bhfoirm coimhlinte idir ionchais an ghnáthshochaí agus ionchais a gcultúir féin (McDonagh agus Fonseca, 2022, Harding, 2014).

Cé go mb'fhéidir go bhfuiltear sásta a admháil go bhfuil claontacht agus leithcheal forleathan i leith an Lucht Siúil in Éirinn, tá lucht déanta beartas an-láidir i gcoinne an chaoi a gcaitear leis an Lucht Siúil a ainmniú mar chiníochas (O'Connell, 2002). Tá sé an-tábhachtach go n-aithneofaí agus go n-ainmneofaí an leatrom i gcoinne an Lucht Siúil mar chiníochas. **Chomh maith leis sin, tá sé an-tábhachtach cuimhneamh go bhfulaingíonn an Lucht Siúil ciníochas institiúideach freisin**, trí dhioscúrsa oifigiúil, trí bheartais agus trí struchtúir an Stáit.

Forbairtí beartas

Mar fhorbairt dhearfach, thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2020) iniúchadh chun críche le déanaí maidir le stair agus cultúr an Lucht Siúil a áireamh sa churaclam foirmiúil agus ina dhiaidh sin chuir siad tuarascáil le chéile [a leagann amach scóip le haghaidh comhtháthú laistigh den churaclam nua](#) (CNCM, 2023b).



Thairis sin, tá an [Bille um Stair agus Cultúir an Lucht Siúil](#) (2018) atá os comhair Dháil Éireann ag an tríd céim faoi láthair. Tá na forbairtí seo an-suntasach mar ciallaíonn sé go bhfuil dualgas anois ar mhúinteoirí dul i ngleic le stair agus cultúr an Lucht Siúil laistigh de shuímh oideachais den chéad uair. Go dtí seo, bhí fíor easpa feiceálachta ar chultúr, ar luachanna, ar thraidisiúin agus ar stair an Lucht Siúil sa churaclam foirmiúil, agus an beagán a bhí ann ba mhíne fadhbanna leis (Bryan, 2007). Tá go leor nasc agus acmhainní úsáideacha ar féidir a úsáid chun stair agus cultúr an Lucht Siúil a fhiosrú i gCuid III den leabhar seo. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi shaincheistean stairiúla agus comhthéacsúla níos leithne a mbíonn tionchar acu ar eispéireas oideachais an Lucht Siúil in Éirinn.

Taithí oideachais an Lucht Siúil

Is féidir leis an éagothroime mhór maidir le sláinte a léiríodh níos túisce tionchar mór a bheith aici ar thaithí saoil an Lucht Siúil in Éirinn, agus dul i bhfeidhm ar a ngnóthachtálacha foirmiúla oideachais chomh maith. I dtéarmaí gnóthachtála:

- Ní dhéanann ach 8% den Lucht Siúil an Ardeistiméireacht i gcomparáid le 73% de dhaoine nach den Lucht Siúil iad (Watson et al., 2017),
- Níl céim ón gcoláiste ach ag 1% den Lucht Siúil (Watson et al., 2017),
- Níl ach 61 den Lucht Siúil cláraithe san ardoideachas (An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, 2022).

Ag leibhéal na bunscoile, léiríonn taighde gur mó seans go bhfreastalóidh leanaí den Lucht Siúil ná leanaí nach den Lucht Siúil iad ar scoileanna a fhaigheann tacaíochtaí breise ón Roinn Oideachais chun tacú le leanaí agus teaghlaigh ag a mbeadh leibhéal shuntasacha de dhúshláin shocheacna-



maíocha (Smyth et al., 2015, Kavanagh et al., 2017, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005). Faigheann daltaí den Lucht Siúil a fhreastalaíonn ar scoileanna DEIS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) scór an-íseal i scrúduithe caighdeánaithe Béarla agus Mata i gcomparáid leis an bpobal socraithe (Kavanagh et al., 2017).

Ní mór gnéithe inscne an bhearna oideachais a mheas freisin. Tá níos mó seans go suífidh mná den Lucht Siúil an Ardteistiméireacht ná fir den Lucht Siúil, ach bíonn siad fós faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, fágann 92% den Lucht Siúil an scoil sula mbíonn a gcuid oideachais dara leibhéal críochnaithe acu.

I measc na gcúiseanna le fágáil na scoile go luath tá an taithí dhiúltach a thuairiscíonn leanaí den Lucht Siúil faoin scoil maidir le ciníochas, claontacht agus leithcheal. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh daltaí ón Lucht Siúil, mar aon le mic léinn inimirceacha agus iad siúd atá faoi mhíchumas, go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2016). Is minic go mbíonn an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil an-deacair do leanaí óga den Lucht Siúil, go mór mór buachaillí, agus ba chóir go mbeadh bunscoileanna réamhghníomhach maidir le tacú leis an aistriú sin.

I gcás daltaí agus mic léinn den Lucht Siúil bhítí ag ceapadh nach mbainfidís amach mórán san oideachas foirmiúil agus bhíodh leatrom á dhéanamh orthu ar go leor bealaí, go háirithe cleachtais leithscartha, ina raibh an Lucht Siúil, suas go dtí na 1990idí, á múineadh go rialta i ranganna nach raibh iontu ach leanaí Lucht Siúil, ba chuma cén aois iad. Tá sé thar a bheith tábhachtach a thuiscint go bhféadfadh tionchar a bheith ag an taithí dhiúltach oideachais a bhí faighte ag roinnt tuismitheoirí den Lucht Siúil roimhe sin ar an gcaoi a dtéann siad i ngleic le scoileanna agus múinteoirí a bpáistí. Níor chuidigh na ciorruithe díreireacha (86.6%) ar thionscnaimh oideachais an Lucht Siúil a tugadh isteach in 2011 le saincheisteanna an Lucht Siúil laistigh den oideachas foirmiúil agus níor athbhreithníodh iad ó shin (Harvey, 2013).

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go mbíonn baint ag roinnt fachtóirí le ciogal míbhuntáiste oideachasúil go leor daltaí den Lucht Siúil agus a dteaghlaigh, agus orthu sin áirítear taithí dhiúltach roimhe sin ar leithscaradh, ciníochas agus eisiámh, ionchais ísle ó roinnt oideoirí, agus easpa tacaíochtaí stáit spriocdhírithé agus leanúnacha.



A woman capable of anything

Dán le Bridgie McDonagh

She had so much going for her when she was in school,
 A young Traveller girl – a future she wanted was never to be, that was the rule.
 She had dreams over and beyond, excited her in some way,
 But that would be crushed because she was going to marry anyway.
 She was intelligent and had so much talent to bid,
 But she was married – now her life was built on her kids.
 She could write and jot down all her emotions and thoughts,
 But she remembered she had so much else to focus on, she felt completely lost.
 She remembered what she wanted to be,
 She told herself ‘Stop being stupid’, it was never going to be reality.
 She thought of all the encouragement she got from her past teachers and told herself not to
 let her talent go to waste,
 She knew she could do anything no matter where she was based.
 She went back through her past and thought of her dreams,
 But the life she made for herself made it all too extreme.
 She would write poems when her kids were in bed at home,
 She was thinking of things that she would love to do when all the kids were fully grown.
 She decided to take some time to herself,
 She took out all her work that was lying on the shelf.
 She decided one day to attend a college event,
 And that moment her dreams were present.
 She read out a poem she just wrote, and hoped she would inspire,
 When that college room clapped for her she knew her talent could no more expire.
 So she decided this excited her more,
 She was going to write more poems and make it a chore.
 She knew her journey was only about to begin.
 She was a young Traveller woman capable of anything.

Caibidil 13: Inscne

Helen Concannon



Tagraíonn inscne do shaintréithe agus airíonna a bhíonn tógtha go sóisialta agus go cultúrtha. Is éard atá i gceist le dénártha inscne ná rangú daoine ina dhá inscne: mná agus fir nó cailíní agus buachaillí. Cruthaítear leis seo coincheapa de noirm inscne, ról inscne agus caidrimh inscne. I measc tréithe sannta Áirítear iompraíocht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le bheith i do chailín nó i do bhuachaill i sochaí ar leith, agus áirítear ionchais maidir le caidreamh. Tugtar steiréitíopaí inscne ar an iompraíocht agus ar na ról seo agus is féidir leo éagothroime a chruthú i measc daoine. Tá éagsúlachtaí móra freisin i ról agus ionchais inscne idir sochaithe éagsúla agus úsáideoirí teanga. Samhlaíonn daoine áirithe nach mná ná fir iad agus is scáth-théarma é an téarma neamh-dhénártha a chuireann síos ar fhéiniúlachtaí inscne nach luíonn le dénárthacht inscne. Toisc go bhfuil inscne tógtha go sóisialta agus go cultúrtha, is féidir lena bhrí athrú le himeacht ama laistigh de phobal ar leith agus trasna sochaithe. Mínítear sa chaibidil seo cuid de na téarmaí ábhartha a bhaineann le hinscne agus scrúdaítear cuid de bhunús agus impleachtaí an éagothroime inscne.

Tá míniú breise ar an téarmaíocht ar fáil ar GenderEd.ie, acmhainn ar líne do dhaoine 18+ bliain d'aois atá cruthaithe ag mac léinn PhD in Éirinn.



GenderEd.ie



Gnéas duine

Is é bunús na tuisceana ar an gcastacht a bhaineann leis an bhfriotal a úsáidtear i dtaca le hinscne ná a thuiscint go bhfuil na tréithe a mheasann sochaí a bheith oiriúnach do dhaoine aonair bunaithe ar an ngnéas atá acu. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach ionann inscne agus gnéas mar go dtagraíonn gnéas do na tréithe fiseolaíocha agus bitheolaíocha éagsúla atá ag mná, fir agus daoine idirghnéasacha amhail na horgáin atáirgthe, hormóin agus crómasóim a bhíonn ag duine nuair a shaolaítear iad. Saolaítear daoine idirghnéasacha le tréithe ghnéis ar nós patrúin chrómasóm nó baill ghiniúna a dtagraíonn Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (2015) dóibh mar thréithe “nach dtagann leis an ngnáth-thuiscint dénártha ar choirp fhireann nó baineann”. Uaireanta, is léir go mbíonn leanaí idirghnéasach ó bheirtear iad agus uaireanta eile d'fhéadfadh sé tarlú nach dtiocfadh sé chun solais go dtí go dtagann siad chun caithreachais. Is minic go bhfulaingíonn daoine idirghnéasacha sárúithe ar chearta an duine agus san am a chuaigh thart tugadh drochíde do go leor acu agus cuireadh iallach orthu dul faoi ghnáthaimh mháinliachta. Is beag tír (m.sh. An Astráil, an Ghearmáin) a thugann aitheantas do dhaoine idirghnéasacha ina reachtaíocht nó ina mbunrecht, agus dá thoradh sin bíonn ar leanaí agus daoine fásta idirghnéasacha dul i ngleic le hidirdhealú agus neamhionannas. Tá sé tábhachtach a thuiscint i gcás idirghnéas go mbaineann sé le tréithe bitheolaíocha ghnéis an duine mar go meascann go leor daoine a bheith idirghnéasach le féiniúlacht inscne nó claonadh gnéasach.

Féiniúlacht inscne

Tá féiniúlacht inscne ag gach duine atá ina chuid dá bhféiniúlacht iomlán. Tagraíonn féiniúlacht inscne do thaithí dhomhain agus pearsanta an duine aonair ar inscne. D'fhéadfadh go dtiocfadh nó nach dtiocfadh an tuiscint inmheánach seo le gnéas ainmnithe an duine tráth a bhreithe nó lena bhfiseolaíocht agus bitheolaíocht. Mar sin, tá ceangal ag inscne agus gnéas le féiniúlacht inscne ach tá sé éagsúil uaidh. Tá forbairt tagtha ar théarmaíocht le himeacht ama chun saol daoine mar atá a léiriú agus chun a bheith cuimsitheach. Is téarmaí iad ‘cisinscneach’ agus ‘trasinscne’ a thugann le fios an aithníonn nó nach n-aithníonn duine lena ngnéas sannta ag am a mbreithe. Cuimsíonn neamh-dhénártha iad siúd a shainaithníonn mar mheascán d'fhireann agus baineann, ceachtar acu, tríú inscne, inscní iolracha, nó inscne luaineach. Bíonn difríocht idir reiligiúin agus cultúir ó thaobh a dtuairimí agus a dtuiscint ar inscne. Creideann roinnt acu nach bhfuil an inscne tógtha go sóisialta agus go bhfuil sé dénártha bunaithe ar ghnéas an duine ag am a mbreithe. Is féidir le noirm dhochta inscne tionchar diúltach a imirt ar dhaoine is cuma cén fhéiniúlacht inscne a bhíonn acu. **Ba chóir caitheamh le daoine le meas agus gan idirdhealú a dhéanamh orthu, beag beann ar a bhféiniúlacht inscne.**

Ról inscne

Is éard is ról inscne ann ná ról sóisialta a chuimsíonn raon iompraíochtaí agus dearcthaí a mheastar a bheith oiriúnach nó inmhianaithe do dhuine bunaithe ar a ngnéas nó inscne. Foghlaimíonn leanaí ag aois óg go bhfuil ionchais éagsúla ann do bhuachaillí agus cailíní ina



sochaí. Go minic bíonn na ról seo bunaithe ar choincheapa agus ar mhíthuisicintí firinsneacha agus baininsneacha m.sh. tá sé ceart go leor do chailíní a bheith ag caoineadh agus níl sé ceart go leor do bhuachaillí. Is féidir leis seo steiréitíopaí a chruthú. Is éard is steiréitíopa ann ná breithiúnas a ghlactar leis go forleathan faoi dhuine nó faoi ghrúpa daoine agus is gnách go mbíonn sé ró-shimplithe m.sh. tá mná níos fearr ag cócaireacht agus fir níos fearr san innealtóireacht.

Is minic a úsáidtear inscne chun stádas sóisialta a bhunú, agus is féidir leis a bheith ordlathach. Is féidir le córais shóisialta an éagothroime a bhuanú agus go dtrasnódh an éagothroime sin le héagothroime shóisialta agus eacnamaíoch eile. Is éard is sochaí phatracach ann ná sochaí ina bhfuil poist cheannasacha, pribhléide, cumhachta agus údaráis ag na fir. Tá sé seo le feiceáil go minic maidir leis an té a fheictear mar 'cheann an teaghlaigh' agus nuair a dhéanann fir cinntí a chaithfidh daoine eile a leanúint nó sna samplaí iomadúla de thíortha nach raibh riamh acu ach fear mar cheannaire stáit. Is sampla é an dáileadh cumhachta éagothrom seo den éagothroime inscne a mbíonn tionchar diúltach aici ar gach duine i sochaithe patrarcacha. Tá roinnt cumann matrarcacha ann freisin, mar shampla muintir Mosuo sa tSín agus treibh na hAmasóine a bhfuil cáil mhór orthu. Mar sin féin tá i bhfad níos lú sochaithe matrarcacha fós ann ná cumainn phatracacha.

Idirdhealú bunaithe ar inscne

Cosúil le gach cineál idirdhealaithe, is sárú ar chearta an duine é idirdhealú inscne. D'fhéadfadh go n-áireofaí le hidirdhealú inscne idirdhealú mar gheall ar ghnéas, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne. Tagraíonn Airteagal 2 den DUCD do chearta agus saoirsí gach duine gan aon idirdhealú, agus luann sé gnéas ach ní luann sé inscne. Tharla sé seo toisc gur measadh inscne agus gnéas a bheith mar an gcéanna nuair a scríobhadh an DUCD i 1948. Ach tá athrú tagtha ar an saol ag an am céanna. Tá 'stádas eile' luaite in Airteagal 2 freisin agus is minic a úsáidtear é seo nuair a dhéantar tagairt d'idirdhealú a bhaineann le hinscne (Comhthionól Ginearálta na NA, 1948).



In Éirinn, cuireann na [hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2018](#) cosc ar idirdhealú i soláthar earraí agus seirbhísí, cóiríochta agus oideachais. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé mídhleathach caitheamh le daoine níos measa mar gheall ar aon cheann de na naoi gcúis, arb é inscne ceann amháin díobh (Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2020).

Is éard is idirdhealú bunaithe ar inscne ann ná nuair a chaitear go héagórach nó go míchothrom le duine mar gheall ar a inscne, agus bíonn sé seo difríocht de réir cultúir agus sochaithe. Is féidir leis seo tionchar a bheith aige ar conas is féidir le duine rochtain a fháil ar bhunseirbhísí m.sh. d'fhéadfadh oideachas a bheith difriúil do bhuachaillí agus do chailíní, d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta a bheith difriúil do mhná agus d'fhir.


Is éard atá i dtrasnachas ná nuair a idirghníomhaíonn dhá fhachtóir nó níos mó d'fhéiniúlacht duine m.sh. inscne, bunadh eitneach, stádas socheacnamaíoch, míchumas, aois, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh. De ghnáth, áirítear inscne duine mar cheann de na tosca le trasnachas agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le héagothromaíocht bhreise.



Inscne agus mná

Tá sé tábhachtach a aibhsiú nach mbaineann coincheap na hinscne le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar mhná amháin. Go praiticiúil, dírtear iarrachtaí i leith comhionannas inscne ar mhná go príomha, mar cé gur leath de dhaonra an domhain iad mná, fulaingíonn siad leibhéil idirdhealaithe níos airde i gcultúir agus sochaithe éagsúla. Is minic go gcaitheann mná agus cailíní déileáil le neamhionannas agus leithcheal maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí, oideachas agus deiseanna fostaíochta. Is féidir le fachtóirí eile é seo a dhéanamh níos measa, rudaí cosúil le rátaí litearthachta níos ísle nó easpa rochtana ar chumhacht cinnteoireachta laistigh dá dteaghlaigh. Is féidir le míchothromaíocht cumhachta sa teaghlach mná agus cailíní a chur i mbaol foréigin agus mí-úsáide freisin. Tá go leor noirm inscne dochracha ann freisin a bhaineann ach go háirithe le tuairimí dochta maidir le conas ba chóir d'fhear nó do bhuachaill é féin a iompar. Tagraítear dóibh sin go minic mar chomharthaí d'fhearúlacht chontúirteach agus is féidir leis na hionchais inscne seo tionchar diúltach a bheith acu ar fholláine agus ar shláinte buachaillí agus fir.

Comhionannas Inscne

 Aontaíodh go domhanda ar thiomantas don chomhionannas inscne trí na SFlanna (NA, 2015b). Tá sé mar aidhm ag [SFI5](#) [Comhionannas Inscne] mná agus cailíní a chumhachtú. Deir na Náisiúin Aontaithe “ní hamháin gur ceart bunúsach daonna é, ach bunsraith riachtanach do dhomhan síochánta, rathúil agus inbhuanaithe. Trí rochtain chomhionann ar oideachas, cúram sláinte, obair chuibhiúil agus ionadaíocht i bpróisis chinnteoireachta polaitiúla agus eacnamaíochta a sholáthar do mhná agus do chailíní, spreagfar geilleagar inbhuanaithe agus rachaidh sé chun tairbhe do shochoithe agus don chine daonna i gcoitinne” (Náisiúin Aontaithe, níl dáta).

286

Ag an ráta dul chun cinn reatha, tógfaidh sé 286 bliain eile creataí dlí a athchóiriú chun comhionannas inscne sa saol poiblí a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus a mhonatóiriú.

12.5%

Ó thaobh mná agus cailíní idir 15-49 bliain d'aois, d'fhulaing níos mó ná 1 as 10 acu (12.5%) foréigean gnéasach agus/nó fisiciúil ó dhlúthpháirtí le bliain anuas.

17

Chun deireadh a chur le pósadh leanaí faoi 2030, ní mór go mbeadh an dul chun cinn 17 uair níos tapúla ná mar a bhí sé le deich mbliana anuas

Fíor 11: Staitisticí maidir le héagothroime inscne
Foinse: (Mná na Náisiúin Aontaithe, 2022)




Tá cur chun cinn an chomhionannais inscne lárnach in obair go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus comhlachtaí domhanda, ach tá ról le himirt ag gach duine féachaint le comhionannas inscne a bhaint amach. Tá tacaíocht agus ionadaíocht tugtha ag na NA do chearta na mban óna gcéad Chairt bhunaidh. Ina ndara bliain (1946), bhunaigh na NA Coimisiún Stádas na mBan (CSB, nó CSW sa Bhéarla). Is é seo an príomhchomhlacht do cheapadh beartas domhanda atá tiomnaithe go heisiach do chomhionannas inscne agus do chur chun cinn na mban. Ceann de na chéad tascanna a bhí ag an CSB ná a chinntiú go raibh an teanga a húsáideadh sa DUCD neodrach ó thaobh inscne. Fágadh, mar gheall ar an dearbhú sin, go raibh comhionannas inscne mar chuid den dlí idirnáisiúnta i 1948. Trí go leor feachtas ar nós Bliain Idirnáisiúnta na mBan i 1975, Deich mBliana do Mhná na Náisiún Aontaithe 1976 – 1986, an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CCIB, nó CEDAW sa Bhéarla) i 1979, tá na NA i mbun feachtas ar son comhionannas inscne agus ag ceistiú ról chultúrtha agus inscne. Ina ainneoin sin go léir, tá an éagothroime inscne fós ann. Tá gá le hathruithe dlí agus reachtaíochta i roinnt tíortha chun a chinntiú go mbíonn cearta comhionanna ag mná. Gheall 143 tír go mbeadh comhionannas idir fir agus mná ina mBunreachtanna faoi 2014, ach tá na céimeanna is bunúsaí seo ar aistear an chomhionannais inscne fós le tabhairt chun críche ag 52 tír eile. Nuair a bhíonn dúshlán nó deis ar bith á mbreithniú, tá sé ríthábhachtach é sin a dhéanamh trí lionsa inscne. Ciallaíonn sé seo go ndéanfaí machnamh ar na riachtanais a bhíonn ag daoine bunaithe ar a n-inscne mar go mbíonn tionchar aige seo ar an gcaoi ar féidir leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht nó ar an gcaoi a bhfuil taithí acu ar an tsaincheist. San fhíseán seo mar shampla, leagtar béim ar an gcaoi go bhféadfadh impleachtaí airgeadais an athraithe aeráide leas a bhaint as lionsa inscne a úsáid:



Inscne sa seomra ranga

Is spásanna iad seomraí ranga inar chóir go mothódh gach leanbh agus duine fásta sábháilte iontu. Tá freagracht ar mhúinteoirí, mar na príomhdhaoine fásta sna spásanna sin, a chinntiú go mothaíonn leanaí go bhfuil siad tógtha san áireamh. Tá sé tábhachtach a bheith san airdeall ar úsáid teanga i ngach spás oideachais. Ba chóir go seachnófaí inscne mar bhealach chun an rang a roinnt i ngrúpaí nó le haghaidh gníomhaíochtaí. Má laghdaítear tionchar na hinscne sna seomraí ranga tugann sé deis do gach leanbh a bheith rannpháirteach mar iad féin, gan a bheith orthu déileáil le gníomhartha nó focail a d'fhéadfaí a mheas mar mhiocrachasán maidir lena n-inscne. Ní mór d'oideoirí timpeallachtaí a chruthú nach mbíonn aon bhaint ag inscne na ndaoine laistigh de spás le gnóthachtáil, le glacadh, nó le rannpháirtíocht leanaí agus daoine fásta.

Tuilleadh faisnéise

 *Chun eolas agus tuiscint a dhoimhniú, cuireann Mná na Náisiún Aontaithe [cúrsa oiliúna](#) ar líne saor in aisce ar fáil d'aon duine ar spéis leo comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cearta na mban a chur chun cinn. Is ardán ar líne dhomhanda agus nuálaíochta é Campas Ríomhfhoghlama Ionad Oiliúna Ban na NA a sholáthraíonn an cúrsa oiliúna 'I know', teastas nuair a chríochnaíonn sé agus a thugann treoir maidir le go leor acmhainní úsáideacha eile le haghaidh tuilleadh staidéir.*



Caibidil 14: Inbhuanaitheacht

Laoise Ní Chleirigh agus Brigid Golden



Is é an téarma ‘forbairt inbhuanaithe’ is coitianta a úsáidtear i ndoiciméid bheartais agus oideachais agus pleananna á leagan amach le haghaidh inbhuanaitheachta. Shainmhínigh Coimisiún Brundtland (an Coimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt roimhe seo) coincheap na forbartha inbhuanaithe i 1987 mar “forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh” (NA, 1987). Déanann an fhorbairt inbhuanaithe iarracht ciall a bhaint as idirghníomhaíochtaí trí chóras casta, is iad sin *geilleagar an domhain, an tsochaí dhomhanda, agus timpeallacht fhisiciúil an Domhain*.



Fíor 12: Crainn Taca na hinbhuanaitheachta



Léiríonn Sachs (2015) gurb í an fhorbairt inbhuanaithe an dúshlán is suntasaí agus is casta don chine daonna riamh agus deir sé gur cleachtadh atá inti go bunúsach do réiteach fadhbanna. Éilíonn seisean cur chuige iomlánaíoch agus smaointe nua chun sochaithe rathúla, cuimsitheacha, inbhuanaithe agus dea-rialaithe a chruthú. Chun tabhairt faoin gcur chuige seo is gá iniúchadh a dhéanamh ar raon leathan ábhar agus coincheapa amhail athrú aeráide, luacháil agus léirthuisicint ar an domhan agus a chuid acmhainní, déileáil le dramhaíl, freastal ar riachtanais fuinnimh atá ag éirí níos casta, an geilleagar, cinnteoireacht, roghanna stíleanna maireachtála, agus sochaí.

Ina gcreat um fhorbairt inbhuanaithe in Éirinn, nascann An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aidhmeanna chur chun cinn na forbartha inbhuanaithe le folláine do gach saoránach faoi láthair agus amach anseo. Ina theannta sin, luann siad (ibid, lth.10) maidir le baint amach spriocanna na forbartha inbhuanaithe go bhfuil gá le “geilleagar inbhuanaithe agus atá tíosach ar acmhainní, bunaithe ar shochaí chóir agus cothrom, a léiríonn meas ar theorainneacha éiceolaíocha agus ar chumas iompair na timpeallachta nádúrtha”.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach an chontrárthacht a bhaineann leis an bhfrása ‘forbairt inbhuanaithe’ a aithint. De ghnáth le forbairt tugtar fás agus leathnú le tuiscint, téann an dá choincheap in aghaidh na spriocanna inbhuanaithe a dhíríonn ar acmhainní a chaomhnú agus a chothabháil. Go deimhin, tugann Schumacher (1975), duine den dream ba mhó le rá ar son na hinbhuanaitheachta, le tuiscint gurb é cuid den dúshlán maidir le spriocanna na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ná go bhfuil sochaithe á dtiomáint ag éileamh ar fhás eacnamaíoch, a fheictear go minic mar thiomantas don tomhaltachas. Dósan, ciallaíonn forbairt inbhuanaithe glacadh leis go bhfuil ‘dóthain’ againn. Ón meon sin, is beag fás eacnamaíoch a bheadh i gceist le forbairt inbhuanaithe.

Roghanna malartacha a lorg: Coincheap i leith bithgheilleagair chiorclaigh a thabhairt isteach

Ní mór roghanna malartacha seachas tomhaltachas a lorg, agus ceann de na roghanna sin is ea coincheap an bhithgheilleagair chiorclaigh. Baineann sé seo le hathrú córasach sa gheilleagar, sa chomhshaol agus sa tsochaí, arb ionann iad agus trí chrann taca na hinbhuanaitheachta – eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Cuireann bithgheilleagar le bealach saoil níos inbhuanaithe sa domhan. Trí úsáid a bhaint as táirgí bithbhunaithe, ar tháirgí iad a chruthaítear trí úsáid a bhaint as acmhainní in-athnuaite amháin, agus trí pháirt a ghlacadh i seirbhísí a áiríonn creat geilleagair chiorclaigh a bhíonn deartha go sonrach chun acmhainní nádúrtha a úsáid, treoraítear muid chuig bealach maireachtála níos cineálta agus níos inbhuanaithe a réitíonn lenár ndomhan. Nílimid ag cur isteach go diúltach ar an domhan nádúrtha ach ag maoirsiú an phláinéid ina ionad sin.

Sainmhíníonn Reinmuth et al. (2023) coincheap an bhithgheilleagair ó thaobh théamaí sonracha [thionscadal BioBeo](#) an Choimisiúin Eorpaigh mar a leanas:





Is cur chuige córas-bhunaithe é an bithgheilleagar a fhéachann le hacmhainní iontaise a ionadú, ar bhealach inbhuanaithe, le hacmhainní bitheolaíocha in-athnuaite as éiceachórais talún agus muirí – mar shampla rudaí amháil foraoisí, barraí, ainmhithe, iasc, miocrorgá-naigh, dramhaíl orgánach, agus taobhsruthanna talmhaíochta – chun bia, beatha ainmhithe, snáithíní, fuinneamh, táirgí bithbhunaithe a tháirgeadh, agus seirbhísí a bhunú laistigh de chreat geilleagair chiorclaigh atá deartha chun úsáid acmhainní a bharrfheabhsú bunaithe ar ordlathas a théann trí chéimeanna na roghanna úsáide. I gcás bithgheilleagar inbhuanaithe agus ciorclach bíonn gá le cláir oideachais agus oiliúna, taighde eolaíoch, teicneolaíocht agus nuálaíocht, ní hamháin le luach eacnamaíoch a chruthú, ach le héiceachórais agus bithéagsúlacht a athghiniúint agus a leathnú chomh maith le sláinte agus folláine na sochaí a fheabhsú. Trí aghaidh a thabhairt ar na hathruithe sistéamacha seo sa gheilleagar, sa chomhshaol agus sa tsochaí, cuidíonn an bithgheilleagar le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach, nach bhféadann aon duine amach.

Sa tsochaí nua-aimseartha sa Domhan Thuaidh, tá go leor againn tar éis glacadh le stíl maireachtála líneach a chiallaíonn go ndéanaimid earraí a dhiúscairt (nó déanaimid iad a chaitheamh amach) nuair a bhíonn deireadh a saoil sroichte acu nó nuair a bhíonn muid tuirseach díobh. Mar sin féin, níl aon ‘amach’ ar an bpláinéad seo i stíl maireachtála líneach: carntar dramhaíl agus fanann sí ar an Domhan ar feadh tréimhse éiginnte. D’fhéadfadh an buidéal plaisteach a athchúrsáiltear a bheith anois mar chuid de chathaoir nua a cruthaíodh chun troscán níos ‘inbhuanaithe’ a chruthú. Ar an drochuair, tá an plaisteach fós ann, cé go bhfuil cruth fisiceach nua air. Luann Greenpeace (2023, lth.3) go bhfuil “plaisteach neamh-chomhoiriúnach go bunúsach le geilleagar ciorclach” agus míníonn sé go bhfuil trí bhealach tocsaineacha i gceist le hathchúrsáil plaistigh a fhágann iad thar a bheith contúirteach do shláinte an duine agus an phláinéid. Ar an gcéad dul síos, tá ceimiceáin thocsaineacha i bplaistigh, ansin athchúrsáiltear iad, agus aistrítear na ceimiceáin thocsaineacha chuig an mír athchúrsáilte a chruthaítear. Ar an dara dul síos, is féidir le plaistigh ábhar truaillithe a ionsú trí theagmháil dhíreach agus trí ionsú ‘comhdhúile so-ghalaithe’. Ar an tríú dul síos, nuair a théitear plaistigh sa phróiseas athchúrsála, féadann sé seo ceimiceáin thocsaineacha nua a ghiniúint a sceitheann isteach sna plaistigh nua-athchúrsáilte (Greenpeace, 2023).


Mar sin, ní ‘amach’ atá i gceist, tá sé go simplí ‘in áit eile’, ach ní gá go bhfuil sé sábháilte ‘in áit eile’. Tá daoine dúchasacha ann a bhreathnaíonn ar an domhan trí lionsa na ciorclaíochta. Tugann an cur chuige ciorclach rogha eile seachas fócas líneach ar thomhaltas agus diúscairt atá coitianta i go leor sochaithe nua-aimseartha. Ciallaíonn cur chuige ciorclach athúsáid agus athearraíocht gan mórán nó gan aon dramhaíl a chruthú. Luann Fondúireacht Ellen MacArthur (2023) go bhfuil geilleagar ciorclach bunaithe ar thrí phrionsabal, is iad sin ‘fáil réidh le dramhaíl agus truailliú, táirgí agus ábhair a athúsáid (ag a luach is airde)’ agus ‘an dúlra a athbheochan’

Deir Wahl (2017, lth. 193), gníomhaí timpeallachta, “i measc na bpobal dúchasach tá traidisiún fada maidir le fadhbanna daoine a réiteach trí fhoghlaim ó speicis eile agus ó na próisis nádúrtha níos leithne ina mbímid rannpháirteach”. Feiceann muid próisis nádúrtha níos leithne na ciorclaíochta mórthimpeall orainn gach lá i ngnáthritim an tsaoil i gcaidreamh bláthanna, crann, tor, caidrimh beathú cíche, taoidí srl. Is sampla í an iompraíocht chómhálartach seo den fhoirm ciorclaíochta is glaine nach gcruthaíonn aon dramhaíl. Dá bhfeicfeadh muid aistriú ó bhealaí maireachtála



líneacha agus indiúscartha chuig bealaí maireachtála cómhalartacha bheadh muid in ann maireachtáil laistigh dár n-acmhainní ar an bpláinéad amháin atá againn.

Coincheap agus siombail choitianta, atá tábhachtach do go leor daoine dúchasacha, is ea an ciorcal. Tá sé mar thraidisiún le fada i gcultúir dhúchasacha an ciorcal a úsáid i ndeasghnátha, le linn d’eagna agus eolas a bheith á chomhroinnt, cumarsáid a bheith ag tarlú i spás cothromaithe, agus gach rannpháirtí in ann a chéile a fheiceáil agus nascadh le chéile i gcineálacha gaolta stádais níos comhchoiteanta. **Feidhmíonn an ciorcal freisin mar mheafar do chur chuige níos inbhuanaithe i leith tomhaltais ná an próiseas líneach ina mbítear de shíor ag ceannach, ag úsáid agus ag fáil réidh le hearraí. Tá an ciorcal ina ciogal leanúnach úsáide agus athúsáide nó**



Fíor 13: Ó gheilleagar líneach go gheilleagar ciorclach. Foinse: Rialtas na hÍsiltíre (2023) Clár Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach

Tagann eolas dúchasach chun cinn mar gheall ar an tuiscint ar na scileanna agus ar an fhealsúnacht a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Sa tsochaí nua-aimseartha, tá an meon indiúscartha agus an cur chuige líneach i leith maireachtála curtha ar aghaidh ag na glúnta is déanaí, agus leanfaidh sé seo ar aghaidh, is é sin, mura ndéantar tada faoi.

I bhfoilseachán Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA, nó UNESCO sa Bhéarla) *Learning and Knowing in Indigenous Societies Today*, léiríonn Bates et al. (2009) roinnt de na bagairtí atá i ndán do leanaí phobail dhúchasacha na hAfraice. Pléann siad an chaoi (ibid, lth.88), mar gheall ar an laghdú ar tharchur an eolais dúchais sa bhaile, “go bhfuil na glúnta níos óige ag cailleadh a n-eolas ar an éiceachóras go tapa, mar shampla, ainmneacha plandaí agus ainmhithe fiáine, agus a dtréithe nó a n-úsáidí. Ag an am céanna, tá suim á chailliúint acu ina gcultúr agus traidisiúin.” Tá laghdú níos mó ar an teagmháil idir leanaí agus an dúlra. Tá leanaí a bhíodh i gcónaí amuigh faoin aer uair amháin agus a bhíodh ag fáil amach faoin timpeallacht nádúrtha mórthimpeall orthu, ag caitheamh níos lú ama anois sa dúlra agus amuigh faoin aer mar gheall ar threochtaí sóisialta nua i stíleanna maireachtála go leor sochaithe. I náisiúin áirithe san Afraic mar shampla, tá níos mó leanaí ag freastal ar scolaíocht fhoirmiúil ó bhíonn siad thart ar sé nó seacht mbliana d’aois agus mar sin ní bhíonn siad páirteach chomh minic céanna i



ngníomhaíochtaí lasmuigh ná sa líon céanna acu, gníomhaíochtaí ar nós “tréadaíocht eallaigh, bailiú torthaí, seilg ghéim, lorgaireacht ainmhithe, gaistiú éan, nó caomhnú bia” (Bates et al., 2009, lth.88). Ina theannta sin, “tá dearcthaí diúltacha forbartha ag go leor sochaithe i leith an tsaoil traidisiúnta mar go measann siad go bhfuil sé cúlanta nó nach bhfuil sé ag teacht leis an méid a bheifear ag súil leis amach anseo ó leanaí sa saol nua-aimseartha” (Bates et al., 2009, lth.88).

Mar thoradh ar an gcaipitleachas domhanda, tá teangacha agus oidhreacht mionlaigh á gcailliúint againn, bianna dúchasacha á n-ionadú le bianna a tháirgtear go domhanda lena mbaineann slabhraí casta dáileacháin; feicimid laghdú ar nósanna agus ar thraidisiúin, eagna dhúchasach ag dul i laghad, agus leanaí ag cailleadh eagna a muintire agus a bpláinéad. D’fhéadfadh sochaithe caipitlíocha go leor a fhoghlaim, áfach, ó bhreathnú ar idirghníomhú na ndaoine dúchasacha leis an talamh, óna ndeasghnátha agus óna n-urraim don Mháthair-Chruinne. Luann EOCNA (UNESCO 2017, lth.45) “go mbaineann an-acmhainneacht le heolas dúchasach agus áitiúil ó thaobh tuilleadh cúnamh a thabhairt chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda an athraithe aeráide, díghrádaithe comhshaoil agus cailteanas bithéagsúlachta chun spriocanna amhail inbhuanaitheacht agus athléimneacht a bhaint amach”.

Cuireann an seanóir Meiriceánach Dúchasach Martinez (2010, lth.3), a thacaíonn leis an tsineirgíocht idir eolas eolaíoch choimeádaigh agus gaois thraidisiúnta dhúchasach, béim ar “gur leabharlann bheo leochaileach d’eolas béil a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin é an t-eolas traidisiúnta. Bhí sé inoiriúnaithe agus athléimneach i gcónaí. Mar gheall ar a nádúr oiriúnaitheach ní féidir é a chaomhnú i leabharlanna. Braitheann a mharthanacht ar mharthanacht an chultúir dúchais”.

Bíonn fócas seasmhach ar fhorbairt eacnamaíoch i sochaí chaipitlíoch an iarthair, agus is beag luach a chuirtear ar ghaois nó ar urraim dhúchasach don Mháthair-Chruinne; urraim agus meas a léiríonn go leor sochaithe dúchasacha. I gcodarsnacht leis sin, tá go leor cultúr dúchasach ag seasamh go láidir fós agus ag cothú a slí bheatha ainneoin domhandú an phláinéid. D’fhéadfadh deis a bheith ann d’instiúidí oideachais, eolaíochta, teicneolaíochta agus foirmiúla dul i dteagmháil le agus comhoibriú le pobail dhúchasacha agus foghlaim uathu, agus sa tslí sin cabhrú chun an pláinéad a chosaint agus a chothú. Luann EOCNA (UNESCO 2017, lth.13) maidir le timpeallachtaí foirmiúla oideachais “go dtógann múinteoirí áit tuismitheoirí agus seanóirí mar shealbhóirí eolais agus pearsana údaráis”. Mar sin féin, trí eagna dhúchasach a iniúchadh agus luach a chur ar eolas dúchasach ní shin le rá go bhfuiltear ag déanamh neamhaird de theicneolaíocht nua-aimseartha agus ní gá go bhfuilimid ag moladh filleadh iomlán ar an rud a d’fheicfí mar shaol bunúsach.

Míníonn EOCNA (2017, lth.22):

“Is minic go bhfeictear glacadh na bpobal dúchasach le teicneolaíochtaí nua-aimseartha mar thréigean ar a gcuid luachanna saineúla agus bealaí maireachtála. I ndáiríre, bhí an cumas maidir le huirlisí agus scileanna nua a úsáid ina chuid bhunúsach i gcónaí de dhinimiceas na gcultúr dúchasach. Go deimhin, is trí mheascán de na bealaí nua agus na seanbhealaí go bhfuil go leor pobail dhúchasacha in ann a stíleanna maireachtála agus a ndearcthaí uathúla ar chúrsaí an tsaoil a chothabháil.”



I ndáiríre, tá cáil ar phobail dhúchasacha de bharr a bheith i gcónaí ag athmheas agus ag forbairt na scileanna agus an t-eolas a fuair siad ó na glúnta a tháinig rompu, chun iad féin a chur in oiriúint don domhan mórthimpeall orthu. Seo é an t-am, mar sin, chun tosaí ag fáil tuiscint níos doimhne ar chaidreamh éiceolaíochta agus ar bhainistiú cuí ar acmhainní nádúrtha. Is coincheap é bith-aithris a thacaíonn leis seo freisin. Sainmhínítear bith-aithris mar “chleachtas a fhoghlaimíonn ó na straitéisí a aimsítear sa nádúr agus a dhéanann aithris orthu chun dúshláin a dhearann an duine a réiteach agus dóchas a aimsiú” (Biomimicry Institute, 2023). Is pointe tosaigh cuí é breathnóireacht agus bith-aithris ar chiorclaíocht na beatha sa domhan nádúrtha, agus treoir an dúlra a leanúint trí iniúchadh a dhéanamh ar an dúlra, ag aithint nach bhfuil aon ‘amach’ ann.

Stíleanna maireachtála inbhuanaithe

Idir ceannach éadaí agus cosmaidí go dtí an bia a chuirtear ar ár bplátaí, tá baint ag gach cinneadh a dhéanaimid le hinbhuanaitheacht an phláinéid agus tá tionchar acu air. Má ghlactar cur chuige ciorclach, is féidir leis a bheith ina rogha eile in áit meon líneach coiteann agus tionchar dearfach a bheith aige ar inbhuanaitheacht ár roghanna stíl maireachtála ó lá go lá. Meon aigne atá riachtanach don chur chuige ciorclach maidir le roghanna stíl maireachtála is ea breathnú ar shaolré iomlán earraí tráth a gceannaítear iad agus/nó ag am tomhaltais. D’fhéadfadh sé seo fachtóirí éagsúla a áireamh amhail táirgeadh earra, pacáistiú, ábhair an táirge féin, a úsáideacht dúinne, nó tionchar carbóin an táirge. Tá sé ríthábhachtach, le cur chuige ciorclach, ní hamháin breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a ndearnadh an táirge ach breathnú freisin ar dheireadh ré féideartha an táirge, agus ligean don bhreithniú seo tionchar a imirt ar chinntí ceannaigh. Inár sochaithe tomhaltóra ní dhéantar go leor táirgí le seasamh ach le caitheamh amach agus cinn nua a chur ina n-áit, uasghrádú ag teastáil laistigh de thréimhse ghearr ama. Tuigtear go ndéanann roinnt comhlachtaí earraí le dífheidhmeacht beartaithe ina dtáirgí, chun fás eacnamaíoch leanúnach a chinntiú le go gcaithfidh ceannaitheoirí filleadh arís agus arís eile.

Tá sé tábhachtach ó thaobh meon ciorclach de go n-aithnítear nach bhfuil aon ‘amach’ i gceist nuair a thagann sé chomh fada le hearraí a dhiúscairt. Ní mór tuiscint nuair a fhaightear réidh le hearraí nach é sin deireadh a saolré, ach go dtéann siad ó do theach, chuig láithreáin líonta talún de ghnáth, áit a leanann siad ag cur le hastuithe carbóin agus le dochar don atmaisféar. Ar ndóigh tá roghanna eile ann seachas a bheith ag ceannach táirgí le saolré neamh-inbhua-naithe, mar shampla rogha a dhéanamh éadaí dara láimhe a cheannach, fabraicí nádúrtha nó athchúrsáilte a roghnú, táirgí glantacháin in-bhithmhille d’úsáid pearsanta agus tí a roghnú, táirgí séasúracha áitiúla a ithe, dramhaíl bia a mhúiríniú, agus féachaint le roghanna saor ó phlaisteach nó fiú roghanna bithbhunaithe a fháil nuair a bhíonn siad ar fáil. Nuair a bhíonn roghanna á n-iniúchadh agat mar thomhaltóir áfach, tá sé ríthábhachtach a bheith san airdeall ar an **nglasghlanadh**, ar modh fógraíochta míthreorach é a úsáideann cuideachtaí ag tabhairt le tuiscint gur táirgí inbhuanaithe atá acu, gan páirt a ghlacadh sna cleachtais a thagann lena gcuid gealltanais. Sampla coitianta de ghlasghlanadh is ea buidéal phlaisteacha nó pacáistíocht ‘in-athúsáidte’ nó ‘in-athchúrsáilte’ a tharraingíonn aird na dtomhaltóirí ón bhfíric gur plaisteach fós é, agus go minic nach mbíonn sé athchúrsáilte fiú amháin. Glacann comhlachtaí páirt i nglasghlanadh toisc go bhfuil sé go maith dá ngnó, bíonn níos mó seans



go gceannóidh daoine earraí a chreidtear a bheith inbhuanaithe, agus éiríonn leis na comhlachtaí na cosa a thabhairt leo ó thaobh níos mó airgid a ghearradh orthu. Is féidir glasghlanadh a thabhairt faoi deara sa teanga 'clúmhach' atá deartha chun tomhaltóirí a mhíthreorú agus an easpa faisnéise trédhearcach atá ar fáil faoi chleachtais déantúsaíochta.

Ní mór a admháil, áfach, gur minic nach mbíonn roghanna fíor-inbhuanaithe ar fáil agus go mbíonn siad daor. Is minic go mbíonn praghasphointe níos airde ar tháirgí inbhuanaithe, agus nach mbíonn sé in acmhainn do go leor daoine aonair agus teaghlaigh iad a cheannach. Go deimhin, fuarthas amach i staidéar a rinne an comhlacht comhairliúcháin ón Ísiltír Kearney (2020) go bhfuil táirgí inbhuanaithe atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus a chinntíonn pá cothrom do gach duine a bhíonn i gceist 75 – 85 faoin gcéad níos daoire ná táirgí traidisiúnta. Mar thoradh air sin, bíonn 'bearna ghlas' ann idir na luachanna inbhuanaithe agus eiticiúla a léiríonn daoine agus a roghanna ceannaigh, rud a thugann le fios go bhfuil go leor daoine neamhthoilteanach, nó de ghnáth nach mbíonn sé i gcumas dóibh, an praghaslipéad ard a bhíonn ar tháirgí inbhuanaithe a íoc, in ainneoin go mba mhian leo sin a dhéanamh. Mar sin féin, ní gá dó a bheith mar seo, mar le héileamh níos mó ar tháirgí inbhuanaithe, beidh cuideachtaí in ann déantúsaíocht a mhéadú agus praghsanna a ísliú. Ina theannta sin, léirigh Kearney (2020) gur gnách go gcuireann comhlachtaí marcáil bhreise neamhriachtanacha ar a gcuid táirgí inbhuanaithe a d'fhéadfaí a sheachaint chun costais a ísliú do thomhaltóirí.

Beag beann ar na cúiseanna dlisteanacha go minic maidir le praghas níos airde a bheith ar tháirgí inbhuanaithe, is pribhléid í an rochtain ar chinnteoireacht a thagann le saibhreas, ioncam indiúscartha agus aois. Mar thoradh air sin, níor cheart go mbeadh sé de fhreagracht ar dhaoine aonair amháin athmheasúnú a dhéanamh ar a roghanna stíl maireachtála féin, ach é a bheith ina bhreithniú struchtúrach agus polaitiúil nuair a bhíonn beartais agus cleachtais á n-athbhreithniú agus á bhforbairt. Tá freagracht ar rialtais agus ar chomhlachtaí idirnáisiúnta, ar nós an AE, as beartais a rialaíonn agus a ordaíonn na cleachtais déantúsaíochta atá inghlactha, de réir iad féin, agus tá an chumhacht acu cleachtais níos inbhuanaithe a fhorfheidhmiú feadh an tslabhra táirgthe.



Chapter 15: Climate Justice

Benjamin Mallon



Tagraíonn coincheap an cheartais aeráide don neamhionannas a bhaineann leis na cúiseanna, na hiarmhairtí agus na gníomhartha beartaithe maidir le hathrú aeráide.

Ó réabhlóid thionsclaíoch na luath1800idí, tá méadú mór tagtha ar líon na ngás ceaptha teasa inár n-atmaisféar de bharr gníomhartha daonna. Bhí baint aige sin le hathruithe fadtéarmacha ar theocht agus patrúin aimsire – rud a dtugaimid athrú aeráide air. Aithnítear, áfach, nach raibh an bhaint chéanna ag gach tír le hastuithe na ngás sin.

Is féidir an t-athrú aeráide a fheiceáil i dteochtaí domhanda níos airde, ardú ar leibhéal farraige agus méadú ar imeachtaí foircneacha aimsire. Tá impleachtaí ollmhóra ag na fachtóirí seo ar shaoil agus ar shlíthe beatha daoine ar fud an domhain. Mar shampla, aithnítear go bhfuil tionchar suntasach ag an athrú aeráide ar shláinte daoine agus ar a gcumas bia a fhás agus rochtain a fháil ar uisce, agus tá iarmhírtí tulchnagtha aige seo ar chearta daonna níos leithne EOECA (UNICEF, 2014). Aithnítear go bhfuil baint mhór ag an athrú aeráide freisin leis an gcaillteanas bithéagsúlachta ar fud an domhain agus leis an damáiste do na héiceachórais ina mairimid.

Meonta iolracha

Aithnítear go bhfuil tíortha áirithe níos leochailí ná tíortha eile maidir le hiarmhairtí an athraithe aeráide, agus go minic gurb iad na tíortha sin is lú a bhíonn freagrach as na hastaíochtaí. Is fíor a mhalairt freisin, mar go mbíonn go leor tíortha le leibhéal arda astaíochtaí níos lú i mbaol ó éifeachtaí an athraithe aeráide (Hickel, 2020). Is féidir é seo a thuiscint mar [cheartas aeráide ar fud an spáis](#) (Svarstad, 2021) agus tá sé mínithe go han-soiléir san acmhainn oideachais, [Athrú Saoil](#) (Oberman, 2016, lth.6).






“Tá i bhfad níos mó dé-ocsaíd charbóin scaoilte ag daoine atá ina gcónaí i dtíortha forbartha ná iad siúd a chónaíonn i dtíortha i mbéal forbartha. Mar shampla, úsáideann an gnáthdhuine in Éirinn tuairim is 15 oiread an fhuinnimh a úsáideann gnáthdhuine sa Bhanglaidéis. Ach is iad na daoine leochaileacha atá ina gcónaí i dtíortha i mbéal forbartha, cosúil leis an mBanglaidéis, is mó a bhíonn thíos leis an athrú aeráide.” Oberman, 2016, lth.2

Oberman, 2016, p.6

Aithnítear freisin go gcruthóidh an t-athrú aeráide saincheistanna cearta daonna suntasacha do na glúnta atá le teacht, do dhaoine le níos lú freagrachta comhchoiteann as na cúiseanna leis. Is féidir é seo a thuiscint mar cheartas aeráide thar am (Svarstad, 2021), nó ceartas idirghlúine.

Ba chóir go múnlódh breithnithe ar cheartas aeráide trasna spás agus am an chaoi a dtuigimid na cúiseanna atá leis an athrú aeráide, an chaoi a ndéanaimid machnamh ar iarmhairtí an athraithe aeráide, agus an chaoi a ngníomhaíonn muid chun aghaidh a thabhairt ar chliseadh aeráide mar shaincheist dhomhanda.

Is minic a smaoinítear ar ghníomhú ar son na haeráide mar oiriúnú nó maolú. Tagraíonn oiriúnú d'athruithe a dhéantar mar fhreagra ar an athrú aeráide. Tagraíonn maolú do na gníomhaíochtaí daonna a dhéantar chun táirgeadh gás ceaptha teasa a laghdú nó cur leis na bealaí inar féidir gáis ceaptha teasa a ghabháil agus a stóráil. Tá a fhios againn gur chóir a bheith cúramach nuair a bhítear i mbun gnímh nó ag déanamh cinntí maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide, mar gur féidir le cuir chuige áirithe cásanna a dhéanamh níos measa (Schipper, 2020).

 Is creat é [Development Compass Rose](#) (TIDE, níl dáta) chun ceistanna a chur faoi shaincheistanna forbartha casta. Baineann na ceistanna leis an *gcomhshaol nádúrtha*, *saincheistanna eacnamaíocha*, *cúrsaí sóisialta*, agus *cumhacht cinnteoireachta*. Ag baint úsáid as an gcreat seo, is féidir linn ceistanna tábhachtacha a chur faoin ngníomhú ar son na haeráide.

- **Comhshaol nádúrtha:** Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomh seo ar an gcomhshaol nádúrtha sa cheantar máguaird agus sa cheantar níos leithne? Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe seo ar aer, uisce agus ithir? Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar shaol neamhdhaonna?
- **Cúrsaí sóisialta:** Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ngníomh seo ar na glúnta atá le teacht? Cén chaoi a bhféadfadh tionchar difriúil a bheith ag an ngníomhú ar son na haeráide ar dhaoine i bhfianaise gné dá bhféiniúlacht (m.sh. inscne, míchumas, aicme sóisialta, aois)? An bhféadfadh tionchar a bheith ag an athrú seo ar thraidisiúin chultúrtha? Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú seo ar an gcuidreamh idir daoine?
- **Saincheistanna eacnamaíocha:** Cén costas a d'fhéadfadh a bheith ar na gníomhartha seo? Cé a iompróidh aon chostas airgeadais anois agus amach anseo? Cén costas a d'fhéadfadh a bheith i gceist mura dtugtar faoi ghníomhú?
- **Cumhacht cinnteoireachta:** Cé atá i gceannas ar an bpróiseas cinnteoireachta? An bhfuil an próiseas soiléir agus trédhearcach? Cé a ghlac páirt sa phróiseas cinnteoireachta? Cé a bhí eisiata ón bpróiseas seo? Cé a dhéanann an cinneadh sa deireadh? Cé a bhaineann leas as an gcinneadh seo? Cé a bheidh thíos leis?



Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcatagóir dheireanach ceisteanna mar gurb iad na grúpaí is mó a mbíonn tionchar ag an athrú aeráide orthu a fhágtar amach go minic as próisis chinnteoireachta (Trott et al., 2023).

Comhfhreagracht

Mar gheall ar mhéid agus ar chastacht shaincheist an athraithe aeráide, is léir go bhfuil freagracht dhomhanda ann nach mór a chomhlíonadh. Is féidir cuir chuige a iniúchann agus a fhéachann ar ár rannchuidiú aonair i leith laghdú in athrú aeráide a cháineadh sa mhéid is gur féidir leo, cé go gcuireann siad gníomh aonair éigin i láthair, neamhaird a dhéanamh den rannchuidiú comhchoiteann i bhfad níos mó a dhéanann eagraíochtaí nó earnálacha sochaíocha áirithe: mar shampla, ba cheart go gceisteofaí an spreagadh maidir le lorg carbóin aonair a mheas, go háirithe i dteannta fianaise faoin gcaoi a múnlaíonn an tionscal breosla iontaise an tOideachas um Athrú Aeráide (Eaton agus Day, 2020).

Tá méadú ag teacht ar shamplaí faoin gcaoi a gcomhlíontar an fhreagracht chomhchoiteann seo le gníomhaíocht chomhchoiteann, sampla amháin is ea na hagóidí atá na mílte leanaí agus daoine óga ag tabhairt fúthu ar fud an domhain in aghaidh easpa gnímh i leith athrú aeráide, ag cur béim ar an ngá atá le héisteacht leis na daoine sin atá agus a bheidh faoi thionchar cliseadh aeráide agus gníomhú ar a son (Waldron et al., 2020).

Leagann Fondúireacht Mary Robinson (níl dáta) amach roinnt prionsabal maidir le ceartas aeráide, lena n-áirítear gur cheart don ghníomhú ar son na haeráide cearta an duine a urramú agus a chosaint, tacú le ceart daoine chun forbartha, agus ualaí agus buntáistí a chomhroinnt go cothrom. Ó thaobh an cheartais aeráide de, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí eispéiris, dearchtaí agus riachtanais na ngrúpaí sin a bhfuil tionchar díréireach ag an athrú aeráide orthu i gcroílár an phróisis cinnteoireachta (Trott et al., 2023).




Caibidil 16: Ceartas Trádála

Barbara O'Toole, David Nyaluke, agus Kristina Moody



Tá seacláid ar cheann de na hearraí is mó a thaitníonn le daoine in Éirinn agus i bhformhór na dtíortha san Iarthar. Sa chaibidil seo mínítear 'slabhra luacha' seacláide, agus taispeántar an chaoi a bhfuil an tsamhail bhreisluacha ag an tír fhoinsé níos tairbhí do phobail áitiúla ná samhlacha trádála eile atá ann cheana. Cé gurb é an tseacláid fócas an chás-staidéir seo, is féidir na prionsabail a scrúdaítear anseo a chur i bhfeidhm ar go leor earraí eile, mar shampla caife, tae, seoda – gach táirge déanta as amhábhair a iompórtáiltear agus iad neamhphróiseáilte.

Cé go bhfuil go leor den chaibidil seo dírithe ar an Afraic, is é an scéal céanna é i gcodanna eile den Domhan Theas; ní bhaineann go leor de na saincheisteanna a scrúdaítear anseo leis an Afraic amháin, baineann siad freisin le tíortha i Meiriceá Theas agus codanna den Áise, mar shampla.



Réigiúin
fheirmeoireachta
cócó ar fud an
domhain

Fíor 14: Réigiúin fheirmeoireachta cócó ar fud an domhain



'Slabhra luacha' a thuiscint

Is éard é **slabhra luacha** ná an tsraith céimeanna a bhaineann le táirge, ón gcéad chéim táirgthe mar ionchur amhábhbar go dtí an mhír chríochnaithe a cheannaíonn an t-úsáideoir deiridh, an tomhaltóir.



Fíor 15: Slabhra Luacha

Tá costas ag baint le gach nasc ar an slabhra agus gineann sé brabús áirithe dóibh siúd atá i gceist. An chaoi a bhfeidhmíonn gnó agus trádáil déantar an brabús is mó as na céimeanna próiseála agus déantúsaíochta den slabhra luacha.

Cás-staidéar ar shlabhra luacha seacláide

Is iad na trí phríomhréigiún le haghaidh feirmeoireacht cócó ná an Afraic Thiar, Meiriceá Theas agus Meiriceá Láir, Oirdheisceart na hÁise agus an Aigéine. Táirgeann an Afraic níos mó ná 70% de chócó an domhain. Soláthraíonn táirgeadh cócó slite beatha do 40 – 50 milliún feirmeoir, oibríthe tuaithe agus a dteaghlaigh sa Domhan Theas. Sa Chósta Eabhair agus i nGána, braitheann suas le 90% d'fheirmeoirí ar chócó mar a mbunioncam.

Céimeanna 1 go 4 de tháirgeadh seacláide, lena n-áirítear ionchur amhábhbar

Léiríonn an tábla seo a leanas na céimeanna i dtáirgeadh seacláide

Céim 1: Fás
Céim 2: Baint an Fhómhair
Céim 3: Coipeadh agus triomú
Céim 4: Pacáil agus iompar
Tarlaíonn céimeanna 1 go 4 de ghnáth i náisiúin fheirmeoireachta cócó an Domhain Theas. Is cuid iad na céimeanna den táirgeadh ionchuir agus den phróiseáil tosaigh sa slabhra luacha seacláide.

Tábla 33: Céimeanna 1 go 4 den phróiseas déantúsaíochta seacláide



Bíonn próiseas fada dlúthshaothair i gceist chun barra simplí seacláide a dhéanamh.

Céim 1: Na crainn cócó a fhás ar feadh cúig bhliana,

Céim 2: Fómhar a bhaint dhá uair sa bhliain, piocadh de láimh agus scoilteadh cúramach faighneoga cócó, agus

Céim 3: Coipeadh agus triomú na bpónairí. Is próiseas tiarálach agus am-íditheach é seo a bhfuil go leor daoine páirteach ann. Mar shampla, le linn bhaint an fhómhair, ní mór na faighneoga a oscailt le maiseite agus an laíon a chlúdaíonn na pónairí a scríobadh amach de láimh; is nós imeachta an-chruinn é seo agus theip ar iarrachtaí chun é a mheicniú, mar sin is daoine a bhfuil taithí acu air seo a chaitheann é a dhéanamh. Bíonn na pónairí réidh le heaspórtáil ansin,

Céim 4: Pacáil agus lompar, as seo ar aghaidh, taobh amuigh de roinnt eisceachtaí, bogann an slabhra luacha go dtí an Domhan Thuaidh áit a ndéantar agus a n-itear an tseacláid.

Céimeanna 5 go 8 de tháirgeadh seacláide, lena n-áirítear tuilleadh próiseála, déantúsaíochta, dáileadh agus tomhaltais

Céim 5: Róstadh agus Meilt
Céim 6: Fásadh
Céim 7: Déanamh seacláide, Brú, (an uigeacht a scagadh), faghairt agus múnlu
Céim 8: Dáileadh chuig tomhaltóirí agus tomhaltas
Tarlaíonn céimeanna 5 go 8 , a bhaineann le próiseáil agus déantúsaíocht bhreise de ghnáth, i náisiúin úsáide cócó sa Domhan Thuaidh

Tábla 4: Céimeanna 5 go 8 den phróiseas déantúsaíochta seacláide

Tagann an chuid is mó den bhrabús a thagann ó dhéanamh seacláide ó na ceithre chéim dheiridh, a tharlaíonn go hiondúil sa Tuaisceart: róstadh agus meilt; brú; (an uigeacht a scagadh), faghairt agus múnlu; díol leis an tomhaltóir.

Ciallaíonn coilíneachas eacnamaíoch smacht a fheidhmiú agus saothrú ar acmhainní tíre (idir dhaonna agus ábhar) mar a tharla le linn ré an choilínithe.

Cad í an fhadhb, mar sin?

Ó thaobh ceartas trádála de, tá gnólachtaí móra, atá lonnaithe go príomha sa Domhan Thuaidh, ag baint tairbhe díréireach as an acmhainn nádúrtha seo sna tíortha is boichte. Fabhraíonn formhór an bhrabúis sa slabhra luacha i dtíortha an Tuaiscirt, seachas sna tíortha ina ndéantar an chuid is mó den obair dhlúthshaothair. Is cineál 'coilíniú eacnamaíoch' é sin, agus tá go leor de na feirmeoirí cócó, atá i measc na ndaoine is boichte ar domhan, ag maireachtáil ar níos lú ná 1.25



dollar (SAM) in aghaidh an lae. Sa slabhra luach seacláide (thíos), léirítear go beacht conas a tharlaíonn sé sin.

Scrúdú ar an slabhra luach seacláide

Barra caighdeánach (m.sh. €1.50)	Méid faighte	% faighte
Feirmeoirí	5.5c	4
Déantóirí	77c	51
Soláthraithe/Dáilitheoirí	13.5c	9
Mórdhíoltóirí/Miondhíoltóirí	25.5c	17
Cáin rialtais (CBL srl)	28.5c	19

Tábla 5: Miondealú brabúis an tslabhra luach seacláide.

Foinse: Naisc Chóra, Trádáil Chóir: Acmhainn Teagaisc Faoin Afraic (Larkin et al., 2018)

Léiríonn an cló glas an méid airgid agus an céatadán brabúis a fhanann sa Domhan Theas. Ní mór an slabhra luacha seo a fheabhsú chun tairbhe níos fearr a thabhairt don fheirmeoir pónairí cócó ó thaobh an chéatadáin brabúis a fhaigheann siad.

An tsamhail ‘bhreisluacha’

Tá acmhainní ollmhóra ag tíortha sa Domhan Theas chun táirgí ar ardchaighdeán a tháirgeadh le haghaidh trádála ar an margadh idirnáisiúnta. Ach go stairiúil níor tharla sé seo de bharr an choilínithe agus an t-eastóscadh rachmais a bhain leis, agus díriodh ina ionad sin ar amh-thráchtarraí seachas earraí críochnaithe a easpórtáil. Maidir le táirgí a bhíonn réidh le miondíol is féidir praghas a bhaint amach orthu a bhíonn seacht n-uaire níos airde ná an praghas dá bhfoirm amh.

Is féidir le trádáil i dtáirgí ‘breisluacha’ bochtaineacht a laghdú sa Domhan Theas trí phraghsanna níos fearr a thabhairt do tháirgeoirí ar a gcuid earraí. Ciallaíonn sé seo go nginfí níos mó ioncaim do phobail áitiúla. Is é an bealach is tapúla agus is éifeachtaí chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht sa Domhan Theas ná trí thrádáil seachas cúnamh, agus éilíonn sé sin go dtacófaí agus go gcuirfí chun cinn slabhra luacha iomlán a chruthaíonn go leor deiseanna fostaíochta agus a thairgeann táirge ar ardchaighdeán ag an am céanna. Is í seo an tsamhail atá á chur chun cinn anois ag [Proudly Made in Africa](#) (PMIA), Eagraíocht Neamhrialtasach (ENR, nó NGO sa Bhéarla) in Éirinn atá ag moladh athrú ar bhealaí trádála na hAfraice. Creideann PMIA dá n-athrófaí bealaí trádála na hAfraice, go mbeadh táirgeoirí Afracacha in ann cur le agus páirt a ghlacadh i margadh idirnáisiúnta ag trádáil táirgí réidh le miondíol déanta san Afraic, a rachadh chun tairbhe níos mó don Afraic.





Breisluch i gcomparáid le Cóirthrádáil

Téann an tsamhail bhreislucha níos faide ná an méid a thairgeann gluaiseacht na Cóirthrádála. Tá sé mar aidhm ag Cóirthrádáil sciar níos cothroime a thabhairt d'fheirmeoirí sa Domhan Theas den bhrabús a thagann óna hearraí a dhíolann siad le déantóirí. Cé go bhfuil sé seo fós i bhfad níos ísle ná na praghsanna a gheobhaidís dá bpróiseálfadh siad a gcuid earraí féin, is córas é Cóirthrádáil a fhéachann le feabhas a chur ar chúrsaí d'fheirmeoirí. I gcás fhormhór na dtáirgí Cóirthrádála, tá íospthagas socraithe chun an costas táirgthe a chlúdach. Cé go bhféadfadh an praghas seo a bheith íseal go leor, tá sé fós níos airde ná an praghas margaidh a gheobhadh na feirmeoirí aon bhealach eile. Chomh maith leis an íospthagas Cóirthrádála, faigheann oibrithe agus feirmeoirí suim bhreise airgid ar a dtugtar an 'Préimh Cóirthrádála'. Téann sé sin isteach i gciste chun cabhrú lena bpobail.

Mar sin féin, tá Cóirthrádáil dírithe go fóill ar easpórtáil/iompórtáil amhábhhar. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tíortha sa Domhan Theas fós ag easpórtáil a gcuid táirgí amh seachas bonn déantúsaíochta a chruthú, ceann a chuideodh le níos mó den bhrabús a choinneáil i bpobail áitiúla. Cuireann samhail na Cóirthrádála srian fós ar fhás agus ar fhorbairt eacnamaíoch. Is iad na comhlachtaí móra ilnáisiúnta na fíorbhuaiteoirí i gcónaí (Larkin et al., 2018).



Conas a théann an tsamhail bhreisluacha chun tairbhe na bpobal?

Barra caighdeánach (€1.50)	Méid faighte	% faighte
Feirmeoirí	7.5	5
Déantóirí	70c	47
Iompróir tras-ilchríochach	5c	3
Soláthraithe/Dáilitheoirí	13.5c	9
Mórdhíoltóirí/Miondhíoltóirí	25.5c	17
Cáin rialtais (CBL srl)	28.5c	19

Tábla 6: Briseadh Síos ar bhrabús an tslabhra luacha seacláide le cur chuige breisluacha

Léiríonn an cló glas an t-airgead agus an céatadán a fhanann sa tír táirgthe, sé sin sa Domhan Theas.

Athmhachnamh ar Shlabhraí luacha

Ó fuair siad neamhspleáchas, tá tíortha san Afraic fós ar aistear fada chun an bunú eacnamaíoch seo a aisiompú. Tá Uachtarán Ghána, an tUasal Nana Akufo-Addo, mar shampla, ar thaifead maidir leis an seasamh radacach a ghlac sé in 2021. Le linn cuairte ar an Eilvéis, dúirt sé le Parlaimint na hEilvéise go stopfadh Gána easpórtáil cócó neamhphróiseáilte agus ina ionad sin go dtosódh siad ag easpórtáil seacláid a bheadh déanta go hiomlán i nGána (The Conversation agus Abubakar, 2021).



Tá fiontraihte san Afraic ag tabhairt aghaidh ar an éagothroime trádála freisin, agus roinnt comhlachtaí seacláide déanta-san-Afraic ag teacht chun cinn, ar nós [MIA](#), [Menaco](#), agus [Loshes Chocolate](#). Tá dúshlán ollmhór le sárú ag na comhlachtaí sin dul in iomaíocht le bunáiteanna déantúsaíochta seanbhunaithe sa Domhan Thuaidh, a bhfuil an margadh seacláide domhanda gafa acu le fada an lá, agus a gcuid rialtas go gníomhach ag cosaint a gcuid margaí trí tharaifí níos airde agus bacainní diana neamhtharaife eile a fhorchur go háirithe ar tháirgí déantúsaíochta as áiteanna eile (Barratt Brown, 1993). Tá difríocht shuntasach idir taraifí ar amhábhbar agus earraí tomhaltais san AE (Eurostat, 2022). Mar sin féin, de bharr níos mó teicneolaíochta ar líne, agus margaí freisin do chustaiméirí a bhfuil fonn orthu ceannach ar líne agus ó chomhlachtaí déanta-san-Afraic agus asraonta Cóirthrádála, tá dul chun cinn á dhéanamh ag fiontraihte ón Afraic.

Tá an tsuim airgeadais a fhaigheann an Afraic trí thrádáil le hÉirinn beag i gcomparáid leis an méid a ghnóthaíonn Éire. Tá sé seo amhlaidh a bheag nó a mhór, mar gheall ar go gceannaíonn Éire, cosúil le go leor tíortha eile sa Domhan Thuaidh, earraí amha ón Afraic, agus go gceannaíonn an



Afraic táirgí déantúsaíochta breisluacha ó Éirinn agus ó thíortha eile sa Domhan Thuaidh. Ar an dara dul síos, níl tíortha an leathsféar thuaidh ag spreagadh caidreamh trádála a ligfidh do thíortha na hAfraice tairbhe comhionann a fháil trí tháirgí déanta san Afraic a phróiseáil agus a dhíol.

Feicimid níos mó poiblíochta faoin gcúnamh a thugann rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha don Afraic ná faoin trádáil – nó a easpa – a dhéanann siad le tíortha san Afraic. Faoi láthair, táthar ag féachaint na suimeanna réasúnta beag a thugtar i gcabhair a mhéadú chun cloí leis an gCúnamh Oifigiúil Forbartha (COF, nó ODA sa Bhéarla) agus le spriocanna thuairimí an phobail, in áit trádáil chomhthairbheach agus brabúsach a mhéadú idir an Domhan Thuaidh agus tíortha san Afraic.

Cé go ndíríonn an cás-staidéar seo ar sheacláid, baineann na prionsabail céanna le go leor tráchtearraí eile a easpórtáiltear ón Domhan Theas. Ba chóir dúinn málaí tae a iompórtáil seachas duilleoga tae, caife próiseáilte seachas pónairí caife srl. Léiríonn slabhraí luacha “bealaí struchtúracha inar féidir dul i ngleic le bochtaineacht” (O’Caoimh agus Nyaluke, 2019) mar go léiríonn siad lomchlár na fírinne maidir leis an ord eacnamaíoch atá dírithe i bhfabhar an Domhan Thuaidh atá níos saibhre.



Caibidil 17: Coimhlint

Benjamin Mallon



Is gné de chaidreamh daonna agus cuid den ghnáthshaol laethúil í an choimhlint. D'fhéadfadh torthaí dearfacha agus uaireanta cruthaitheacha a bheith mar thoradh uirthi (Fisher et al., 2000). Cé gur féidir neamhaird, bainistiú nó réiteach a dhéanamh ar fhorhóir na gcoimhlintí a d'fhéadfadh a bheith eadrainn, tarlaíonn siad uaireanta ar scála níos mó, a áiríonn grúpaí daoine, fiú tíortha. Uaireanta ní bhíonn sé éasca iad seo a réiteach, agus de réir mar a théann am ar aghaidh, éiríonn siad níos casta de ghnáth. Uaireanta eascraíonn foréigean as coimhlintí, agus ar scála níos mó, cogadh (Davies, 2004). Déannann cogaí dochar ollmhór do shaol agus do shlite beatha daoine ar fud an domhain, agus is minic a dhéanann siad dochar ar leith agus dochar fadtéarmach do leanaí.

Nuair a bhíonn coimhlint á plé againn, is minic a smaoinimid ar shíocháin. Labhraíonn Galtung (2011) faoi leibhéil éagsúla síochána. Ar an gcéad dul síos, pléann sé síocháin dhiúltach, is é sin easpa foréigean díreach: d'fhéadfadh sé seo tarlú nuair a stopann an dá thaobh den troid. Ach aithnítear freisin nach mór bogadh níos faide ná sin – i dtreo síocháin dhearfach, nuair a bhíonn comhtháthú sóisialta agus cothromas i measc daoine.

Sa chuid seo déantar breithniú ar mheonta maidir le coimhlint, mar shaincheist idirphearsanta, ceangailte le heispéiris áitiúla, agus mar shaincheist a bhaineann le hidirnascaid domhanda.

Cé go dtuigimid gur féidir le coimhlint a bheith ina saincheist idirphearsanta, idir beirt, aithnímid chomh maith gur féidir le coimhlint a bheith ina cuid thábhachtach den chomhrá, ina dtagann daoine ar mheonta éagsúla ar shaincheisteanna áirithe agus ina mbíonn siad ag foghlaim uathu.

Is cur chuige oideachais é Cleachtas Aisiríoch (CA) a fhéachann le caidreamh dearfach a fhorbairt idir daoine, bunaithe ar shraith prionsabal agus cleachtas. Cuireann eagraíochtaí ar nós an [Tionscnamh Forbartha don Óige](#) seisiúin agus acmhainní gairmiúla foghlama ar fáil do mhúinteoirí sa réimse seo. Míníonn Duke (2019) conas is féidir le CA samhail a sholáthar do chaidreamh measúil, trí éisteacht ghníomhach agus forbairt ar litearthacht mhothúcháinach. Rud atá





tábhachtach, is féidir le CA tacú le hathrú dearfach ar choimhlint, ag cinntiú go gcaitear leis na daoine rannpháirteacha le meas, go léiríonn éascaitheoirí iompraíocht dhearfach. I gcomhthéacs an oideachais, cinntíonn CA go gcuirtear deiseanna ar fáil do leanaí chun saincheistanna sna seomraí ranga agus ag leibhéal na scoile uile a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus go bhforbraíonn siad na scileanna chun coimhlint a bhainistiú ar bhealach dearfach.

Tá a fhios againn freisin gur féidir le teaghlaigh agus pobail baint a bheith acu leis na tuiscintí ar choimhlint (McCully, 2006) rud a chiallaíonn go gcaithfidh múinteoirí smaoineamh ar an gcaoi a bhféadfadh coimhlint a bheith ina gné dá gcomharsanacht, agus ina gné de shaol leanaí. (Mar shampla, bhí tionchar suntasach ag an gcoimhlint a bhí ar bun ar oileán na hÉireann (idir na 1970idí go dtí na 1990idí, ar a dtugtaí 'na Trioblóidí') ar dhaoine agus ar shochaithe i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann). Beidh impleachtaí ag an gcomhthéacs seo ar an dóigh a mbreathnaíonn daoine ar shaincheistanna coimhlinte agus síochána i sochaí. Tá daoine freisin i go leor pobal a bhfuil naisc phearsanta domhain acu le coimhlint in áiteanna eile. B'fhéidir gur chónaigh siad, nó go bhfuil daoine muinteartha leo ina gcónaí i dtír ina bhfuil coimhlint fhoréigineach ag tarlú inti. B'fhéidir gur fhág roinnt daoine tíortha mar gheall ar choimhlint fhoréigineach, mar dhídeanaithe, mar dhaoine ag lorg tearmainn, nó fáthanna eile. Tá sé tábhachtach smaoineamh ar na heispéiris seo agus ar na tuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ag daoine.

Is minic a bhaineann an tOideachas Saoránachta Domhanda le smaoineamh na hidirnascthachta, agus an ceangal a bhíonn idir daoine ar fud an domhain ar bhealaí nach mbeifeá ag súil leis uaireanta. Is minic go n-áiríonn na naisc seo caidrimh a bhíonn míchothrom (m.sh. a d'fhéadfadh dul chun sochair do ghrúpa amháin agus chun dochair do ghrúpa eile) nó, i gcásanna áirithe, a bhaineann le coimhlint fhoréigineach. Aithníonn Davies (2006, lth.10) é seo nuair a deir sí:

“Aithnítear le féiniúlacht saoránachta dhomhanda gur annamh a bhíonn coinbhleacht agus síocháin coinnithe laistigh de theorainneacha náisiúnta ar an gcéad dul síos, agus ar an dara dul síos go mbíonn sochaithe cobhsaí fiú bainteach le cogadh in áiteanna eile - cibé acu de réir réamhshocrú (roghnú gan idirghabháil a dhéanamh) nó go gníomhach i dtéarmaí ionsaithe agus ionraidh”.

Ag cur leis seo, d'fhéadfadh daoine táirgí a cheannach a thagann as réigiúin a bhíonn buailte ag coimhlint fhoréigineach, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh na táirgí sin iad féin a bheith ina gcúis le coimhlint (mar shampla, miotail tearc-chré a bhaintear i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a úsáidtear i ndéantús earraí teicneolaíochta). D'fhéadfadh go gcuirfí iallach ar dhaoine teitheadh ón gcogadh, ag bogadh trasna teorainneacha idirnáisiúnta chun tearmann a lorg agus, agus á dhéanamh sin dóibh, go gcruthóidís naisc thábhachtacha. Ceanglaíonn an trádáil arm domhanda, agus díol arm cogaidh comhlachtaí, rialtais agus daoine i go leor áiteanna sa domhan le foréigean in áiteanna eile, agus is airgead é a atreoraítear ó réimsí eile, ar nós oideachas. Léiríonn gach ceann de na naisc seo an chaoi go bhfuilimid ceangailte le coimhlint agus cogadh, agus ardaíonn sé ceistanna faoi na bearta ba chearta a dhéanamh chun dul i ngleic le foréigean a chuireann srian le cearta an oiread sin daoine ar fud an domhain.



Coimhlint agus Scolaíocht

Smaoinítear go minic ar scoileanna mar áiteanna síochánta, ar féidir le leanaí foghlaim faoi choimhlint agus síocháin. Tá sé tábhachtach a aithint áfach go léiríonn taighde idirnáisiúnta gur áiteanna iad scoileanna freisin inar féidir le leanaí foréigean a fhulaingt ó chomhghleacaithe agus ó mhúinteoirí (Harber, 2004). Aithnítear freisin gur féidir le scoileanna agus córais oideachais cur le coimhlint (Davies, 2004), tríd an méid a mhúintear (leaganacha ar leith den stair), agus tríd an gcaoi a gcuirtear córais oideachais ar bun, mar shampla, polasaithe iontrála scoile a threisiónn an deighilt idir grúpaí sa tsochaí. Tugtar le fios le taighde go bhféadfaimis tuiscint a fháil ar chogadh sula dtuigimid coincheap na síochána (Hakvoort, 1996). Ach ag an am céanna tá a fhios againn freisin go mb'fhéidir go bhforbróimid dearcthaí a dhiúltaíonn do chogaí de réir mar a théann muid in aois, agus gur minic a thuigtear an tsíocháin mar chiúnas nó príobháideacht (Tepfly, 1985).

Ábhar machnaimh tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ann do mhúinteoir ná – cé chomh mór agus a d'fhéadfadh an córas oideachais ina bhfuilim ag múineadh ann gnéithe den choimhlint a neartú? Agus cé chomh mór agus a thacaíonn an córas oideachais seo le forbairt comhtháthú sóisialta agus cothromais ar fud na sochaí? D'fhéadfaí machnamh eile a dhéanamh sa seomra ranga, mar shampla Cé na gnéithe den churaclam a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil do pháistí coimhlint a fhiosrú agus smaoineamh ar an tsíocháin?

Nóta tráchta ar chomhfhreagracht

Cé go bhféadfadh sé gurb í an *fhreagracht* “an bealach is riachtanaí chun síocháin a chruthú” (Reardon, 1988, lth.62), tá sé tábhachtach smaoineamh go bhfuil an fhreagracht seo roinnte sa tsochaí agus nach ar dhaoine aonair amháin a luíonn sí. Labhraíonn Esquith (2010) faoin tábhacht a bhaineann le breathnú ar líonraí freagrachta níos leithne, agus tá sé seo fíor ach go háirithe nuair a bhíonn saincheisteanna chomh casta le coimhlint dhomhanda á mbreithniú. Tá go leor eagraíochtaí ag obair chun dul i ngleic le coimhlint fhoréigineach agus chun síocháin a chur i réim mar chuid de chomhghníomhú sochaíoch níos leithne. D'fhéadfadh na gluaiseachtaí seo samplaí agus bealaí féideartha a thairiscint chun féachaint ar an gcaoi a bhféadfaí an chomhfhreagracht do chruthú sochaithe síochánta a chomhlíonadh. Ar ndóigh, is ar na rialtais atá an fhreagracht mhór as saol síochánta a chinntiú. Mar sin, tá sé tábhachtach go n-aithneofaí an caidreamh ingearach atá ann idir daoine aonair agus na rialtais náisiúnta (agus, i gcomhthéacs na hÉireann, na hEorpa) a fhreastalaíonn orthu (Osler agus Starkey, 2010), agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir linn a bheith cumhachtaithe maidir le gníomhú laistigh de na líonraí níos leithne freagrachta seo ar mhaithe le síocháin.

Cuid III

Tá sé mar aidhm ag Cuid III tú a spreagadh, a ghríosú agus a chumasú chun OSD a thabhairt isteach i do chleachtas i seomraí ranga bunscoile. Tá an leabhar seo bunaithe ar an smaoineamh gur cineál gníomhaíochais í an mhúinteoireacht, agus mar sin cuirtear na cuir chuige agus na smaointe i gCuid III ar fáil chun straitéisí agus samplaí praiticiúla a sholáthar duit maidir le conas OSD a thabhairt isteach i do chleachtas ar bhealach a spreagfaidh do dhaltaí le bheith ina saoránaigh dhomhanda criticiúla, cruthaitheacha agus gníomhacha ag obair ar son domhan níos fearr.

Díríonn an chuid seo ar an 'conas' a bhaineann le hOSD agus cuimsíonn sí ceisteanna maidir le do sheomra ranga a bhunú mar spás cuimsitheach, daonlathach, conas dul i ngleic le conspóid sa seomra ranga, agus smaointe maidir le hoibriú laistigh de struchtúir scoile. Ina theannta sin, tá roinnt caibidlí an-phraiticiúil i gCuid III a thugann breithnithe praiticiúla agus samplaí ar conas modheolaíochtaí OSD ar leith a thabhairt isteach i do theagasc féin.

Tá eiseamláirí praiticiúla breise ag gabháil le roinnt caibidlí i gCuid III atá le fáil sna hagusíní ag deireadh an leabhair seo. I dteannta a chéile, ba chóir go dtacódh na caibidlí agus na hagusíní leat chun OSD a thabhairt isteach i do chleachtas ranga ag leibhéal ranga ar bith.



Caibidil 18:

Modheolaíochtaí idirghníomhacha

Brigid Golden



Is gnách go mbíonn an chuid is mó d'eispéiris teagasc agus foghlama OSD dialógach agus eispéireasach, ag spreagadh rannpháirtíocht ghníomhach agus ag cur ar chumas na mac léinn a bheith páirteach ina gcuid foghlama. Cé nach bhfuil aon churaclam náisiúnta nó idirnáisiúnta críochnaitheach ann don OSD, cuireann eagraíochtaí sa réimse ag a bhfuil treoirlínte OSD scríofa acu béim ar a thábhachtaí agus atá sé a chinntiú go mbíonn teagasc agus foghlaim OSD idirghníomhach agus tarraingteach d'fhoghlaimoirí.

Samplaí de na heagraíochtaí seo ná:

- **IDEA** (Cumann na hÉireann um Oideachas Forbartha) (2019, gan leathanach) a dhearbhaíonn, ina [Chód Dea-Chleachtais don Oideachas Forbartha](#), an tábhacht a bhaineann le “modheolaíochtaí rannpháirtíochta, cruthaitheacha” a úsáid agus a mholann a chinntiú go gcloíonn na hacmhainní a úsáidtear le caighdeáin ardcháilíochta a thagann le dea-chleachtas sa réimse.
- **Oxfam** (2015, lth.11) tá acmhainní éagsúla curtha le chéile acu chun tacú le teagasc OSD, agus ina bhfoilseachán [Global Citizenship in the Classroom: A Guide for Teachers](#) leagtar béim ar an ngá atá le “seomra ranga gníomhach, rannpháirteach” agus tá meascán d'ábhair éagsúla sa treoir chun tacú le teagasc idirghníomhach,
- **EOECNA (UNESCO 2015, lth.53)** a mhaíonn, ina ndoiciméad [Oideachas Saoránachta Domhanda: Ábhair agus Cuspóirí Foghlama](#), an gá atá le cinntiú go gcothaíonn cleachtais teagasc agus foghlama “éiteas measúil, cuimsitheach agus idirghníomhach sa seomra ranga agus sa scoil”. Chun tacú leis an gcur chuige seo molann EOECA (UNESCO 2015, lth.53) go n-áireofaí “acmhainní foghlama atá dírithe ar an domhan”,
- **Comhairle na hEorpa** (2019, lth.8) a liostaíonn mar cheann de phrionsabail na modheolaíochta oideachais dhomhanda go mbeadh sé “rannpháirteach sa phróiseas agus sna spriocanna” agus a leagann béim sna [Treoirlínte maidir le hOideachas Domhanda](#) gur chóir go mbeadh modhanna múinte idirghníomhach agus tarraingteach.



Sna chéad chaibidlí eile déantar scrúdú ar roinnt modheolaíochtaí idirghníomhacha coitianta ar nós úsáid a bhaint as íomhánna, cluichí, físeáin, pictiúrleabhair, na healaíona, mar aon le plé chun teagasc agus foghlaim OSD a fheabhsú. Tabharfaidh gach caibidil forléargas ar na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige ar leith mar aon le roinnt samplaí maidir leis an gcaoi chun é a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Níl na modheolaíochtaí seo fite fuaite le haon topaic OSD, le hábhar curaclaim nó le leibhéal ranga ar bith ach tá siad feiliúnach le húsáid thar raon réimsí agus leibhéal ranga. Is é an rud is tábhachtaí le cur san áireamh agus modheolaíochtaí oiriúnacha á roghnú ná an mbeidh tú in ann na cuspóirí/torthaí foghlama curaclaim a bhaint amach leo.



Caibidil 19: Íomhánna, físeáin, agus teachtaireachtaí

Brigid Golden agus Aoife Titley



Is féidir breathnú ar ghrianghraif agus físeáin mar ‘fhuinneoga’ agus mar ‘scátháin’ a thugann léargas dúinn ar mheonta éagsúla agus ar thaithí saoil daoine eile. Mar thoradh air sin, is uirlis chumhachtach iad ar féidir leo tacú le teagasc agus le foghlaim OSD. Is féidir leo araon a bheith ina n-uirlisí sármhaith le húsáid mar go ligeann siad do mhúinteoirí guthanna agus eispéiris daoine a bhfuil a saol difriúil óna saol féin a thabhairt isteach sa seomra ranga. In Agusín 1 tá iliomad samplaí de ghníomhaíochtaí a bhféadfaí íomhánna agus físeáin a úsáid i dtaca leo sa seomra ranga.

Spreagann OSD scrúdú ar ilmheonta chun ábhair a bhíonn casta agus conspóideach go minic a fhiosrú ar mhaithe le fírinne an domhain thart orainn a theagasc. Mar sin féin, sa seomra ranga ní féidir i gcónaí foghlaim go díreach ó dhaoine a bhfuil taithí phearsanta acu ar na saincheistanna a bhíonn á gcíoradh. Nuair nach féidir cuireadh a thabhairt isteach nó bualadh le duine a bhfuil eolas díreach nó taithí acu ar thopaic, is féidir le grianghraif léargas a thabhairt ar shaol daoine eile agus is féidir físeáin a úsáid chun ligean do dhaoine a gcuid scéalta féin a insint agus chun cur ar chumas foghlaimeoirí dearthaí iolracha a fháil agus a n-ionbhá agus a dtuiscint níos leithne ar thopaic a fhorbairt. Ina theannta sin, cuireann grianghraif agus físeáin araon leideanna amhairc láidre ar fáil a chuidíonn le foghlaimeoirí dul i ngleic le topaic. Is féidir leis seo cabhrú le foghlaimeoirí chun níos mó tuisceana a fháil ar thopaic casta thar an méid a gheobhaidís as an téacs amháin.

Chun a chinntiú go n-úsáidtear grianghraif go heiticiúil agus go héifeachtach, ní mór machnamh a dhéanamh ar roinnt fachtóirí agus pleanáil chun cinn á dhéanamh le haghaidh cur chuige oideolaíoch spriocdhírthe agus cuí. Tá tuilleadh treorach ar fáil thíos, arna spreagadh ag deachleachtas reatha OSD, go háirithe [Cód Iompair Dóchas ar Íomhánna agus Teachtaireachtaí](#) agus na [Treoirínte Comhlámh d’oideoirí bunscoile maidir le bheith ag obair le grianghraif ó áiteanna ar fud an domhain](#). Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil Dóchas ag déanamh athbhreithniú ar a gCód um Íomhánna agus Teachtaireachtaí faoi láthair mar sin déan cinnte go gcoinníonn tú tú féin ar an eolas faoi dhíospóireachtaí agus treoirínte reatha sa réimse seo.





Ar dtús, ní mór don mhúinteoir smaoineamh ar a gceangal pearsanta le grianghraif. Ar chuala tú tú féin ag rá aon cheann acu seo a leanas riamh:

- 'Ná tóg grianghraf díom anois!'
- 'Ná cuir an grianghraf sin suas ar Instagram!'
- 'Ná taispeáin an grianghraf sin d'aon duine!'

1. An 'Bunriail': Má léiríonn an grianghraf nó an físeán rud éigin fúinn féin nó duine a bhfuil grá againn dóibh agus nach bhfuilimid sásta a chomhroinnt, níor cheart dúinn é a chur san áireamh inár gcleachtas ranga.

- 2. Leag síos caighdeáin arda duit féin mar oideoir:** Cloígh leis na caighdeáin is airde cearta daonna is féidir leat agus tú ag roghnú íomhánna nó físeáin. Seachain acmhainní a léiríonn daoine ar bhealach neamh-dhíniteach nó neamh-ómósach ar nós nuair a bhíonn siad an-dona leis an ocras, ag dul trí na hamanna is tragóidí nó is éadóchasáí ina saol. Is minic a bhíonn go leor droch-chleachtais in ábhair oideachais fhoirmiúla ar nós téacsleabhair, rud nach gceistítear go minic. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn roghanna eolacha eiticiúla a chosnaíonn na bunluachanna a bhaineann le meas, dlúthpháirtíocht, comhionannas agus ceartas lárnach i do phróiseas cinnteoireachta.
- 3. Seachain an 'scéal aonair':** Úsáid ábhair chothromaithe. Agus tú ag roghnú ábhar chun éagóir dhomhanda ar leith a léiriú, cinntigh go léiríonn na cinn a phiocann tú éagsúlacht daoine, áiteanna agus cásanna. Seachain íomhánna a d'fhéadfadh steiréitíopáil nó ginearálú a dhéanamh ar dhaoine nó áiteanna. Tá sé tábhachtach nach gcuirtear réigiúin mhóra geografacha i láthair mar réigiúin aonchineálacha agus go dtugtar léiriú ar mheascán éagsúlachtaí – sóisialta, eitneach, inscne srl – nuair is féidir é.
- 4. Seachain clíchéanna agus steiréitíopaí:** Uaireanta bíonn ábhair a úsáidtear i seomraí ranga ag brath an iomarca ar dhearcthaí agus ar smaointeoireacht clíché a d'fhéadfadh teachtaireacht laghdaitheach a thabhairt faoi shaincheisteanna casta ceartais dhomhanda. Seiceáil na hábhair ó thaobh toin, cruinnis, teachtaireachtaí contrártha ar na hábhair, agus cinntigh nach bhfuil an teanga a úsáidtear ró-atharthaíoch, seintimintiúil, nó claonta.
- 5. Fan Amach ó íomhánna 'd'íospartaigh':** Tá sé tábhachtach a chinntiú nach gcuirtear daoine a bhíonn thíos leis an ansmacht i láthair mar íospartaigh nach bhfuil in ann tada a dhéanamh dóibh féin. Tá sé ríthábhachtach daoine a léiriú mar ghníomhairí gníomhacha ina bhforbairt féin, agus mar sin próifíliú a dhéanamh ar ghníomhaithe agus ar lucht déanta athruithe ón Domhan Theas atá i gceannas ar an troid i gcoinne mí-úsáidí cearta daonna. Cinntigh go mbíonn deis ag na daoine a bhfuil a gcás á léiriú a scéal féin a chur in iúl trí insintí barántúla, ráitis agus ionchur díreach nó indíreach eile. Cuireann insintí gaisce, meon tarrthála agus an coincheap 'Daoine Geala ina Slánaitheoirí' leis an tuairim go bhfuil réitigh na gceisteanna casta ceartais ag oibrí deonach an Tuaiscirt, a chríochnaíonn suas ansin mar an príomhphearsa i scéal seo na forbartha domhanda.



- 6. Féach le hionadaíocht nádúrtha a dhéanamh ar ghrúpaí mionlaigh:** Cuir íomhánna de ghrúpaí mionlaigh, mar shampla, daoine faoi mhíchumas, nó baill de ghrúpaí mionlaigh eitneacha, san áireamh go cuí agus go nádúrtha. Is féidir le hionadaíocht neamhdháiríre nó dromchlach an bonn a bhaint de spriocanna OSD maidir le comhionannas agus dlúthpháirtíocht.
- 7. Smaoinigh ar eitic an cheada:** Le ró-fhada, cuirtear daoine a bhfuil a gcearta daonna i gcontúirt i láthair mar choirp gan ainm, gan aghaidh. Nuair is féidir é, sainaithean agus ainmnigh iad siúd atá sna hábhair a úsáidtear, agus faigh cead roimh ré. Úsáid íomhánna, teachtaireachtaí, agus cás-staidéir faoi réir thuiscint agus rannpháirtíocht iomlán na bpearsan (nó tuismitheoirí / caomhnóirí na bpearsan). Tá cásanna dlisteanacha ann nuair nach bhfuil sé oiriúnach go n-ainmneofaí duine i ngrianghraf, mar shampla gníomhaí a d'fhéadfadh a bheith á gcur féin i gcontúirt trína gcuid oibre ceartais. Nuair nach dtógann tú an grianghraf tú féin, déan iarracht íomhánna a fháil ó fhoinsí creidiúnacha a leanann na treoirlínte seo.
- 8. Admhaigh an tábhacht a bhaineann le comhthéacs:** Cuir comhthéacs ar fáil do na híomhánna nó dóibh siúd atá iontu. B'fhéidir nach léireodh roinnt ábhar feachtais ar nós grianghraif nó manaí ach 'breacléargas' ar chás. Bí feasach go bhféadfadh an íomhá a bheith curtha as riocht nó cúbláilte ar bhealach éigin, mar shampla trí eagarthóireacht, bearradh srl. Bí criticiúil faoi fhoinsí agus rianaigh cá háit as ar tháinig an íomhá. An bhfuil sé ina fhoinse iontaofa nó ina fhoinse ar féidir brath air? An féidir leat a bheith cinnte faoin mbunús agus faoin gcomhthéacs ionas gur féidir an grianghraf a úsáid mar acmhainn bharántúil? Mura bhfuil tú cinnte ar cuireadh comhthéacs cuí san áireamh, fiafraigh díot féin an gcuireann na hábhair i dtreo toimhdí steiréitíopacha nó gáifeacha tú, agus smaoinigh ar na rudaí nach bhfuil ar eolas agat ach a líon tú isteach i ngan fhios duit féin.

Pictiúir agus físeáin a aimsiú

Nuair a bhíonn físeáin á bhfoinsiú tá sé tábhachtach a bheith airdeallach ar aon chlaonadh nó plean a d'fhéadfadh a bheith ag na cruthaitheoirí. Cé go gcruthaíonn agus go roinneann go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhar ar líne, bíonn siad dírithe go minic ar sprioc ar leith cosúil le tiomsú airgid nó tacaíocht d'fheachtas ar leith. Níor cheart go gcuirfeadh sé seo cosc ar ábhair dá leithéid, ach tá sé tábhachtach go dtuigimid an fócas agus muid ag breathnú orthu. Nuair is féidir é, ba cheart go gceadódh na hábhair roghnaithe do dhaoine a gcuid scéalta féin a insint gan iad a bheith nasctha le plean níos leithne na heagraíochta. Tá sé tábhachtach freisin oiriúnacht an fhíseáin a chinntiú i gcás grúpaí ranga ar leith: b'fhéidir nach mbeadh go leor físeán ar thopaicí OSD oiriúnach do lucht féachana níos óige agus mar sin tá sé tábhachtach go mbreathnaíonn an múinteoir ar gach físeán **ó thús deireadh** sula n-úsáideann sé/sí sa seomra ranga é.

Cé go bhfuil pacáistí grianghraf ag go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ar fáil saor in aisce i gcóip chrua nó i gcóip bhog le húsáid sa seomra ranga, ba cheart duit smaoinemh ar do chuid féin a fhorbairt freisin. Aon uair a fheiceann tú íomhánna nó grianghraif oiriúnacha in irisí nó i bhfógraí, gearr amach iad agus tosaigh ag cruthú do phaca féin. Cuimhnigh foinsí na n-íomhánna a rianú agus smaoinigh ar na treoirlínte atá sa chaibidil seo. Tá roinnt samplaí d'áiteanna inar féidir íomhánna a aimsiú san eolaire acmhainní ag deireadh an leabhair seo.

Caibidil 20: Plé a Úsáid

Brigid Golden



“Is próiseas í an fhoghlaim ina gcuirtear eolas os ár gcomhair, a mhúnlaítear ansin trí thuiscint agus trí phlé”

(Freire, 2005)

Is féidir le plé a bheith ina uirlis taitneamhach idirghníomhach le cur ar chumas na bhfoghlaimoirí a gcuid smaointe agus tuairimí féin a roinnt agus a mheas trí dheiseanna a éascú chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama trí dhul i ngleic le dearcthaí eile. Ina theannta sin, tacaíonn úsáid díospóireachta sa seomra ranga le foghlaimoirí lena muintín a fhorbairt maidir le dul i ngleic le saincheisteanna casta ceartais dhomhanda lasmuigh den seomra ranga trí dheiseanna a thabhairt lena gcuid foghlama a chur i bhfeidhm agus a gcuid smaointe a thástáil lena bpiaraí i dtimpeallacht thacaithe. Trí dheiseanna a chur ar fáil do phlé sábháilte agus tacaithe, cumasaítear agus spreagtar foghlaimoirí leanúint lena bpáirteachas i saincheisteanna ceartais dhomhanda ina saol taobh amuigh den oideachas. Go deimhin, is minic gur féidir le plé an spreagadh sin a mhúsclaíonn suim agus baint níos fadtéarmaí le saincheist a sholáthar mar go dtugann sé deis d’fhoghlaimoirí a dtuairimí agus a bhfreagrachtaí féin a mheas i gcomhthéacs a gcuid foghlama féin agus an ionchuir óna bpiaraí agus óna múinteoir.

Go minic nuair a bhíonn saincheisteanna casta agus conspóideacha maidir le ceartas domhanda á bplé éascaítear dearcthaí éagsúla mar aon le dearcthaí difriúla uaireanta. Mar sin, tá sé tábhachtach sraith bunrialacha a fhorbairt i dteannta na bhfoghlaimoirí chun tacú le héascaíocht ar phlé agus díospóireacht. I mbunrialacha an phlé d’fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas:

- Níor cheart go mothódh duine ar bith fágtha amach,
- Tá gach duine freagrach as a chinntiú go bhfuil atmaisféar an tseomra ranga compordach, sábháilte, agus neamhbhreithiúnach trí mheas a léiriú ar dhaoine eile,
- Níor cheart d’aon duine a rá le duine eile céard ba cheart dóibh smaoineamh air nó céard ba cheart dóibh mothú,
- Níl na freagraí ar fad ag aon duine – fiú amháin ag an múinteoir,



- Ba chóir do gach duine a ndícheall a dhéanamh maidir leis na trí phríomhdhúshlán seo: fanacht dírithe, smaoinemh go dian agus oibriú mar fhoireann.



Cuireann [*Spás Oscailte le haghaidh Comhphlé agus Faisnéis \(SOCF, nó OSDE sa Bhéarla\)*](#), arna fhorbairt ag *Centre for the Study of Social and Global Justice* i nDarbaí, Sasana, modheolaíocht ar fáil chun spásanna sábháilte a struchtúró le haghaidh comhrá agus fiosrúcháin, spás ina mothaíonn rannpháirtithe compordach iad féin a chur in iúl agus aon cheist a bhíonn acu a chur gan a bheith ag mothú náirithe nó neamhchliste. Is iad seo a leanas prionsabail SOCF (Andreotti et al., 2006) :

1. Tugann gach duine eolas bailí agus dlisteanach chuig an spás bunaithe ar a gcomhthéacsanna féin,
2. Tá an t-eolas go léir ina pháirt-eolas agus neamhiomlán,
3. Is féidir gach eolas a cheistiú.

Tá go leor cur chuige ann a éascaíonn plé sa seomra ranga; mar sin féin, cuireann na samplaí in Aguisín 2 roinnt cur chuige struchtúrtha ar fáil a nascann forbairt scileanna le sealbhú agus feidhmiú eolais d'fhoghlaimoírí.



Caibidil 21: Acmhainní a chruthú

Brigid Golden



Tá acmhainní riachtanach i ngach seomra ranga chun tacú le heispéireas teagaisc agus foghlama na scoláirí agus na múinteoirí araon. Tacaíonn ábhair acmhainne le múinteoirí lena gcuid scoláirí a chur i ngleic le foghlaim ghníomhach agus rannpháirteach. I measc na n-acmhainní ranga tá cinn a thacaíonn leis an bpróiseas foghlama, ar nós cluichí, bileoga gníomhaíochta, grianghraif, físeáin, leabhair agus póstaer. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh ábhair sna hacmhainní a thacódh le múinteoirí lena dtuiscint féin ar thopaicí a fheabhsú nó a chuideodh leo le linn an phróisis pleanála, ar nós pleananna ceachta réamhdhéanta, lámhleabhair threoracha, nó nótaí agus treoracha do mhúinteoirí. Éilíonn OSD cur chuige idirghníomhach i leith an teagaisc agus na foghlama agus is féidir acmhainní a úsáid chun an idirghníomhaíocht seo a éascú sa seomra ranga agus chun níos mó rannpháirtíochta a bheith ag na mic léinn le topaicí casta.

Agus tú ag lorg acmhainní le húsáid, ba cheart duit iarracht a dhéanamh i gcónaí a chinntiú go bhfuil tú ag baint úsáid as acmhainní OSD a bhíonn ar ardchaighdeán. Sna [Treoirínte um Fhorbairt Acmhainní Oideachais Forbartha](#) cuirtear béim ar cad ba cheart duit a bheith ag faire amach dó. Moltar sna treoirínte (Coyle et al., 2014) gur cheart d'acmhainní OSD ar ardchaighdeán:



- Díriú go sonrath ar phríomhcheisteanna forbartha agus cearta daonna go háitiúil agus go hidirnáisiúnta,
- Eolas a thabhairt agus feacht a ardú ar shaincheisteanna forbartha ó thaobh ceartais agus/nó cearta de,
- Saincheisteanna áitiúla agus domhanda a nascadh,
- Cead a thabhairt do dhaltaí a gcuid eolais agus smaointe, a ndearcadh agus a luachanna, agus a gcumas agus scileanna a fhorbairt,
- Déileáil go criticiúil le cúiseanna agus éifeachtaí na bochtaineachta agus na héagóra,
- Tuiscint, iniúchadh agus breithiúnas ar phríomh-shaincheisteanna a spreagadh,
- Spreagadh, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhíonn dírithe ar ghníomhú agus machnamh a dhéanamh orthu ar mhaithe le ceartas níos fearr,
- Nuair is cuí agus is féidir é, dea-chleachtas don teagasc agus don fhoghlaim a leanúint sna cuir chuige a bhíonn molta,



- Béim a chur ar smaointeoireacht chriticiúil agus ar ghníomhaíocht fhéintreoraithe,
- Foghlaim ó thaithí agus modheolaíochtaí rannpháirtíochta a chur chun cinn,
- Toimhdí a cheistiú trí dhul i ngleic le dearcthaí iolracha, éagsúla agus conspóideacha,
- Machnamh a dhéanamh ar eispéiris agus ar ghníomhartha.

Tá raon leathan acmhainní OSD ann cheana féin ar féidir le múinteoirí leas a bhaint astu ina seomraí ranga. Tá go leor díobh seo le fáil san eolaire acmhainní ag deireadh an leabhair. Ní shroichfidh gach acmhainn na treoirlinnte idéalacha seo, ach nuair a bhíonn acmhainní á n-aithint agat le húsáid i do chleachtas, is smaoineamh maith é a chinntiú go gcomhlíonann gach acmhainn an oiread de na caighdeáin seo agus is féidir.

I gCód Dea-Chleachtas IDEA don Oideachas Forbartha cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainní agus ábhair ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus a úsáid. Tá sé ráite sa chód freisin go bhfuil sé tábhachtach úsáid a bhaint as acmhainní suas chun dáta, cruinn agus cothrom agus ó fhoinsí éagsúla iontaoifa. Luann IDEA (2019) gur chóir go n-áireodh na hacmhainní guthanna na ndaoine a mbíonn tionchar ag na saincheisteanna atá á bplé orthu nuair is féidir é. Ina theannta sin, cuireann siad (ibid) béim ar a thábhachtaí agus atá sé aghaidh a thabhairt ar laofacht fhéideartha in ábhair a úsáidtear i seomraí ranga chun steiréitíopáil, gáifeachas, agus idirdhealú i gcoinne daoine, cásanna nó áiteanna a chosc agus a cheistiú.

Uaireanta bíonn gá duit d'acmhainní féin a chruthú chun tacú le do theagasc mura féidir leat teacht ar acmhainn a oireann do do riachtanais nó do na torthaí foghlama ar mian leat díriú orthu. Cé go bhfuil raon leathan acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil chun tacú leis an OSD sa seomra ranga, imíonn an t-eolas as dáta, nó b'fhéidir nach bhfuil an fócas nó an spriocghrúpa díreach mar a theastaíonn uait. Go deimhin, thug [an t-iniúchadh ar acmhainní oideachais forbartha in Éirinn](#) aird ar na bearnaí sna hacmhainní atá ar fáil do mhúinteoirí (Daly et al., 2017).






Cineálacha acmhainní:

Resources include anything you can imagine and can include:



Fíor 16: Cineálacha acmhainní

D'fhéadfadh sé a bheith cuidiúil breathnú ar a bhfuil in úsáid agat go héifeachtach cheana féin i do theagasc agus smaoineamh ar bhealaí leis na hacmhainní sin a oiriúnú chun freastal ar do chuid riachtanas.

 Agus tú ag iarraidh do chuid acmhainní féin a chruthú, tá roinnt céimeanna gur féidir leat a leanúint. Tá siad le fáil sna [Treoirlínte um Fhorbairt Acmhainní Oideachais Forbartha](#) agus áiríonn siad (Coyle et al., 2014):

- **Anailís agus pleanáil riachtanas** (ag déanamh amach cad atá uait i do sheomra ranga),
- **Ábhar:** (ag fáil amach an oiread agus is féidir leat faoin topaic atá le bheith ina acmhainn),
- **Stíl an chur i láthair agus cinní teicniúla** (ag smaoineamh ar an gcuma a bheidh ar d'acmhainn),
- **Tástáil agus athbhreithniú ar dhréacht-ábhair** (na hábhair a thriail agus a bheith réidh oiriúnú agus athruithe a dhéanamh mura n-oibríonn siad ar an gcéad iarracht),
- **Dáileadh agus úsáid** (úsáid i do sheomra ranga chomh minic agus is mian leat agus roinn le múinteoirí eile ar mhaith leo é a úsáid),
- **Meastóireacht** (súil a choinneáil ar chomh maith agus atá sé ag obair chun tacú leis an bhfoghlaím i do sheomra ranga)

Rudaí is gá a bhreith agus do chuid acmhainní féin á gcruthú agat:

1. Breathnaigh ar **inoiriúnaitheacht** d'acmhainn – má tá tú ag aimsiú acmhainn nó á cruthú, is smaoineamh maith é déanamh cinnte go mbeidh sí úsáideach duit le haghaidh níos mó ná ceacht amháin. Breathnaigh an bhféadfaí í a úsáid le haghaidh go leor ceachtanna nó an bhféadfaí í a úsáid chun torthaí foghlama ilréimsí den churaclam a bhaint amach. Go minic is féidir acmhainní ar nós tráth na gceist nó cluichí a chur in oiriúint go héasca le haghaidh athúsáid ach lear mór ceisteanna a bheith réitithe agat ionas go mbeidh tú in ann na ceisteanna a athrú gach uair a úsáidtear an fhormáid chéanna.



2. Cinntigh i gcás aon acmhainn a úsáideann tú do theagasc agus foghlaim OSD go gcumasaíonn sí foghlaim **idirghníomhach**. Is féidir le topaicí OSD a bheith casta le tuiscint agus bíonn sé éasca dul i muinín cur chuige ‘cailc agus caint’ nuair nach mbíonn cur amach agat ar theagasc an ábhair. Mar sin féin, tuigfidh na daltaí eolas ar leibhéal níos doimhne má bhíonn deis acu dul i ngleic leis, é a phlé agus é a chur i bhfeidhm ar bhealach éigin.
3. Bí airdeallach ar **iontaofacht** an eolais a bhíonn in aon acmhainn a úsáideann tú nó a chruthaíonn tú. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as eolas iontaofa atá bunaithe ar fhíricí agus tú ag múineadh topaicí OSD lena chinntiú nach gcuireann tú le buanú steiréitíopaí maidir leis an ábhar sin. Má tá scéalta neamhfhicsin, grianghraif nó cás-staidéir in úsáid agat mar chuid de d’acmhainn, cinntigh go bhfuil siad bunaithe ar fhíordhaoine agus ar fhíorimeachtaí. Tá cás-staidéir ag go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ar fáil don phobal agus is féidir iad a úsáid chun do theagasc féin a threorú. Más mian leat carachtair fhicseanúla a chruthú, cinntigh go léiríonn siad cásanna san fhíorshaol.



Caibidil 22: Úrscéalta Ranga a Úsáid

Patricia Kennon



Cé go dtugann gach scéal deiseanna chun saincheistanna cumhachta, féiniúlachta agus pobail a iniúchadh, is féidir le húrscéalta ranga gníomhú mar ardáin chumhachtacha chun samhlaíocht leanaí a spreagadh agus grá don léitheoireacht a chothú. Is féidir le húrscéalta ranga gach seánra a chuimsiú (m.sh. ficsean comhaimseartha, ficsean stairiúil, fantaisíocht, ficsean eolaíochta) agus cuireann siad deiseanna suntasacha ar fáil do scríbhneoireacht, éisteacht agus caint chomh maith le léitheoireacht aonair agus comhléamh. D'fhéadfadh sé a bheith tarraingteach agus mealltach an leabhar aitheanta 'clasaiceach' céanna a roghnú agus a úsáid mar d'úrscéal ranga gach bliain. Mar sin féin, tá stádas faoi leith ag an úrscéal ranga mar 'an' leabhar a mbeidh na páistí go léir ag foghlaim aisti go comhuaineach agus go foirmiúil, ag an am céanna, thar thréimhse leanúnach ama. Tá sé tábhachtach mar sin machnamh a dhéanamh go pearsanta agus go proifisiúnta ar do chinntí maidir le leabhair faoi leith a roghnú nó gan a roghnú mar úrscéalta ranga, ar an gcaoi a léiríonn na breithiúnais seo do luachanna, agus cé chomh mór agus a fhreastalaíonn na leabhair seo ar riachtanais agus eispéiris na bpáistí ar fad i do rang. D'fhéadfadh ról cumhachtach a bheith ag roghnú agus úsáid úrscéalta ó thaobh cur as don "churaclaim folaithe" nó é a bhuanú (na ceachtanna, luachanna agus dearcthaí neamhscríofa, neamhoifigiúla agus go minic neamhbheartaithe a fhoghlaimíonn daltaí ar scoil) chomh maith leis an ["gcuraclam nialasach" \(an t-ábhar a fhágann scoileanna ar lár agus nach múintear\)](#) den chleachtas oideachais. **Uaireanta bíonn an méid nach ndeirtear chomh tábhachtach, nó níos tábhachtaí fiú, ná an méid a deirtear, go háirithe maidir le córais phribhléide, noirm, leithcheal agus éagothroime. Tá sé tábhachtach fáilte a chur roimh scéalta agus scéalaithe domhanda ilteangacha agus iad a leabú i gcultúir laethúla léitheoireachta agus ar liostaí léitheoireachta chun dul níos faide ná an "cur i gcéill" agus chun smaoineamh go criticiúil ar chanóin na litríochta traidisiúnta.**



Mar a deir [#DisruptTexts](#), an bhuneagraíocht a bhunaigh múinteoirí do mhúinteoirí, 'is fuascailt í an litearthacht' agus ní mór d'oideoirí le chéile "curaclam ealaíon teanga níos cuimsithí, níos ionadaí agus níos cothroime atá tuillte ag ár ndaltaí a chruthú" (Ebarvia et al., níl dáta).



Thug gluaiseachtaí agus tionscnaimh le déanaí aghaidh ar éagothroime agus leatrom Eoralárnacha i litríocht páistí ar mhaithe le ficsean agus neamhfhicsean a thugann léiriú ar agus ómós do shaolta ilghnéitheacha gach duine óg a sholáthar agus a chur chun cinn m.sh. an eagraíocht neamhbhrabúis, [We Need Diverse Books](#), agus an haischlib [#OwnVoices](#) ar X.



Thug gluaiseachtaí agus tionscnaimh le déanaí aghaidh ar éagothroime agus leatrom Eoralárnacha i litríocht páistí ar mhaithe le ficsean agus neamhfhicsean a thugann léiriú ar agus ómós do shaolta ilghnéitheacha gach duine óg a sholáthar agus a chur chun cinn m.sh. an eagraíocht neamhbhrabúis, [We Need Diverse Books](#), agus an haischlib [#OwnVoices](#) ar X.



Chomh maith le leibhéal litearthachta agus roghanna léitheoireachta do dhaltaí a mheas, smaoinigh ar an mbaint atá ag ábhar agus suíomh an úrscéil le taithí saoil do dhaltaí agus le saincheistanna áitiúla agus domhanda i bpobal na scoile:



- An bhfuil an t-úrscéal seo ag tairiscint [scáthán \(eolas agus dearbhú\) nó fuinneog \(neamheolas agus difríocht\)](#) do do dhaltaí?
- Conas a chuireann an t-úrscéal seo le cothromaíocht iomlán údar agus carachtar éagsúil i rith na bliana?

Áirítear ar roinnt ceistanna machnamhacha le cur san áireamh:

- Cé na guthanna a bhfuil tosaíocht agus pribhléid acu sa leabhar a bhfuil tú ag smaoineamh uirthi do d'úrscéal ranga?
- Cé na guthanna atá imeallaithe nó ina dtost nó scriosta?
- Cé na noirm maidir le cine, eitneacht, teanga, reiligiún, aicme, inscne srl atá sa leabhar seo?
- Cé chomh mór agus a aithnítear, a bhunaítear agus/nó a gcuirtear as riocht neamhionannas agus córais chumhachta idirdhealaitheacha san úrscéal seo?





Samplaí praiticiúla agus smaointe le cur i bhfeidhm sa seomra ranga

- Obair thionscadail traschuraclaim trasna disciplíní chun dearchtaí iolracha a iniúchadh agus tuilleadh taighde neamhspleách a spreagadh,
- Cumhachtaíonn modheolaíochtaí don oideachas drámaíochta na mic léinn le bheith ina gcruithaitheoirí agus chun claonadh agus dearcadh a fhiosrú m.sh. rólímirt, suíochán te, frámaí reoite, ag scríobh críoch nó dearcadh malartach dá gcuid féin, atá in easnamh san úrscéal.
- Díospóireachtaí siúil arna spreagadh ag saincheistanna nó dúshláin a bhíonn le sárú ag na carachtair,
- Teicnící liteartha agus a n-iarmhairtí ar an léitheoireacht a fhiosrú m.sh. conas mar a mhúsclaíonn an guth inste na léitheoirí le comhbhá a bheith acu le carachtair áirithe agus cad iad na hiarmhairtí a bhaineann leis an gclaonadh neamh-chomhfhiosach agus comhfhiosach seo?





Roinnt acmhainní ar líne chun cur le do bhailiúchán úrscéalta ranga a dhéileáil le OSD:

-  Ar shuíomh Gréasáin [Leabhair Pháistí Éireann](#) (LPÉ, nó CBI sa Bhéarla) tá raon leathan pacáistí gníomhaíochta, ailt, léirmheasanna ar leabhair, agus acmhainní léitheoireachta téamacha d'oideoirí, tuismitheoirí, údair agus maisitheoirí, do leabharlannaithe, d'eagraíochtaí ealaíon agus do léitheoirí. I measc Liostaí Léitheoireachta agus Treoracha Léitheoireachta LPÉ a chuimsíonn leabhair Ghaeilge agus leabhair atá foilsithe in Éirinn agus a chuireann chun cinn agus a dhearbhaíonn éagsúlacht, cothromas, agus ionadaíocht tá 'Together With Refugees', 'Politics and Activism', 'Going Green', 'Free To Be Me', 'Inclusivity and Representation', agus 'Building Communities'.
-  Coimeádann [Social Justice Books: A Teaching For Change Project](#) liostaí de leabhair idirnáisiúnta do leanaí, d'aosaigh óga agus d'oideoirí faoi chothromas, cuimsiú, agus éagsúlacht. Tá ailt ar an suíomh Gréasáin freisin maidir le 'Leabharlann Frithchlaonadh a Chruthú' agus 'Treoir chun Leabhair Leanaí Frithchlaonta a Roghnú'.
-  Cruthaíonn [Comhairle Manitoba um Chomhar Idirnáisiúnta](#) i gCeanada liostaí léitheoireachta bliantúla do dhaltáí agus do mhúinteoirí maidir le hinbhuanaitheacht domhanda, ceartas sóisialta, gníomhaíochas aeráide, cothromas do ghuthanna dúchasacha, agus comhionannas inscne.
-  Molann [Duais Leabhar Leanaí Jane Addams](#) leabhair ina mbraitheann daoine óga go bhfeictear iad, go gceiliúrtar iad, go bhfuil luach orthu agus go bhfuil sé de chumhacht acu ceisteanna a chur, plé a dhéanamh agus gníomhú le chéile chun deireadh a chur le héagóir agus domhan níos síochánta agus níos cothroime a chruthú.



Caibidil 23: Leabhair phictiúr

Rowan Oberman



Aithnítear leabhair phictiúr mar acmhainn shaibhir chun tacú le teagasc thar réimsí éagsúla ábhar lena n-áirítear OSD. Is féidir le leabhair phictiúr dearchtaí nua agus éagsúla a thabhairt isteach, dul i ngleic leis an bhfoghlaim go mothúchánach, tacú le cuir chuige traschuraclaim agus spreagadh a thabhairt do léitheoirí drogallacha eile.


Cé go bhfuil éagsúlacht sna sainmhínte ar an téarma ‘leabhair phictiúr’, tá comhdhearcadh leathan ann go ndéanann sé cur síos ar théacsanna a bhíonn ag brath go príomha ar amharciómhanna chun a scéal nó a n-ábhar a chur trasna. Déantar leabhair phictiúr a cheiliúradh de bharr a n-ilmhódúlacht, an t-idirghníomhú idir ilchórais comharthaí lena n-áirítear focail, íomhanna agus gnéithe dearaidh eile mar chló, cineál páipéir, pailéad agus leathanaigh dheiridh. Uaireanta is féidir leo seo oibriú le chéile in éindí le, mar shampla, na híomhanna a threisíonn insint an téacs, nó is féidir leis na focail agus na pictiúir a chéile a bhréagnú nó dearchtaí insinte eile a sholáthar. Daoine fásta a scríobhann leabhair phictiúr den chuid is mó le haghaidh léitheoireacht leanaí. Is féidir leo, ag an am céanna, a bheith tarraingteach do mheascán mór daoine agus téamaí casta agus conspóideacha a bheith iontu. Cosúil le cineálacha eile litríochta, cuimsíonn leabhair phictiúr réimse seánraí lena n-áirítear ficsean agus neamhfhicsean, scéalaíocht agus eolas, leabhair gan focail agus beathaisnéisí. Cuireann an éagsúlacht seánraí seo deiseanna éagsúla ar fáil le húsáid i gcomhthéacsanna OSD.

Leabhair phictiúr a roghnú agus a úsáid

Aithnítear níos mó ná riamh go ndéanann leabhair phictiúr, cosúil le hábhair eile an tseomra ranga, ró-léiriú ar roinnt féiniúlachtaí, lena n-áirítear pribhléid na ndaoine geala, cumasachas agus heitre-anormatacht. Ina theannta sin, tá go leor samplaí de leabhair phictiúr ag treisiú steiréitíopaí agus ag déanamh mí-léiriú ar fhéiniúlachtaí mionlaigh. Tá tearc-ionadaíocht ann ar údair, maisitheoirí agus foilsitheoirí ó chúlraí éagsúla. Dá réir sin, ó thaobh roghnú leabhair phictiúr, ní mór machnamh cúramach agus criticiúil a dhéanamh maidir le cé na páistí a fheiceann a bhféiniúlacht agus a neispéiris á léiriú sna leabhair phictiúr, agus conas a léirítear iad. D’fhéadfadh taighde ar an údar, ar an maisitheoir agus/nó ar na comhoibritheoirí a chruthaigh an leabhar phictiúr, nó féachaint ar an gcaoi ar fhreagair ‘daoine cultúrtha ón taobh istigh’ do leabhair phictiúr a bhí scríofa ag daoine lasmuigh de na féiniúlachtaí léirithe, cuidiú leis an roghnú seo. Is iomaí bealach ar féidir leabhair phictiúr a úsáid sa teagasc ranga.



Fealsúnacht do Leanaí

 Cuireadh tús le [Fealsúnacht do Leanaí](#) (FL, nó P4C sa Bhéarla; Philosophy for Children) sna 1970í, faoi stiúir obair Matthew Lipman agus a chomhghleacaithe. Spreag an cur chuige páistí agus múinteoirí chun dul i ngleic le cleachtadh na fealsúnachta, ag baint úsáid as úrscéalta a scríobhadh ceann ar aghaidh chun tacú le pobal fiosrúcháin seomra ranga ina bhfiosrú ar cheisteanna fealsúnacha éagsúla. Ó shin tá sé méadaithe ina ghluaiseacht dhomhanda, agus tá go leor scoileanna tar éis pobal cleachtas fiosrúcháin fhealsúnacha a chomhtháthú ar fud na leibhéal ranga. Aithnítear anois gur spreagthaigh thar a bheith saibhir iad leabhair phictiúr d'fhiosrúcháin fealsúnach, a sholáthraíonn spreagthaí tarraingteacha do cheisteanna leanaí agus plé ina dhiaidh sin. Fuarthas amach go dtacaíonn cleachtas FL le scileanna smaointeoireachta agus scileanna plé lena n-áirítear réasúnaíocht, éisteacht, hipitéisiú agus ceistiú, chomh maith le spreagadh a thabhairt do dhaltaí agus timpeallachtaí seomra ranga comhtháite a chruthú. D'fhéadfaí na leabhair Bhéarla a chur i leabharlann an ranga agus iad a úsáid mar chuid de cheachtanna Béarla agus leanúint leis na téamaí sin in ábhair eile.

Cineálacha éagsúla leabhair phictiúr

Fealsúnach

Féachtar ar roinnt leabhar phictiúr mar leabhair fhealsúnacha, ag cíoradh smaointe agus ag tacú le plé teoiriciúil. Spreagann an cur chuige Fealsúnacht do Leanaí múinteoirí chun leabhair phictiúr a úsáid mar spreagadh do cheisteanna fealsúnacha agus díospóireachta leanaí.

I measc na samplaí tá:

- *The Promise* le Nicola Davies, a d'fhéadfadh ceisteanna sóisialta agus eiticiúla a ardú maidir le gadaíocht, athrú a spreagadh agus uirbiú.
- *The Giving Tree* le Shel Silverstein, scéal fáthchiallach faoin gcaidreamh idir “buachail” agus crann úll, ag múscailt ceisteanna a bhaineann le coincheapa an dúshaothraithe, an tsonais agus an spleáchais.
- *The Fate of Fausto* le hOliver Jeffers ina ndéantar an caidreamh idir an duine agus an dúlra a chíoradh.
- *After the Fall* le Dan Santat, athinsint ar scéal Humpty Dumpty, ina ndéantar cíoradh ar fhaitíos agus teacht aniar.

Leabhair phictiúr gan focail

Bíonn leabhair phictiúr gan focail nó “leabhair phictiúr tostach” ag brath beagnach go huile is go hiomlán ar léaráidí agus mar sin bíonn tóir orthu i gcomhthéacsanna ilteangacha nach gá go mbeadh an mháthairtheanga chéanna ag foghlaimeoirí. Tá fianaise ann go gcuireann siad eispéireas difriúil léitheoireachta ar fáil a spreagann páistí chun tarraingt ar a gcuimhní cinn agus ar a gcuid samhlaíochta féin agus iad i mbun léirmhínte agus plé. Cé go bhfuil teidil na leabhar seo i mBéarla, toisc nach bhfuil focail iontu d'fhéadfaí iad a úsáid i gceachtanna Gaeilge nó in ábhar ar bith i suímh lán-Ghaeilge. I measc na samplaí tá:

- *The Arrival* le Shaun Tan, leabhar daite i ndath séipia cosúil le seanleabhar de ghearrthóga grianghraf, ina dtugtar cuntas ar theacht fir as contúirt go cathair nua aduain ina socraíonn sé síos le himeacht ama. Fuarthas amach go gcuidíonn an leabhar le leanaí lena dtaithe ar an imirce a roinnt agus a phlé.



- *Owl Bat Bat Owl* le Marie-Louise Fitzpatrick a scrúdaíonn éagsúlacht agus cairdeas i léiriú grinn ar ialtóga agus ulchabháin ar aon chraobh amháin.

Insintí neamhfhicsin, beathaisnéisí agus ceisteanna reatha

Tá insintí i leabhair phictiúr eile atá bunaithe ar chásanna nó ar chomhthéacsanna ón bhfíorshaol, agus is féidir leo a bheith úsáideach nuair a bhítear ag teagasc nó ag foghlaim faoi théamaí nó áiteanna. I measc na samplaí tá:

- *Wangari's Trees of Peace* le Jeanette Winter a insíonn scéal Wangari Maathai, comhshaolaí agus buaiteoir Ghradam Síochána Nobel. Tá an scéal suite sa Chéinia agus sa leabhar léirítear ceannaireacht Maathai i ngluaiseacht an chreasa ghlais agus buntáistí a cuid oibre.

Faisnéiseach

Is féidir le leabhair phictiúr faisnéise, gan insintí, tacú freisin le hiniúchadh páistí ar OSD. Is féidir le hinsintí i leabhair phictiúr comhthéacs a sholáthar d'fhiosrúcháin eolaíocha, stairiúla, tíreolaíochta nó matamaitice, lena n-áirítear téamaí an cheartais dhomhanda.

I measc na samplaí tá:

- *The Boy Who Harnessed the Wind* a sholáthraíonn comhthéacs chun fuinneamh gaoithe a fhiosrú nó na cúiseanna iolracha le gorta.
- *Prisoners of Geography: Our World Explained in 12 Simple Maps - Illustrated Edition* le Tim Marshall, ina mbreathnaítear ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an gheografaíocht nádúrtha leis an bpolaitíocht dhomhanda. Is acmhainní cabhracha na leabhair seo chun bonn eolais a chur faoi obair fhiosrúcháin sa seomra ranga.

Is féidir le leabhair phictiúr bonn eolais a chur ar fáil d'obair thionscadail nó do chuir chuige litearthachta criticiúla. Is féidir leo a bheith ina meán cruthaitheach freisin trína gcuireann páistí a gcuid smaointe agus a gcuid foghlama i láthair. Soláthraíonn [Leabhair Pháistí Éireann](#), liostaí leabhar do leanaí de réir téamaí lena n-áirítear éagsúlacht agus cuimsiú, imirce agus cosaint ár bpláinéid chomh maith le léirmheasanna agus ailt ghrinne. Ar an láithreán gréasáin [World of Words](#), ó Ollscoil Arizona, tugtar le chéile litríocht dhomhanda faoi shaincheisteanna a bhaineann le saoránacht.



Caibidil 24: Cluichí a Úsáid

Brigid Golden








Modheolaíocht choitianta is ea úsáid a bhaint as cluichí i gceachtanna OSD chun tacú le daltaí foghlaim fúthu féin agus faoin saol mórthimpeall orthu. Is féidir le méid suntasach foghlama ceilte tarlú agus na cluichí sin á n-imirt mar is féidir le foghlaimeoirí atá sáite sa súgradh eolas a ionsú i ngan fhios dóibh féin. Soláthraíonn cluichí deiseanna freisin chun an fhoghlaim a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht shábháilte toisc gur minic go gcaitheann imreoirí a gcuid eolais a úsáid chun dul ar aghaidh tríd an gcluiche. Baintear úsáid astu chun daltaí a mhealladh agus chun taitneamh as an bhfoghlaim a spreagadh maidir le hábhar a bhraitear uaireanta a bheith trom agus deacair le máistreacht a fháil air. Cé gur féidir le cluichí a bheith tarraingteach agus spraíúil, is féidir iad a úsáid freisin chun déileáil le hábhair chasta ar bhealach inrochtana, rud a ligeann d'fhoghlaimeoirí iniúchadh a dhéanamh ar ábhar agus tuiscint níos doimhne a fháil trí ghníomhaíochtaí praiticiúla.

É sin ráite, bíonn cluichí deartha uaireanta chun cluain a chur ar imreoirí. Is iondúil go mbíonn na cluichí díbeartha an-sciobtha agus go mbíonn gá le comhordú maith, rud a chiallaíonn go mbíonn na leanaí céanna fágtha amach arís is arís eile. Ina theannta sin, is féidir le hiomaíocht aird a tharraingt ón aidhm nó ón téama foriomlán mura ndéantar gné na hiomaíochta a chruthú go cliste. Fágann an iomaíocht go mbíonn an báire le duine nó foireann amháin go minic agus go bhfaigheann siad aird dhearfach, agus an duine nó an fhoireann a chailleann go mbítear ag súil leis go 'nglacfaidh siad go huasal leis an gcailleadh', is féidir leis seo aird a thógáil ón gcuspóir. Mar sin, ba cheart go mbeadh cluichí maithe OSD cuimsitheach, deartha go cliste, agus nach mbeidís dírithe ar iomaíocht – mura bhfuil sin ina chuid den fhoghlaim.




Samplaí de chluichí OSD:

Cé nach bhfuil cuid de na cluichí seo ar fáil ach i mBéarla, is féidir an chuid is mó díobh a chur in oiriúint go héasca lena n-úsáid trí Ghaeilge.

-  • Cluichí cláir sa stíl chlasaiceach ([Pathways to Peace](#), [Twisted Game of Climate Change](#), [Harvest for the Future](#), [Go Goals!](#))
-  • Cluichí digiteacha ([Sustainamals](#), [Wild for Life](#))
-  • Cluichí straitéise ([Project Honduras](#), [Path Out](#))
-  • Cluichí ionsamhlúcháin ([Trading Game](#), [Biscuit Game](#), [Model UN](#))
-  • Cluichí comhoibritheacha ([Changers](#), is féidir go leor cluichí comhoibritheacha a úsáidtear go coitianta sa chorpoideachas a úsáid chun scileanna tábhachtacha OSD a mhúineadh cosúil le héisteacht, cinnteoireacht agus comhoibriú)

Cé go bhfuil roinnt cluichí ann atá réidh le húsáid maidir le topaicí OSD ar nós na gcluichí sin a bhfuil nasc dóibh thuas, is féidir le múinteoirí cluichí dá gcuid féin a chruthú a oireann dá gcuspóirí foghlama ar leith i dteagasc OSD. Nuair a bhíonn cluichí nua á gcruthú, is é an cur chuige is éasca go minic ná ceann coitianta atá ann cheana féin a oiriúnú trí théama nó cuid de na céimeanna, treoracha nó ceisteanna a athrú chun go mbeidh siad oiriúnach do do chuid ceachtanna. Sampla amháin de seo is ea an cluiche [Twisted Game of Climate Change](#), a bhfuil nasc thuas dó, as a ndearnadh an sárcluiche [Twister](#), trí roinnt athruithe beaga ar na rialacha agus trí cártaí le ceisteanna a chur leis, athraíodh é ina chluiche oideachasúil faoi athrú aeráide. Tá tuilleadh treorach faoin gcaoi le do chuid acmhainní féin a chruthú le fáil i [gCaibidil 21](#).

-  Tá comórtas bliantúil ag Trócaire dar teideal [Game Changers](#) ina gcruthaíonn grúpaí daoine óga cluichí cláir, cártaí nó cluichí digiteacha faoi thopaicí OSD. Cuireann siad tacaíocht ar fáil freisin do scoileanna ar spéis leo páirt a ghlacadh sa chomórtas.

Tá éileamh mór ar chluichí ionsamhlúcháin mar chur chuige teagaisc, go háirithe laistigh d'OSD, mar go dtugann siad deiseanna imeachtaí an fhíorshaoil a fhiosrú agus taithí a fháil orthu ar bhealach sábháilte agus tacaíthe. Laistigh de na cluichí ionsamhlúcháin, cuirtear creat rialacha ar fáil do dhaltaí agus de ghnáth sanntar ról dóibh trína bhfaigheann siad cur amach ar an topaic faoi scrúdú agus trína rachann siad i ngleic leis. Cuireann cleachtaí ionsamhlúcháin ar chumas na bhfoghlaimeoirí breathnú ar cheisteanna casta a tharlaíonn san fhíorshaol trí na ceisteanna sin a shimpliú agus a léiriú sa seomra ranga ar bhealach inrochtana. Tugann siad deis do na foghlaimeoirí teacht ar an bphríomhfhoghlaim iad féin le linn cluichí agus gníomhaíochtaí gníomhacha nach ligfidh siad i ndearmad. De ghnáth le cleachtaí ionsamhlúcháin bíonn ar fhoghlaimeoirí ilpheirspictíochtaí a bhaineann leis an topaic atá faoi scrúdú acu a chur san áireamh. Cuidíonn an cur chuige seo le foghlaimeoirí oibriú go gníomhach ar a gcuid scileanna cumarsáide a fheabhsú chun dul chun cinn a dhéanamh sa chluiche. Mar sin féin, **ní chuireann cluichí ionsamhlúcháin in iúl ach bunphrionsabail na topaice a bhíonn faoi scrúdú agus bíonn fírinne an scéil níos casta i gcónaí.** Ní mór aird na ndaltaí a tharraingt ar an bpointe seo



má imríonn sibh cluichí ionsamhlúcháin. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh múinteoirí airdeallach go bhféadfadh páistí éirí trína chéile agus iad ag imirt cluichí ionsamhlúcháin agus ag plé le ceistanna a bhaineann le héagóir. Mar sin, tá sé riachtanach cluichí a chur ar bun sa chaoi is go bhfaighidh na daltaí taithí ar réitigh fhéideartha ar na ceistanna a bhíonn á gcóradh chomh maith le deis mioncheistiú a dhéanamh i ndiaidh na gcluichí.

 Tá tuilleadh eolais ar chluichí agus ar a gceangal le hOSD ar fáil san [fhoireann uirlisí CNÓ](#) maidir le cluichí a úsáid in oideachas forbartha.



Caibidil 25: Machnamh

Brigid Golden



Tá cleachtas machnamhach an-tábhachtach laistigh den chreat OSD toisc go mbíonn orainn iniúchadh a dhéanamh ar thopaicí casta agus conspóideacha scaití, agus d'fhéadfadh smaointe nó dearcthaí míchompordacha teacht as sin. Trí chleachtas machnamhach a dhéanamh cuirtear deis ar fáil chun mioncheistiú a dhéanamh ar na ceisteanna seo agus chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil á fhoghlaim againn, seachas dul go sciobtha trí thuairimí deacra chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéad topaic eile.

Is féidir le múinteoirí agus daltaí araon tairbhe a bhaint as machnamh a dhéanamh. Tacaíonn sé le múinteoirí tuiscint a fháil ar a gcleachtas féin, teacht ar chonclúidí faoi céard atá ag obair agus céard nach bhfuil, agus an fáth leis sin. Cuidíonn an cur chuige seo le múinteoirí a gcleachtas a fheabhsú trí thuiscint níos fearr a fháil air. Tá sé tábhachtach freisin deiseanna a sholáthar do scoláirí machnamh a dhéanamh laistigh d'OSD mar go gcabhraíonn an machnamh le páistí:

- Scileanna féinmheasúnaithe a fhorbairt,
- A gcuid foghlama a dhoimhniú,
- An fhoghlaim a cheangal lena saol féin,
- Roghnú conas a mhothaíonn siad faoin topaic agus sa gcaoi sin luachanna, dearcthaí agus tuairimí a fhorbairt,
- A gcuid foghlama a neartú.

Nuair a bhítear ag iarraidh ar dhaltaí dul i mbun cleachtas machnamhach, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh deis acu é sin a dhéanamh ina gcáil féin. Más rud é go bhfuil tú ag gabháil do ghníomhaíocht drámaíochta nó má tá ábhar OSD á bhreithniú ag daltaí ó dhearcthaí éagsúla, tugann machnamh deis dóibh fillleadh ar a ndearcadh féin agus a gcuid foghlama a mheas i gcomhthéacs a saoil féin. Is féidir machnamh a dhéanamh freisin mar chuid de ghrúpa nó i mbeirteanna mar a mbíonn deis ag daltaí mioncheistiú a dhéanamh ar a bhfuil á fhoghlaim acu. Tá samplaí de ghníomhaíochtaí machnamhacha is féidir a úsáid ag deireadh ceachtanna OSD le fáil in Aguisín 3.

Caibidil 26:

Ceisteanna conspóideacha a mhúineadh

Benjamin Mallon



Tá go leor ceisteanna tábhachtacha, ceisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda gur féidir a mheas mar cheisteanna ‘conspóideacha’. Is minic go mbíonn na ceisteanna seo casta, suibiachtúil agus nach gá go réiteofaí iad tríd an fhianaise a bhíonn ar fáil a chuir sa mheá. D’fhéadfadh go mbeadh baint ag na ceisteanna le luachanna agus/nó leasanna láidre daoine, agus mar sin, baineann gnéithe mothúchána suntasacha leo (Claire agus Holden, 2007). Mar shampla, d’fhéadfaí raon gníomhartha a mholadh mar fhreagra ar cheist áitiúil. D’fhéadfadh athruithe i saol nó slite beatha daoine a bheith mar thoradh ar chuid de na gníomhartha féideartha, agus d’fhéadfaí breathnú orthu mar ghníomhartha conspóideacha.

D’fhéadfaí breathnú ar go leor ceisteanna atá tábhachtach don OSD mar cheisteanna conspóideacha toisc iad a bheith de chineál casta. **Cé go bhféadfadh na ceisteanna seo a bheith ina n-ábhar inní do mhúinteoirí, tá argóint láidir ann gur chóir dul i ngleic leis na ceisteanna seo san oideachas mar go bhfuil na ceisteanna iad féin tábhachtach don tsochaí, agus freisin toisc go soláthraíonn an próiseas maidir le tabhairt fúthu sa seomra ranga deiseanna suntasacha foghlama (Comhairle na hEorpa, 2015).**

Tá teagasc ceisteanna conspóideacha ina réimse casta ann féin, ach ar an dea-uar tá roinnt acmhainní cruthaithe chun tacú le múinteoirí a dtuiscint a fhorbairt ar an bhfáth go bhféadfadh ceisteanna a bheith ina gceisteanna dúshlánacha, chomh maith le smaointe praiticiúla faoin gcaoi ar féidir le múinteoirí smaoinemh agus pleanáil a dhéanamh maidir leis na ceisteanna seo ina gcleachtas ranga agus iad a phlé.



- I gcomhthéacs na hÉireann, soláthraíonn [‘Tackling Controversial Issues in the Citizenship Classroom: A Resource for Citizenship Education’](#) (Emerson et al., 2012) pointí tábhachtacha machnaimh do mhúinteoirí bunscoile, agus foireann uirlisí chun ceisteanna a phlé sa seomra ranga.



- Ar leibhéal Eorpach, is acmhainn oideachais do mhúinteoirí é [‘Living with Controversy: Teaching Controversial Issues Through Education for Democratic Citizenship and Human Rights’](#) (Comhairle na hEorpa, 2015) a thacaíonn le múinteoirí ceisteanna conspóideacha a chur i láthair, agus scrúdú agus machnamh a dhéanamh orthu.

Cé go bhfuil na doiciméid seo trí mheán an Bhéarla, is féidir le hoideoirí i suímh lán-Ghaeilge úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí agus cuir chuige atá molta iontu.

Cé gur forbraíodh an dá acmhainn seo ag féachaint do mhúinteoirí iar-bhunscoile, cuirtear pointí tábhachtacha machnaimh agus tacaíochtaí ar fáil iontu do mhúinteoirí bunscoile.



Is iad na príomhsmaointe a thagann chun cinn as na hacmhainní seo agus as taighde eile sa réimse seo ná go gcaithfidh múinteoirí cuir chuige éagsúla a ghlacadh i leith saincheistanna éagsúla agus comhthéacsanna éagsúla oideachais. Is léir go bhfuil gá do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh, roimh rang a mhúineadh, ar cad is brí le ceist ina comhthéacs áirithe féin. Príomhghné amháin nach mór do mhúinteoirí a mheas ná cá seasann siad maidir le ceist ar leith – mar shampla, d'fhéadfadh naisc dhoimhne agus an-phearsanta a bheith ag múinteoirí áirithe le ceisteanna áirithe, a mhúnlódh an chaoi a (agus go deimhin má) múintear ceist. Ina theannta seo, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar conas a thuigeann páistí sa rang an cheist seo, bíodh sé sin le neamhshuim, le tuiscint neamhiomlán, nó le naisc láidre mhothúchánacha. Lena chois sin, tá sé tábhachtach an cheist a mheas maidir leis an gcomhthéacs i gcoitinne – cibé an é sin comhghleacaithe sa scoil, ceannaireacht scoile, tuismitheoirí, an pobal áitiúil agus sa tsochaí i gcoitinne (Emerson et al., 2012).

Ba chóir do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar an bhféadfaí ceisteanna áirithe a fhiosrú trí úsáid a bhaint as cur chuige níos teibí, mar shampla trí úsáid a bhaint as leabhair phictiúr. D'fhéadfadh cuir chuige eile tairbhe a bhaint as creataí sonracha, a d'fhéadfadh b'fhéidir roinnt de na naisc mhothúchánacha a bheadh níos díri ar chúrsaí a laghdú – mar shampla, d'fhéadfaí creat cearta daonna a úsáid chun saincheist ar leith a mheas, ag soláthar tacar luachanna aontaithe agus teanga chomhroinnte do pháistí. B'fhéidir go mbeadh ar mhúinteoirí tuilleadh eolais a sholáthar do leanaí, nuair a aithnítear go bhfuil easpa tuisceana ann. I gcomhthéacsanna eile, d'fhéadfadh cur chuige fiosrúcháin, a thacódh le himscrúdú, a bheith feiliúnach chun ceist nach bhfuil mórán eolais acu uirthi nó atá rud beag doiléir a fhiosrú (Comhairle na hEorpa, 2015).

Is dóigh i gcás ceisteanna a chruthaíonn dúshlán do mhúinteoir amháin go mbeidh múinteoirí eile tar éis iad a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu roimhe sin. Tá irisleabhair acadúla ann (cosúil le [Policy and Practice: A Development Education Review](#), agus [International Journal of Development Education and Global Learning](#)) a bhféadfadh ailt a bheith iontu, iad scríofa ag múinteoirí scaití, a d'fhéadfadh tacú le breis tuisceana a fháil ar cheisteanna. Tá níos mó deiseanna foghlama gairmiúla ag teacht chun cinn do mhúinteoirí atá dírithe ar shaincheistanna ar leith agus conspóideacha (go minic) a bhaineann le hOSD. D'fhéadfadh go n-áireodh cuid de na cláir TeachMeets a ligeann do mhúinteoirí smaointe a roinnt faoi chleachtas, nó fiú pobail chleachtas níos fadtéarmaí, inar féidir le múinteoirí oibriú le chéile chun a gcleachtas a roinnt agus a fhorbairt.

Breithnithe ábhartha don teagasc

Tá sé ríthábhachtach nuair a bhítear ag iniúchadh saincheistanna mothálacha sa seomra ranga go gcinntítear go bhfuil éiteas an tseomra ranga tacúil do scoláirí agus tuisceanach d'impleachtaí mothúchánacha na hoibre sin (McCully, 2006). Aithnítear go bhfuil sé riachtanach don chur chuige seo bunluachanna a aontú mar rang, agus cinntiú ansin go gcleachtar na luachanna seo sa seomra ranga (Emerson et al., 2012). Uaireanta tugtar 'conradh an tseomra ranga' air seo, nuair a bhíonn deis ag leanaí machnamh a dhéanamh ar an gcineál timpeallacht ranga ar mhaith leo a bheith mar chuid de, agus ansin cinneadh a dhéanamh maidir leis na cineálacha gníomhartha le glacadh chun an t-idéal seo a bhaint amach. Tá smaointe suimiúla ag na heagraíochtaí [Facing History and Ourselves](#) agus [Amnesty International \(Me, You, Everyone\)](#) faoin bpróiseas trínar féidir é seo a dhéanamh.

Caibidil 27: Seomraí ranga daonlathacha

Benjamin Mallon





Is spásanna iad seomraí ranga daonlathacha inar féidir le páistí prionsabail agus luachanna daonlathacha a fhiosrú, taithí a fháil ar rannpháirtíocht dhaonlathach trí pháirt a ghlacadh i gcomhphlé agus cinnteoireacht, agus scileanna a fhorbairt chun tacú le rannpháirtíocht dhaonlathach i gcúrsaí laethúla na scoileanna agus na sochaí i gcoitinne.

Is féidir le cineálacha difriúla den oideachas daonlathach a bheith ann: d'fhéadfadh sé a bheith bainteach le cumhacht a chomhdhlúthú, d'fhéadfadh sé a bheith dírithe ar thacú le tuiscint ar an gconradh sóisialta idir daoine aonair agus an Stát, nó d'fhéadfadh sé a bheith bainteach le tóraíocht ar cheartas sóisialta agus ar chomhionannas (Sant, 2019). Is í an dara ceann sin is mó a bhaineann le teagasc an oideachais saoránachta domhanda, go háirithe nuair a dhéanaimid breithniú ar na mórdhúshláin náisiúnta agus domhanda atá romhainn. Tá aghaidh le tabhairt againn ar chliseadh aeráide, agus ar chailteanas suntasach bithéagsúlachta. Tá an phaindéim tar éis níos mó solais a chaitheamh ar neamhionannas na sochaí, neamhionannas atá ag dul i méid. Is bagairt leanúnach do bheatha daoine an choimhlint fhoréigineach. Tugann gach ceann de na saincheistean seo dúshlán suntasach do bhealaí maireachtála daonlathacha.

Cur i bhfeidhm

Déanann Lawy agus Biesta (2006, lth.75) an cás gur cheart go ndíreodh oideachas daonlathach ar leanaí agus ar dhaoine óga laistigh dá gcomhthéacsanna sonracha féin, agus ar an “gcomhthéacs nó na comhthéacsanna sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus polaitiúla ina maireann siad”. Ní hionann na comhthéacsanna seo do leanaí éagsúla i scoileanna éagsúla, agus fiú do leanaí éagsúla sa seomra ranga céanna. Agus seomra ranga daonlathach á fhorbairt, d'fhéadfadh múinteoirí conradh daonlathach a fhorbairt le leanaí chun na luachanna comhroinnte a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn ag rannpháirtíocht dhaonlathach sa spás a phlé agus a fhorbairt.

-  Soláthraíonn an clár [‘Suas Linn’](#) de chuid Amnesty International tuairimí thar a bheith úsáideach faoin gcaoi gur féidir na tuairimí seo a neadú i gcleachtais seomra ranga. Mar chuid den chlár seo,
-  cuireann an acmhainn [‘You, Me, Everyone’](#) samplaí ar fáil de chairteacha scoile nó seomra ranga a d'fhéadfaí a fhorbairt timpeall ar ‘Cearta agus Freagrachtaí’ agus ‘Ag tabhairt Fiúntais do





Dhifriúcháí. Taobh amuigh den seomra ranga, d'fhéadfadh múinteoirí machnamh a dhéanamh ar fhorbairt comhairlí, coistí nó cumainn daltaí, chun tacú le níos mó rannpháirtíocht dhaonlathach leanaí i reáchtáil na scoile. Sampla suimiúil de seo is ea [clár na Scoileanna Glasa](#). Taobh amuigh de chomhthéacs na scoile, tá comhlachtaí ann a chinntíonn ionadaíocht leanaí i seirbhísí agus i mbeartais áitiúla. Mar shampla, déanann [Comhairle na nÓg](#) ionadaíocht ar na comhairlí leanaí agus óige ar fud gach údarás áitiúil in Éirinn.



I seomra ranga daonlathach d'fhéadfaí spásanna a chur ar fáil do chomhrá leanúnach, rud a thugann deis chun dearchtaí éagsúla a phlé:

- Trí mhodheolaíochtaí a thugann deis éisteacht le, léamh faoi agus iniúchadh a dhéanamh ar raon tuairimí ar cheisteanna tábhachtacha srl,
- Chun machnamh ar thuiscint, trí dhialanna machnamhacha a scríobh faoi phríomhcheisteanna,
- Chun gníomhaíochtaí comhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh athrú sóisialta (mar shampla, trí fhoghlaim bunaithe ar fhadhbanna nó dúshláin, mar a ndéanann páistí gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i láthair maidir le ceisteanna áitiúla agus domhanda atá tábhachtach dóibh).

San áireamh le sraith ceisteanna machnamhacha a d'fhéadfadh múinteoirí a áireamh i ról an oideachais chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí taithí ar a gcearta tríd an oideachas tá:

- Cé chomh mór is a thacaíonn mo chleachtais sa seomra ranga le cearta na bhfoghlaimeoirí?
- Cé chomh dearfach is atá taithí na bhfoghlaimeoirí ar a gcearta sa scoil seo agam?
- Cé chomh mór agus a fhaigheann foghlaimeoirí taithí ar a gcearta laistigh den phobal níos leithne, lasmuigh den scoil?
- D'fhéadfadh an machnamh seo a bheith bunaithe ar thuiscint a fháil ar na bealaí ina raibh agus ina bhfuil scoileanna agus córais oideachais comhpháirteach i sárúithe ar chearta daonna.

D'fhéadfadh díriú níos doimhne ar ghné ar leith de chearta a bheith an-úsáideach chun breithniú a dhéanamh ar chomh mór agus is féidir le hoideachas tacú le gníomhaíocht ar son cearta. Mar shampla, agus tú ag tarraingt ar obair Lundy (2007), b'fhéidir go bhféachfá ar chomh mór agus a thacaíonn do chleachtas le ceart leanaí tuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí a théann i bhfeidhm orthu. D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar nós:

- Cé chomh minic agus a chuirim spásanna ar fáil i mo theagasc do na páistí go léir chun a dtuairimí ar ábhair thábhachtacha a nochtadh?
- Cé chomh mór agus a thacaím le gach leanbh, beag beann ar a riachtanais, chun a dtuairimí a chur in iúl ar bhealaí cuimsitheacha agus cruthaitheacha?
- An bhfuil leanaí ann nach bhfuil deis acu a dtuairimí a chur in iúl? Conas is féidir é seo a réiteach?
- Cé chomh minic agus a bhíonn lucht éisteachta ag na páistí lena dtuairimí a roinnt?
- Cé chomh mór agus a théann na tuairimí seo i bhfeidhm ar chinntí a dhéantar i mo sheomra ranga, sa scoil agus sa tsochaí i gcoitinne?

D'fhéadfadh seomra ranga daonlathach tacú freisin le leanaí scileanna a fhorbairt chun tacú lena rannpháirtíocht ina bpobail agus ina sochaithe níos leithne, lena n-áirítear laistigh den réimse digiteach (mar shampla, litearthacht chriticiúil meán a fhorbairt trí imscrúdú agus anailís a dhéanamh ar fhoinní faisnéise ar líne i dtaca le saincheisteanna domhanda).



Tá samplaí dearfacha ann de rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bpróisis dhaonlathacha sa tsochaí níos leithne, a d'fhéadfadh feidhmiú mar phointí ceangail nó mar inspioráid do mhúinteoirí agus do leanaí. Bhí an [Comhthionól Leanaí agus Daoine Óga ar Chailteanas Bithéagsúlachta](#) ar siúl i bhFómhar na bliana 2022 agus thug sé tríocha cúig leanbh agus duine óg ó ar fud na hÉireann le chéile chun iniúchadh, plé agus treoracha chun gnímh a chruthú chun an bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú. D'fhéadfadh an tionscadal seo a bheith ina mhúnla do mhúinteoirí faoina bhféadfaí smaointe, peirspictíochtaí agus éilimh dhaoine óga a fhorbairt le chéile.



Caibidil 28: Seomraí Ranga Ionchuimsitheacha a Chruthú

Ryma Halfaoui agus Vicky Donnelly



“Culture is the widening of the mind and of the spirit”

Nehru, 1961

Ag glacadh le hOideachas Idirchultúrtha agus Frithchiníochais, ní mór a aithint cé go bhféadfaimis ár ndícheall a dhéanamh timpeallacht fhoghlama a chruthú ina gcuirtear an luach céanna ar gach cultúr, níl an meas céanna ag an tsochaí ar gach cultúr, nó gach duine.

Tá sé ríthábhachtach go bhfoghlaimimid muid an chaoi a bhfeidhmíonn agus a dtrasnaíonn ciníochas agus cineálacha eile leatroid i sochaí na hÉireann agus sa domhan mór. Ní mór dúinn a aithint freisin conas is féidir leo ár ndearccháí fúinn féin agus faoina chéile a chur as riocht, agus conas a d’fhéadfadh an saobhadh seo, ina dhiaidh sin, éagothroime a bhuanú idir ghrúpaí éagsúla inár bpobail agus inár seomraí ranga, in ainneoin ár ndea-thoil.

I bhfianaise na ndúshlán seo, cá dtosóimid? Cuirimid na nithe seo a leanas ar fáil mar phlé neamhiomlán agus leanúnach maidir leis an rud atá, i ndáiríre, ina phróiseas fadsaoil foghlama agus neamhfhoghlama, ag féachaint le pobal comhionann a bhunú in éineacht le agus ar son leanaí agus teaghlaigh.

Túsphointe:

Nithe le déanamh

- **Bí fiosrach agus oscailte:** Cuir ceisteanna, déan taighde agus foghlaim faoi chultúir éagsúla ó na daoine a mhaireann agus a chothaíonn na cultúir sin; cleachtaigh umhlaíocht agus tuiscint, foghlaim conas ár gclaonta féin a aithint, bí oscailte do dhearccháí éagsúla agus d’fhoghlaim nua, cothaigh léirthuiscint don éagsúlacht sa seomra ranga, tabhair cúnamh do pháistí chun scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, bíodh caighdeán arda agat do gach leanbh, spreag idirphlé, ceistigh claontacht agus leithcheal cibé áit a bhfeictear é (ionainn féin san áireamh), glac leis go ndéanaimid botúin, agus léirigh oscailteacht d’fhoghlaim nua.



- **Déan teagmháil le teaghlaigh, le comhghleacaithe, agus le pobal na scoile i gcoitinne:** Iarr ar na daoine mórtimpeall ort a gcuid eolais a roinnt, agus tacaíocht a thabhairt – ach bí aireach gan brú a chur ar thuismitheoirí nó ar dhaoine eile eolas nó acmhainní a sholáthar, nó a gcuid ama a thabhairt.
- **Éagsúlacht chultúrtha a aithint:** Aithin go raibh Éire ilghnéitheach i gcónaí, agus bí buíoch as saibhreas na héagsúlachta laistigh de chultúr na hÉireann.

Ná déan na nithe seo a leanas

- **Ná déan daoine eile a steiréitíopáil agus ná tabhair breith orthu:** Ná bí dímheasúil, neamh-mhothálach, díspeagúil agus an éagsúlacht á plé agat sa seomra ranga; ná bíodh leisce ort dul i ngleic le héagsúlacht nó leithcheal toisc go mbraitear míchompordach, ná déan neamhaird de chlaontacht agus leithcheal, ná glac leis nach bhfeiceann leanaí idirdhealú idir cine amháin agus cine eile – feicimid go léir é!
- **Ná déan breith roimh ré bunaithe ar do bharúil faoi chúlraí nó féiniúlacht leanaí:** Tóg an t-am le feacht a fhorbairt ar an éagsúlacht laistigh de ranganna agus sa phobal scoile, agus le foghlaim faoi chúlraí gach páiste; foghlaim, agus cinntigh go n-úsáidimid teanga chuimsitheach a léiríonn éagsúlacht an ranga agus na sochaí i gcoitinne.

Féach le deireadh a chur leis an meon 'muidne' agus 'iadsan'

Aithin go bhfuilimid go léir 'difriúil' agus go bhfuil cultúr, agus eitneacht ag gach duine. Téigh i ngleic leis an gcultúr mar dheis chun 'ár n-éagsúlacht' a fhiosrú, seachas 'a ndifríochtaí', nó mar rud a thugann tús áite do ghrúpa amháin agus a fhágann dream eile ar an imeall (áiríonn 'muid' 'iadsan', tá 'siad' difriúil, is 'muidne' an norm). Tuig nach gá go bhfuil daoine atá difriúil (uaitse) mar a chéile (lena chéile). **Bí soiléir go mb'fhéidir nach bhfuil mórán i gcoiteann ag daoine ón gcultúr, náisiúntacht, eitneacht, creideamh, nó fiú an teaghlach céanna, d'fhéadfadh luachanna an-difriúil a bheith acu, agus cleachtais éagsúla.** Tabhair faoi deara an té a mheastar a bheith 'difriúil' agus an té a mheastar a bheith ina 'ngnáthduine', agus tabhair aird chúí ar an éagothroime chumhachta ar chúl na ndifríochtaí seo.

Mar oideoir, glac leis go bhfuil claonadh cultúrtha againn go léir. Ní féidir le haon duine againn neamhchlaonadh a mhaímh, gan dabht bíonn ár ndearcadh múnlaíthe ag an tógáil a fuaireamar féin, chomh maith le gnásanna agus boinn tuisceana an chultúir cheannasaigh. Déan do dhícheall a bheith feasach ar ár bpeirspictíochtaí agus ar ár gclaontachtaí cultúrtha féin agus ar an gcaoi a léiríonn siad iad féin.

Nuair a fhéachaimid timpeall orainn feicimid go bhfuil cultúr i ngach áit agus i ngach rud. Nuair a bhíonn tú sa seomra ranga, ná glac leis gur 'do' leanaí a mheastar a bheith 'difriúil' an fhoghlaim faoin gcultúr. Aithin go bhfuil cur chuige idirchultúrtha ag teastáil ó gach leanbh, go bhfuil sé tuillte acu agus go dtéann sé chun tairbhe dóibh. Ná féach ar an oideachas idirchultúrtha mar 'rud breise' ar ár ngnáthchleachtas múinteoireachta; glac cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite. Déan 'rud gnách' den éagsúlacht laistigh de ghnáthshaol an tseomra ranga agus an churaclaim. Cuir an éagsúlacht chun cinn agus scrúdaigh é mar ghné lárnach dár gcuid oibre ar fad, agus ní mar 'thionscadal speisialta' nó mar théama ar beag an bhaint atá aige le saol na leanaí.



Bainimid úsáid as an téarma 'gnáthú' in ionad an téarma 'normalú'. Tugann 'normalú' ar éagsúlacht chiníoch le tuiscint nach 'gnáthdhaoine' iad daoine as cúlraí mionlaigh ar an gcéad dul síos. Cé go bhfuil roinnt de na bríonna céanna luaite le 'gnáthú', tá sé rud beag níos dearfaí mar théarma.

Mar chuid dá n-aistir, b'fhéidir go raibh ar pháistí áirithe gníomhú mar aistritheoirí nó mar ateangairí dá dtuismitheoirí, dá muintir agus do bhaill den phobal. Níor cheart go mbeadh an ról seo acu ar scoil. Ná húsáid leanaí mar aistritheoirí dá dteaghlach, ná bíodh siad ina n-idirghabhálaithe idir an scoil, na seirbhísí sóisialta, nó córais chosanta, agus a dtuismitheoirí. Déan tacaíochtaí cuí a lorg, agus bain úsáid as uirlisí a éascaíonn na tascanna seo duit, agus déan moladh go sannfar oibrithe cúraim shóisialta do theaghlach chun an obair sin a dhéanamh más gá. Ná pioc amach leanbh ar leith le bheith ina n-urlabhraí cultúrtha nó ina 'n-ambasadóir cultúrtha' sa seomra ranga. Mura socraíonn leanbh é a dhéanamh, níor cheart go mbeadh ar aon leanbh a gcultúr / reiligiún / oidhreacht a mhúineadh dá bpiaraí. Nuair a dhéanann páiste é sin bíonn siad mar "réad teagaisc seachas ina gcomh-fhoghlaim lena bpiaraí" (York, 2003, lth.40). Más cuí, déan teagmháil le teaghlach agus leanbh a bhfuil nasc acu le cultúr nó cúlra ar leith, féachaint ar mhaith leo a bheith san áireamh i bplé ranga. D'fhéadfaidís fáiltiú roimh an deis, nó b'fhéidir gurbh fhearr leo gan bacadh.

Ar deireadh, bí sásta i gcónaí athbhreithniú a dhéanamh ar do chleachtas. Tóg am chun machnamh a dhéanamh agus seiceáil an bhfuilimid ag treisiú aon choincheapa maidir le hordlathas cultúrtha, agus ag déanamh beag is fiú nó neamhaird d'oidhreacht chultúrtha aon duine de na leanaí sa scoil nó sa phobal níos leithne. Is comhpháirtithe luachmhara iad leanaí, tuismitheoirí, teaghlach, comhghleacaithe agus meantóirí san obair seo, agus ba cheart dúinn a n-ionchur a lorg agus fáilte a chur roimhe. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair glacadh le cáineadh agus iarracht chomh dian sin á dhéanamh againn, tá an t-aiseolas seo ríthábhachtach dár gcuid foghlama agus forbartha, agus rachaidh sé chun tairbhe na bpáistí a mhúinimid ar deireadh. Trí aghaidh a thabhairt ar cháineadh agus treoir ar bhealach dearfach is comhartha é go bhfuilimid ag dul níos doimhne isteach sa phróiseas maidir le bunsraitheanna an chomhionannais a fhorbairt sa seomra ranga. Is é bun agus barr an scéil nach féidir le duine rud ar bith a fhoghlaim má mhaíonn siad go bhfuil gach eolas acu cheana féin.



Caibidil 29: Oideachas Idirchultúrtha

Ryma Halfaoui agus Vicky Donnelly



Can we practice an intercultural education that does not insist first and foremost on social reconstruction for equity and justice without rendering ourselves complicit to existing inequity and injustice?

Gorski, 2009

Aithnítear i Straitéis OSD Chúnaimh Éireann (2021, lth.6) “sineirgí láidre” idir OSD agus Oideachas Idirchultúrtha, chomh maith le cineálacha eile luachanna oideachais a, “thugann le chéile réimse leathan ábhar coitianta agus saincheisteanna ar nós cearta an duine, béim ar cheartas, idircheangailteacht agus dlúthpháirtíocht”. Cuireann Straitéis Oideachais Idirchultúrtha Rialtas na hÉireann (2010) Oideachas Idirchultúrtha i láthair timpeall ar dhá phríomhphrionsabal: ar dtús, Oideachas Idirchultúrtha, a ghlacann agus a admhaíonn an éagsúlacht bhunúsach atá i láthair i ngach gné de shaol an duine. Íograíonn sé na foghlaimeoirí i leith an fhórais go bhfuil bealaí éagsúla maireachtála, nósanna agus cruinneshamlacha forbartha go nádúrtha ag daoine, agus go saibhríonn an éagsúlacht seo ár dtaithí chomhchoiteann. Sa dara háit, cuireann sé comhionannas agus cearta daonna chun cinn, ag tabhairt aghaidh go gníomhach ar idirdhealú éagórach agus ag seasamh leis na bunluachanna ar a dtógtar an comhionannas (CNCM, 2005). Má thugtar aird ar an dá phrionsabal, is féidir leis an Oideachas Idirchultúrtha a bheith ina uirlis chumhachtach chun beocht a chur i luachanna agus in éiteas OSD i saol laethúil an tseomra ranga.

Cé go mbíonn fócas an Oideachais Idirchultúrtha dírithe go minic ar chur chun cinn agus ar cheiliúradh na héagsúlachta, agus ar chuimsiú cultúir éagsúla, is beag an mhaiteas atá ann má dhéantar neamhaird de mhíchothromaíochtaí bunúsacha agus “má cheiltar caidrimh chumhachta” sa tsochaí i gcoitinne (Bryan, 2009, lth. 298). Tríd an idirchultúrthas a chur chun cinn i bhfolús, gan tuiscint ná admháil ar an gcumhacht ná na pribhléidí a shainíonn ár gcuidrimh agus ár dtaithí sa tsochaí tá an baol ann go dtreiseofar na héagothromachtaí sin a mhaítear a bheith ag dul i ngleic leo.

Tá sé ríthábhachtach a bheith tuisceanach don teannas agus do na contrárthachtaí a d’fhéadfadh roinnt leanaí agus teaghlaigh de dhath, den Lucht Siúil agus eile a fhulaingt ó thaobh Oideachas Idirchultúrtha agus OSD. D’fhéadfadh sé a bheith míchompordach dóibh na gnéithe ar leith dá



bhféiniúlacht a bhuailear go rómhinic le haineolas, le cur i gcéill, le steiréitíopáil, le hidirdhealú nó le foréigean iomlán, a bheith ar an gclár oibre le haghaidh ceiliúrtha agus gan súil acu leis. Os a choinne sin, ní mór a bheith ar an eolas freisin go bhfuil rioscaí ag baint le labhairt amach faoi chiníochas agus leithcheal, agus go bhféadfadh teaghlaigh áirithe a bheith neirbhíseach faoi aird dhiúltach a tharraingt. D'fhéadfadh teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach, nó oibríthe gan doiciméid, mar shampla, a bheith imníoch go háirithe (agus é sin intuigthe) faoi iarmhairtí diúltacha. Cuimhnigh príobháideacht agus mianta na dteaghlach a chosaint. Seachain 'pearsantú': tabhair aghaidh ar chiníochas mar cheist shoचाíoch agus córasach, seachas mar shaincheist aonair nó pearsanta.

Tuig gur minic a bhíonn na leanaí féin feasach ar éagothroime agus leithcheal. In áit neamhaird a dhéanamh de chiníochas agus leithcheal, agus leanaí a fhágáil chun ciall a bhaint astu leo féin, admhaigh na bunfhirinní seo. Cruthaigh spásanna chun ligean dóibh a gcuid smaointe, mothúchán agus ceisteanna faoi na saincheisteanna seo sa tsochaí a roinnt. Tabhair samplaí d'fheachtais agus de ghluaiseachtaí dlúthpháirtíochta agus frithchiníochais. Spreag na páistí chun smaoinemh ar an gcumhacht atá acu seasamh suas, labhairt amach agus dlúthpháirtíocht a léiriú.

Nuair a bhítear ag iniúchadh ceisteanna domhanda i do sheomra ranga, déan iarracht gan leanaí óga a nochtadh d'íomhánna steiréitípicíúla, mar go bhféadfadh sé a bheith deacair dóibh idirdhealú a dhéanamh idir iad seo agus íomhánna 'fíor'. D'fhéadfadh sé seo a bheith thar a bheith ábhartha freisin maidir le cur i láthair daoine agus áiteanna sa Domhan Theas (an Afraic, Meiriceá Laidineach, an Áise agus an Aigéine) a léirítear go minic le híomhánna diúltacha de thimpeallachtaí neamhthorthúla, agus steiréitíopaí bochtaineachta agus díothachta. Is minic a fheictear é seo trí íomhá fheachtas carthanachta na hAfraice, rud a fhágann nach n-aithníonn agus nach gcloiseann foghlaimeoirí óga faoi na cultúir éagsúla agus na cathracha atá ag borradh. Chun é seo a chomhrac, féach le pictiúr cothrom agus éagsúil a sholáthar den Domhan Theas. Is deis iontach é seo chun aird a tharraingt ar an iliomad bealaí ina bhfuilimid nasctha trí bhia, éadaí, teicneolaíocht, cultúr agus naisc theaghlaigh.

Tóg am le tascanna foghlama agus leagan amach an tseomra ranga a dhearadh ionas go mbeidh na páistí ag plé tuairimí éagsúla agus go mbeidh deis acu oibriú i ngrúpaí éagsúla. Bíodh do sheomra ranga ina spás a chuimsíonn raon leathan agus ionadaíoch d'acmhainní. Féach le raon leabhar, ceoil, ealaíne, bréagán, taispeántas agus acmhainní eile a bheith agat le nascadh isteach i do churaclam, agus a bheith airdeallach ní hamháin ar na grúpaí a ndéantar ionadaíocht orthu, ach freisin ar conas agus cén fáth a ndéantar ionadaíocht orthu. Déan cinnte go léirítear an éagsúlacht mar chuid de ghnáthshaol laethúil na hÉireann, agus nach, mar shampla, i gcomhthéacs féilte, áiteanna i bhfad i gcéin, nó scéalta faoi leithcheal, imirce nó bochtaineacht amháin a léirítear é. Cuir comhthéacs foghlama faoi fhéilte agus faoi cheiliúradh ar fáil do na foghlaimeoirí chun tuiscint agus meas a chothú, agus chun cothromaíocht a sholáthar le béim ar an ghnáthshaol agus ar ócáidí speisialta araon.

Laistigh den seomra ranga, ba chóir go mbeadh sé ina chur chuige déileáil le fíricí seachas steiréitíopaí nó toimhdí. Déan taighde ar ábhair agus faigh tacaíocht chun tuiscint a chothú. Bíodh a fhios agat go bhféadfadh roinnt leabhar, póstaer nó téacsanna leabharlainne a bheith as dáta,



nó go bhféadfadh claonadh i dtreo steiréitíopaí a bheith iontu, agus go bhféadfadh go mbeadh gá iad a nuashonrú nó a uasghrádú.

Fiosraigh agus foghlaim faoi gach cultúr agus tír de réir a dtéarmaí féin. Agus tú ag cabhrú le leanaí tuiscint a fháil ar na cosúlachtaí idir daoine agus cultúir, bí cúramach gan a ngnéithe uathúla a laghdú. Seachain cultúir eile a mheas nó a thomhas de réir gnásanna príomhshrutha (Daoine atá socraithe síos, Daoine Geala, Éireannaigh agus Críostaithe go hiondúil), mar shampla, seachain cur síos a dhéanamh ar fhéile ar leith mar ‘an cineál Nollag’ i gcultúr eile, seachas ina théarmaí féin. Tabharfaidh sé seo deis duit a bheith feasach ar na contúirtí a bhaineann le cur chuige ‘turasóireachta’ den Oideachas Idirchultúrtha, áit a dtugtar cuireadh do pháistí ‘cuairt’ fhíorúil a thabhairt ar thíortha, ar phobail, ar thailte agus ar chultúr eile agus staidéar a dhéanamh orthu ar bhealach éadrom, gliúcaíochta, nó steiréitípicíúil, agus a bpassanna a stampáil, sula bhfillleann siad ‘abhaile’. Seachain cur chuige ar bith a spreagann braistint ‘eileachta’ agus ‘cur i gcéill’ do leanaí áirithe nó a threisíonn braistint teidlíochta do chuid eile.

Mar oideoir ná lig ort féin go bhfuil na freagraí ar fad agat. **Lig do do ról baint le héascú agus le cothú forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla trí cheisteanna maithe a chur.** Déan iarracht gan difríochtaí cultúrtha a dhéanann míchompordach tú a sheachaint. Má thagann teannas chun cinn mar gheall ar chuir chuige cultúrtha éagsúla, ná déan iarracht seasamh ‘Údarás Morálta’ a ghlacadh; tacaigh le hidirphlé measúil le fócas ar luachanna comhroinnte, agus le tuiscint go bhfuil bealaí éagsúla agus bailí ann chun na luachanna seo a chur in iúl. Glac cur chuige réamhghníomhach sa seomra ranga. Léirigh meas ar an éagsúlacht go comhfhiosach agus go gníomhach agus cothaigh an comhionannas laistigh den tseomra ranga agus lasmuigh de, ag spreagadh na bpáistí chun luach a chur ar an éagsúlacht, agus cáilíochtaí dearfacha a fheiceáil i ngach cultúr.

Ag obair leo siúd ó phobail imirceacha nó leo siúd a chónaíonn i soláthar díreach:

D’fhéadfadh teaghlaigh agus daoine óga a bhíonn ag lorg Cosaint Idirnáisiúnta mothú difriúil agus déileáil go difriúil le gníomhaíochtaí agus ceachtanna a bhaineann le cultúr, dídeanaithe agus imirce. Cuireann an lucht feachtais agus na hoideoirí Donnah Vuma agus Caoimhe Butterly (Donnelly, 2019) moltaí breise ar fáil do mhúinteoirí:

- Forbair feasacht agus tuiscint ar éagsúlacht agus ar chastacht na gcomhthéacsanna tíreolaíochta agus polaitiúla óna bhfuil leanaí agus teaghlaigh ag teacht. Tóg am le taighde a dhéanamh agus coinneáil suas chun dáta ar na hathruithe móra atá ag tarlú ina mbaile, do roinnt leanaí is athrú ar a saol é seo.
- Aithin go gcleachtfaidh leanaí agus teaghlaigh a gcreideamh nó go gcuirfidh siad a gcultúr in iúl ar a mbealach uathúil féin. Bí ar an eolas go bhféadfadh roinnt teaghlach fáil amach go n-athraíonn a gcleachtais chultúrtha féin ina mbaile nua agus go mb’fhéidir go mothaíonn siad difriúil faoi seo. Déan spás le haghaidh leanúnachas agus athrú ó thaobh an chaoi a léirítear cultúr sa saol laethúil. Cuimhnigh cibé rud a fhoghlaimítear faoi ‘chultúr’ go dtagann sé sa



dara háit i gcónaí le hais an chaoi a léiríonn na daoine féin é. Féach le meas a bheith agat ar bhealaí eile le rudaí a dhéanamh agus spás a dhéanamh dóibh- ní hionann 'normálta' do chách.

Má tá páiste sa rang atá ina gcónaí i soláthar díreach – más féidir leat é, téigh i gcomhairle leis na tuismitheoirí agus leis an bpáiste agus faigh amach an mbeidís compordach le gníomhaíocht nó plé faoin gcóras sin sa seomra ranga, agus déan de réir mar a deir siad. Déan na saincheisteanna a ghinearálú oiread agus is féidir, agus ná hiarr riamh ar na páistí eolas a thabhairt don rang fúthu nó iad a mhúineadh don rang. Cuir béim ar fhadhbanna ginearálta maidir le soláthar díreach – ar nós an méid ama a chaitheann daoine fanacht ann, nó na láithreacha iargúlta a chuirtear ar fáil agus a fhágann deacair é rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí oibre nó pobail – seachas sonraí níos pearsanta a nochtadh ar nós leanaí a gcuirtear iallach orthu go minic seomraí codlata a roinnt le tuismitheoirí agus siblíní.

Níl aon treoirphlean ná curaclam amháin ann don Oideachas Idirchultúrtha, don Oideachas Frithchiníochais, ná don OSD, cé go ndéanfadh sé an saol i bhfad níos simplí dá mbeadh. Tá dhá chúis shoiléire leis seo: an chéad cheann ná go bhfuil cultúr gan teorainn ó thaobh éagsúlachta de. Is é an dara ceann go bhfuilimid, mar oideoirí, ag tosú ó staideanna éagsúla, ag maireachtáil agus ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla, agus laistigh de thimpeallachtaí seomra ranga éagsúla - agus anuas air sin, go bhfuil na staideanna, na comhthéacsanna agus na timpeallachtaí seo dinimiciúil, idirghníomhach, agus ag athrú de shíor. Ceann de na gnéithe is dúshlánaí den Oideachas Idirchultúrtha agus den OSD ná nach gnáthábhair iad is féidir a mhúineadh taobh amuigh de na réaltachtaí sóisialta a mhúnlaíonn na saincheisteanna a bhíonn á gcíoradh. Téann na héagothromachtaí seo i bhfeidhm orainn go léir, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, agus tá an spás agus an teanga chun iad a phlé agus a cheistiú tuillte ag na daoine óga agus ag na teaghlaigh inár bpobail scoile. Agus é sin á dhéanamh, d'fhéadfadh ár seomraí ranga a bheith ina spásanna do shamhlú agus do chleachtadh bealaí éagsúla maireachtála agus caidrimh.

Caibidil 30: Imeachtaí i Scoileanna

Aoife Titley agus Brighid Golden



Is minic go dtiteann imeachtaí a tharlaíonn ar scoil agus atá nasctha le hOSD isteach i gceann de thrí chatagóir:

- (a) **Imeachtaí idirchultúrtha** dírithe ar éagsúlacht reiligiúnach, cultúrtha agus eitneach sa scoil a thaispeáint agus a cheiliúradh. Is féidir leo a bheith aonuaire, rialta, nó tarlú thar thréimhse fhada ama. Is féidir leo imeachtaí idirchultúrtha nó éagsúlachta a áireamh, nó ceiliúradh ar imeachtaí reiligiúnacha nó cultúrtha ar leith.
- (b) **Imeachtaí atá dírithe ar ghníomh** lena bhféadfaí agóidí, stailceanna, nó imeachtaí tiomsaithe airgid a áireamh, ar nós díolacháin cácaí, laethanta gan éide scoile, nó siúlóidí urraithe chun feasacht a ardú agus airgead a bhailiú d'eagraíochtaí a roghnaíonn an scoil nó chun díriú ar cheist a mbíonn suim ag na páistí inti.
- (c) **Imeachtaí d'ardú feasachta** ar nós taispeántais, drámaí, tionóil, nó oícheanta tuismitheora agus pobail a dhíríonn ar fheasacht na scoile agus an phobail i gcoitinne a mhúscailt i dtaca le hábhar spéise.

Cultúr agus féiniúlacht a thuiscint

Sula n-eagraímid aon imeachtaí idirchultúrtha i gcomhthéacs oideachasúil, tá sé tábhachtach smaoineamh ar cad atá i gceist againn le cultúr. Is minic gur rud é an cultúr a cheapann gach duine a thuigeann siad, ach nuair a iarrann tú ar dhuine é a mhíniú, b'fhéidir go mbeadh sé deacair acu cur síos a dhéanamh air. Is amhlaidh sin toisc gur coincheap an-chasta go deo é coincheap an chultúir. Is éard atá i gceist le cultúr ná 'plean le haghaidh maireachtála' a bhíonn ag baill de shochaí ar leith (Kluckhohn, 1951). Foghlaimíonn grúpa an cultúr agus roinneann siad é. Ach tá cultúr luaineach agus síorathraitheach, agus féadann sé athrú go mór ó ghlúin go glúin. Ní coincheap gan athrú é – d'fhéadfadh an cur síos a thabharfadh do thuismitheoirí ar a gcultúr agus an ceiliúradh a dhéanann siad air a bheith an-éagsúil ón gcur síos agus ceiliúradh a dhéanfá féin agus do chairde air. Freagraíonn cultúr don saol ina mairimid, agus is féidir le tosaíochtaí cultúrtha athrú ag brath ar an gcomhthéacs.



Úsáidtear meafar an chnoic oighir go minic mar bhealach chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirtear cultúr i bhfeidhm sa tsochaí. Cuirtear síos ar chnoic oighir go bhfuil siad 80% faoin dromchla, agus 20% os cionn an dromchla agus is féidir leis seo a bheith ina bhealach úsáideach chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn gnéithe áirithe den chultúr sofheicthe, agus cuid eile nach bhfuil chomh sofheicthe céanna. B'fhéidir gurb ionann na codanna sofheicthe den chnoc oighir agus rudaí cosúil le feisteas cultúrtha, beannachtaí, teanga, ealaín, ceol, bia, bratacha, féilte, litríocht, teanga, agus cluichí agus mar sin de. Mar sin féin, níl an rud atá faoin gcnoc oighir i gcónaí chomh soiléir sin ar dtús. D'fhéadfadh baint a bheith aige leis na bealaí coitianta a smaoiníonn daoine den chultúr céanna nó an bealach a mothaíonn daoine ón gcultúr sin faoi rudaí áirithe, ar nós áilleacht, ceartas, cothroime, am, noirm shóisialta, scéalta, luachanna, acmhainn grinn, caidrimh, nó gnáthaimh chultúrtha níos caolchúisí.

Mar an gcéanna, is smaoineamh ilsraitheach é féiniúlacht freisin. D'áitigh an teoiricí cultúrtha cáiliúil, Stuart Hall (1996), nach bhfuil an fhéiniúlacht singil nó aontaithe riamh, ina ionad sin go mba cheart dúinn smaoineamh ar fhéiniúlachtaí mar fhéiniúlachtaí iolracha agus trasnacha. Tá féiniúlachtaí tógtha agus níl siad seasta, is féidir leo foirmeacha iolracha agus hibrideacha a ghlacadh. Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs imeachtaí idirchultúrtha, mar go mbíonn féiniúlachtaí iolracha ag go leor de na daltaí inár seomraí ranga, agus seans ann go mbraitheann siad nasc le níos mó ná traidisiún cultúrtha amháin. Is gníomhairí gníomhacha iad leanaí i dtógáil a bhféiniúlacht chultúrtha agus mar thoradh air sin tá sé tábhachtach a mheabhrú nach gceiliúrfaidh gach dalta a gcultúr nó a bhféiniúlacht ar an mbealach céanna. Ina theannta sin, b'fhéidir go mothódh siad nasc níos láidre le gné amháin dá n-oidhreacht chultúrtha ag pointe amháin ina saol, agus nasc difriúil le gné eile ag aois níos sine.

Is micreacosmaí den tsochaí iad scoileanna agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith ina suímh thábhachtacha do thógáil féiniúlacht chultúrtha agus sóisialta na ndaltaí. Is minic gur sna scoileanna is mó a fhoghlaimíonn leanaí faoi chultúr agus ina ndéanann siad ciall den domhan mórthimpeall orthu. Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú an iliomad bealaí ina bhféadfadh daltaí a gcuid scéalta cultúrtha féin a thuiscint, agus iad ag plé le hoideachas idirchultúrtha nó le himeachtaí idirchultúrtha i gcomhthéacs na scoile.

Is cuma cén t-imeacht atá súil agat a eagrú, tá sé ríthábhachtach nach léiríonn sé ach cuid amháin de scéim oibre níos leithne maidir leis an ábhar ar a bhfuiltear ag díriú. Is minic gur féidir le himeachtaí aonuaire steiréitíopaí a chur chun cinn seachas dúshlán a thabhairt dóibh mar gur gnách leo cur i gcéill a bheith ag baint leo. Os a choinne sin, nuair a tharlaíonn imeachtaí mar gheall ar iniúchadh agus rannpháirtíocht leanúnach i leith saincheist, is féidir leo a bheith ina slí iontach chun an fhoghlaim leanúnach a roinnt do dhaltaí, chun naisc a chruthú idir pobail baile agus scoile, nó chun gníomh a ghlacadh maidir le saincheist thábhachtach ceartais dhomhanda. Ina theannta sin, cé go bhfuil sé coitianta i go leor scoileanna, ní mholtar tiomsú airgid go ginearálta laistigh d'OSD mar gheall ar a fhócas carthanachta. Is féidir tuilleadh iniúchta ar an dearbhú seo a fháil i gCaibidlí 4 agus 9. Chomh maith leis sin, tá gníomhaíochtaí samplacha chun cultúr a fhiosrú sa seomra ranga le fáil in Aguisín 4.




Leideanna ginearálta:

- **Cur chuige leabaithe:** Cinntigh nach eachtraí aonuaire iad na himeachtaí ach go léiríonn siad pleanáil agus iniúchadh fadtéarmach ar cheisteanna i do sheomra ranga agus sa scoil. Ná smaoinigh ar an imeacht mar thionscnamh 'breise' nó 'sa bhreis' nó mar 'bheart' do ghrúpaí áirithe laistigh den scoil. Ba chóir go mbeadh obair ar an topaic seo leabaithe i ngach gné de theagasc agus d'fhoghlaim an churaclaim agus ba chóir go mbeadh iarrachtaí sa réimse seo trasna raon leathan de dhoiciméid scoile. Mar shampla, **níl aon chiall le Lá Idirchultúrtha nó Seachtain Frithchiníochais mura bhfuil polasaí frithchiníochais ag do scoil, atá ina dhoiciméad beo ag feidhmiú chun áit níos cuimsithí a dhéanamh den scoil.**
- **Oiliúint d'fhoireann na scoile.** Mar fhoireann, céard atá sibh tiomanta dó trí eagrú nó páirteachas san imeacht seo? Ba chóir go mbeadh an obair mar chuid de phróiseas níos leithne oiliúna, machnamh criticiúil, agus oideolaíocht chultúrfhreagrach ar thaobh na foirne scoile.
- **Ceistiúchán machnamhach:** Mar mhúinteoir, smaoinigh ar:
 - Cad ba chúis le bunú an imeachta seo?
 - An raibh tionchar ag an tsaincheist a bhí á hiniúchadh le linn phleanáil an imeachta ar dhaoine?
 - Conas a rinneadh an t-imeacht seo a iniúchadh, a leathnú, agus a chur i gcomhthéacs laistigh de cheachtanna agus de churaclam foirmiúil?
 - Cén chaoi a bhfuiltear á léiriú laistigh de pholasaithe na scoile?
 - Cén chaoi a bhfuiltear á léiriú laistigh de thimpeallacht amhairc na scoile agus mo sheomra ranga?
 - Cé leis na guthanna agus na peirspictíochtaí atá á n-áireamh agam agus mé ag teagasc?
 - Trí cén lionsa a bhfuilim ag féachaint ar imeachtaí domhanda?
 - An bhfuilim cruthaitheach i mo theagasc ar an ábhar seo?
 - Cén oiliúint nó breisoideachas ar an topaic seo a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaim?
- **Seachain cur i gcéill:** Ná hiarr ar aon leanbh ná tuismitheoir léiriú a thabhairt ar chultúr iomlán. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé nach raibh siad riamh sa tír a bhfuil nasc eitneach acu léi, nó go bhféadfadh siad luachanna a gcultúr a chur i gcrích ar bhealach an-difriúil le daoine eile. Maireann go leor daltaí atá i scoileanna in Éirinn idir dhá chultúr nó níos mó agus d'fhéadfadh féiniúlachtaí casta a bheith acu.
- **Ná bí réaduchtach faoi chultúr:** Ná léirigh cultúir ná reiligiúin mar rud statach – bíonn gach cultúr ag athrú de shíor, agus bíonn taithí aonair ag gach ball de ghrúpa ar an gcultúr nó ar an reiligiún sin. Ná déan beag den fhoghlaim faoi chultúr idir bia, ceol nó éide traidisiúnta. Tá sé tábhachtach nach mbreathnaítear ar bhaill de phobal na scoile agus ar an méid tacaíochta a thugann siad mar 'siombailí' dá gcultúr nó nach laghdaítear go dtí 'andúchasach' iad. Bí airdeallach faoi na contúirtí a bhaineann le steiréitíopáil ar an mbealach seo agus cinntigh go ndéantar ionadaíocht agus go dtugtar tacaíocht freisin do chultú(i)r na hÉireann agus d'fhéiniúlachtaí casta Éireannacha.



- **Tábhacht na comhpháirtíochta:** Cinntigh go bpleanáiltear imeachtaí i gcomhpháirt le raon leathan páirtithe leasmhara atá ábhartha do phobal níos leithne na scoile. Téigh i dteagmháil le tuismitheoirí, seantuismitheoirí, cúramóirí eile, d’eagraíocht áitiúil Lucht Siúil, grúpaí faoi cheannas imirceach i do phobal, alumnas na scoile srl. Cuimhnigh go bhféadfadh taithí dhiúltach a bheith ag roinnt tuismitheoirí nó caomhnóirí ar oideachas scoile nó oideachas foirmiúil, agus go mb’fhéidir go mbeadh ort dul níos faide agus i bhfad níos faide ná sin chun muinín a bhunú agus caidreamh bríoch a chothú leo. Déan machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:
 - An bhfuilim ag déanamh spáis nó ag glacadh spáis?
 - Cé na guthanna a bhfuil pribhléid acu?
 - Cé na guthanna a chloistear?
 - Cad é an príomhthoradh foghlama a bhfuilimid ag súil leis?
 - Ar tugadh ómós do ghuth an linbh?
 - Conas a dhéanfar scafláil ar ghníomhaireacht daltaí?
- **Bí oscailte:** Tabhair cuireadh do raon leathan páirtithe leasmhara agus grúpaí pobail le coiste a bhunú a thacaíonn le fócas pleanála gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach. Cinntigh go bhfuil daoine le raon leathan dearcthaí ar an gcoiste, dearcadh daltaí san áireamh, agus nach bhfuil sé comhdhéanta de dhaoine a bhfuil an chruinneshamhail nó an fhís chéanna acu don imeacht. Éist le hionchur gach duine. Bí aireach maidir le haon imní nó cuntar a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Bí ceannródaíoch agus ná bíodh eagla ort seans a ghlacadh! Ba chóir cinntí a dhéanamh i gcomhthéacs phobal ar leith na scoile, ní díreach cóipeáil a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh ag scoil eile. Sa réimse seo, tá sé tábhachtach dul lasmuigh de do chrios chompond!

Le haghaidh sampla faoi conas is féidir imeachtaí éagsúla a fhí isteach i sraith gníomhaíochtaí a bhíonn dírithe ar chomhtháthú a chothú ar fud na scoile, féach an tsamhail idirghabhála a d’fhorbair EDNIP (Éagsúlacht a Ghlacadh, Tionscadal Comhtháthaithe a Chothú). Léiríonn an tsamhail seo conas a d’úsáid na cúig scoil EDNIP imeachtaí mar ghnéithe de scéim oibre níos leithne. Baineadh úsáid as na himeachtaí éagsúla chun an fhoghlaim a bhí ar siúl ar bhealaí eile ar fud na scoileanna a threisiú (Higgins et al., 2020, lth.8).



Fíor7: Múnla Idirghabhála EDNIP



Cuir chuige criticiúla

Chun a chinntiú go bhfuil d'imeacht ag teacht leis an gcleachtas is fearr san OSD, is smaoineamh maith é díriú ar chur chuige criticiúil, atá leagtha amach sa ngréille thíos agus atá curtha i gcomparáid le cur chuige bog a bhféadfadh cur i gcéill baint leis agus a threiseodh tuairimí steiréitipiciúla:

	Bog	Criticiúil
Ábhar/fócas	Ag Foghlaim faoi chultúir/ghrúpaí eile. Eispéireas 'eilearánaithe' go minic ar féidir leis catagóirí ar leith daoine a bhunú agus mearbhall a chur orthu sin nach bhfuil cinnte cá háit a luíonn siad.	Fócas ar fhoghlaim le daoine agus ó dhaoine ó chúlraí éagsúla. Scrúdaíonn an fhoghlaim nádúr luaineach na gcultúr agus an forluí a bhíonn ann go minic idir cultúir.
Straitéisí	Imeacht aonuaire	Bíonn an t-imeacht ar siúl mar chonclúid ar chlár oibre chun an fhoghlaim a roinnt
An chaoi a mbíonn daoine rannpháirteach	Iarrtar ar rannpháirtithe ionadaíocht a dhéanamh ar a gcultúir féin agus ullmhú ina n-aonar nó le daoine eile a bhaineann leis an ngrúpa cultúrtha nó leis an ngrúpa eitneach céanna maidir leis an méid a roinnfidh siad.	Tugtar rogha do rannpháirtithe a gcultúr féin a léiriú nó léargas a thabhairt ar chultúir eile ar fhoghlaim siad fúthu. De ghnáth glactar cur chuige pleanála comhoibríoch.
Cuspóir	Spraoi, taitneamh, lena n-áirítear daoine ó chúlraí éagsúla atá nasctha le pobal na scoile.	Chun an fhoghlaim ó chlár oibre a roinnt. Cuireadh a thabhairt do bhaill de phobal na scoile ó chúlraí éagsúla agus iad a chur san áireamh. Chun féiniúlachtaí éagsúla a dheimhniú.
Toradh	Is féidir tuairimí steiréitipiciúla maidir le nádúr statach agus coimhthíoch cultúir eile a fhoirmiú agus a bhuanú.	Déantar an éagsúlacht a normalú seachas é a fheiceáil mar rud andúchasach agus aisteach. Mothaíonn baill de ghrúpaí mionlaigh go bhfuil a bhféiniúlacht aitheanta. Méadú ar fheasacht do chách.

Tábla 7: Cur chuige bog i gcoinne criticiúil maidir le himeachtaí OSD, oiriúnaithe ó (Andreotti, 2006)

 Tá tuilleadh eolais faoi phleanáil agus seachadadh imeachtaí idirchultúrtha i do scoil ar fáil sna treoirínte a cheap Therese Hegarty agus Aoife Titley: [Intercultural Events in Schools and Colleges of Education](#).



Caibidil 31: Teagasc Cultúrfhreagrach agus Teangafhreagrach i Seomraí Ranga Ilteangacha

Annie Asgard




Is é ról an mhúinteora oideachas a chur ar fáil. Ina theannta sin, tá na luachanna eiticiúla meas, cúram, ionracas agus muinín mar bhonn agus mar thaca ag na caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta, inniúlachta agus iompair mar atá leagtha amach sa [Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí](#) de chuid na Comhairle Múinteoireachta (2016).

Tá croílár an chleachtais chultúrfhreagraigh agus na teangafhreagaí á léiriú i gcoincheapú na Comhairle Múinteoireachta ar mheas (2016, lth.6), atá le feiceáil a deir siad i gcumas an duine “tacú le dínit an duine agus comhionannas agus forbairt mhothúchánach agus cognaíoch a chothú”. Deirtear sa chód freisin go bhfuil sé tábhachtach “ina gcleachtadh gairmiúil, go léiríonn múinteoirí meas ar luachanna spioradálta agus cultúrtha, ar an ilchineálacht, ar an gceartas sóisialta, ar shaoirse, ar an daonlathas agus ar an timpeallacht” (2016, lth.6).

Cultúr, teanga agus féiniúlacht

Is cuid dár bhféiniúlacht ár gcultúr, ár greideamh, ár n-eitneacht agus ár dteanga. Nuair a aithníonn daltaí na codanna seo dá bhféiniúlacht, spreagann sé braistint chómhuintearais. Is féidir leis tionchar dearfach a bheith aige freisin ar chumas na mac léinn foghlaim agus gnóthachtáil. Labhraíonn an tOllamh Jim Cummins faoin nasc tábhachtach idir teanga, féiniúlacht agus gnóthachtáil. Léiríonn a chuid tuairimí san fhíseán thíos faoin gceangal idir teanga agus féiniúlacht chultúrtha an ról tábhachtach atá ag scoileanna agus ag múinteoirí i bhfoirmiú féiniúlacht na scoláirí.



“When someone with the authority of a teacher, say, describes the world and you are not in it, there is a moment of psychic disequilibrium, as if you looked into a mirror and saw nothing.”

Rich, 1986

Cleachtas atá Cultúrfhreagrach agus Teangafhreagrach



Is éard atá sa **Teagasc cultúrfhreagrach** ná oideolaíocht lena n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le tagairtí cultúrtha na scoláirí a áireamh i ngach gné den fhoghlaim. Is í Ladson-Billings (1995) a cheap an téarma ar dtús agus uaireanta tugtar **Teagasc Cultúr-ábhartha** air. Tá **ocht bpríomheilimint sa** ‘Teagasc Cultúrfhreagrach’ ar féidir leo, nuair a chuirtear iad le chéile, tacú le gach dalta scoile.

Ciallaíonn Teagasc Cultúrfhreagrach go bhfuilimid...

- Ag déanamh machnamh ar ár lionsa cultúrtha
- Ag aithint agus ag tabhairt aghaidh ar chlaontacht sa chóras ina n-oibrímid
- Ag tarraingt ar chultúr na ndaltaí chun curaclam agus teagasc a mhúnlú
- Ag tabhairt ceisteanna ón bhfíorshaol isteach sa seomra ranga
- Ag tabhairt dea-shampla maidir le hionchais arda do gach dalta
- Ag cothú measa ar na difríochtaí idir daltaí
- Ag comhoibriú le teaghlaigh agus leis an bpobal áitiúil
- Ag déanamh cumarsáide ar bhealaí sofhreagracha ó thaobh teanga agus cultúir de.

Leis an gcur chuige seo, feiceann leanaí an éagsúlacht mar “réaltacht dhearfach laethúil toisc go bhfeiceann siad meas á léiriú do dhaoine aonair agus do dhaoine ó chiníocha agus ó chultúir éagsúla trína n-idirghníomhaíochtaí ranga agus curaclaim” (Asgard, 2023).

Tagraíonn freagrúlacht teanga do chleachtas teagaisc a thacaíonn le foghlaim, le forbairt agus le rannpháirtíocht leanaí ó chúlraí teanga éagsúla (Lucas et al., 2008, Usable Knowledge, 2018). Ba chóir múinteoirí a spreagadh chun na bunphrionsabail den Mhúinteoireacht Teangafhreagrach a úsáid, mar a leagtar amach thíos:



1) Foghlaim faoi chúlraí, faoi thaithí agus inniúlachtaí teanga na ndaltaí

- a) Is féidir é seo a dhéanamh trí agallamh gairid le dalta agus/nó le baill dá dteaghlach le tacaíocht ó ateangaire nó bogearraí aistriúcháin más gá.
- b) Ón gcur chuige bunaithe ar láidreachtaí/sócmhainní, bailigh an oiread eolais agus is féidir maidir leis na páistí ó thaobh:
 - i) Teanga(cha) baile agus leibhéal litearthachta?
 - ii) Teanga(cha) Scolaíochta (TS)
 - iii) Réamhfhoghlaim (idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil) agus na córais oideachais a bhféadfadh taithí a bheith acu orthu
 - iv) Taithí ar ‘scolaíocht ar cuireadh isteach uirthi’, tráma nó saincheistanna eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gcuid foghlama nó folláine.

2) Cuir príomhphrionsabail d’fhoghlaim teanga bhreise i bhfeidhm

Tá go leor samhlacha de shealbhú an dara teanga ann ach is féidir na bunghnéithe a thuiscint go tapa trí:



- i) [BICS/CALP](#) Jim Cummins’ (Cummins, 1980):
 - (1) BCI: Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta (Teanga Shóisialta a d’fhéadfadh suas le dhá bhliain a thógáil chun í a shealbhú)
 - (2) ITCA: Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil (Teanga Acadúil a d’fhéadfadh suas le seacht mbliana a thógáil chun í a shealbhú)



- ii) [Teoiric ar Shealbhú Dara Teanga](#) Krashen’s (1981)
 - (1) Tá ‘ionchur sothuigthe’ (ionchur teanga a thuigeann éisteoirí cé nach gá go dtuigfidís na focail agus na struchtúir go léir) riachtanach do bharr-fhoghlaim teanga nua
 - (2) Is é an bealach is fearr le teangacha nua a fhoghlaim ná an bealach céanna ar fhoghlaim muid ár gcéad theanga/theangacha, is é sin, i gcomhthéacs agus go nádúrtha, tugtar an cur chuige nádúrtha i leith sealbhú teanga air seo (Krashen agus Terrell, 1983).

3) Cuir luach ar éagsúlacht teanga – Ba chóir go mbeadh éagsúlacht teanga ina cuid dhlúth de chultúr agus timpeallacht na scoile, áit a gcuirtear luach ar gach teanga scolaíochta (in Éirinn, sin Béarla, Gaeilge agus Nuatheangacha lasachta) chomh maith le teangacha ár bpobail scoile.



4) [Feasacht Sochtheangeolaíoch](#) a fhorbairt, is é sin an tuiscint go bhfuil comhthéacsanna éagsúla ann maidir le cén áit, cén uair agus cén chaoi a n-úsáidtear teangacha éagsúla, (Lancaster University, níl dáta). Baineann feasacht sochtheangeolaíoch leis an mbealach a bhfeictear an caighdeán Béarla a bhíonn ag duine (ó thaobh gnéithe éagsúla dá bhféiniúlacht ar nós aicme shóisialta, eitneacht, teanga baile, srl).

5) [Tacaigh le foghlaimoírí ilteangacha](#), áiríonn sé seo obair a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn cur chuige scoile uile ann maidir le leanaí atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de a fheiceáil ó thaobh láidreachtaí/buanna seachas ó thaobh easnamh, rud atá ina gné thábhachtach de bheith Teangafhreachach.



- 6) **Éilimh thascanna an tseomra ranga a thuiscint.** Tá sé tábhachtach breathnú ar thascanna ranga ó thaobh na scoláirí ilteangacha de, maidir leis an leibhéal Béarla a theastaíonn, ach freisin ó thaobh an eolais a bhíonn ag scoláirí roimh ré de mar scafall ar a bhféadfar foghlaim nua a fhorbairt.
- 7) **Cuir scafaill ar fáil sa teagasc le forbairt na ndaltaí ilteangacha a chur chun cinn.** Cé na cineálacha scafall a d'fhéadfadh tacú le foghlaimeoirí ilteangacha rochtain a fháil ar an gcuraclam? Cuireann an múinteoir roinnt scafall ar fáil (comharthaí amhairc, ábhair bhaile/détheangacha) agus is féidir roinnt scafall a chruthú sa chaoi a ligeann muid do pháistí a bheith páirteach le linn ceachtanna (obair ghrúpa, obair bheirte, rochtain ar ghléasanna/uirlisí digiteacha). Tá sé tábhachtach go spreagfaí neamhspleáchas na ndaltaí agus iad ag foghlaim conas scafaill a úsáid (foclóirí dátheangacha, uirlisí digiteacha, cabhair a iarraidh ar chomhdhaltaí, srl.) ach tá sé tábhachtach freisin pleanáil chun fáil réidh leis na scafaill sin de réir a chéile.



Caibidil 32: Stair agus Cultúr an Lucht Siúil a Iniúchadh

Aoife Titley



Nuair a bhítear ag plé cultúr an Lucht Siúil sa seomra ranga, tá sé tábhachtach cuimhneamh go mbíonn an cultúr ag athrú de shíor, agus go mbraitheann daoine ceangail éagsúla le gnéithe áirithe dá gcultúr. Ba chóir duit cuimhneamh go gcleachtann gach duine a gcultúr ar bhealach difriúil agus nach ndéanann sé duine ar bith den Lucht Siúil tada níos mó ná níos lú mura gcleachtann siad gach gné nó gné ar bith dá gcultúr (CNCM, 2023b). Mar thoradh air sin, níl na hacmhainní thíos á dtabhairt isteach ach mar phointe tosaigh. Cinntigh go leanann tú ag úsáid foinsí barántúla inchreidte a dhíríonn fócas ar ghuthanna agus scéalta Lucht Siúil na hÉireann. Ba chóir duit leanúint ar aghaidh ag forbairt caidreamh le teaghlaigh an Lucht Siúil i do scoil, agus le heagraíochtaí atá faoi stiúir an Lucht Siúil rud a d'fhéadfadh tacaíocht bhreise a thabhairt duit chun taise acmhainní oiriúnacha a fhorbairt don seomra ranga.

Teanga agus téarmaíocht

Go hiondúil, glaonn an Lucht Siúil in Éirinn, 'Lucht Siúil na hÉireann', nó 'baill de phobal an Lucht Siúil' orthu féin (Irish Travellers nó Traveller Community, seachas Travelling Community, sa Bhéarla). Is fearr le go leor den Lucht Siúil an téarma 'Mincéirí'. Baineann roinnt daoine úsáid as an téarma 'Ridirí Bóthair' freisin. Bí aireach maidir le cumhacht na teanga, agus nuair is cuí é déan teagmháil le daltaí agus le tuismitheoirí maidir leis an téarmaíocht is fearr leo.

Tabhair faoi deara freisin gur chóir an focal 'Lucht Siúil' a litriú i gcónaí leis na ceannlitreacha 'LS'. Is rud é seo a throid gníomhaithe den Lucht Siúil go láidir ar a shon agus ba chóir meas a léiriú dó.

Acmhainní

Tá sé tábhachtach go gcuireann tú eolas ar na forbairtí a bhí ann le déanaí i dtaighde agus beartais maidir le stair agus cultúr an Lucht Siúil laistigh den churaclam, is iad sin [iniúchadh curaclaim CNCM 2019](#), agus [Tuarascáil Taighde ar Stair agus ar Chultúr an Lucht Siúil CNCM 2023](#).














Stair an Lucht Siúil

-  Is acmhainn iontach é [A short history of Irish Travellers](#) (ón Cork Traveller Women Network) a thugann léiriú ar nóiméid shuntasacha i stair agus i gcultúr an Lucht Siúil agus a fhaigheann réidh le go leor miotas coitianta fúthu.

Cultúr an Lucht Siúil

-  - Is clár faisnéise gearr é [Traditional barrel top wagons](#) faoi ealaín na ndaoine a bhíonn bainteach le hathchóiriú agus péinteáil vaigíní bairille traidisiúnta. Tá [agallamh freisin leis an scannánóir](#) ar fáil,
-  - [Traidisiún na mBláthanna Páipéir](#) (físeán ó Ghrúpa Tacaíochta Lucht Siúil Mhaigh Eo),
-  - [Ag Déanamh pócaí coirníní](#),
-  - Is [Cant/Gammon](#) an teanga thraidisiúnta a labhraíonn an Lucht Siúil. Seiceáil an leathanach X [@MinceiriTori](#) freisin a roinneann focal amháin Gammon/Cant in aghaidh an lae

Scéalta ón Lucht Siúil

-  - [Lucht Siúil na hÉireann san Ardoideachas: Ag Forbairt Braistint Chómhuintearais](#)
-  - [Rap Leanaí: Teastaíonn níos mó den Lucht Siúil uainn sa Mhúinteoireacht!](#)
-  - [Clár Faisnéise faoi thionchar an idirdhealaithe ar mheabhairshláinte an Lucht Siúil Óig](#) ó Ghrúpa Infheictheachta Lucht Siúil Chorcaí
-  - An Bóthar [nach dtaistilítear a thuilleadh](#): Gearrscannán faoin teaghlach deiridh den Lucht Siúil a bhí ina gcónaí i vaigín bairille traidisiúnta
-  - Thomas McCarthy: [Songs of the open road](#)

Bhí beirt bhan den Lucht Siúil as Cill Dara (Winnie Stokes agus a hiníon Bridgie McDonagh) flaithiúil go leor freisin scéalta pearsanta a roinnt faoina dtaithí ar oideachas, go háirithe don acmhainn seo. Tá fáil orthu sin in Aguisín 5. D'fhreastail Winnie ar an mbunscoil sna 1970idí agus 1980idí, agus chuaigh Bridgie chuig an mbunscoil sna 1990idí agus 2000idí. Léigh faoin gcaoi ar mhothaigh siad scartha amach agus eisiata agus déan machnamh ar cad a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid breathnuithe ó thaobh do chleachtas féin de.

Labhraíonn Winnie agus Bridgie freisin faoin tábhacht a bhaineann le stair agus cultúr an Lucht Siúil a léiriú laistigh den churaclam foirmiúil, agus iarracht a dhéanamh caidreamh a chothú le









leanaí den Lucht Siúil agus dul i mbun comhrá leo faoina gcultúr. Is féidir an tábhacht a bhaineann le hinfheictheacht agus le léiriú a fheiceáil níos mó sa vignette seo a leanas:

"...tháinig páiste réamhscoile de chuid an Lucht Siúil abhaile ar bís agus dúirt sé lena mháthair, 'Bhí mé ar scoil inniu!' D'fhreagair an mháthair go raibh a fhios aici, ar ndóigh. Lean an buachaill, áfach, ag áitiú agus ag rá, 'Ní hea, bhí mé ar scoil i ndáiríre!' An lá dár gcionn, luann an mháthair é seo leis an... múinteoir. Mhínigh an múinteoir di go raibh puzal nua tugtha aici do na páistí an lá roimhe sin, ina raibh pictiúr de phobal an Lucht Siúil agus a gcarbháin."

(Vandenbroeck, 1999)

Roinnt eiseamláirí agus ceannairí

-  • [An Seanadóir Eileen Flynn](#)
-  • [An tIriseoir agus fear grinn Martin Warde](#)
-  • [An Dr Sindy Joyce](#)
-  • [An ceannaire agus gníomhaí pobail Martin Collins](#)
-  • [An tÚdar agus drámadóir an Dr Rosaleen McDonagh](#)
-  • [An tOideoir agus an déantóir polasaí an Dr Hannagh McGinley](#)

Leabhair agus leabhair phictiúr

- *The Lost Homework* le Richard O'Neill, maisithe ag Kirsti Beautyman,
- *Why the Moon Travels* le hOein DeBhairduin, maisithe ag Leanne McDonagh,
- *An Drúchtín agus an Seilide* le hOein DeBhairduin, maisithe ag Olna Anima,
- *The Giant Tent* – foilsithe ag Kids' Own,
- *Can't Lose Cant, the old language of Irish Travellers* – foilsithe ag Kids' Own,
- *Through the Eyes of Traveller Children* – foilsithe ag Kids' Own,
- *Can't Turn Back – A Book all about Travellers* – foilsithe ag Kids' Own.

Caibidil 33: Gníomhaíochas i Scoileanna

Aoife Titley



Tá sé an-tábhachtach mar mhúinteoir machnamh a dhéanamh ar do luachanna agus cé dó a sheasann tú maidir le do ghníomh beartaithe. Smaoinigh ar an sliocht seo a leanas ó Freire agus Freire (1997, lth.93):

*I cannot be a teacher if I do not perceive with even greater clarity that my practice demands of me a definition of where I stand. A break with what is not tight ethically. I must choose between one thing and another thing. **I cannot be a teacher and be in favour of everyone and everything.** I cannot be in favour merely of people, humanity, vague phrases far from the concrete nature of educative practice. Mass hunger and unemployment, side by side with opulence, are not the result of destiny.*

D'fhéadfadh an creat thíos a bheith ina pointe tosaigh úsáideach chun cuid dár roghanna gníomhaíochta a mheas go criticiúil:

	Múnla Heads Up: Vanessa Andreotti
Mórcheannas	An dtugann an réiteach nó an ghníomhaíocht roghnaithe le tuiscint go bhféadfadh grúpa amháin daoine réiteach a dhearadh agus a chur i gcrích a réiteodh gach fadhb?
Eitnealárachas	An dtugann an cur i láthair seo ar an gceist le tuiscint go bhfuil aon duine nach n-aontaíonn mícheart?
Neamhstairiúlachas	An bhfuil an cur i láthair seo ar an gceist ag léiriú na faidhbe gan a mhíniú conas a tháinig an fhadhb chun cinn agus conas atá muid ceangailte leis freisin?
Dípholaitiú	An dtéann cur i láthair na saincheiste thar an míniú ar an gcaoi a bhfuil ról ag cumhacht (polaitíocht agus ceannaireacht)?
Slánaitheacht	An bhfuil 'cuiditheoirí' na ceiste ag gníomhú ar nós daoine eisceachtúla/speisialta ar mhisean chun an domhan a shábháil? An bhfuil aon rud ar eolas againn faoina gcuid fadhbanna?
Réitigh neamhchasta	An mbreathnaíonn an réiteach a chuirtear i láthair an-simplí? An mbreathnaíonn sé nach gá duit smaoineamh ródhomhain air?
Atharthacht	An bhfeictear na daoine atá i ngátar mar dhaoine nach bhfuil airgead acu, a bhfuil drochoideachas acu agus a bhfuil do chabhair de dhíth orthu gan smaoineamh ar na hacmhainní atá acu?

Fíor 8: Múnla Heads Up, oiriúnaithe ó Andreotti (2016)



Tá modheolaíochtaí breise chun gníomhú OSD a scafláil ar fáil in Aguisíní 6 agus 7 an leabhair seo.

Cén chuma atá ar ghníomhaíocht?

I gcomhthéacs na bunscoile, tá sé thar a bheith tábhachtach tacú le do dhaltaí chun gníomhartha atá bríoch, éifeachtach agus aois-oiriúnach a aithint. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go gcuireann gníomhaíochtaí an dlúthpháirtíocht chun cinn freisin. Is éard atá i ndlúthpháirtíocht ná ár ndícheall a dhéanamh ar son aontacht i measc grúpa daoine agus comh-thacaíocht a léiriú do dhaoine eile a chaitheann déileáil le héagóir – achoimrithe ar an mbealach is fearr leis an bhfrása ‘tá muid go léir anseo le chéile’. Má tá tú ag súil gníomh a eagrú a léiríonn dlúthpháirtíocht, agus gur mhaith leat go simplí gan a bheith ag brath ar thiomsú airgid, cad iad na roghanna eile atá ar fáil duit i gcomhthéacs scoile?

SAMPLAÍ DE GHNÍOMHARTHA	
<i>Gníomh idirbheartaithe a dteastódh cead dó ó cheannaireacht scoile agus/nó tuismitheoirí/caomhnóirí</i>	<i>Gníomh a d'fhéadfadh leanaí a dhéanamh go neamhspleách gan cead na scoile ná cead na dtuismitheoir</i>
Dul ar stailc	Dul i dteagmháil le cinnteoirí
Ag ‘moilleadóireacht’ (ní stailc iomlán a bheadh i gceist, ach ag déanamh an méid is lú is féidir agus ag moilliú do luas oibre)	Stocaireacht a dhéanamh ar pholaiteoirí/lucht déanta beartas
Baghcat (d'fhéadfadh sé gur ar bhranda, eagraíocht, siopa nó táirge é seo)	Litreacha a scríobh
Easumhlaíocht shibhialta (nuair a aontaíonn grúpa daoine le chéile neamhaird a dhéanamh ar riail, nó ar dhlí nó ar rialachán a mheasann siad a bheith éagórach)	Ardú feasachta ar na meáin shóisialta
Freastal ar agóid	Achainí a shíniú
Dul ar mhórshiúl	Aighneacht a dhéanamh (m.sh. Tionól na Saoránach/comhairliúchán oscailte)
Bratacha a chrochadh (agóid í seo ina bhféadfaí póstaer/bratach le mana nó teachtaireacht láidir a chrochadh in áit phoiblí)	A bheith i do thomhaltóir eiticiúil
Gníomhaíocht sráide (dul ar na sráideanna chun do theachtairacht a scaipeadh faoin dóigh a mhothaíonn tú faoi ábhar ar leith).	Cinneadh spriocdhírthe, eolach, réasúnaithe nó comhchoiteann a dhéanamh chun síntiús a thabhairt do charthanas
Suigh isteach (daoine aonair nó grúpa daoine a áitíonn áit mar chineál agóide síochánta)	Freagraí ealaín-bhunaithe – dráma nó dán a scríobh, scannán a dhéanamh agus toradh na hoibre a scaipeadh

Tábla 9: Samplaí de Ghníomhaíocht




Tá tuilleadh smaointe agus cuir chuige maidir le gníomhaíocht a ionchorprú i do chleachtas ranga ar fáil in Aguisín 6 agus tá creat gníomhaíochta samplach ar fáil in Aguisín 7.

Gníomhairí an Athraithe: Cé leis an scéal a chloistear?

Baineann cuid mhór den OSD le cuimsiú iltuairimí, agus go háirithe guthanna ón Domhan Theas a bheith le cloisteáil i ndíospóireachtaí agus i bplé ar cheisteanna forbartha. Ós rud é go dtagann formhór mór na múinteoirí in Éirinn ón móramh cultúir, tá sé tábhachtach ach go háirithe a bheith aireach faoin gceist seo. Tá sé tábhachtach cineálacha cur chuige atá eitnealárnach a sheachaint agus iad seo a mheas ó raon dearcthaí chun meon aigne domhanda a fhorbairt a thuigeann dearcthaí dhaoine eile. Chuige seo, tá sé ríthábhachtach d'ábhar teagaisc a éagsúlú, agus machnamh a dhéanamh ar cé leis na scéalta a áireoidh tú sa seomra ranga.

Le go dtuigfidh na páistí gur féidir athrú a dhéanamh, beidh sé an-tábhachtach go gcuirfidh tú ar an eolas iad maidir le gníomhaithe cáiliúla a raibh tionchar acu ar athruithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha nó timpeallachta i raon comhthéacsanna agus traidisiún éagsúla. Déan iarracht a bheith cruthaitheach agus difriúil maidir leis seo! Mar shampla, is féidir le ceachtanna faoi Martin Luther King agus Rosa Parks a bheith an-choitianta i gcomhthéacs bunscoile, agus is iontach an méid a chuir siad leis an stair. Tá a fhios againn ón taighde áfach, nuair nach mbíonn leanaí ag foghlaim faoin gcinióchas ach trí scéalta mar seo, go dtugann sé an teachtaireacht gur rud é an ciníochas nár tharla ach san am atá thart, nó nár tharla ach in áiteanna i bhfad i gcéin.

Beidh sé tábhachtach ceachtanna dá láithéid sin a chomhlánú trí bhreathnú freisin ar ghníomhaíocht fhrithchiníochais i gcomhthéacs níos reatha agus níos áitiúla. Sa chnuasach *Black and Irish* roinntear scéalta ó dhearcadh na nÉireannach Dubh agus an Cine Measctha agus tá raon  físeán acu ar a [suíomh Gréasáin](#) do Mhí Staire na nDaoine Dubha a thugann próifíl ar an méid a rinne gníomhaithe Éireannacha Dubha.

Mar an gcéanna, bhí Greta Thunberg ina hinspioráid do go leor daoine óga ar fud an domhain mar gheall ar na rudaí iontacha atá bainte amach aici trí ghluaiseacht stailc aeráide scoile ar a dtugtar *Fridays for Future*. Ach is dócha go bhfuil do dhaltaí ar an eolas cheana féin faoina cuid oibre agus a bhfuil bainte amach aici, agus ní hí Greta Thunberg an t-aon bhean óg atá ag troid ar son an cheartais aeráide. D'fhéadfá saothar Autumn Peltier a chur os comhair na bpáistí, duine a hainmníodh, agus gan í ach ceithre bliana déag d'aois, mar Phríomh-Choimisinéir Uisce do Náisiún Aniishnabek Cheanada agus atá ina gníomhaí idirnáisiúnta do chosaint uisce. D'fhéadfadh do dhaltaí foghlaim faoi Amariyanna Copeny, nó Little Miss Flint mar is fearr aithne uirthi, a chuir tús, agus gan í ach ocht mbliana d'aois, lena feachtas maidir le haird a tharraingt ar ghéarchéim uisce Flint. In éineacht leis na samplaí domhanda, b'fhéidir go molfadh do dhaltaí laochra áitiúla a bheadh spéisiúil don rang agallamh a chur orthu agus tuilleadh eolais a fháil fúthu.



Caibidil 34:

Ag Obair laistigh de Churaclam Náisiúnta

Claire Glavey, Global Village



Tá roinnt gnéithe de Chreatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta (CNCM, 2023a) ábhartha agus tacúil go háirithe don OSD. San áireamh i bPrionsabail Uileghabhálacha na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe tá 'Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht' agus 'Gníomhú agus Rannpháirtíocht', agus tá an péire acu lárnach don OSD freisin. Ina theannta sin, tá 'A Bheith i do Shaoránach Gníomhach' ar cheann de na seacht bPríomhinniúlachtaí atá le cothú i bpáistí le linn a gcuid ama sa bhunscoil.

Léiríonn an cur síos atá ag an CNCM ar an gcumas seo cuspóir agus misean OSD:

"Cothaíonn an cumas seo an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna, agus na meonta i bpáistí a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe, agus le meas ar chearta dhaoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint, agus a léirmheas laistigh de chreat a bhaineann le cearta daonna, cothromas, ceartas sóisialta, agus forbairt inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, ardaíonn sé feasacht ar dhúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide, coimhlint, agus éagothroime atá ag dul i méid. Cuireann sé cleachtais dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an cumas seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, náisiúnta, agus domhanda, agus cothaíonn sé a gcumas chun cur go dearfach agus go comhbhách le cruthú domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime." (CNCM, 2023a, lth.9)

Níl OSD ina réimse ná ábhar curaclaim neamhfheiceálach i gCreatchuraclam na Bunscoile, áfach. Mar sin, tá gá le spreagadh an mhúinteora chun OSD a leabú laistigh de chleachtas an tseomra ranga. Is féidir prionsabail an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe agus an príomhinniúlacht a bhaineann le 'a bheith i do shaoránach gníomhach' a thabhairt chun solais agus riachtanais an curaclaim á gcomhlíonadh ag an am céanna trí:



1. Na réimsí curaclaim, ábhair, snáitheanna, agus gnéithe a bhaineann go díreach le hOSD a aithint,
2. Úsáid a bhaint as lionsa domhanda ina bhfuil roghanna chun do théama nó topaic féin a roghnú,
3. Deiseanna a thapú do theagasc traschuracclaim agus téamach bunaithe ar théamaí OSD.

I measc na samplaí de théamaí OSD a d'fhéadfaí a ionchorprú in obair churacclaim tá:



Fíor18: Samplaí de théamaí OSD



Anseo thíos gheobhaidh tú samplaí den chaoi ar féidir OSD a chomhtháthú i ngach Réimse Curaclaim.

Teanga:

- Scéalta, amhráin agus filíocht ó áiteanna ar fud an domhain, a léiríonn éagsúlacht ar bhealach nádúrtha,
- Saothair fhicsin agus neamhficsin a cheistíonn éagothroime, éagóir agus an Eoralárnachas,
- Fealsúnacht do Leanaí – obair teanga bhéil ar ‘mhórchesteanna’ faoin domhan.

Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM, nó STEM sa Bhéarla)

- Staitisticí a bhaineann le téama OSD a bhailiú agus a anailísiú m.sh. suirbhé ar éagsúlacht teangacha agus náisiúntachtaí a léirítear laistigh de phobal na scoile,
- Léiriú sonraí maidir le héagothroime m.sh. barrachairt nó píchairt a thaispeánann dáileadh an rachmais thar ilchríocha/tíortha,
- Turgnaimh chun eolaíocht téama OSD a thuiscint (m.sh. athrú aeráide, cailteanas bithéagsúlachta srl).

Folláine

- Plé faoinár n-áit agus ár ról sa domhan mór, le béim ar ghníomhaíocht dhearfach is féidir linn a dhéanamh i ndáil le téamaí OSD,
- Cluichí comhoibrithe agus cumarsáide,
- Cluichí ó gach cearn den domhan,
- Cosáin eachtraíochta chun léirithuisicint don chomhshaol nádúrtha agus dár ról maidir lena chosaint a iniúchadh agus a fhorbairt,
- Oideachas ar na meáin chumarsáide – ag ceistiú cé as a dtagann ár bhfaisnéis agus idirdhealú a dhéanamh idir fíricí agus tuairimí.

Oideachas sna hEalaíona:

- Ag freagairt/ag cruthú ealaín bunaithe ar théama OSD,
- Ag freagairt do/ ag cumadh amhrán agóide ar son an cheartais,
- Obair dhrámaíochta m.sh. Cosán Coinsiasa, ag iniúchadh gníomhaíochtaí/cinntí a bhaineann le héagothroime domhanda agus lenár ról mar shaoránaigh domhanda.



Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil:


- Anailís chriticiúil ar imeachtaí stairiúla ó dhearcthaí éagsúla (m.sh. an pobal dúchais, taiscéalaithe Eorpacha),
- Taighde/imscrúdú ar théamaí OSD a bhaineann le tír na hÉireann agus tíortha eile le béim ar an gcomhar idirnáisiúnta agus ar an gcóirthrádáil agus ar a bhfuil ag oibriú go maith.

Clár an phátrúin:

- Na croíluachanna OSD a roinneann pátrún na scoile a aithint agus a nascadh m.sh. ceartas, comhionannas, cúram don chomhshaoil,
- Scéalta/parabail faoi théamaí morálta m.sh. dlúthpháirtíocht, gníomh in aghaidh na héagóra agus leatrom,
- Foghlaim agus gníomhú chun cúram a thabhairt don chomhshaoil agus don phobal áitiúil.

Ar na gnéithe den OSD a d'fhéadfaí a ionchorprú in aon réimse curaclaim tá:

- Modheolaíochtaí plé, díospóireachta agus machnaimh,
- Smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna anailíse a fheidhmiú,
- Machnamh ar bhunluachanna na bhfoghlaiméoirí agus dearcthaí ar son an cheartais a chothú,
- Deiseanna do pháistí beart a dhéanamh mar fhreagra ar a bhfoghlaim faoi théamaí domhanda, le béim ar cheartas seachas carthanacht.

 Tá tuilleadh treorach agus samplaí le fáil sna [Treoirlínte maidir le hOideachas Domhanda](#) (Caibidil D) ón Lárionad Thuaidh-Theas agus ó Chomhairle na hEorpa (2019)



Caibidil 35: Na hEalaíona

Maria Varvarigou, Margaret O’Keeffe agus AnneMarie Morrin



Trí pháirt a ghlacadh sna healaíona **cothaítear mothúcháin, agus spreagtar an corp agus ár gcéadfaí** ar bhealaí a fheabhsaíonn ár **dtuiscint ar dhaoine eile agus ar an domhan timpeall orainn**. Cuidíonn oideachas sna healaíona ar bhealaí tábhachtacha le forbairt inniúlachtaí cognaíocha, muinín, díocas oibre, réiteach fadhbanna agus scileanna cumarsáide. Ina theannta sin, léiríonn Crossick agus Kasznska (2016) fianaise gur féidir le rannpháirtíocht sna healaíona cuidiú ó thaobh daoine machnamhacha a chruthú agus saoránaigh rannpháirteacha a bheith mar thoradh air sin. Ar an dóigh chéanna, áitíonn Gude (2009) ag an mbunleibhéal, trí ealaín, go bhforbraíonn leanbh an cumas maidir le haird chaolchúiseach ar an domhan agus ar a n-idirghníomhaíochtaí leis an domhan saolta. I seomra ranga na bunscoile, tá taithí ar oideachas sna healaíona trí Dhrámaíocht, Ceol agus Amharcealaíon, leagtha amach go sainiúil chun bealaí maireachtála eiticiúla agus marthanacha a chur chun cinn, agus chun idirphlé a spreagadh maidir le dúshláin dhomhanda (m.sh., éagobhsaíocht pholaitiúil, imirce, cearta daonna) agus saincheisteanna comhshaoil (m.sh., inbhuanaitheacht, athrú aeráide, taisteal eiticiúil) (Juntunen agus Partti, 2022). Is féidir le hoideoirí aghaidh a thabhairt ar riachtanais chasta áitiúla, náisiúnta agus domhanda agus iad a threorú trí chuir chuige a fhorbairt chun dul i ngleic le heolas atá barántúil, bríoch, nuálach, cruthaitheach agus ábhartha d’fhoghlaimoirí an 21ú haois.

Ceol

Déanann **Ceoltóireacht Chéadfach** (Varvarigou, 2024) cur síos ar rannpháirtíocht ceoil mar phróiseas ilchéadfach, próiseas ceoil-sóisialta, ina mbíonn foghlaimoirí agus múinteoirí i mbun idirghníomhaíochtaí ceoil trí éisteacht, trí úsáid a bhaint as uirlisí ceoil, agus trí rince/gluaiseacht – iad seo ar fad ceangailte trí insint nó scéal éigin. Cuimsíonn ceoltóireacht chéadfach rudaí tagartha freisin (cosúil le puipeid, nó gnáthrudaí laethúla), boladh agus blas, chomh maith le huigeacht agus dathanna. Tá na hidirghníomhaíochtaí seo go léir tumtha i gceol agus i bhfuaim, a ghreamaíonn le chéile iad. Sa cheoltóireacht chéadfach, tá an focal ‘ceol’ bunaithe ar a bhunfhréamhacha Gréagacha ársa, áit a raibh Musiké ina choincheap lárnach a chomhcheangail an fhilíocht, foinn agus rince. Tá ceoltóireacht chéadfach spreagtha ag amharclannaíocht chéadfach Oily Cart atá deartha ag tógáil lucht féachana néara-éagsúil san áireamh. Is mósáic iad



seomraí ranga bunscoile an lae inniu de pháistí ag a bhfuil cumas, cúlraí agus spéiseanna éagsúla, agus mar sin, d'fheilfeadh ceoltóireacht chéadfach mar chur chuige chun topaicí ceartais dhomhanda a iniúchadh ar bhealach cuimsitheach agus pearsantaithe. Is sampla maith atá in amharclann chéadfach [Oily Cart](#) (Varvarigou, 2023) maidir le conas a d'fhéadfadh ceol céadfach oibriú go praiticiúil, sa seomra ranga. B'fhéidir go dtosódh múinteoirí:



- Iniúchadh trí chiúnas, ceol, agus fuaim. Ag baint úsáid as guth, uirlisí baile nó ceoil agus rudaí aimsithe,
- Scéalta Céadfacha, a úsáidtear chun mothúcháin a chothú, agus chun an corp agus ár gcéadfaí a spreagadh.
- Cumarsáid neamhbhriathartha ag baint úsáid as ceol agus fuaim.

Drámaíocht

Is foirm ealaíne í an drámaíocht, fréamhaithe i mbealaí feasachta corpraithe, mothaitheacha (Murphy agus O'Keefe, 2006, O'Neill, 1995). Cosúil leis na foirmeacha eile ealaíne, éascaítear forbairt caidreamh idir an duine féin agus an domhan. Trí scéal á úsáid mar spreagadh don drámaíocht, bainimid leas as cumas nádúrtha leanaí a gcuid samhlaíochta a úsáid. Trí scéalaíocht, cuirtear am, áit agus féiniúlacht ar fionraí go sealadach de réir mar a chuirtear ar chumas leanaí dul isteach i ndomhan agus i ról shamhailteacha chun téamaí a bhaineann le saoránacht dhomhanda a iniúchadh. Is minic a bhíonn machnamh ar a thábhachtaí agus atá sé oibriú le chéile chun ceartas agus cothromas níos fearr a bhaint amach do chách mar bhuntéama sna scéalta a spreagann idirphlé a bhaineann le hOSD.

Is féidir go leor cur chuige oideolaíoch a bhíonn coitianta sa drámaíocht a úsáid chun téamaí OSD a bhíonn leabaithe i scéal a iniúchadh, ina measc:

- Íomhánna treoraithe,
- Ról ar an mballa,
- Ceol a úsáid chun patrúin ghluaiseachta a spreagadh agus a iniúchadh,
- Íomhánna socra,
- Carachtair as scéalta a chuimsiú,
- Múinteoir i ról, a bheith aireach maidir le hógairacht fhéideartha sa seomra ranga, sa scoil, sa phobal áitiúil agus i bpobail níos leithne. Smaoinigh ar gach ceist agus cás a d'fhéadfadh teacht chun cinn sula nglacfaidh tú ról ar bith.

Na hAmharcealaíona

Tá eispéiris amharc-ealaíon ina modh cumhachtach chun daoine a nascadh. Is modheolaíochtaí bunaithe ar rannpháirtíocht iad foirmeacha éagsúla ealaíne ar nós líníocht, péinteáil, colláis, grianghrafadóireacht agus dealbhóireacht, ar féidir leo, nuair a úsáidtear iad go héifeachtach, smaointe agus mothúcháin ar leith a chur in iúl agus léargais bhríocha a thabhairt ar shaincheisteanna casta domhanda a bhaineann le cúrsaí sóisialta, polaitiúla, eacnamaíocha nó comhshaoil.



Seo a leanas cleachtaí is féidir a úsáid d'éascú comhráite fiosracha a théann thar bhriathartha, agus a tharraingíonn tuairimí agus faisnéis ó pháistí a bhféadfadh sé a bheith níos éasca dóibh cumarsáid a dhéanamh ar bhealach neamhthéacs.

- Líníochtaí comhoibritheacha ciorclacha a thosaíonn le daoine ag cruthú líníochtaí aonair mar fhreagra ar théamaí roghnaithe agus comhoibriú ina dhiaidh sin leo siúd lena dtaobh chun líníochtaí comhroinnte nua a chruthú a áiríonn smaointe a chéile,
- Dialann chomhoibritheach a chuireann ar chumas leanaí a gcuid smaointe agus breathnuithe a rianú agus freagairt dóibh siúd ó dhaoine eile nuair a roinntear dialanna idir rang-ghrúpaí nó idir scoileanna éagsúla,
- Freagraí pearsanta a áiríonn tacú le leanaí chun saothar ealaíne dá ndearadh féin a chruthú mar fhreagra ar cheisteanna OSD,
- Leabhráin aitheantais a chruthú agus lámhleabhair threoracha a dhearadh a chuireann ar chumas gach páiste léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar mhaith leo go gcaithfí leo agus a léireofaí meas orthu.



Caibidil 36: Teagasc Téamach agus Comhtháthú

Brigid Golden



Is cur chuige traschuraclaim é teagasc téamach a fhéachann le réimsí éagsúla den churaclaim a chomhtháthú le chéile faoi théama nó ábhar comhchosúil. Cuireann sé eispéireas foghlama iomlánaíoch ar fáil a chuidíonn le daltaí naisc a chruthú agus a gcuid scileanna agus eolais a aistriú thar theorainneacha ábhar.

Cuirtear leis an OSD trí chur chuige téamach a ghlacadh. Níl OSD ina réimse ábhair ar an gcuraclaim náisiúnta agus mar sin trí théamaí ábhartha a nascadh isteach i gceachtanna curaclaim cuirtear ar chumas múinteoirí príomhfhoghlaim OSD a ionchorprú ina n-amchlár rialta in áit a bheith ag iarraidh spás a aimsiú in amchlár atá plódaithe cheana féin. Ina theannta sin, tá téamaí OSD ábhartha trasna raon leathan réimsí curaclaim agus trí iniúchadh a dhéanamh orthu laistigh de réimsí éagsúla ábhar is féidir cur le tuiscint agus le gníomhú na ndaltaí orthu.

D'fhéadfaí teagasc téamach a phleanáil agus a dhéanamh thar lá, nó thar sheachtain, nó fiú thar téarma iomlán. D'fhéadfadh fiúntas suntasach a bheith ann tréimhse fhada ama a thabhairt do théama mar go gceadaíonn sé duit fillleadh ar an téama arís agus arís eile agus topaicí a iniúchadh ar bhealach níos doimhne. Mar sin féin, má tá tú nua sa teagasc téamach, b'fhéidir gurbh fhearr leat plan níos giorra ar dtús.

Pleananna téamacha

Ba chóir go n-áireodh plan téamach breac-chuntas ar bhunsmainte ceachta d'ílreimsí ábhar bunaithe ar an téama agus ar an spreagadh céanna. Is smaoineamh maith é nuair a bhíonn do phlean téamach á chur le chéile agat ar dtús do chuspóirí foriomlána a mheas. Sainaithe an t-eolas, na luachanna nó na scileanna ar leith a theastaíonn uait go ndéanfadh na daltaí iniúchadh orthu mar thoradh ar d'fhócas ar an téama. Nuair a bhíonn do chuspóirí iomlána á n-aithint agat, tabhair faoi deara nach gá go dtiocfaidís ón gcuraclaim mar go leagfaidh siad amach an phríomhchúis le díriú ar an téama agus bainfidh siad le go leor ceachtanna agus ábhair (ní ar nós cuspóirí curaclaim a bhaineann le hábhar amháin). Moltar duit, agus do smaointe ceachta á gcur le chéile agat, déanamh cinnte de go bhfuil ceangal acu le cuspóirí curaclaim nó le torthaí foghlama lena chinntiú go mbeidh do phlean téamach ag teacht le do phleananna fadtréimhseacha eile.



Spreagadh

Úsáidtear spreagadh m.sh. leabhar (gearrscéal, leabhar pictiúr, úrscéal grafach, úrscéal ranga srl), dán, físeán, amhrán, grianghraf nó pictiúr, litir, nuachtán, nó déantán srl. chun suim agus aird a spreagadh i dtéama nuair a léirítear é nó a úsáidtear arís agus arís eile é. Is féidir le spreagadh tacú le daltaí chun naisc a dhéanamh idir ceachtanna éagsúla.

Bealaí inar féidir leat fillleadh ar spreagadh arís agus arís eile:

- Nocht níos mó gach lá (léigh leathanach breise, nó nocht níos mó d'íomhá gach lá),
- Múin véarsa nua d'amhrán nó dán gach lá,
- Cuir ceisteanna níos casta faoin spreagadh gach lá,
- Úsáid an spreagadh mar leid chun dul siar ar an réamhfhoghlaim.

Rudaí le cur san áireamh agus tú ag teagasc go téamach:

- Le linn na céime pleanála, sainaithin na leabhair agus na hacmhainní a úsáidfídh tú agus tú ag clúdach do théama. Déanfaidh sé seo do phlean níos fusa le cur i bhfeidhm gan ábhair nua a bheith le n-aimsíú gach lá.
- Cinntigh go dtosaíonn tú le réamhrá ar do théama sula dtosaíonn tú ceachtanna ar ghnéithe ar leith de do théama. Is féidir ceachtanna tosaigh a dhéanamh laistigh d'aon réimse curaclaim ag brath ar fhócas an cheachta.
- Smaoinigh cá rachaidh an téama – ullmhaigh trí mhachnamh a dhéanamh ar na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn agus an treo a d'fhéadfadh sé dul i do sheomra ranga, ach bí ag súil freisin le rudaí nach raibh aon súil agat leo.
- Cinntigh go bhfuil plean agat maidir le conas an téama a leathnú agus tógáil air lena chinntiú go leathnaítear agus go ndoimhnítear foghlaim na ndaltaí thar réamhrá an téama.
- Glac páirt fhíranta i ngach ceacht. **Níor cheart go mbeadh na naisc idir an téama agus an réimse ábhair siombalach ná éigeantach ach go léireodh siad forluí nádúrtha ina gcuireann clúdach an téama go mór le gnóthachtáil cuspóirí curaclaim.**
- Ba chóir go mbeadh an téama soiléir do na daltaí, mar sin labhair faoi arís agus arís eile agus cinntigh go bhfuil na páistí feasach ar na naisc idir ceachtanna comhtháite ar an téama céanna.
- Cinntigh go bhfuil na páistí ag fáil raon eispéireas éagsúla le linn na gceachtanna ar do théama m.sh. cluichí, drámaíocht, ceol, plé, ealaín, gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin, scéalta srl.

Caibidil 37: Ceachtanna aois-oiriúnacha a dhearadh

Claire Glavey, Global Village



Is contanam é an bunoidéachas, le gach dalta aonair, grúpa agus rang páistí ag staid ar leith ina gcuid foghlama. Is féidir agus ba cheart go mbeadh rochtain ag gach leanbh ar OSD. Mar is amhlaidh le haon Réimse Curaclaim nó Ábhar, ba chóir ceachtanna agus clár oibre OSD a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais agus stíleanna foghlama éagsúla na bhfoghlaimoirí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tosú le topaic nó téama a mbeadh spéis ag na leanaí ann chun a rannpháirtíocht san OSD a mhúscailt. Mar sin féin, tá sé tábhachtach freisin go nochtfaí leanaí, le himeacht ama, do mheascán saincheisteanna, nach mbeadh suim acu iontu nó eolas acu fúthu ar dtús ach a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a saol agus/nó ar shaol daoine eile ar fud an domhain.

Roinnt treoircheisteanna le breithniú:

- Cé na gnéithe den OSD a bhfuil na páistí ag caint fúthu cheana féin?
- Cá bhfaigheann siad a gcuid faisnéise faoi théamaí OSD faoi láthair (m.sh. na meáin shóisialta, piaraí, leabhair, tuismitheoirí, leabharlanna, póstaer/clár fógraí, cluichí ríomhaire, teilifís)?
- Má thugann tú rogha téamaí OSD d'fhoghlaimeoirí, cén ceann/cé na cinn is mó a gcuireann siad spéis ann/iontu? Agus cén fáth?
- Cé na téamaí OSD nach ndearna siad machnamh orthu nó nár tháinig siad trasna orthu chomh minic sin? An bhféadfadh na téamaí seo dúshlán a thabhairt d'fhoghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar an domhan ar bhealach difriúil?

Ardaíonn OSD ceisteanna casta agus dúshlánacha faoin domhan ina mairimid, faoinár gcaidrimh lena chéile agus leis an domhan nádúrtha, agus faoinár ról mar shaoránaigh domhanda dul i ngleic le fadhbanna suntasacha. Tá sé tábhachtach teagasc OSD a chur ar leibhéal a dhoimhniú agus a thugann dúshlán do thuiscint agus dearcadh leanaí ar an domhan, ar bhealach tacúil a oireann dá n-aois agus dá stíl foghlama. Ba cheart é a dhéanamh ar bhealach a dhéanann ciall dóibh, agus ag an am céanna a bheith á spreagadh chun domhan níos córa agus níos cothroime a shamhlú, a iniúchadh agus gníomhú ina leith.



Is féidir é seo a bhaint amach trí:

- Spás sábháilte a sholáthar ina spreagtar leanaí chun frithfhreagairtí do théamaí domhanda a chur in iúl. D'fhéadfadh go mbeadh raon frithfhreagairtí i gceist ó mhíchompord, eagla agus imní, go dóchas, cumasú agus inspreagadh. Tá sé tábhachtach go mbeadh spás ann chun gach frithfhreagairt a chur in iúl. Tá go leor acmhainní ar fáil chun tacú le múinteoirí agus iad ag teagasc agus ag freagairt do cheisteanna conspóideacha, idir [Aonad Forbartha Curaclaim CGCB](#), [Comhairle na hEorpa](#), agus [Oxfam](#).
- Deiseanna struchtúrtha a éascú do pháistí chun dearcthaí eile a ghlacadh, agus easaontú go measúil le daoine eile – m.sh. trí dhíospóireacht – ag cinntiú go nglacann foghlaimeoirí le peirspictíocht nach mbeadh siad ag plé nó nach n-aontódh siad leis de ghnáth.
- Cur chuige atá dírithe ar réitigh a ghlacadh i leith téamaí domhanda, ag tarraingt ar shamplaí de ghníomhaíocht dhearfach agus scéalta faoi athrú ó ar fud an domhain chun dóchas agus gníomhú a spreagadh.
- Naisc a dhéanamh idir an téama domhanda atá á iniúchadh agus saol na bpáistí féin.
- Leanaí a spreagadh lena gcuid smaointe agus freagraí féin ar théamaí domhanda a chur in iúl.
- Am agus tacaíocht a thabhairt do leanaí ionas gur féidir leo gníomh fiúntach a dhéanamh ar théama domhanda a bhfuil suim acu ann.



D'fhéadfadh [Curaclam Oxfam do Shaoránacht Dhomhanda](#) (lth.16–21) a bheith úsáideach chun cuidiú le struchtúru, le pleanáil agus le machnamh ar cad a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'obair OSD le haoisghrúpaí éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfaí téama na hidirnascthachta a iniúchadh agus tógáil air ag gach leibhéal ranga mar seo a leanas:



Naíonáin Shóisearacha/Naíonáin Shinsearacha: léigh agus pléigh leabhair phictiúr ag cur béim ar an gceangal idir daoine ar fud an domhain m.sh. '[Anseo atá Muid](#)'; '[What Does it Mean to be Global?](#)' le Rana Di Orio agus Chris Hill. (Tá na leabhair seo agus go leor teidil chomhchosúla oiriúnach le húsáid leis na hardranganna freisin)



Rang 1/2: fiosraigh topaic na himirce agus an chaoi a nascann sí daoine agus áiteanna m.sh. cluichí ionsamhlúcháin, obair léarscáile, scéalta, físeáin, fíricí agus uimhreacha ó acmhainní ar nós '[Conairí: Lámhleabhar do Mhúinteoirí, An Imirce agus Cearta Imirceach a Fhiosrú sa Seomra Ranga Bunscoile](#)' ón Tionscadal DICE, Coláiste Mhuire gan Smál agus Doras Luimnigh, [Ábhair Teagaisc d'aoiseanna 6-9 mbliana d'aois](#) ó UNCHR Ireland.



Rang 3/4: fiosraigh athrú aeráide agus ceartas aeráide ag taispeáint conas a bhíonn tionchar ag gníomhaíochtaí/imeachtaí i gcuid amháin den domhan ar dhaoine agus ar áiteanna i gcodanna eile den domhan m.sh. eolaíocht, fíricí, cás-staidéir tíre agus gníomhaíochtaí drámaíochta ó acmhainní ar nós [Athrú Saoil](#) ó Thrócaire agus An tIonad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, [Modúl Athraithe Aeráide](#) ó Plan International Ireland;



Rang 5/6: foghlaim faoi naisc agus dúshláin a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta agus forbairt m.sh. taighde, plé agus díospóireacht ag úsáid acmhainní cosúil le '[Bitter or Sweet? Treoir ghníomhaíochta bunscoileanna agus Cóirthrádála ar sheacláid, fórbhochtaineacht, dúshaothrú páistí agus athrú aeráide](#)' ó Fairtrade Ireland, [Global Food Challenge](#) ó Oxfam, [Naisc Chóra, Trádáil Chóir: Acmhainn Teagaisc faoin Afraic](#) acmhainn chomhoibritheach idir Institiúid Oideachais Marino agus Proudly Made in Africa.

Tá i bhfad níos mó acmhainní ar fáil ó bhainc acmhainní agus ó eagraíochtaí aonair a oibríonn ar théamaí agus ar dhúshláin domhanda. Soláthraíonn [DevelopmentEducation.ie](#) banc acmhainní atá eagraithe de réir téama domhanda agus de réir leibhéal aoise/bunoideachas sóisearach/ bunoideachas sinsearach, agus tá acmhainní ag go leor eagraíochtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Is féidir [Scoilnet.ie](#) a chuardach de réir leibhéal ranga agus réimse ábhar agus tá leathanaigh téama ar fáil air freisin – tá an [leathanach téama Tíreolaíochta](#) an-ábhartha don Oideachas Saoránachta Domhanda. Tá meascán eolairí acmhainne ar fáil freisin ar nós an Eolaire [Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe ó Scoilnet](#). Chomh maith leis sin ag [Leabhair Pháistí Éireann](#) tá raon leathan alt saor in aisce, léirmheasanna ar leabhair, treoracha léitheoireachta, liostaí léitheoireachta ábhartha, acmhainní, smaointe agus pacáistí gníomhaíochta ar théamaí a bhaineann le hábhar OSD.



Caibidil 38: OSD sna Luathbhlianta

Alicja McCloskey



Ar an gcéad spléachadh, ní cheapfá go mbeadh ceisteanna a bhaineann le saoránacht dhomhanda agus ceartas sóisialta ina n-ábhar curaclaim do Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha. Mar sin féin, má dhéantar iniúchadh níos géire ar na príomhchoincheapa, dearcthaí agus luachanna atá mar bhonn agus mar thaca le hOSD criticiúil, is léir go luíonn siad go nádúrtha leis an méid is mian leat a spreagadh sna daltaí is óige, agus níos tábhachtaí fós, leis na rudaí a bhfuil dúil acu iontu.

Ag múineadh leanaí an-óg

Cuimhnigh, chun freastal ar riachtanais na bpáistí agus cabhrú leo gabháil d'fhoghlaim fhiúntach gur chóir go mbeadh curaclam na naíonán mar seo:

COMHTHÁITE	toisc nach ndéanann sé ciall do leanaí óga an fhoghlaim a roinnt in ábhair scoite, toisc go bhfoghlaimíonn siad go hiomlánaíoch (sé sin foghlaimíonn siad go leor rudaí ag an am céanna)
BUNAITHE AR AN IMIRT	mar gur fearr a fhoghlaimíonn leanaí trí rannpháirtíocht spráúil, praiticiúil agus gníomhach i ngníomhaíochtaí oscailte a spreagann a samhlaíocht agus atá ábhartha dóibh
LEANBH-STIÚRTHA	toisc go gcuirtear deiseanna gníomhaireachta, féin-éifeachtúlachta agus inspreagadh intreach chun cinn trí dheiseanna a thabhairt do leanaí a gcuid foghlama féin a threorú, rud atá ríthábhachtach dá bhfolláine, dá bhforbairt agus dá ngnóthachtáil acadúil

Tábla 10: Comhpháirteanna den fhoghlaim fhiúntach i gcuraclam na naíonán



Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin go bhfoghlaímíonn leanaí óga níos fearr trí idirghníomhaíochtaí lánfhiúntacha ar ardchaighdeán le daoine fásta tábhachtacha (mar a dtuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí) agus lena bpiaraí, agus nuair a mhothaíonn siad slán ó thaobh a gcuid mothúchán.

Is féidir curaclam naíonán comhtháite, leanbh-dhírthe agus bunaithe ar shúgradh a chur i bhfeidhm mar cheachtanna/gníomhaíochtaí/tionscadail réamhphleanáilte nó nuair a bhítear ag baint leas as deiseanna foghlama spontáineacha. I gcomhthéacs OSD criticiúil d'fhéadfadh go n-áireodh sé:

- mionfhoghlaim ag baint úsáid as cur chuige tionscadail a bhféadfadh foghlaim faoi mo shráidbhaile/baile/comharsanacht a bheith i gceist leis chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuireann éagsúlacht i measc teaghlaigh, cultúir, teangacha agus bealaí maireachtála lenár bpobail agus a ligeann sé dúinn foghlaim óna chéile. Chun é seo a bhaint amach, is féidir leat cuairt a thabhairt ar áiseanna áitiúla, cuireadh a thabhairt do chuirteoirí a bhféadfadh na páistí agallamh a chur orthu, iarraidh ar na páistí déantáin a thabhairt isteach/earraí agus táirgí bia a úsáideann siad/a itheann siad a dhéanamh chun traidisiúin a léirítear laistigh dá bpobal áitiúil a cheiliúradh, agus margadh/leabharlann/bácús srl a bhunú sa seomra ranga chun iad a thaispeáint,
- ceachtanna/gníomhaíochtaí aonair ina bhféadfadh go molfadh nó go léireodh na páistí plotaí/críocha malartacha ar scéalta aitheanta/síscéalta clasaiceacha chun dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí oidhreachta/éagóir/status quo a bhí tagtha anuas óna muintir,
- cluichí simplí agus sosanna gluaiseachta lena n-áireofaí 'Athraigh bhur n-áiteanna' – suíonn na páistí i gciorcail agus malartaíonn siad áit le duine eile má tá an tréith/suim chéanna acu m.sh. 'Athraigh d'áit má tá gruaig dhonn ort', 'Athraigh d'áit más féidir leat níos mó ná teanga amháin a labhairt', 'Athraigh d'áit más maith leat uachtar reoite' srl.

Bain úsáid as Aistear

Cuimhnigh gur sna luathbhlianta (sna chéad sé bliana de shaol an linbh) a leagtar síos an bonn don fhoghlaim agus don fhorbairt go léir as sin amach. Mar sin, ag dul i mbun OSD criticiúil duit, díriú níos mó ar bhunsraitheanna a leagan síos do na príomh-mheonta, luachanna, dearcthaí agus scileanna ar chóir do pháistí a fhorbairt seachas ar an eolas ábhair féin. Chun é seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach machnamh go cúramach ar conas a mhúineann tú, seachas an méid a mhúineann tú, trí dheiseanna a éascú do leanaí chun:

- a nglór a úsáid agus a ngníomhaireacht a fheidhmiú trí roghanna a dhéanamh maidir lena bhfoghlaím féin,
- saincheisteanna atá rompu féin agus a bpobail a fhiosrú agus réitigh fhéideartha a phlé,
- ceisteanna a chur, míniú a thabhairt, údar a thabhairt le rud, tuairimí a chur in iúl agus idirbheartaíocht a dhéanamh.



Trí úsáid a bhaint as Aistear, cuirfidh tú chun cinn:

- **meonta**, amhail fiosracht, féinfheasacht, seiftiúlacht, buanseasmhacht, muinín chun tuairimí a nochtadh agus seasamh in aghaidh na héagóra,
- **luachanna agus dearchtaí**, mar shampla ionbhá, cothromas, ceartas, comhbhá, meas ar dhearchtaí agus ar shlite beatha éagsúla,
- **scileanna**, mar shampla smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, comhoibriú, cumarsáid chómhalartach éifeachtach.



Mura bhfuil tú cinnte cá háit le tosú, déan iarracht smaoineamh ar [Aistear](#) mar do chara nádúrtha agus do threoir. Tá na luachanna [cothromas](#), [éagsúlacht](#) agus [daonlathas](#) mar bhonn agus mar thaca le prionsabail agus téamaí *Aistear*. Cothaíonn an creat meas, cumarsáid agus comhpháirtíocht le gach leanbh agus a dteaghligh, agus tuiscint go léiríonn siad cúlraí, oidhreacht agus pobail éagsúla.

Chun tosaí amach, cuir eolas ar an gcéad ghrúpa prionsabal de chuid *Aistear* a bhaineann le 'leanaí agus a saol ina luath-óige', is é sin:

- uathúlacht an linbh,
- comhionannas agus éagsúlacht,
- leanaí mar shaoránaigh.

Léigh faoin tuiscint atá ag na naíonáin ar na ceisteanna sin (CNCM, 2009 , lth. 6-8).

Ina theannta sin, cuireann na téamaí '[Féiniúlacht agus Muintearas](#)' agus '[Folláine](#)' atá in *Aistear* tuairimí ullmhaithe ar fáil faoin gcaoi ar féidir leat saincheisteanna a bhaineann le [saoránacht](#), [cearta daonna](#), [inbhuanaitheacht](#), agus [ceartas sóisialta](#) a iniúchadh agus a chur chun cinn le leanaí níos óige. D'fhéadfá na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- plé a dhéanamh ar '*alt nuachtáin a bhféadfadh spéis a bheith acu ann, nó ar choincheapa amhail cothroime, cumhacht, freagracht, saoirse, cearta, nó claontacht i gcomhthéacs eispéireas laethúla leanaí*' (CNCM, 2009 , lth.23),
- prapaí a chur ar fáil '*amhail éadaí gléasadh suas chun cabhrú le leanaí féiniúlachtaí nua a thástáil, nó meascán d'fhíoracha agus samhlacha beaga chun an saol mórthimpeall orthu a léiriú*' (CNCM, 2009 , lth.31),
- an seomra ranga a leagan amach le trealamh, ábhair agus taispeántais a thugann '*léiriú ar éagsúlacht shochoaí na hÉireann lena n-áirítear cumas, inscne, éagsúlacht eitneach, agus struchtúr teaghligh*' (CNCM, 2009 , lth.57).

Ina theannta sin, cuimsíonn 'Treoirlínte um Dea-Chleachtas' *Aistear* fiche a haon sampla d'eispéiris foghlama atá oiriúnach do sheomraí ranga na naíonán.

Caibidil 39: Ag Obair Laistigh de Struchtúir Scoile

Claire Glavey, Global Village



Ina gcuid oibre, téann múinteoirí i ngleic le struchtúir iolracha scoile. Ina measc seo tá éiteas na scoile, polasaithe na scoile, an Bord Bainistíochta agus an fhoireann cheannasaíochta scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí aonair agus grúpaí tuismitheoirí, comhairlí/aontais daltaí agus grúpaí eile scoláirí. Ina theannta sin, ní mór do mhúinteoirí oibriú laistigh de chomhthéacs cur chuige agus tionscnamh uile-scoile. Go hidéalach, bheadh OSD leabaithe i ngach ceann de na struchtúir scoile seo. Cé go bhfuil gá le ceannaireacht scoile le go dtarlódh sé seo, tá deis ag gach múinteoir aonair mionfhoghlaim maidir le hOSD a fheidhmiú ina seomra ranga féin, agus ceannaireacht agus dea-chleachtas a léiriú laistigh den phobal scoile i gcoitinne.

Mar thúsphointe d'fhéadfaí na naisc atá ann cheana féin idir OSD agus polasaithe agus cleachtais na scoile a aimsiú, agus deiseanna a chruthú chun na naisc sin a neartú: déan do dhícheall an pobal iomlán scoile a áireamh (daltaí, múinteoirí, bainistíocht na scoile, CRSanna, an rúnaí, an feighlí, na tuismitheoirí, an fhoireann choimhdeach) i ngníomhaíochtaí OSD. Áirítear an príomhoide, an leas-phríomhoide, an príomhoide cúnta, agus baill an Bhoird Bainistíochta i ngrúpa bainistíochta/ceannaireachta na scoile. Sa ghrúpa foirne scoile áirítear múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus foireann choimhdeach (m.sh. an rúnaí, an feighlí, an glantóir). I measc na ngrúpaí mac léinn tá comhairle/aontas na ndaltaí, coiste na Scoileanna Glasa, grúpaí cairde, srl.

Pointí Tosaigh Samplacha do bhainistíocht/ceannaireacht scoile:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar phlean forbartha na scoile maidir le deiseanna OSD,
- Oiliúint foirne a sholáthar i réimsí ábhartha m.sh. oiliúint fhrithchiníochais,
- An fhreagracht maidir le hOSD sa scoil a shannadh do bhall den fhoireann cheannaireachta,
- Am pleanála don OSD a éascú agus a struchtúru i gcruinnithe foirne,
- Socrú a dhéanamh le go mbeidh ionadaithe foirne ar an mBord Bainistíochta ábalta aiseolas a chur ar fáil i dtaca le dul chun cinn pleananna agus gníomhaíochtaí OSD,
- Ceiliúradh ar/aitheantas do ghnóthachtálacha OSD a eagrú chun iad a roinnt le pobal na scoile m.sh. imeachtaí pearsanta, ailt ar shuíomh idirlín na scoile srl.



Pointí Tosaigh Samplacha d'fhoireann na scoile i gcomhar le ceannaireacht na scoile:

- Gnéithe d'éiteas na scoile a bhaineann le hOSD a shainaithint;
- Deiseanna maidir leis an OSD a phlé,
- Plean OSD a fhorbairt ina mbeadh topaicí agus samplaí do na ranganna ar fad,
- Comhoibriú ar phleananna OSD m.sh. múinteoirí ag obair ag na leibhéil ranga céanna/ag leibhéil chosúla,
- Acmhainní OSD a roinnt agus a scaipeadh,
- Tionóil scoile a bhaineann le téamaí OSD a réachtáil, m.sh. gníomhú ar son na haeráide, comhionannas inscne, Lá Cearta Daonna srl,
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'aon chomhrá nó gníomh OSD a mholann comhairlí/aontais nó coistí mac léinn.

Tá sé tábhachtach go nglacfaí cur chuige meáite agus réalaíoch chun OSD a leabú i ngach gné den scoil. Ar na tosca a mbeidh tionchar acu ar mhéid agus ar luas na n-athruithe d'fhéadfadh go mbeadh:

- Stair na scoile maidir le freagairt do théamaí domhanda m.sh. taithí / spéis na foirne,
- An dóigh go bhféadfadh dreamanna éagsúla i bpobal na scoile breathú ar théamaí OSD ar bhealaí a bheadh difriúil óna chéile m.sh. d'fhéadfadh daoine áirithe breathnú orthu trí lionsa carthanachta, cuid eile trí lionsa an cheartais,
- An bhaint agus rannpháirteachas (an spéis agus an méid) a bhí roimhe sin ag tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí agus daltaí i ngníomhaíochtaí scoile agus i bpróisis chinnteoireachta.

Tógann athrú a bhíonn fadtéarmach agus buan am. Chun ardchaighdeán OSD a bhaint amach a théann i bhfeidhm ar struchtúir uile na scoile, ba cheart spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a leagan síos, a athbhreithniú agus éachtaí a cheiliúradh. Sa ghearrthéarma, féach le hathrú incriminteach a dhéanamh agus na hionchais maidir leis an méid is féidir a bhaint amach in aon scoilbhliain amháin a bhainistiú.

Caibidil 40: An Curaclam Ceilte

Brigid Golden



Is éard atá sa churaclam ceilte ná na teachtaireachtaí acadúla, sóisialta agus cultúrtha folaithe nó intuigthe a chuirtear in iúl do dhaltaí agus iad ar scoil. Is coincheap é atá bunaithe ar an tuiscint go dtógann foghlaimoirí isteach ceachtanna ar scoil a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith ina gcuid den chúrsa foirmiúil staidéir.

Samplaí den mhéid a fhoghlaimíonn leanaí tríd an gcuraclam ceilte:

- an chaoi ar chóir dóibh idirghníomhú le piaraí, múinteoirí, agus daoine fásta eile,
- an chaoi ar cheart dóibh breathnú ar an éagsúlacht,
- na smaointe agus an iompraíocht a mheastar a bheith inghlactha nó doghlactha.

Is féidir le curaclam ceilte cur le ceachtanna an churaclaim foirmiúil nó dul salach orthu, rud a léiríonn finímeacht nó neamhréireacht idir misean, luachanna agus diongbháilteacht luaite na scoile agus an méid go díreach a fheiceann agus a fhoghlaimíonn daltaí fad is a bhíonn siad ar scoil.

Samplaí den churaclam ceilte i ngníomh:

- An teachtaireacht a thugtar nuair a lorgaíonn múinteoir 'buachaillí móra láidre chun na táblaí a bhogadh',
- An teachtaireacht a chuirtear amach nuair nach léiríonn na hacmhainní ar fad (leabhair, póstaer srl) sa scoil nó sa seomra ranga ach íomhánna de dhaoine a bhreathnaíonn cosúil leo siúd ón gcultúr tromlaigh (rud a chiallaíonn go bhfuil easpa éagsúlachta le feiceáil maidir le ciníochas, creideamh, nó difríochtaí eitneacha eile),
- An teachtaireacht a thugtar le bratach Fáilte i mbealach isteach na scoile scríofa i dteangacha éagsúla.



Is féidir úsáid a bhaint as an gcuraclam ceilte, trí thaispeántais agus acmhainní a úsáid ar fud na scoile, chun an teagasc agus an fhoghlaim fhollasach sa seomra ranga a threisiú agus chun foghlaim imeallach a chur chun cinn (Muijs agus Reynolds, 2018).

Bíonn an curaclam ceilte le feiceáil iontu seo:

- Gnáthaimh lena n-áirítear bainistíocht an tseomra ranga, gluaiseacht timpeall an tseomra agus chuig spásanna eile, am lóin, idir na ranganna srl,
- Taispeántais, póstaeir, ballaí tuairimí srl. sa seomra ranga,
- Na leabhair, cluichí, bréagáin agus acmhainní eile atá ar fáil do dhaltaí sa seomra ranga,
- An teanga a úsáidtear go rialta ag caint le daltaí (b'fhéidir go n-úsáidfí beannacht, focail mholta nó íde béil ar leith go rialta),
- Aon tionscnamh ranga nó scoile a bhfuil baint ag an scoil leo (Scoileanna Glasa, *Roots of Empathy*, Brat Buí, cairde cainte srl).



Caibidil 41: Cur Chuige Coiteann maidir le hOSD a Mhúineadh

Brigid Golden agus Vicky Donnelly



Tá roinnt cur chuige coiteann ann maidir le hOSD a mhúineadh ar féidir iad a úsáid chun tacú le teagasc ábhar éagsúil sa seomra ranga agus orthu sin tá:



Spásanna Sábháilte

Cruthaigh spás sábháilte le haghaidh díospóireachta trí bhunrialacha a leagan síos leis na páistí don mhúinteoir agus do na daltaí (agus luaigh na rialacha sin go rialta, agus déan iad a thabhairt suas chun dáta nuair is gá sin)

- Ná lig ach do dhuine amháin labhairt ag an am – gan cur isteach,
- Léirigh meas ar thuairimí daoine eile,
- Tabhair dúshlán do na smaointe agus ní do na daoine,
- Bain úsáid as teanga chúí – gan aon chaint mhaslach,
- Lig do gach duine a dtuairim a chur in iúl lena chinntiú go dtugtar cluas éisteachta do gach duine agus go dtugtar urraim do gach duine,
- Iarr ar dhaoine óga na fáthanna lena ndearcadh ar leith a thabhairt.

Foinse: Oxfam (2018)





Ceann, croí, lámha

Úsáidtear an cur chuige seo ar fud na ngnéithe éagsúla den OSD, agus comhfhreagraíonn an cur chuige seo do “réimsí foghlama cognaíocha (ceann), síceamótair (lámha) agus mothaitheacha (croí) a éascaíonn taithí phearsanta do rannpháirtithe as a dtagann athruithe as cuimse ar eolas, scileanna agus dearcthaí” (Sipos et al., 2008, lth.69).

Ceann: An t-eolas agus na scileanna smaointeoireachta atá riachtanach chun tuiscint níos fearr a fháil ar an domhan agus ar an gcastacht a bhaineann leis. D’fhéadfadh go n-áireofaí leis seo scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cruthaitheacha, an cumas steiréitíopaí a shainithint agus dúshlán a thabhairt dóibh, cur amach ar fhoinsí faisnéise cuí agus iontaoifa.

Croí: Na luachanna, na dearcthaí agus na scileanna sóisialta, ar nós comhbhá agus trua, a chuireann ar chumas daltaí forbairt go mothúchánach, go síceasóisialta agus go fisiceach agus a chuireann ar a gcumas maireachtáil le chéile go measúil agus go síochánta.

Lámha: Feidhmiú praiticiúil ar eolas, páirteachas sa tsochaí, agus scileanna cumarsáide a forbraíodh chun gníomhú i leith saincheisteanna ceartais dhomhanda.



Cruth nua a chur ar cheisteanna

Trí chruth nua a chur ar cheisteanna tugtar deis dúinn breathnú ar cheist ó pheirspictíocht struchtúrach seachas ó pheirspictíocht phearsanta. Nuair a bhreathnaíonn muid ar cheisteanna ón taobh pearsanta de, féadann sé muid féin agus ár ndaltaí a chur in áit leochaileach agus teannas a chruthú mar go bhféadfadh baint a bheith ag an bplé le roinnt páistí, go háirithe nuair a bhíonn baint phearsanta ag roinnt daltaí nó ag na daltaí go léir le ceist agus iad ag mothú an-íogair faoi.

Cuir chuige a mholtar:

1. Déan an cheist a dhíphearsanú - bog ó ráitis/ceisteanna 'tusa' nó 'mise' go dtí ceisteanna níos ginearálta faoi 'ár scoil', 'ár rang' nó 'ár bpobail'. In ionad fiafraí: "Céard a dhéanfa dá ndéarfadh do chara rud ciníoch?" (rud a d'fhéadfadh aon duine againn mothú ciontach faoi nuair a chuimhníonn muid ar chásanna inar tharla sé seo - nuair a reo muid nó nár fhreagair muid) b'fhéidir go smaioineofa fiafraí: "Céard a d'fhéadfadh muid a dhéanamh inár rang dá gcloisimis rud éigin ciníoch?" (rud a chuidíonn le plean gníomhaíochta a chur le chéile agus le mothúcháin chumhachtaithe).
2. Déan tagairt do chreataí seanbhunaithe mar chonarthaí ranga nó scoile agus rialacha a bhíonn bunaithe de ghnáth ar mheas agus comhionannas nó creat cearta daonna (ar shínigh Éire go dlíthiúil dó - féach Caibidil 7 ar Chearta an Duine) chun cabhrú leat an cheist a phlé i bhfianaise an struchtúir bhunaithe sin.

Foinse: Comhairle na hEorpa (2015)





Ag foghlaim faoi, ar son, agus trí...

a. cearta daonna

Faoi chearta: Eolas agus tuiscint a fháil ar choincheap na gceart, ar chaighdeáin, ar phrionsabail agus ar luachanna cearta an duine, agus cur amach a fháil ar na córais agus ar na meicníochtaí atá ar fáil chun cearta an duine a chosaint agus a fhorfheidhmiú.

Ar son cearta: Daltaí a chumasú chun taitneamh a bhaint as a gcearta agus iad a fheidhmiú agus meas a bheith acu ar chearta daoine eile, seasamh leo agus gníomhú chun iad a chosaint.

Trí chearta: Foghlaim agus teagasc ar bhealach a léiríonn meas ar chearta múinteoirí agus daltaí araon. Ba chóir go mbeadh deis ag daltaí taithí a fháil ar a gcearta le linn a gcuid oideachais. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo an córas oideachais iomlán, struchtúir na scoile uile, nó cuir chuige teagasc aonair.

(Struthers, 2015)

b. forbairt

“Oideachas mar fhorbairt phearsanta, a éascaíonn forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna anailíse, cumas ionbháúil agus an cumas a bheith i do dhuine éifeachtach atá in ann gníomhú chun na torthaí forbartha inmhianaithe a bhaint amach. Is oideachas é i leith forbairt áitiúil, náisiúnta agus domhanda, a spreagann agus a thacaíonn le foghlaimoirí teacht ar an tuiscint gur féidir leo ról a bheith acu in oibriú ar son (nó in aghaidh) ceartais shóisialta agus saincheisteanna forbartha. Is oideachas é faoi cheartas sóisialta, cearta daonna, bochtaineacht agus éagothroime agus saincheisteanna forbartha eile a bhíonn ann go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta”.

(Tormey, 2003, p.2)



Éadóchas, iniúchadh, gníomh

Aithníonn an cur chuige trí chéim seo gurb é an t-éadóchas an chéad chéim do go leor foghlaimeoirí (daoine fásta agus leanaí araon) nuair a bhíonn siad nochtta do shaincheistanna a bhaineann le héagóir nó leatrom, ach níor cheart go dtiocfadh deireadh lenár rannpháirtíocht ansin.

Éadóchas: Aithníonn agus dlisteanáíonn an chéim seo an fhreagairt láidir mhothúcháinach atá coitianta nuair a thosaítear ag foghlaim ar dtús faoi éagóir nó leatrom. D'fhéadfadh go mbeadh mothúcháin ar nós dímrí, trína chéile, ciontacht nó fonn tarraingt siar i gceist leis seo. Ba chóir na mothúcháin sin a admháil.

Iniúchadh: Go luath i ndiaidh an chéad fhreagairt mhothúcháinach, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar tuilleadh foghlama. Is féidir le tuilleadh iniúchta ar thopaicí cuidiú ó thaobh gníomhú i gcoinne steiréitíopaí nó tuairimí a bhíonn ann faoi thopaic agus cur ar chumas na ndaltaí a gceangal agus a dtuiscint ar cheistanna a dhoimhniú. Tríd an eolas ar shaincheistanna ceartais dhomhanda a leathnú agus a dhoimhniú, tacaítear freisin le réitigh fhiúntacha a fháil ar dhúshláin cheartais.

Gníomhú: Is cuid lárnach den obair OSD ar fad an gníomhú mar go dtacaíonn sé le daltaí agus le múinteoirí araon chun mothú smachta a fháil ar ais agus a bheith páirteach i múnú an treo a rachaidh an tsochaí amach anseo ag leibhéil éagsúla, ó leibhéal áitiúil go leibhéal domhanda. Tar éis céimeanna an éadóchais agus an iniúchta, cuireann gníomhú ar chumas na ndaltaí a gcuid eolais nua-aimsithe a chur i bhfeidhm agus a bhfreagraí mothúcháinacha dlisteanacha a threorú chun athrú dearfach a dhéanamh.

Tabhair faoi deara: Ní bhíonn céimeanna an éadóchais, an iniúchta agus na gníomhaíochta líneach i gcónaí. Uaireanta b'fhéidir go mbeidh tú féin agus do chuid foghlaimeoirí ag bogadh anonn is anall eatarthu.

Tá samplaí den chaoi le tabhairt faoi ghníomhú áirithe i gCaibidil 33 agus in Aguisíní 6 agus 7.





Seasamh an mhúinteora

Cé go n-áitíonn go leor daoine gur cheart do mhúinteoirí a bheith neodrach, tá sé seo an-deacair le baint amach, ag glacadh le nádúr an duine agus láidreacht ár dtuairimí pearsanta a bhíonn follasach do dhaltaí, bíodh sin d'aon ghnó nó ná bíodh.

B'fhéidir gurbh fhiú breathnú ar na cúig sheasamh múinteora seo:

Éascaitheoir Neodrach nó Éascaitheoir Neamhchlaonta: Feidhmíonn tú mar éascaitheoir neodrach i gcónaí – ní chuireann tú dearcadh pearsanta in iúl ar chor ar bith. Cuireann seasamh neamhchlaonta ar chumas múinteoirí léiriú cóir agus cothrom a sholáthar ar raon leathan dearcthaí, beag beann ar thuairimí pearsanta.

Spéiseanna Dearbhaithe: Léiríonn tú do sheasamh ar cheist, go háirithe má bhíonn tuairimí láidre agat ina leith – ionas go mbeidh a fhios ag na daltaí cá seasann tú. D'fhéadfadh sé seo a bheith tábhachtach agus tú ag iniúchadh topaicí ar nós cine nó inscne chun aird a tharraingt ar an bpeirspictíocht a mheasann tú a bheith cuí nó gan a bheith cuí.

Abhcóide an Diabhail: Cuireann tú tuairim atá contrártha le dearcadh an ranga in iúl d'aon ghnó, i gcás ina bhfuil comhaontú i measc na scoláirí ar cheist áirithe. Tugann sé seo deis tuilleadh peirspictíochtaí ar an gceist a chur in iúl.

Amharc Oifigiúil: Glacann tú leis an dearcadh oifigiúil – a léiríonn tuairimí na scoile nó an phobail.

Páirtí: Tacaíonn tú le tuairimí dalta a bhfuil dearcadh mionlaigh aige sa rang, lena chinntiú go dtugtar aird chuí ar a dtuairim. Bíonn tú mar pháirtí ag an dalta sin.

Foinse: Emerson et al. (2012)



Uirlisí peirspictíochta

Is féidir úsáid a bhaint (múinteoir agus daltaí araon) as na huirlisí seo ina n-aonar nó i dteannta a chéile sa seomra ranga chun cabhrú le scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ceartais dhomhanda ó thaobh peirspictíochtaí éagsúla. Is féidir na huirlisí a úsáid mar chleachtaí smaointeoireachta agus mar leideanna do dhaltaí chun dearcthaí éagsúla ar cheist a mheas. Is smaoinemh maith iad a chur ar taispeáint sa seomra ranga chun meabhrú do gach duine sa seomra dearcthaí difriúla a mheas nuair a bhíonn ceist á hiniúchadh.

- **Fráma:** Smaoinigh ar an gcomhthéacs. Smaoinigh ar céard atá lasmuigh de do chreat tagartha. Cad a fheiceann tú, cad atá daoine eile ag iarraidh ort feiceáil, cad nach bhfuil ann?
- **Spéaclaí:** Smaoinigh ar go leor dearcthaí. Cad a d'fhéadfá feiceáil dá bhféachfá trí shúile duine eile? Cad iad na tuairimí éagsúla maidir leis an gceist seo?
- **Satailít:** Ligeann satailít duit zúmáil ó i bhfad amach a dhéanamh ar shaincheist agus forbhreathnú a ghlacadh ar an tsaincheist ag leibhéal domhanda trí naisc a chuardach. Féach ar threochtaí ar fud an domhain.
- **Scála Meáchain:** Nuair a bhíonn iarmhairt gnímh a ghlacfaí ar cheist á breithniú agat, smaoinigh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí, nó meáigh an tairbhe i gcoinne na díobhála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngníomh.
- **Micreascóp:** Ligeann micreascóp duit sonraí saincheiste a mheas trí zúmáil isteach chun breathnú géar a dhéanamh. D'fhéadfadh breithniú ar dhearcadh duine amháin a bheith i gceist anseo, nó breathnú ar shaincheist ó pheirspictíocht áitiúil.
- **Scáthán:** Ní minic a stopaimid agus machnamh dáiríre a dhéanamh ar ár ndearcadh agus frithfhreagairtí féin. Má fhéachann tú i scáthán tugann sé deis duit machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann ceist i bhfeidhm ort, ar do chuid smaointe agus mothúchán.
- **Scagaire:** Nuair a bhíonn scéalta faoin gceist á mbreithniú, d'fhéadfadh scagaire tú a spreagadh chun fáil réidh le haidhm fholáigh an té a bhíonn ag labhairt, an mhífhaisnéis a aithint, agus díriú ar na fíricí is tábhachtaí.

Foinse: Comhairle Náisiúnta na nÓg na hÉireann (2017)





Bábóga Persona

Úsáidtear Bábóga Persona (nó Persona Dolls sa Bhéarla) i go leor tíortha anois mar uirlis chun steiréitíopaí agus idirdhealú a theagasc do leanaí óga agus foghlaim fúthu. Is bábóga iad seo a léiríonn féiniúlachtaí éagsúla, ar nós grúpaí eitneacha éagsúla, dathanna craicinn, inscní, cruthanna coirp agus ábaltachtaí. Tá pearsantacht agus scéalta cúlra ar leith ag gach bábóg, agus úsáidtear iad chun comhráite a éascú le rang leanaí maidir le féiniúlacht, éagsúlacht agus cuimsiú ar bhealach a thacaíonn agus a oireann d'aois na leanaí.

Ní bréagáin sa ghnáthchiall iad na Bábóga Persona ach de ghnáth cuirtear i láthair na bpáistí iad mar chuirteoirí chuig an rang i rith Am Ciorcail nó gníomhaíochtaí eile grúpa. Cuireann an múinteoir ar chumas na mbábóg scéalta a insint faoina saol, faoina n-eispéiris agus faoi na dúshláin a bhí le sárú acu.

Is féidir Bábóga Persona a úsáid chun ceistanna leathana a phlé, nó chun dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí agus do chlaonadh a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí, nó cluas éisteachta a thabhairt do chuid de na leanaí maidir le heachtraí ar dtáinig siad trasna orthu. Trí na scéalta seo, is féidir leis na páistí tosaí ag fáil tuiscint ar dhearcthaí daoine eile atá difriúil uathu, nó ceist (sórt) cosúil leis a fheiceáil pléite sa seomra ranga ar bhealach nach gcuireann an leanbh ar mhíchompord.

Spreagtar na páistí ní hamháin chun comhbhá a léiriú, ach freisin chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid luachanna, agus ar na cineálacha gníomhartha a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cuimsiú agus meas a chothú ina saol féin. Is í an aidhm le cur chuige na mBábóg Persona ná muintearas a chothú seachas trua. Is féidir le Bábóga Persona a bheith ina n-uirlis chumhachtach, agus ina n-uirlis a spreagann leanaí óga go mór. Mar sin féin, ní mór dul i ngleic leis an uirlis seo ar bhealach tuisceanach agus measúil chun a chinntiú go dtugtar dúshlán do steiréitíopaí, agus nach dtreisítear iad go neamhbheartaithe. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar gheall ar ullmhúchán agus eolas teoranta ar an gceist a bhítear ag scrúdú leis an mbábóg, rud a d'fhágfadh go mbeifí ag roinnt bréag-eolas nó eolas míchruinn.



Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Bábóga Persona agus conas iad a úsáid féach ar [Oiliúint Babóga Persona](#) agus ar roinnt [acmhainní in-íoslódáilte](#).





Aguisíní





Íomhánna agus Físeáin a Úsáid sa Seomra Ranga

Aoife Titley agus Brighid Golden

Nóta ar fhíseáin a úsáid sa seomra ranga: Nuair a bhíonn físeáin á n-úsáid mar uirlis theagaisc sa seomra ranga, tá sé tábhachtach go gcinntíonn an múinteoir go bhfuil na páistí ag féachaint go gníomhach – agus nach féachaint gan mhachnamh nó éighníomhach a bhíonn á dhéanamh acu: ní mór go mbainfeadh cuspóir leis an bhféachaint ar gach físeán. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go míníonn an múinteoir, sula mbrúitear 'Seinn', an tasc a bheidh le déanamh acu ar chríochnú na gearrthóige físe ionas go mbeidh a fhios ag an rang cé na nithe ar cheart dóibh a bheith ag faire amach dóibh.

- Ceisteanna spreagthacha chun plé a spreagadh:**
(is féidir iad seo a úsáid i dteannta na modheolaíochtaí díospóireachta in Aguisín 2)
 - Cé a thóg an grianghraf / a rinne an físeán?
 - Cén fáth ar tógadh é, dar leat?
 - Cad a d'fhéadfadh a bheith fágtha ar lár?
 - Cad a d'fhéadfadh a bheith taobh amuigh den fhráma?
 - Cad a insíonn an grianghraf/físeán seo dúinn faoin gceist a bhfuilimid ag smaoineamh uirthi?
- Bileog oibre 5 C:** Tabhair bileog le cúig cheist do gach páiste sa rang – na 5C mar a thugtar orthu (cé, cad, cén fáth srl) – agus iarr orthu smaoineamh ar na ceisteanna seo agus iad ag breathnú ar an bhfíseán nó ag scrúdú na n-íomhánna. Cabhraíonn na 5C le daltaí machnamh a dhéanamh ar ghnéithe iolracha den téama, ag treisiú a dtuiscint agus a bhfeasacht, agus cabhraíonn siad leo díriú isteach agus an t-eolas atá á fhoghlaim acu a thairfeadh le linn dóibh a bheith ag breathnú ar an bhfíseán nó ag scrúdú na n-íomhánna.
- Cosúlachtaí agus difríochtaí:** Le linn do na daltaí a bheith ag féachaint ar an bhfíseán nó ag scrúdú na n-íomhánna, iarr orthu smaoineamh ar na **cosúlachtaí** agus **difríochtaí** idir a saolta féin agus saolta na ndaoine atá á léiriú (is smaoineamh maith é *tosaí leis na cosúlachtaí mar nach mbreathnóidh na héagsúlachtaí chomh duairc nuair a bheidh daonnacht choiteann bunaithe*). Tabhair am dóibh lena gcuid smaointe a thairfeadh agus a phlé.
- Déan cur síos agus tarraing:** Déanann dalta amháin cur síos ar an ngrianghraf agus tarraingíonn páiste eile an rud a chloiseann siad. Tacaíonn sé seo le forbairt agus le húsáid teanga thuairisciúil agus beacht, agus spreagann sé na páistí teoracha maidir le nós imeachta a leanúint. Scaflálann sé an páiste tuilleadh lena thuiscint gur féidir le go leor léirmhínte éagsúla a bheith ann, fiú ar an ngrianghraf céanna.
- Ponc-tarraingt:** Tabhair sé ghreamán daite do na daltaí. Cuir roinnt grianghraf éagsúil thart timpeall sa seomra. Iarr orthu trí phonc a chur ar an ngrianghraf is mó a tharraingíonn a n-aird, dhá phonc ar an dara ceann, agus ponc amháin ar an tríú ceann. Féadfar díriú ar an ngrianghraf leis an líon is mó greamáin mar spreagadh cainte agus díospóireachta nó mar ghníomhaíocht fiosrúcháin. Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí seicliosta 'Fíricí/Tuairimí' a dhéanamh faoin ngrianghraf. Nó d'fhéadfaí é a úsáid do dhíospóireacht ag Am Ciorcail nó Am Smaointeoireachta, m.sh. 'Cén chuma atá ar chothroime duitse?'



Aguisín 1

6. **Noda Scríbhneoireachta:** Is féidir físeáin agus íomhánna a úsáid mar **leideanna scríbhneoireachta** le haghaidh freagraí scríofa faisnéiseacha nó tuairisciúla.
7. **Fotheidil:** Iarr ar na páistí teacht suas le fotheidil do chuid de na grianghraif. D'fhéadfaí é seo a aisiompú freisin, agus d'fhéadfaí iarraidh orthu na grianghraif a mheaitseáil le fotheidil a bhí déanta suas agat roimh ré. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i gcomhar le ceacht OSPS/Folláine meán-bhunaithe ina scrúdaíonn na daltaí ceannlínte nuachtán agus teidil ar ghrianghraif nó íomhánna a bhíonn in irisí agus nuachtáin – cuidíonn an ghníomhaíocht seo le daltaí a aithint go gcuireann teidil 'casadh' ar ghrianghraif uaireanta nach dtugann léiriú cruinn ar an gcomhthéacs ná ar an tsaincheist.
8. **Bolgáin chainte agus smaointe:** D'fhéadfadh na daltaí bolgán cainte nó smaointe a chur le cuid de na daoine sna grianghraif. Iarr ar do dhaltá iad féin a shamhlú sa ghrianghraif, spreag iad chun smaoinemh ar cad a d'fhéadfadh a bheith ar siúl acu sa radharc, cé leis a a bhfuil siad ag caint agus céard a d'fhéadfaidís a bheith ag rá. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht theanga bhéil nó mar ghníomhaíocht scríofa. Cuimhnigh súil a choinneáil ar a bhfuil á scríobh lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach!
9. **Balla Imní:** PCuir deich ngrianghraif ar bhalla a léiríonn deich gcinn de shaincheisteanna ceartais dhomhanda. Gach seachtain iarr ar na páistí na grianghraif a athshuíomh de réir tábhachta, nó fáil réidh le ceann de na grianghraif agus ceann dá rogha féin a chur ina áit. Ba cheart go spreagfadh sé seo plé saibhir faoi thosaíochtaí forbartha agus faoi nádúr idirspiléach chearta an duine. D'fhéadfaí gníomhaíocht chomhchosúil a dhéanamh freisin ag úsáid modheolaíocht rangaithe 'Muileata 9' (mínithe tuilleadh in Aguisín 2).
10. **Lasmuigh den Fhráma:** Roinn na páistí ina ngrúpaí. Tabhair grianghraif do gach grúpa (a bhaineann le téama ceartais dhomhanda) atá greamaithe ar leathanach níos mó de pháipéar smeach-chairte. Iarr orthu oibriú le chéile chun 'cur leis an ngrianghraif' agus na rudaí a cheapann siad atá taobh amuigh den fhráma a tharraingt. Dá n-úsáidfeadh grúpaí difriúla an grianghraif céanna d'fhéadfadh sé a bheith suimiúil dóibh na líníochtaí go léir a scrúdú agus plé a dhéanamh ar an bhfáth ar thug siad faoi ar bhealach difriúil. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ar bhealach eile, an íomhá a bhearradh agus iarraidh ar na páistí na rudaí a cheapann siad a bhí ann ar dtús a tharraingt isteach. Is cleachtadh úsáideach é seo chun steiréitíopaí agus tuairimí a phlé agus a fhiosrú.
11. **Cluiche meaitseála:** D'fhéadfadh do dhaltá gníomhaíocht meaitseála a dhéanamh. D'fhéadfaí iarraidh orthu íomhánna a mheaitseáil le spriocanna éagsúla cearta daonna nó spriocanna forbartha inbhuanaithe chun tacú leo smaoinemh go cruthaitheach orthu seo. D'fhéadfaí iarraidh ar na páistí freisin íomhánna a mheaitseáil leis na mothúcháin a spreagann na híomhánna iontu, eg. 'Aimsigh an íomhá a chuireann ag mothú sásta/brónach/ar bís/ crosta thú' m.sh.



12. **3-2-1:** Tar éis féachaint ar an bhfíseán, iarr ar do dhaltaí nóta a dhéanamh de:
3 rud nua a d'fhoghlaim mé, 2 cheist atá agam, agus 1 rud a bhfuil mé chun tuilleadh a léamh faoi.

13. **A bhfíseán féin a chruthú:** Tabhair cuireadh don rang a gcuid físeán féin a dhéanamh mar fhreagra ar an bhfíseán atá feicthe acu - d'fhéadfadh na páistí agallamh a chur ar a chéile, nó ar bhaill de phobal na scoile nó baill dá dteaghlaigh faoin topaic atá á chlúdach. Iarr orthu smaoinemh ar na ceistanna a chuirfidís. Ina theannta sin, b'fhéidir go dtógfadh leanaí grianghraif mar fhreagra ar a bhfuil déanta acu.



Samplaí de phlé

Brighid Golden

Is féidir le héascú ar phlé oscailte do rang iomlán a bheith dúshlánach, mar go minic go mbíonn sé á threorú ag daoine aonair, agus é furasta imeacht ón ábhar ar leith. Sa doiciméad seo léirítear cuir chuige d'éascú plé a d'fhéadfadh tacú le múinteoirí agus foghlaimeoirí dul i ngleic le topaicí ceartais dhomhanda ar bhealach struchtúrtha chun gníomhú i gcoinne dúshláin a bhaineann le plé oscailte rang iomlán.

1: Freagraí Struchtúrtha

Uaireanta bíonn sé deacair ar gach duine againn ceisteanna a fhreagairt faoi ábhair chasta ar nós athrú aeráide nó inscne. Is féidir le struchtúr ina bhfuil nodcheisteanna cuidiú linn déileáil le faisnéis – is féidir le scéal, cás nó ceist cuidiú go mór chun ár smaointeoireacht a dhoimhniú agus ár bhfreagraí a leathnú.

Trí shampla de fhreagraí struchtúrtha is ea:

- **Ceistiúchán Sócratéach** ina bhfuil sé chatagóir ceisteanna is féidir a úsáid chun aon topaic a cheistiú. Is iad sin:
 - ceisteanna chun soiléiriú a fháil,
 - ceisteanna a thugann dúshlán do thiomhdí agus míthuiscintí,
 - ceisteanna a fhiosraíonn cúiseanna agus fianaise,
 - ceisteanna faoi bharúlacha agus dearcthaí,
 - ceisteanna a scrúdaíonn impleachtaí agus iarmhairtí,
 - ceisteanna faoin gceist féin.

- Is féidir **Hataí Smaointeoireachta DeBono** a úsáid chun cabhrú le grúpa smaoineamh i dteannta a chéile agus go cuiditheach seachas díriú ar cé atá ceart agus cé atá mícheart. Tá sé hata ar dhathanna éagsúla ann (a d'fhéadfaí a thabhairt do pháistí éagsúla i ngrúpaí de sheisear), agus díríonn gach hata ar ghné ar leith de shaincheist. Tá go leor leor bealaí ann chun na hataí machnaimh a úsáid ach tagann an fhoghlaim fhíor chun cinn nuair is féidir le leanaí le hataí éagsúla a bheith i mbun comhrá lena chéile. Mar shampla, nuair a bhíonn ar pháiste atá 'ag caitheamh' hata bán agus atá dírithe ar fhíricí saincheiste dul i mbun cainte le duine atá 'ag caitheamh' hata dearg agus atá buartha faoi na mothúcháin a d'fhéadfadh eascairt as saincheist.can give rise to.



Fírí



Cruthaitheacht



Buntáistí



Rabhaidh



Mothúcháin



Próiseas

Fíor19: Hataí Smaointeoireachta DeBono



- Uirlis is ea an Compás Forbartha Róis a spreagann foghlaimoírí chun raon ceisteanna a ardú faoi shaincheisteanna domhanda.


Ceisteanna

Is ceisteanna iad seo faoi chumhacht, cé a dhéanann roghanna agus a chinneann cad, atá le tarlú, cé a thairbhíonn agus a chailleann mar thoradh ar na cinntí seo agus cén costas.

Is ceisteanna iad seo faoin gcomhshaol - fuinneamh, aer, uisce, ithir, rudaí beo agus a gcaidreamh lena chéile. Baineann na ceisteanna seo freisin leis an timpeallacht 'thógtha' chomh maith leis an timpeallacht 'nádúrtha'.

Is ceisteanna iad seo faoi dhaoine, a gcaidrimh, a dtraidisiúin, a gcultúr agus an bealach ina gcónaíonn siad. Cuimsíonn siad ceisteanna faoin gcaoi, mar shampla, a dtéann inscne, cine, míchumas, aicme agus aois i bhfeidhm ar chaidrimh shóisialta.

Is ceisteanna iad seo faoi airgead, trádáil, cúnaimh, úinéireacht, ceannach agus díol.



B'fhéidir gurbh fhearr leat míniú níos simplí a úsáid:

Nádúrtha: Is athruithe iad seo ar an gcomhshaol.

Sóisialta: Is athruithe iad seo ar dhaoine agus ar an gcaoi a mhaireann siad.

Eacnamaíoch: Is athruithe iad seo a bhaineann le hairgead.

Cé a dhéanann an cinneadh?: Na daoine a dhéanann cinntí faoi na hathruithe.

Tháinig an compás forbartha róis seo as plé faoi smaointeoireacht ar an todhchaí agus forbairt ar scála domhanda.

Fíor20: Compás Forbartha Róis (TIDE (gan dáta).

Seo roinnt rudaí le cur san áireamh má bhíonn na cineálacha cur chuige struchtúrtha seo á n-úsáid do cheistiú sa seomra ranga:

- beidh ort a chinntiú go mbeidh neart ama agat chun taispeáint do na daltaí conas gach hata nó gach ceist a úsáid trí shamplaí a thabhairt agus roinnt freagraí ón rang uile a fháil sula ligfidh tú do na daltaí a bheith páirteach i ngrúpaí.
- Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn na daltaí conas gach cineál Ceist Sóraitheach a úsáid, mar aon le gach ceann de shé Hata Smaointeoireachta DeBono, agus an Compás Forbartha Róis iomlán, mar sin d'fhéadfadh gur smaoinemh maith a bheadh ann ról a mhalartú laistigh de cheacht nó a chinntiú go bhféachann na daltaí ar chur chuige difriúil an chéad uair eile a mbeidh an struchtúr sin á úsáid agat.



2: Díospóireachtaí

Múineann díospóireacht dúinn conas argóint nó dearcadh dea-chruthaithe a bhfuil taighde déanta air a chur le chéile agus é a chosaint ansin. Múineann sé dúinn freisin éisteacht le tuairimí contrártha agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhaisnéis – príomhscileanna iad uile den OSD. Is féidir le cineálacha éagsúla díospóireachta tarlú sa seomra ranga, ag brath ar riachtanais an ranga agus a leibhéal scileanna.

Díospóireachtaí ciúine: De ghnáth is díospóireachtaí scríofa iad seo a tharlaíonn idir daltaí nó idir dalta agus an múinteoir. Is é an cuspóir le díospóireacht chiúin, nó scríofa, ná am a thabhairt don dalta machnamh a dhéanamh ar fhreagra agus gan a bheith ag brath ar argóint thapa ar a seasamh nó easaontú le pointí an fhreasúra. Is féidir le díospóireachtaí ciúine tarlú laistigh de cheacht ina gcuirtear an leathanach ar a bhfuil an díospóireacht á scríobh anonn agus anall idir na rannpháirtithe, nó is féidir leis tarlú thar thréimhse ama, ag brath ar chuspóirí an mhúinteora.

Díospóireachtaí foirmiúla: Laistigh de dhíospóireacht fhoirmiúil, sanntar do dhaltaí, nó roghnaíonn siad, cé acu an ndéanfaidh siad argóint ar son nó i gcoinne an ráitis nó an rúin. Ní mór do dhaltaí taighde, pleanáil agus cur i láthair a dhéanamh ar an argóint ar son nó i gcoinne an rúin a bhíonn á iniúchadh.



Áirithe i measc roinnt de na hacmhainní a d'fhéadfaí úsáid do dhíospóireachtaí sa bhunscoil tá an [Bunleabhar Díospóireachtaí ó Concern](#) agus [acmhainní díospóireachta atá curtha ar fáil ag The School Run](#)



3: Plé an Bhabhla Éisc

Is éard atá i gceist le ‘Plé an Bhabhla Éisc’ ná plé idir grúpa beag ionadaithe ón rang ar fad. Go ginearálta, glacann na rannpháirtithe le ról a bhíonn ullmhaithe roimhe sin ag grúpa níos mó. Le linn an phlé, ba chóir go mbeadh an chuid eile den rang ag breathnú ar a bhfuil ag tarlú ach ní féidir leo ceisteanna a chur ná idirghníomhú go dtí go gcríochnaíonn an múinteoir an plé agus go n-osclaítear plé don rang iomlán.

Bíonn plé an bhabhla éisc bunaithe de ghnáth ar chás nó ar réiteach fadhbanna. Mar shampla, dá mbeifeá ag féachaint ar an ábhar ‘oideachas’, b’fhéidir go mbeadh cás ann ina bhfuil an Roinn Oideachais ag lorg tuairimí ó mhuintir na hÉireann faoi athruithe ar Churaclam na Bunscoile m.sh. ag moladh go mbeadh sé éigeantach do na ranganna go léir uair an chloig corpoideachais a dhéanamh in aghaidh an lae chun tacú le folláine leanaí agus eolaíocht a bhaint den churaclam chun am a chur ar fáil don athrú. D’fhéadfadh go n-áireodh rannpháirtithe an bhabhla éisc leanaí ag glacadh róil m.sh. Aire Oideachais / duine atá ag obair sa CNCM / múinteoir / tuismitheoir / páiste / dochtúir srl.

Chun plé an bhabhla éisc a bhunú, roinn na páistí ina sé ghrúpa agus do gach grúpa tabhair próifíl amháin atá nasctha leis na róil a bheidh sa phlé. Spreag na páistí le smaoineamh ar chúlra an duine, cén tuairim a d’fhéadfadh a bheith acu ar an topaic nó ceist, cé na gníomhartha ar mhaith leo a fheiceáil amach anseo. Ansin, iarr ar urlabhraí amháin ó gach grúpa páirt a ghlacadh i bplé an bhabhla éisc ag barr an tseomra agus an múinteoir ag feidhmiú mar éascaitheoir ar an bplé.

Nuair atá plé an bhabhla éisc ar siúl ar feadh roinnt nóiméad, is féidir leis an múinteoir é a thabhairt chun críche agus aistriú go díospóireacht ranga uile agus féadfaidh na baill den rang a bhí ag breathnú ceisteanna a chur nó tuairimí a thabhairt maidir leis an bplé.



4: Gníomhaíocht Chiorclach

Is é an cuspóir leis an ngníomhaíocht 'Chiorclach' ná a chinntiú go gcloistear guth gach dalta sa seomra ranga. Cuireann an múinteoir ceist, agus bíonn deis ag gach ball den rang freagairt i ndiaidh a chéile sular féidir le haon duine labhairt an dara huair. Múineann sé seo scileanna tábhachtacha ar nós éisteacht lena chéile, agus luach a chur ar gach glór, fiú na cinn nach gá go n-aontaíonn tú leo nó a fhágann míchompordach tú.

Ba chóir go mbeadh an cheist don ngníomhaíocht Chiorclach bunaithe ar thuairimí nó ar mhothúcháin agus ní ar fhíricí. Moltar nach mbeadh gá ach le focal nó frása amháin chun an cheist a fhreagairt chun a chinntiú go mbeidh gach dalta in ann freagra a thabhairt i mbeagán ama m.sh. Conas atá tú ag mothú tar éis duit an scéal sin a chloisteáil? Cén tuairim is mó a n-aontaíonn tú leis ón díospóireacht? Cad é an rud is fearr leat ó cheacht an lae inné? Cé go mb'fhéidir go dtaitneodh le páistí áirithe píosa fada cainte a dhéanamh ar cheist, tá sé tábhachtach a chur in iúl arís gur deis labhartha do gach duine í an ngníomhaíocht Chiorclach, agus mar sin nach féidir leo ach focal nó frása amháin a thabhairt mar fhreagra.

Sula dtosaítear ar ngníomhaíocht Chiorclach, ba chóir go mbeadh leanaí ar a suaimhneas gur féidir leo 'pas a fháil' gan aon iarmhairt ná deacracht, agus go bhfuil sé inghlactha freisin freagraí a thug daoine eile cheana féin a athrá. Is bealach maith an ngníomhaíocht Chiorclach le haiseolas a fháil faoin gcaoi ar mhothaigh daltaí faoi thopaic a bhí múinte agat nó faoi ngníomhaíocht a bhí déanta cheana féin sa seomra ranga.

Is é an rud is tábhachtaí le cuimhneamh air nuair a bhíonn ngníomhaíocht Chiorclach ar bun sa seomra ranga ná gur féidir agus gur chóir go n-éistfí le gach guth agus go gcuirfí an luach céanna ar gach tuairim. Ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh na leanaí go léir ag éisteacht agus airdeallach, agus ar an rud is tábhachtaí nach mbeidís ag gáire ná ag briseadh isteach, nuair a bhíonn a gcomhdhaltaí ag labhairt. D'fhéadfadh sé seo a bheith deacair an chéad uair, agus go gcaithfeadh an múinteoir stopadh agus cur i gcuimhne do na daltaí éisteacht lena chéile.



5: Ciorcail Chomhlárnacha

Chun plé na gCiorcal Comhlárnach a chur ar bun, is féidir na páistí a chur in dhá líne os comhair a chéile, nó ciorcal amháin taobh istigh de chiorcal eile, is í an aidhm ná a chinntiú go bhfuil gach leanbh ina suí nó ina seasamh os comhair a chéile. Tugtar ceist don ghrúpa le plé, agus bíonn méid áirithe ama i gceist don phlé. Ba cheart an plé duine ar dhuine a theorannú go dtí nóiméad nó dhó ar a mhéid chun a chinntiú go bhfantar dírithe ar an ábhar. Nuair a chloistear an t-amadóir, bogann líne amháin nó ciorcal amháin scoláirí anonn áit amháin chun a chinntiú go bhfuil siad os comhair comhghleacaí nua. Cuir an t-amadóir ar siúl arís agus pléann na beirteanna nua an cheist chéanna. Déan é seo arís ceithre nó cúig huair, ag brath ar an méid ama a shanntar don ghníomhaíocht. Is gníomhaíocht sách glórmhar í seo mar go mbíonn gach páiste ag caint ag an am céanna. Mar sin is smaoineamh maith é, más féidir, tabhairt faoin ngníomhaíocht seo lasmuigh, nó i spás oscailte mar halla.

I ndiaidh do na páistí a bplé a chríochnú, lorgóidh an múinteoir aiseolas (féadfaidh an t-aiseolas a bheith scríofa nó ó bhéal, agus féadfar é a roinnt leis an rang ar fad, nó é a choimeád faoi rún, nó a roinnt lena bpáirtí nó lena ngrúpa amháin) ar thrí cheist:

1. Cén freagra a bhí agaibh ar dtús?
2. Céard a chuala tú ó dhuine eile nár rith leat roimhe sin?
3. Cén freagra a bhí agat ar deireadh? Ar athraigh tú do fhreagra bunaithe ar an méid a chuala tú?

I gcás ranganna níos óige, b'fhéidir go bhféadfadh na páistí a bhfreagraí a tharraingt nó a léiriú, ag taispeáint cad a cheap siad ar dtús, cad a chuala siad ina bplé, agus an chaoi a ndeachaigh an méid a chuala siad i bhfeidhm ar a gcuid smaointe.



6: Plé Díisle

Sa chleachtadh seo tugtar díisle do gach beirt nó do ghrúpa páistí mar aon le cárta ar a bhfuil sé cheist. Nuair a chaitear an díisle, caithfidh an grúpa plé a dhéanamh ar an gceist leis an uimhir chéanna leis an díisle. Is féidir é seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, ach is smaoinemh maith é go gcaithidís an díisle agus go gcuiridís na ceisteanna duine i ndiaidh duine. Ba chóir go n-áireofaí gach duine sa bplé ar na freagraí.

Is féidir é seo a chur in oiriúint go héasca do ranganna níos óige, m.sh. seachas ceisteanna a chur, d'fhéadfaí gach taobh den díisle a cheangal le pictiúr de charachtar nó le radharc ó scéal a bhí léite don rang, rud a thabharfaidh spreagadh do na páistí labhairt faoin bpictiúr. Mar rogha eile air sin, is féidir díisle a úsáid chun scéal nó eolas faoi thopaic a bhí clúdaithe roimhe sin a athinsint trí na huimhreacha díisle a nascadh le ceisteanna mar *Cá háit? Cé? Cad? Cén? Cathain? Thaitin... Níor thaitin... srl.*

Mar rogha eile, d'fhéadfaí gach ceann de shé thaobh an díisle a nascadh le ceann amháin de Hataí Smaointeoireachta DeBono chun na daltaí a threorú ina bplé agus iad a spreagadh chun breathnú ar shaincheist ó dhearcthaí éagsúla.

Beidh sé tábhachtach cuimhneamh ar dóthain ama a fhágáil chun aiseolas a fháil nó chun freagraí na bpáistí ar na ceisteanna éagsúla a ghlacadh.



7: Díospóireachtaí Siúil

Bíonn an-tóir ar dhíospóireachtaí siúil sa seomra ranga agus is iontach an bealach é chun am a thabhairt do dhaltaí machnamh pearsanta a dhéanamh, am chun peirspictíochtaí rannpháirtithe eile a chloisteáil agus a gcuid tuairimí féin a chur in iúl.

Ní mór go mbeadh na treoracha an-soiléir chun an leas is fearr a bhaint as gach díospóireacht siúil:

1. Ba chóir comharthaí leis na focail *Aontaím* agus *Ní aontaím* a chur ar bhallaí a bhíonn ar aghaidh a chéile sa seomra ar bhealach an-soiléir, agus iad a chur ar a súile do na daltaí ionas go mbeadh a fhios acu cé acu cén ceann.
2. Ba chóir don mhúinteoir gach ráiteas a léamh agus a athrá go soiléir agus go cúramach. Ba cheart gur ráitis iad nach mbeadh aon fhreagra soiléir ceart nó mícheart orthu. Féadfaidh na ráitis a bheith bunaithe ar thuairimí, ar mhothúcháin, nó is féidir leo a bheith faoi chruacheist ar deacair í a fhreagairt. Bítear ag súil le go leor tuairimí éagsúla faoin ráiteas.
3. Iarrfar ar na páistí ansin seasamh feadh na líne samhailtí idir *Aontaím* agus *Ní Aontaím*, ag brath ar a dtuairim faoin ráiteas. Meabhraigh dóibh gur féidir leo seasamh áit ar bith feadh na líne, an lár san áireamh.
4. Tabhair achar gearr ama (nóiméad nó dhó) do na páistí chun labhairt leo siúd atá ina seasamh in aice leo faoina dtuairim. Áirithíonn sé sin go ndeimhníonn siad go bhfuil siad ina seasamh san áit cheart má aontaíonn siad lena bhfuil á rá ag daoine eile, agus réitíonn sé iad don mhéid a d'fhéadfadh siad a rá os comhair an ranga ar fad.
5. Faigh roinnt freagraí agus smaointe ó gach duine sa líne. Má tá bearna sa líne, rachaidh an múinteoir isteach sa bhearna sin agus déanfaidh siad 'abhcóide an diabhair', ag samhlú an méid a bheadh le rá ag an duine san áit sin – is í príomhaidhm na díospóireachta siúil ná oiread tuairimí agus is féidir a chloisteáil.
6. Ar deireadh, is í an chéim is tábhachtaí ná deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid tuairimí a athrú agus dá bhrí sin a n-áit sa líne más mian leo. Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur féidir linn ár dtuairimí agus ár smaointe a athrú bunaithe ar na rudaí a chloisimid agus a bhraitheann muid, mar sin trí chluas éisteachta a thabhairt dá chéile cuidíonn sé linn cur lenár dtuairimí agus iad a athrú.

Roinnt samplaí de ráitis:

- Bíonn tionchar ag athrú aeráide ar gach duine ar domhan,
- Ní féidir linn ceist an athraithe aeráide a réiteach,
- Is tábhachtaí cearta leanaí ná cearta daoine fásta,
- Tá comhionannas againn in Éirinn,
- Níor chóir go mbeadh buachaillí ag súgradh le bábóga.




8: Gníomhaíochtaí Rangaithe

Úsáidtear Gníomhaíochtaí Rangaithe chun tacú le daltaí tosaíochtaí a mheas agus a luachanna féin a fhiosrú. Spreagann gníomhaíocht rangaithe plé mar is minic a dhéantar é mar chleachtadh i mbeirteanna nó i ngrúpaí ina mbíonn ar dhaltaí argóint a dhéanamh ar son a seasamh féin agus é a chosaint agus iad ag éisteacht le tuairimí a gcomhdhaltaí. I measc na samplaí tá:

- rangú diamaint 9,
- rangú líneach (1ú, 2ú, 3ú srl.),
- díbirt (nuair a choinnítear na freagraí is fearr de réir comhdhearcadh an ghrúpa, agus go bhfaightear réidh leis na cinn eile).

Is éard atá i gceist le rangú diamaint 9 ná naoi bhfreagra féideartha ar cheist a rangú i gcruith diamaint mar a fheictear san íomhá thíos. Níl i gceist leis an ngníomhaíocht seo teacht ar fhreagra ceart, baineann sé leis an bpróiseas trína dtagann grúpa ar chomhréiteach. Bíonn rangú diamaint 9 úsáideach nuair a bhíonn sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir rangú na bhfreagraí difriúla mar gur féidir freagraí ag an stádas rangaithe céanna a fháil.



Fíor21: Rangú Diamaint 9

Is féidir le daltaí na freagraí féideartha ar cheist a rangú, mar 'Cad iad cúiseanna an neamhionannais?' nó d'fhéadfaidís liostaí cosúil le hAirteagail Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh nó na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a rangú i dtéarmaí a dtábhachta, de réir a ndearcadh comhchoiteann. Mar mhalairt air sin, is féidir le páistí a bheith páirteach i roghnú na míreanna le rangú, bídís ina bhfreagraí féideartha ar cheist nó ar liostaí eile. Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí rangaithe chun a chinntiú go bhfuil daltaí ag obair i gcomhar lena chéile agus go dtugtar éisteacht do gach dalta agus go gcuirtear san áireamh iad.

Cor 1: Nuair a thagann na grúpaí ar chomhréiteach maidir lena bhfreagraí rangaithe, iarr ar na grúpaí ceangal isteach le grúpa eile a bhí ag déanamh na gníomhaíochta céanna agus idirbheartaíocht a dhéanamh arís ar an ord rangaithe. Is féidir leanúint á dhéanamh seo go dtí go mbeidh na grúpaí tar éis meascadh lena chéile agus go mbeidh na páistí ag obair ar chomhréiteach uile-ranga.

Cor 2: Nuair a bheidh daltaí ar a gcompord leis an bpróiseas rangaithe d'fhéadfá iarraidh orthu míreanna a rangú mar dhuine eile, ag cuimhneamh i gcónaí ar chúinsí ar leith an ranga. Mar shampla: cén chaoi a mbeadh sé cearta daonna a rangú dá mbeifeá i do leanbh i dtír ina bhfuil gorta nó cogadh? Nó, dá mbeifeá ag úsáid cathaoir rothaí? Nó, dá mbeifeá ag cónaí i dtír ina bhfuil an aimsir an-chrua ar fad mar gheall ar athrú aeráide? srl. Roghnaigh ceisteanna atá ábhartha agus cuí do do thimpeallacht ranga.



9: Siúlóid Gailearaí

Le haghaidh siúlóid gailearaí, crochann an múinteoir idir sé agus deich mír timpeall an tseomra (nó cuireann ar bhoird éagsúla iad) agus téann na daltaí timpeall an tseomra ranga chun breathnú orthu, chun iad a phlé agus a gcuid freagairtí a thaifeadh.

D'fhéadfadh an múinteoir grianghraif, fadhbanna, sleachta, ceisteanna nó eolas a úsáid. Ba cheart go mbainfeadh gach mír leis an ábhar céanna. Taobh le gach mír ba chóir go mbeadh bileog mhór páipéir inar féidir freagairtí a thaifeadh.

Ba chóir na daltaí a roinnt i ngrúpaí idir triúr agus cúigear ag brath ar mhéid an ranga. Ní mór go leor míreanna a bheith ann le go dtosódh gach grúpa in áit dhifriúil. Tabhair méid áirithe ama do na grúpaí ag gach mír (idir trí agus cúig nóiméad), sula n-iarrtar orthu bogadh ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile. Le linn dóibh a bheith ag gach mír, ba chóir go n-oibreodh na daltaí le chéile chun freagairt a ngrúpa ar na míreanna a thaifeadh ar an leathanach páipéir, bunaithe ar a bplé.

Ar deireadh, bailigh na bileoga páipéir go léir agus lig do na daltaí freagraí a chéile a léamh sula bhfiafraíonn tú a dtuairimí deiridh orthu faoin méid a chonaic siad agus a phlé siad.



Gníomhaíochtaí Machnamhacha

Brigid Golden

Ba chóir go mbeadh deiseanna machnaimh san áireamh i ngach ceacht OSD. I gcás gníomhaíochta ina raibh na daltaí ag glacadh ról mar dhuine eile seachas iad féin, tá sé tábhachtach cuimhneamh nár cheart gníomhaíochtaí machnamhacha a dhéanamh sa ról ach deis a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ina gcáil féin.

Freagraí ealaíne

- Tarraing pictiúr de na rudaí a d'fhoghlaim tú / den chaoi a bhfuil tú ag braistint anois,
- Roghnaigh dath a léiríonn an méid a d'fhoghlaim tú/a thaispeánann conas a mhothaíonn tú,
- Roghnaigh grianghraf nó pictiúr nó scéal a thaispeánann conas a mhothaíonn tú anois,
- Cruthaigh mapa coincheapa, damhánléaráid nó léaráid Venn a thaispeánann an méid a d'fhoghlaim tú agus na naisc a fheiceann tú idir ábhair nó saincheistanna éagsúla.

Freagraí scríofa

- Críochnaigh an abairt: D'fhoghlaim mé.../ Mothaím.../ Ba mhaith liom.../ Sílim.../ Ba mhaith liom níos mó a fháil amach faoi.../ Thaitin.../ Níor thaitin ...,
- Scríobh an freagra ar na ceistanna tugtha a bhaineann leis an gceacht,
- Saorscríobh ar feadh líon áirithe nóiméad, níor cheart é seo a cheartú agus ní gá struchtúr a bheith ann. Tugtar "aiste dhá nóiméad" nó "scaoileadh inchinne" air seo freisin,
- Iontráil dialainne,
- Ag freagairt ar nótaí Post-it agus á gcur ar taispeáint sa seomra ranga,
- Ag scríobh liosta de na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an ábhar a pléadh,
- 3,2,1 – trí rud a d'fhoghlaim tú, dhá rud ar smaoinigh tú orthu agus ceist amháin a ritheann leat anois (is féidir é seo a dhéanamh mar phlé freisin).

Modheolaíochtaí díospóireachta

- Gníomhaíocht chiorclach
- Ciorcail chomhlárnacha,
- Díospóireacht siúil,
- Am ciorcail,
- Maide/ábhar cainte a úsáid,
- Liathróid a chaitheamh chuig an duine taobh leat chun ceist a chur/a fhreagairt nó freagra a thabhairt ar cheacht,
- Smaoinigh, péireáil, roinn,
- Achoimre focal amháin nó cúig fhocal ar an méid a foghlamaíodh/ar an gcaoi a mhothaíonn tú tar éis an cheachta.



An Cultúr sa Seomra Ranga a Iniúchadh

Aoife Titley

Sula n-eagraítear aon imeacht idirchultúrtha i dtimpeallacht na scoile, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil roinnt bunobire bunaithe ar fhoghlaim faoi chultúr déanta sa seomra ranga. Gheobhaidh tú roinnt réamhsmainte do ghníomhaíochtaí thíos, a thacóidh le páistí chun coincheap an chultúir a thuiscint agus a léirthuiscint – gur coincheap luaineach so-athraithe é a bhíonn ag athrú de shíor, agus go gciallaíonn sé rudaí éagsúla do dhaoine éagsúla.

Bristeoir Oighir / Gníomhaíocht spreagtha:

Tá sé tábhachtach nach gcuirtear brú ar dhaltaí riamh labhairt faoina gcultúr. Tá sé tábhachtach freisin mar mhúinteoir gan a theacht suas le tuairimí maidir le féinaitheantas daltaí nó céard a mheasann siad mar a gcultúr. Le linn 'Am Ciorcail' don rang uile, d'fhéadfá iarraidh ar na páistí a dtuairimí a roinnt maidir le ceist spreagthach m.sh. 'Cén rud ar mhaith leat go mbeadh a fhios agam faoi do chultúr?'

Gníomhaíocht le Déantán Cultúrtha:

Iarr ar na páistí 'déantán cultúrtha' a thabhairt isteach ón mbaile. Is féidir leat a mhíniú gur rud é seo a cheapann siad a thugann léiriú ar ghné éigin dá gcultúr, rud atá tábhachtach dóibh. Sa rang, iarr ar na páistí ciorcal comhroinnte a dhéanamh, a ndéantáin a thabhairt isteach sa chiorcal agus an chúis leis an rogha a roinnt. Ag brath ar mhéid an ranga, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt ceachtanna i gceist chun deis a thabhairt do gach dalta a scéal a roinnt. Más mian le páiste ar bith déantúsán cultúrtha luachmhar a thabhairt isteach nó déantúsán lena mbaineann cuimhní ar leith, mol dóibh grianghraf a thógáil de agus an grianghraf a úsáid ina ionad. Mar mhúinteoir, is féidir leat na ceisteanna spreagtha seo a leanas nó ceisteanna comhchosúla a úsáid chun plé a spreagadh:

- An bhfuil aon cheisteanna maidir le soiléiriú ag aon duine?
- An bhfuil aon cheisteanna agaibh a éiríonn as an méid sin?
- Céard a chiallaíonn cultúr duitse?
- Conas a chuirtear cultúr ar aghaidh ó dhuine go duine?
- Cé aige, dar leat, a bhfuil cultúr cosúil leatsa?
- Cad atá foghlamtha agat faoi choincheap an chultúir?

Tabhair ar aird: roimh thabhairt faoin ngníomhaíocht seo, ba chóir a chur in iúl go láidir do na daltaí go bhfuil sé tábhachtach meas a bheith acu ar gach déantúsán agus ar gach cultúr.



Gníomhaíocht bhreise – An Fhoireann Uirlisí Cultúrtha:

Mínigh do na páistí gur mhaith le daoine ó thír iasachta (nó fiú ó phláinéad eachtrannach!) nár chuala trácht riamh ar Éirinn, níos mó a fhoghlaim faoinár dtír. Tá siad ag iarraidh ortsa bosca a bhfuil cúig rud dhéag ann a léiríonn cultúr na hÉireann a sheoladh chucu. I ngrúpaí de chúigear, iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí a d'fhéadfaí a chur sa bhosca. Spreag iad chun oibriú le chéile chun aontú ar na tosaíochtaí agus greille rangaithe dá roghanna a líonadh isteach. I measc na gceisteanna leantacha a d'fhéadfaí a chur tá:

- An léiriú cruinn é seo ar Éirinn an lae inniu?
- Cad a d'fhéadfadh a bheith ar iarraidh?
- Cé a d'fhéadfadh a bheith ar iarraidh?
- Conas is féidir linn Éire a léiriú ar bhealach níos cruinne?

Laochra Cultúrtha:

Iarr ar na páistí eolas a roinnt faoi dhuine a thugann léiriú ar an gcuid is fearr dá gcultúr. D'fhéadfadh gur duine é a chuireann gnéithe traidisiúnta, nua-aimseartha nó athraitheacha dá gcultúr in iúl, duine a thugann inspioráid nó atá ina n-eiseamláir. Is féidir leis na páistí ceist a chur ar a muintir má theastaíonn cabhair uathu leis an taighde. I ngrúpaí aonchultúrtha, déan iarracht féachaint an bhfuil téamaí soiléire ag baint leis na laochra a roghnaíonn siad.

Seanfhocail mar chomharthaí ar luachanna cultúrtha:

Iarr ar na páistí astu féin, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí seanfhocal a bhaineann lena gcultúr a roghnú nó taighde a dhéanamh air. Déan iarracht croílár an tseanfhocail a dhéanamh amach agus an fáth a gciallaíonn sé sin rud éigin dóibh. D'fhéadfadh an rang oibriú ansin ar phóstaer den seanfhocal is fearr leo óna gcultúr féin nó ó chultúr eile.

Scéal ár n-ainmneacha:

Is í aidhm na gníomhaíochta seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla a roghnaítear agus a thugtar ainmneacha do dhaoine i gcultúir éagsúla. Ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, tabhair cuireadh do na daltaí an scéal faoin gcaoi ar roghnaíodh a n-ainm a roinnt lena chéile agus an raibh searmanas speisialta ann dá n-ainmniú m.sh. b'fhéidir go mbaineann ceangal teaghlaigh leis an ainm, go bhfuil baint ag an ainm le himeacht ar leith nó íocón reiligiúnach, gur ainmníodh iad i ndiaidh gaolta, gur tugadh ainm eile dóibh tráth a mbreithe ach go dtéann siad le hainm éigin eile anois srl. Ansin éascaigh plé ranga faoin méid a d'fhoghlaim siad faoi thábhacht ainmneacha agus na cúiseanna éagsúla a bhaineann leis an gcaoi a bhfaigheann daoine a n-ainmneacha. Cinntigh go dtugtar faoin ngníomhaíocht seo ar bhealach daonlathach agus nach bhfuil iallach ar aon dalta sonraí ar bith nach mian leo a roinnt.



Scéalta ó mhná den Lucht Siúil

Scéal 1 ó Bridgie McDonagh (ina focail féin)

Machnamh ar léiriú an chultúir sa scoil

